# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

12 Bealtaine 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013** ([1]) ........ 1

★ **Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE** ........ 69

★ **Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092** ([1]) ........ 149


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ


★ **Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES** ........ 178


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.


GA

* Faoin tagairt L 170 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/695 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 28 Aibreán 2021**

**lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3), Airteagal 182(1), Airteagal 183, agus an dara mír d'Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir de chuid an Aontais an bonn eolaíochta agus an bonn teicneolaíochta atá aige a neartú tríd an limistéar Eorpach taighde (LET) a neartú ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse agus trí bhreis iomaíochais a spreagadh ann, lena n-áirítear an t-iomaíochas ina earnáil thionsclaíoch, agus, ag an am céanna, gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta (T&N) á cur chun cinn chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, tosaíochtaí arb é is aidhm dóibh i ndeireadh thiar an tsíocháin, luachanna an Aontais agus dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn.

(2) Chun tionchar a imirt ar bhonn eolaíoch, eacnamaíoch, comhshaoil agus sochaíoch chun an cuspóir ginearálta seo a shaothrú agus chun breisluach infheistíochtaí T&N de chuid an Aontais a uasmhéadú, ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh in T&N trí Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2021-2027 ("an Clár"). Leis an gClár, ba cheart tacú le heolas ardcháilíochta den scoth agus teicneolaíochtaí ardcháilíochta san Aontas a chruthú, a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus a aistriú, daoine tréitheacha a mhealladh ar gach leibhéal agus rannchuidiú le rannpháirteachas iomlán dhíorma tréitheach an Aontais, naisc chomhoibríocha a éascú agus tionchar T&N a neartú ó thaobh beartais an Aontais a fhorbairt, a thacú agus a chur chun cinn, tacú le réitigh nuálacha agus inbhuanaithe i ngeilleagar an Aontais a ghlacadh agus a chur chun úsáide, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus sa tsochaí, agus an glacadh agus an cur chun úsáide sin a neartú, dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear an t-athrú aeráide agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna), poist a chruthú, borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, iomaíochas tionsclaíoch a chur chun cinn agus tarraingteacht an Aontais a mhéadú i réimse T&N. Leis an gClár, ba cheart gach cineál nuálaíochta a chothú, lena n-áirítear nuálaíocht cheannródaíoch, réitigh nuálacha a chur chun úsáide ar an margadh agus é sin a chothú, agus soláthar infheistíochta den sórt sin a optamú le go mbeidh tionchar níos mó aici laistigh de LET neartaithe.

([1]) IO C 62, 15.2.2019, lch. 33 agus IO C 364, 28.10.2020, lch. 124.

([2]) IO C 461, 21.12.2018, lch. 79.

([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 16 Márta 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

(3) Ba cheart an Clár a bhunú ar feadh ré an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 mar a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([4]), gan dochar do na teorainneacha ama a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ([5]).

(4) Leis an gClár, ba cheart rannchuidiú leis an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach in T&N sna Ballstáit a mhéadú, agus ar an gcaoi sin, cuidiú le méid sprioc fhoriomlán na hinfheistíochta i réimse an taighde agus na forbartha a ardú go de 3 %, ar a laghad, d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais a bhaint amach i réimse na taighde agus na forbartha. Chun an sprioc sin a bhaint amach, bheadh ar na Ballstáit agus ar an earnáil phríobháideach an Clár a chomhlánú le gníomhaíochtaí infheistíochta treisithe dá gcuid féin i réimse an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta.

(5) D'fhonn cuspóirí an Chláir a bhaint amach, agus prionsabal an bharr feabhais á urramú ag an am céanna, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár, i measc nithe eile, naisc chomhoibríocha san Eoraip a neartú agus, ar an gcaoi sin, cabhrú leis an deighilt i réimse T&N a laghdú.

(6) Chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach, le gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár seo, ba cheart rialáil atá dírithe ar an nuálaíocht a spreagadh agus leas a bhaint aisti, i gcomhréir le prionsabal na nuálaíochta, chun tacú le haistriú níos gasta agus níos déine de shócmhainní eolais suntasacha an Aontais ina nuálaíocht.

(7) Le coincheapa na "heolaíochta oscailte", na "nuálaíochta oscailte" agus na "hoscailteachta don domhan", ba cheart barr feabhais agus tionchar infheistíocht an Aontais a áirithiú in T&N, agus leasanna an Aontais á gcosaint ag an am céanna.

(8) D'fhéadfadh an eolaíocht oscailte, lena n-áirítear rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíochta agus sonraí taighde, chomh maith le scaipeadh agus saothrú eolais ar an dóigh is fearr is féidir, cáilíocht, tionchair agus leasanna na heolaíochta a mhéadú. Leis na nithe sin, d'fhéadfaí borradh a chur faoi dhul chun cinn an eolais trína dhéanamh níos iontaofa, níos éifeachtúla agus níos cruinne, níos éasca le tuiscint ag an tsochaí agus níos freagraí ar dhúshláin shochaíocha freisin. Ba cheart forálacha a leagan síos chun a áirithiú go dtabharfaidh na tairbhithe rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha phiarmheasúnaithe. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a áirithiú go dtabharfaidh na tairbhithe rochtain oscailte ar shonraí taighde i gcomhréir leis an bprionsabal "a oscailte is féidir, a dhúnta is gá", agus é á áirithiú, ag an am céanna, gur féidir eisceachtaí a bheith ann lena gcuirtear san áireamh leasanna dlisteanacha na dtairbhithe. Ba cheart tuilleadh béime a leagan go háirithe ar bhainistiú freagrach sonraí taighde, agus ba cheart don bhainistiú sin cloí le prionsabail na "so-aimsitheachta", "na hinrochtaineachta", "na hidir-inoibritheachta" agus "na hin-athúsáideachta" ("prionsabail FAIR"), go háirithe trí Phleananna Bainistithe Sonraí a phríomhshruthú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na tairbhithe úsáid a bhaint as na féidearthachtaí atá ann a bhuí leis an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO) agus maidir leis an mBonneagar Sonraí Eorpach agus cloí le prionsabail agus cleachtais bhreise na heolaíochta oscailte. Ba cheart cómhalartacht san eolaíocht oscailte a spreagadh i ngach comhaontú comhlachais agus comhair le tríú tíortha.

(9) Táthar le tairbhithe an Chláir, go háirithe FBManna, a spreagadh chun leas a bhaint as ionstraimí ábhartha an Aontais atá ann cheana, amhail an Deasc Chabhrach Eorpach a thacaíonn le FBManna agus le rannpháirtithe eile sa Chlár maidir lena gcearta maoine intleachtúla (IP) a chosaint agus a fhorfheidhmiú araon.

(10) I mbunsmaoineamh agus i gceapadh an Chláir, ba cheart freagairt ar an ngá atá le mais chriticiúil a bhunú do na gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh, ar fud an Aontais, lena spreagtar na Ballstáit go léir chun rannpháirtíocht bharr feabhais-bhunaithe a ghlacadh, agus tríd an gcomhar idirnáisiúnta, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ("Clár 2030"), leis na SDGanna agus le Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([6]) ("Comhaontú Pháras"). Le cur chun feidhme an Chláir, ba cheart go n-atreiseofar saothrú na SDGanna agus tiomantas an Aontais agus a Bhallstáit i dtaca le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme chun a trí ghné – eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil – a bhaint amach ar bhealach comhleanúnach comhtháite.

(11) Na gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár, ba cheart dóibh rannchuidiú chun cuspóirí, tosaíochtaí agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a bhaint amach.

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

([5]) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I , 22.12.2020, lch. 23).

([6]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

(12) Ba cheart don Chlár tairbhiú de chomhlántacht le treochláir agus straitéisí ábhartha Eorpacha atá ann cheana maidir le T&N, chomh maith le tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna), i gcás inarb ábhartha, ar choinníoll go ndéanfar riachtanais ghaolmhara T&N a shainaithint i bpleanáil straitéiseach an Chláir.

(13) Leis an gClár, ba cheart trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú maidir le cistiú poiblí i dtionscadail T&N, ionas go gcosnófar leas an phobail dá réir.

(14) Leis an gClár, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí T&N i réimse na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí (SSH). Is éard atá i gceist leis sin an t-eolas eolaíoch a chur chun cinn sa réimse sin agus úsáid a bhaint as léargais agus dul chun cinn ó SSH chun tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch an Chláir a mhéadú. Faoin gcolún "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch na hEorpa", ba cheart SSH a lánpháirtiú go hiomlán ar fud na mbraislí ar fad. Anuas ar SSH a chur chun cinn i dtionscadail, ba cheart tacú le lánpháirtiú SSH freisin trí shaineolaithe neamhspleácha seachtracha ó réimse SSH a áireamh i gcoistí saineolaithe agus i bpainéil mheastóireachta, agus trí fhaireachán agus tuairisciú tráthúil a dhéanamh ar SSH i ngníomhaíochtaí taighde a chistítear. Go háirithe, ba cheart faireachán a dhéanamh ar leibhéal an phríomhshruthaithe maidir le SSH ar fud an Chláir.

(15) Leis an gClár, ba cheart cur chuige cothrom a choimeád ar bun idir taighde, ar thaobh amháin, agus infheistíocht, ar an taobh eile, agus idir cistiú ón mbun aníos (arna thiomáint ag taighdeoirí nó nuálaithe) agus cistiú ón mbarr anuas (arna chinneadh ag tosaíochtaí a shainmhínítear go straitéiseach), trí thagairt do chineál phobail T&N atá páirteach ar fud an Aontais, cineálacha agus cuspóir na ngníomhaíochtaí a dhéantar agus na tionchair atáthar a iarraidh a bhaint amach. Ba cheart an cur chuige a roghnófar do na codanna ábhartha den Chlár a chinneadh bunaithe ar an meascán de na fachtóirí sin, agus ba cheart dóibh go léir rannchuidiú le cuspóirí ginearálta agus sonracha uile an Chláir.

(16) An buiséad foriomlán don chomhchuid "rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a scaipeadh" den chuid "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú" den Chlár, ba cheart é a bheith chomh mór, ar a laghad, le 3,3 % de bhuiséad foriomlán an Chláir agus ba cheart an buiséad sin a chur, den chuid is mó, chun tairbhe d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe sna tíortha a thagann faoin bhfairsingiú.

(17) Ba cheart tionscnaimh barr feabhais a bheith dírithe ar bharr feabhais T&N sna tíortha incháilithe a neartú, lena n-áirítear tacú le hoiliúint a chuirfeadh feabhas ar scileanna bainistithe T&N, duaiseanna, na héiceachórais nuálaíochta a neartú chomh maith le líonraí T&N a chruthú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar bhonn bonneagair thaighde arna maoiniú ag an Aontas. Chun bheith incháilithe cur isteach ar chistiú faoin gcomhchuid "rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a scaipeadh" den chuid dar teideal "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú" den Chlár, ba cheart d'iarrthóirí a thaispeáint go soiléir go bhfuil a gcuid tionscadal nasctha le straitéisí náisiúnta agus/nó réigiúnacha T&N.

(18) Ba cheart gur féidir nós imeachta mear i ndáil le T&N a chur i bhfeidhm, áit nár cheart níos mó ná 6 mhí a bheith i gceist leis an am chun deontas a thabhairt, chun go bhféadfaí rochtain níos gasta, ón mbun aníos, a chur ar fáil ar chistí le haghaidh cuibhreannais bheaga chomhoibríocha faoina gclúdófaí gníomhaíochtaí ó thaighde bunúsach go cur i bhfeidhm sa mhargadh.

(19) Leis an gClár, ba cheart tacú le céimeanna uile T&N, go háirithe laistigh de thionscadail chomhoibríocha agus i misin agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha, de réir mar is iomchuí. Is é atá sa taighde bhunúsach ná sócmhainn bhunriachtanach de chumas an Aontais na heolaithe is fearr atá ann a mhealladh ionas go dtiocfaidh an tAontas chun bheith ina mhol domhanda barr feabhais agus is coinníoll tábhachtach é an taighde bhunúsach i dtaca le méadú a dhéanamh ar an gcumas sin. Ba cheart cóimheá idir taighde bunúsach agus feidhmeach a áirithiú sa Chlár. Ach an nuálaíocht a bheith ann ina theannta sin, leis an gcóimheá sin, tacófar le hiomaíochas eacnamaíoch an Aontais, leis an bhfás san Aontas agus le fostaíocht.

(20) Léiríonn an fhianaise gur ríthábhachtach glacadh leis an éagsúlacht, ar an uile bhealach, ar mhaithe leis an eolaíocht den scoth, toisc go mbaineann an eolaíocht tairbhe as an éagsúlacht. Cuireann an éagsúlacht agus an chuimsitheacht le barr feabhais in T&N comhoibríoch: má dhéantar comhar i measc disciplíní, earnálacha agus ar fud LET, bíonn taighde níos fearr agus tograí tionscadail ar cháilíocht níos fearr ann mar thoradh air sin, is féidir glacadh níos mó sa tsochaí a bheith ann mar thoradh air sin agus is féidir na buntáistí a bhaineann le nuálaíocht a chothú, rud a chuirfidh an Eoraip chun tosaigh.

(21) Chun go mbeadh an tionchar is mó is féidir ag an gClár, ba cheart aird a thabhairt go háirithe ar chuir chuige ildisciplíneacha, idirdhisciplíneacha agus thrasdisciplíneacha mar phríomheilimintí den dul chun cinn mór san eolaíocht.

(22) Ba cheart gníomhaíochtaí taighde arna ndéanamh faoin gcolún "Eolaíocht den Scoth" a chinneadh i gcomhréir le riachtanais agus deiseanna na heolaíochta agus ba cheart barr feabhais eolaíoch a chur chun cinn leo. Ba cheart an clár oibre taighde a shocrú i ndlúthchomhar le pobal na heolaíochta agus ba cheart béim a chur ar dhaoine tréitheacha nua i réimse T&N agus taighdeoirí luathchéime a mhealladh, agus ag an am céanna, LET a neartú, imirce daoine oilte a sheachaint agus cúrsaíocht daoine oilte a chur chun cinn.

(23) Leis an gClár, ba cheart tacú leis an Aontas agus a Bhallstáit i ndáil leis na daoine is tréithí agus na scileanna is fearr a mhealladh, agus an iomaíocht idirnáisiúnta an-dian atá ann á cur san áireamh.

(24) Ba cheart an colún "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch na hEorpa" a bhunú trí bhraislí de ghníomhaíochtaí T&N, chun comhtháthú a uasmhéadú sna réimsí téamacha faoi seach agus, ag an am céanna, leibhéil arda inbhuanaithe tionchair a chinntiú don Aontas i ndáil leis na hacmhainní arna n-ídiú. Spreagfadh sé comhar trasdisciplíneach, trasearnála, trasbheartais agus trasteorann chun na SFInna a bhaint amach trí phrionsabail Chlár Oibre 2030, Chomhaontú Pháras agus iomaíochas thionscail an Aontais a leanúint. Dá ndéanfaí tionscnaimh an-uaillmhianach, forleathana a eagrú i bhfoirm misin T&N, bheifí in ann, leis an gClár, tionchar claochlaitheach córasach le haghaidh na sochaí a bhaint amach mar thaca leis na SFInna, agus tríd an gcomhar idirnáisiúnta agus an taidhleoireacht eolaíochta chomh maith. Trí na gníomhaíochtaí a dhéanfaí faoin gcolún sin, ba cheart raon iomlán gníomhaíochtaí T&N a chumhdach lena áirithiú go gcoinneoidh an tAontas a áit cheannródaíochta sa taighde i réimsí tosaíochta a shainítear de réir straitéise.

(25) Ba cheart don chnuasach "An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach" rannchuidiú go mór leis an taighde a bhaineann le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear taighde a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha an Aontais, agus go háirithe éascú a dhéanamh ar bhunú spás comhoibríoch Eorpach maidir leis an oidhreacht chultúrtha.

(26) Dá mbeadh rannpháirteachas iomlán tráthúil ann i ndáil le gach cineál earnála tionsclaíochta sa Chlár, idir fiontraí aonair agus FBManna go fiontair mhórscála, rannchuideofaí go substaintiúil le cuspóirí an Chláir a bhaint amach agus go sonrach le poist inbhuanaithe a chruthú san Aontas agus fás inbhuanaithe a chothú ann. Le rannpháirteachas den sórt sin ón earnáil tionsclaíochta, ba cheart rannpháirtíocht na hearnála tionsclaíochta sna gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh a bheith ar leibhéil atá ar chomhchéim ar a laghad leis na leibhéil a bhí ann faoin gclár réime roimhe, Fís 2020, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) (Fís 2020).

(27) Rannchuideodh gníomhaíochtaí faoin gCláir go substaintiúil leis an acmhainneacht atá ag earnálacha straitéiseacha an Aontais a scaoileadh, lena n-áirítear eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin lena léirítear cuspóirí straitéis beartais tionsclaíochta an Aontais.

(28) Ba cheart do chomhairliúcháin le geallsealbhóirí iomadúla, lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta agus an earnáil tionsclaíochta, cur leis na peirspictíochtaí agus na tosaíochtaí a bunaíodh tríd an bpróiseas pleanála straitéisí. Ba cheart go dtiocfadh pleananna straitéiseacha T&N tréimhsiúla arna nglacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme chun ábhar na gclár oibre a ullmhú as sin.

(29) Ionas go ndéanfar gníomhaíocht ar leith a chistiú, ba cheart a chur san áireamh sa chlár oibre an méid arna bhaint amach i gcás na dtionscadal sonrach a cuireadh i gcrích roimh ré chomh maith le staid na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ba cheart a chur san áireamh staid na bhforbairtí ábhartha i réimse an bheartais, an mhargaidh agus na sochaí sula gcisteofar gníomhaíocht ar leith.

(30) Tá sé tábhachtach tacú le tionscal an Aontais a áit cheannaireachta a choinneáil nó a bhaint amach sa nuálaíocht, sa digitiú agus san aeráidneodracht, go háirithe trí infheistíocht sna príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bheidh ina gcrann taca ag an ngnó i saol an lae amárach. Le gníomhaíochtaí an Chláir, ba cheart aghaidh a thabhairt ar chlistí sa mhargadh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, borradh a chur faoin infheistíocht ar mhodh comhréireach agus trédhearcach, gan maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú, agus ba cheart breisluach Eorpach soiléir mar aon le toradh poiblí ar infheistíochtaí a bheith acu. Leis sin, áiritheofar comhsheasmhacht idir gníomhaíochtaí an Chláir agus rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair, chun an nuálaíocht a dhreasú agus chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a sheachaint.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

(31) Leis an gClár, ba cheart tacú le T&N ar mhodh comhtháite, agus gach foráil ábhartha i gcreat na hEagraíochta Domhanda Trádála á hurramú. Ba cheart coincheap an taighde, lena n-áirítear forbairt thurgnamhach, a úsáid i gcomhréir le Lámhleabhar Frascati atá forbartha ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus ba cheart coincheap na nuálaíochta a úsáid i gcomhréir le Lámhleabhar Osló atá forbartha ag ECFE agus Eurostat, rud a leanann cur chuige leathan lena gcumhdaítear nuálaíocht shóisialta agus dearadh sóisialta. Mar a rinneadh in Fís 2020, ba cheart leanúint de bheith ag cur sainmhínithe ECFE i ndáil le leibhéal réidhe teicneolaíochta (LRTanna) san áireamh in aicmiú an taighde theicneolaíoch, na forbartha táirge agus na ngníomhaíochtaí taisealbhaidh, agus i sainiú an chineáil gníomhaíochtaí a bheidh ar fáil sna glaonna ar thograí. Níor cheart deontais a dhámhachtain i leith gníomhaíochtaí ina dtéann na gníomhaíochtaí os cionn LRT 8. Leis an gclár oibre, ba cheart a bheith in ann deontais a cheadú le haghaidh bailíochtú táirgí agus macasamhlú an mhargaidh ar mórscála maidir le glao ar leith faoin gcolún "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch na hEorpa".

(32) Leis an gClár, ba cheart rannchuidiú le cuspóirí maidir le spás ar leibhéal caiteachais atá ar a laghad ag teacht go comhréireach leis an gcaiteachas faoi Fís 2020.

(33) Le teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2018 dar teideal "Horizon 2020 interim evaluation: maximising the impact of EU research and innovation" [Meastóireacht eatramhach ar Fhís 2020: tionchar a bhíonn ag taighde agus nuálaíocht an Aontais a uasmhéadú], rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2017 maidir leis an measúnú ar chur chun feidhme Fís 2020 i bhfianaise na meastóireachta eatramhaí ar an gclár sin agus togra Chlár Réime 9 ([8]) agus Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2017 dar teideal "Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime", cuireadh ar fáil sraith moltaí le haghaidh an Chláir, lena n-áirítear moltaí le haghaidh rialacha an Chláir maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh. Leis na moltaí sin, cuirtear leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó Fís 2020 seo chomh maith le hionchur ó institiúidí agus geallsealbhóirí an Aontais. Áirítear leis na moltaí sin bearta a mholadh chun cúrsaíocht daoine oilte a chur chun cinn agus chun oscailteacht líonraí T&N a éascú infheistiú a dhéanamh ar bhealach níos uaillmhianaí chun mais chriticiúil a bhaint amach agus an tionchar is mó is féidir a imirt; chun tacú le nuálaíocht cheannródaíoch; chun tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí T&N an Aontais i réimsí lena mbaineann breisluach ard, go háirithe trí threorú an mhisin, rannpháirtíocht na saoránach atá iomlán, eolasach agus tráthúil, agus cumarsáid fhorleathan; chun eagrú réasúnaithe a dhéanamh ar chreat cistiúcháin an Aontais chun úsáid iomlán a bhaint as poitéinseal T&N lena n-áirítear bonneagair thaighde ar fud an Aontais, amhail trí athchóiriú a dhéanamh ar raon tionscnamh Comhpháirtíochta Eorpach agus na scéimeanna comhchistiúcháin; níos mó sineirgí nithiúla a fhorbairt idir ionstraimí cistiúcháin éagsúla an Aontais, go háirithe trí loighicí idirghabhála neamhchomhlántachta agus castacht rialachán cistiúcháin agus rialachán eile a shárú agus é mar aidhm freisin poitéinseal tearcshaothraithe T&N a shlógadh ar fud an Aontais; chun comhar idirnáisiúnta a fheabhsú agus oscailteacht roimh rannpháirtíocht tríú tíortha a threisiú; agus chun leanúint leis an simpliú bunaithe ar an taithí a fuarthas agus Fís 2020 á chur chun feidhme.

(34) Ó tharla gur gá aird ar leith a thabhairt ar an gcomhordú agus ar an gcomhlántacht idir beartais éagsúla an Aontais, ba cheart don Chlár sineirgí a lorg le cláir eile an Aontais, óna gceapadh agus pleanáil straitéise, go roghnú tionscadal, bainistiú, cumarsáid, scaipeadh agus saothrú torthaí, go faireachán, iniúchadh agus rialachas. Maidir le cistiú le haghaidh ghníomhaíochtaí T&N, ba cheart a bheith in ann, leis na sineirgí, rialacha a chomhchuibhiú a oiread agus is féidir, lena n-áirítear rialacha incháilitheachta costais. D'fhonn dúbláil nó forluí a sheachaint, d'fhonn éifeacht ghiarála an chistithe ón Aontas a mhéadú agus d'fhonn an t-ualach riaracháin a bhíonn ar na hiarrthóirí agus na tairbhithe a laghdú, ba cheart a bheith in ann sineirgí a chur chun cinn, go háirithe trí chistiú malartach, comhcheangailte, carnach agus trí aistrithe acmhainní.

(35) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094 agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní arna leithdháileadh ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoin gClár a dhéanamh chun dul i ngleic le hiarmhairtí ghéarchéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh. Ba cheart acmhainní breise den sórt sin a úsáid ar bhealach a áiritheoidh go gcloífear leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/2094. Ba cheart acmhainní breise den sórt sin a leithdháileadh go heisiach ar ghníomhaíochtaí le haghaidh T&N a dhíreofar ar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus go háirithe na hiarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus sochaíocha a ghabhann léi.

(36) Ionas go mbeidh an tionchar is fearr is féidir ag an gcistiú ón Aontas agus chun rannchuidiú le cuspóirí beartais agus gealltanais an Aontais ar an dóigh is éifeachtaí is féidir, ba cheart don Aontas a bheith in ann dul i mbun Comhpháirtíochtaí Eorpacha le comhpháirtithe ón earnáil phríobháideach agus/nó phoiblí. Áirítear ar na comhpháirtithe sin lucht tionscail, FBManna, ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, geallsealbhóirí T&N, comhlachtaí a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear fondúireachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) a thacaíonn le taighde agus nuálaíocht, nó a mbíonn T&N ar bun acu, ar choinníoll gur féidir na tionchair inmhianaithe a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhpháirtíocht ná mar a dhéanann an tAontas ina aonar.

([8]) IO C 331, 18.9. 2018, lch. 30.

(37) Ba cheart a bheith in ann, ag brath ar chinneadh an Bhallstáit, na ranníocaíochtaí ó chláir arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ag Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ag an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a mheas mar ranníocaíocht ón mBallstát rannpháirteach le Comhpháirtíochtaí Eorpacha faoin gClár. Mar sin féin, níor cheart gur dochar an fhéidearthacht sin don ghá atá le gach foráil is infheidhme maidir leis na ranníocaíochtaí sin a chomhlíonadh mar a leagtar amach i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosa ("Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027") agus sna rialacháin chiste-shonracha.

(38) Leis an gClár, ba cheart an comhar idir Comhpháirtíochtaí Eorpacha agus comhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus/nó phoiblí a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chláir T&N agus infheistíocht trasteorann in T&N a thabhairt le chéile, chun sochair fhrithpháirteacha a sholáthar do dhaoine agus gnólachtaí agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir leis an Aontas seasamh lena leasanna i réimsí straitéiseacha.

(39) Tá sé léirithe gur ionstraim éifeachtach agus éifeachtúil iad Tionscnaimh Shuaitheanta i réimse na dTeicneolaíochtaí sa Todhchaí agus na dTeicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (FET) agus, trí iarracht chomhpháirteach chomhordaithe ón Aontas agus ó na Ballstáit, go gcuireann siad tairbhí ar fáil don tsochaí. Gníomhaíochtaí a dhéantar mar chuid de Thionscnaimh Shuaitheanta FET maidir le Graiféin, maidir leis an Tionscadal "An Inchinn Dhaonna" agus maidir leis an Teicneolaíocht Chandamach, ar tionscnaimh iad a fhaigheann tacaíocht faoi Fís 2020, leanfaidh siad de bheith ag fáil tacaíochta faoin gClár trí ghlaonna ar thograí a áirítear sa chlár oibre. Leis na réamhghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chuimsiú na dTionscnamh Suaitheanta FET de Fís 2020, cuirfear leis an bpróiseas pleanála straitéisí faoin gClár agus déanfar eolas don obair a dhéantar ar mhisin, ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha comhchistithe agus/nó comhchláraithe agus ar ghnáthghlaonna ar thograí.

(40) Ba cheart don Áirmheán Comhpháirteach Taighde (ACT) leanúint d'fhianaise neamhspleách eolaíochta a bheidh dírithe ar chustaiméirí agus tacaíocht theicniúil a sholáthar do bheartais an Aontais ar feadh thimthriall iomlán na mbeartas. Ba cheart gníomhaíochtaí díreacha ACT a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, éifeachtúil agus trédhearcach, agus riachtanais bheartais an Aontais agus riachtanais ábhartha úsáideoirí ACT á gcur san áireamh, agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú. Ba cheart do ACT leanúint d'acmhainní breise a ghiniúint.

(41) Faoin gcolún "An Eoraip Nuálach", ba cheart sraith beart a bhunú chun tacaíocht chomhtháite a sholáthar chun freagairt do na riachtanais fiontraithe agus fiontraíochta arb é is aidhm dóibh nuálaíocht cheannródaíoch a bhaint amach agus borradh a chur fúithi le go mbeidh fás tapa ar na margaí agus uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna. Leis sin, ba cheart ionad ilfhreastail a chur ar fáil chun gach cineál nuálaí agus cuideachta nuálaigh a mhealladh, agus chun tacú leo, amhail FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus, i gcásanna eisceachtúla, cuideachtaí beaga meánchaipitilithe, a d'fhéadfaí a mhéadú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Leis an gcolún, ba cheart deontais thapa sholúbtha agus comh-infheistíochtaí tapa solúbtha a chur ar fáil, lena n-áirítear le hinfheisteoirí príobháideacha. Ba cheart na cuspóirí sin a leanúint trí Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (EIC) a chruthú. Leis an gcolún, ba cheart tacú freisin leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus le héiceachórais nuálaíochta na hEorpa i gcoitinne, go háirithe trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha le gníomhaithe tacaíochta nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha.

(42) Chun críoch an Rialacháin seo agus go háirithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí a dhéantar faoi EIC, ba cheart "gnólacht nuathionscanta" a thuiscint mar FBM atá i gcéim luath a shaolré, lena n-áirítear iad siúd a chruthaítear mar sheach-chuideachtaí de ghníomhaíochtaí taighde ollscoile, arb é is aidhm dó réitigh nuálacha agus samhlacha gnó inscálaithe a aimsiú, agus atá féinrialaithe de réir bhrí Airteagal 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([9]); ba cheart "cuideachta meánchaipitlithe" a thuiscint mar fhiontar nach FBM é agus a bhfuil idir 250 agus 3 000 fostaí ag obair ann, i gcás ina ndéantar an líon foirne a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 3 go 6 de Theideal I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh sin; agus ba cheart "cuideachta meánchaipitlithe bheag" a thuiscint mar chuideachta meánchaipitlithe a bhfuil suas le 499 bhfostaí ag obair inti.

([9]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(43) Táthar le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí beartais an Chláir freisin trí ionstraimí airgeadais agus trí ráthaíocht bhuiséadach ó Chlár InvestEU, rud a chuirfidh chun cinn sineirgí idir an dá chlár.

(44) Ba cheart do EIC, in éineacht le comhchodanna eile den Chlár, gach cineál nuálaíochta a spreagadh, ón nuálaíocht incriminteach go dtí an nuálaíocht cheannródaíoch agus an nuálaíocht shuaiteach atá dírithe go háirithe ar an nuálaíocht, lena gcruthaítear margadh nua. Trína chuid ionstraimí Treo-aimsitheora agus Luasaire, ba cheart é a bheith d'aidhm ag EIC nuálaíochtaí ardriosca den uile chineál a shainaithint, a fhorbairt agus a chur chun úsáide, lena n-áirítear nuálaíochtaí incriminteacha, agus príomhbhéim á leagan ar nuálaíochtaí ceannródaíocha, suaiteacha agus domhainteicneolaíochta a d'fhéadfadh a bheith ina nuálaíochtaí lena gcruthaítear margaí. Trí thacaíocht chomhleanúnach chuíchóirithe, ba cheart do EIC an folús atá ann faoi láthair sa tacaíocht phoiblí agus san infheistíocht phríobháideach don nuálaíocht cheannródaíoch a líonadh. Bíonn gnéithe tiomnaithe dlíthiúla agus bainistíochta de dhíth ar ionstraimí EIC chun a chuid cuspóirí a léiriú, go háirithe gníomhaíocht cur chun úsáide ar an margadh.

(45) Leis an Luasaire, tá sé beartaithe "gleann an bháis" idir an taighde, réamh-olltráchtálú agus fás cuideachtaí a líonadh. Tabharfaidh an Luasaire tacaíocht d'oibríochtaí ardphoitéinsil a bhfuil rioscaí teicneolaíochta, eolaíochta, airgeadais, bainistithe nó margaidh ag baint leo sa mhéid nach meastar gur oibríochtaí iontaofa ó thaobh brabúis iad go fóill agus nach féidir leo, dá bhrí sin, infheistíochtaí suntasacha a shlógadh ón margadh, rud a dhéanfaidh comhlánú ar Chlár InvestEU.

(46) I ndlúthshineirge le Clár InvestEU, ba cheart don Luasaire, ina fhoirmeacha de mhaoiniú measctha agus de thacaíocht airgeadais cothromais, maoiniú a thabhairt do thionscadail a bhíonn á reáchtáil ag FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus, i gcásanna eisceachtúla, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, nach bhfuil in ann ioncam a ghiniúint fós, nó nach bhfuil brabúsach fós, nó nach bhfuil in ann fós go leor infheistíochta a mhealladh chun plean gnó a dtionscadal a chur chun feidhme go hiomlán. Mheasfaí gur eintitis atá neamhiontaofa ó thaobh brabúis iad eintitis incháilithe den sórt sin, mar go bhféadfadh sé go raibh nó go mbeadh cuid dá riachtanas infheistíochta comhlíonta ag infheisteoir amháin nó roinnt infheisteoirí, amhail banc poiblí nó príobháideach, riarthóir teaghlaigh, ciste caipitil fiontair nó aingeal gnó. Ar an gcaoi sin, tá sé beartaithe leis an Luasaire cliseadh sa mhargadh a shárú agus maoiniú a thabhairt d'eintitis a bhfuil gealladh fúthu ach nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis fós agus atá i mbun tionscadal ceannródaíochta nuálaíochta lena gcruthaítear margaí. A luaithe a bheidh na tionscadail sin iontaofa ó thaobh brabúis, d'fhéadfaí na tionscadail sin a mhaoiniú faoi Chlár InvestEU.

(47) Cé gur cheart buiséad an Luasaire a dháileadh go príomha trí mhaoiniú measctha, chun críoch Airteagal 48, ba cheart dá thacaíocht de chineál deontais amháin do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, a bheith ag comhfhreagairt don mhéid sin a thugtar faoi bhuiséad ionstraim FBM de Fís 2020.

(48) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag EIT, go príomha trí na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) atá aige agus trína Scéim Nuálaíochta Réigiúnach a leathnú, éiceachórais nuálaíochta a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda a neartú. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí chomhtháthú nuálaíochta, taighde, ardoideachais agus fiontraíochta a chothú. I gcomhréir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht ("Rialachán EIT") agus lena Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht dá dtagraítear i gCinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) le haghaidh 2021-2027, ba cheart do EIT nuálaíocht a chothú trína chuid gníomhaíochtaí agus dlús suntasach a chur leis an tacaíocht a thugann sé do chomhtháthú an ardoideachais laistigh den éiceachóras nuálaíochta, go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: spreagadh a thabhairt don oideachas fiontraíoch, comhar neamhdhisciplíneach láidir a chothú idir an earnáil tionsclaíochta agus lucht léinn; agus scileanna ionchasacha a shainaithint le haghaidh nuálaithe amach anseo le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear ardscileanna digiteacha agus nuálaíochta. Ba cheart do na scéimeanna tacaíochta a chuireann EIT ar fáil dul chun tairbhe thairbhithe EIC, agus ba cheart rochtain shimplithe, a bheidh níos tapa dá réir, a bheith ag na gnólachtaí nuathionscanta a thagann amach as PENanna EIT ar ghníomhaíochtaí EIC freisin. Cé gur cheart go bhfágfadh béim EIT ar éiceachórais nuálaíochta go dtiocfadh sé go nádúrtha faoin gcolún "An Eoraip Nuálach", ba cheart dó tacaíocht a thabhairt freisin do na colúin eile, de réir mar is iomchuí. Ba cheart dúbláil gan ghá idir PENanna agus ionstraimí eile sa réimse céanna, go háirithe Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile, a sheachaint.

(49) Ba cheart cothrom na Féinne a áirithiú agus a chaomhnú le haghaidh cuideachtaí a bhíonn san iomaíocht i margadh ar leith, toisc gur ceanglas bunriachtanach é le haghaidh gach cineáil nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht cheannródaíoch, nuálaíocht shuaiteach agus nuálaíocht incriminteach, rud a fhágfaidh go mbeidh, go háirithe, líon mór nuálaithe beaga agus meánmhéide in ann cur lena n-acmhainneacht T&N, leas a bhaint as na tairbhí ar a n-infheistíochtaí agus sciar den mhargadh a ghabháil chucu féin.

(50) Leis an gClár, ba cheart comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí agus le tionscnaimh idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chomhtháthú bunaithe ar leasanna an Aontais, sochair fhrithpháirteacha, gealltanais idirnáisiúnta, an taidhleoireacht eolaíochta agus, a mhéid is féidir, cómhalartacht. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcomhar idirnáisiúnta neartú a dhéanamh ar bharr feabhais an Aontais in T&N, ar mhealltacht agus iomaíochas tionsclaíoch agus eacnamaíoch an Aontais agus ar an acmhainneacht atá aige na daoine is tréithí a choinneáil, dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear SDGanna trí phrionsabail Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras a leanúint, agus tacú le beartais sheachtracha an Aontais. Ba cheart cur chuige d'oscailteacht ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe comhair idirnáisiúnta a leanúint, lena n-áirítear trí incháilitheacht oiriúnach le haghaidh eintitis atá bunaithe i dtíortha ísealioncaim go meánleibhéal ioncaim a chistiú. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas comhaontuithe comhair idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le tríú tíortha i réimse T&N. San am céanna, ba cheart comhlachas tríú tíortha, go háirithe do chodanna comhoibríocha an Chláir, a chur chun cinn, i gcomhréir le comhaontuithe comhlachais agus béim á leagan ar an mbreisluach don Aontas. Agus ranníocaíochtaí airgeadais tíortha comhlachaithe á leithdháileadh ar an gClár, ba cheart don Choimisiún leibhéal rannpháirtíochta eintitis dhlíthiúla na dtríú tíortha sin sna codanna éagsúla den Chlár a chur san áireamh.

(51) D'fhonn an caidreamh idir an eolaíocht agus an tsochaí a láidriú agus an leas is mó is féidir a bhaint as an idirghníomhaíocht eatarthu, ba cheart, faoin gClár, ról agus rannpháirtíocht a bheith ag gach gníomhaí sa tsochaí, amhail saoránaigh agus eagraíochtaí den tsochaí shibhialta, maidir le cláir oibre don taighde agus nuálaíocht fhreagrach (RRI), agus ábhar agus próisis feadh shlí an taighde agus na nuálaíochta freagraí sin, a chomhcheapadh agus a chomhchruthú a théann i ngleic le hábhair imní, le riachtanais agus le hionchais na saoránach agus na sochaí sibhialta, trí eolas eolaíochta a chur ar fáil go poiblí, agus trí rannpháirtíocht na saoránach agus eagraíochtaí den tsochaí shibhialta i ngníomhaíochtaí an Chláir a éascú. Ba cheart an méid sin a dhéanamh ar fud an Chláir agus trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe sa chuid "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú". Ba cheart rannpháirteachas na saoránach agus na sochaí sibhialta in T&N a chur le chéile le gníomhaíochtaí for-rochtana poiblí chun tacaíocht phoiblí don Chlár a ghiniúint agus a choimeád. Ba cheart, leis an gClár, iarracht a dhéanamh freisin bacainní a bhaint agus sineirgí a mhéadú idir an eolaíocht, an teicneolaíocht, an cultúr agus na healaíona chun teacht ar chaighdeán nua de nuálaíocht inbhuanaithe. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar na bearta arna nglacadh chun rannpháirtíocht na saoránach agus na sochaí sibhialta sna tionscadail dá dtugtar tacaíocht a fheabhsú.

(52) I gcás inarb iomchuí, ba cheart a chur san áireamh sa Chlár saintréithe sonracha na réigiún is forimeallaí a shainaithnítear in Airteagal 349 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontas Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal "A stronger and renewed strategic partnership with the EU"s outermost regions" [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas] ar thacaigh an Chomhairle léi.

(53) Ba cheart é a bheith d'aidhm leis na gníomhaíochtaí arna bhforbairt faoin gClár deireadh a chur le laofacht inscne agus neamhionannas inscne, cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bhaint amach agus comhionannas idir fir agus mná in T&N a chur chun cinn, lena n-áirítear prionsabal an phá chomhionainn gan idirdhealú bunaithe ar inscne, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagail 8 agus 157 CFAE. Ba cheart an ghné inscne a chomhtháthú in ábhar T&N agus cloí leis ag gach céim den timthriall taighde. Thairis sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na gníomhaíochtaí faoin gClár deireadh a chur le neamhionannais agus comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn i ngach gné de T&N maidir le haois, míchumas, cine agus eitneacht, reiligiún nó creideamh agus claonadh gnéasach.

(54) I bhfianaise sainiúlachtaí earnáil thionscal na cosanta, ba cheart na forálacha mionsonraithe don chistiú ón Aontas le tionscadail thaighde chosanta a shocrú i Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) ("an Ciste Eorpach Cosanta") lena sainítear na rialacha rannpháirtíochta don taighde i réimse na cosanta. Ba cheart do na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gCiste Eorpach Cosanta a bheith dírithe go heisiach ar thaighde agus forbairt i réimse na cosanta, agus ba cheart do na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gclár sonrach a bhunaítear le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle ([11]) ("an clár sonrach") agus EIT a bheith dírithe go heisiach ar iarratais shibhialta. Ba cheart dúbláil gan ghá a sheachaint.

([10]) Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (féach leathanach 149 den Iris Oifigiúil seo).

([11]) Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 maidir leis an gclár sonrach a bhunú chun Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO LI 167, 12.5.2021, lch. 1).

(55) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais do ré iomlán an Chláir arb é a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([12]), do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Is é atá san imchlúdach airgeadais sin suim dar luach EUR 580 000 000 i bpraghsanna reatha don chlár sonrach a bhunaítear le Cinneadh (AE) 2021/764 agus do EIT, i gcomhréir le dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 maidir le cláir shonracha a atreisiú agus bunghníomhartha a oiriúnú ([13]).

(56) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) ("an Rialachán Airgeadais") maidir leis an gClár seo. Leis an Rialachán Airgeadais, leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus aisíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtracha.

(57) I gcomhréir le hAirteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, féadfar deontas a dhámhachtain do ghníomhaíocht atá tosaithe cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a thaispeáint gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú deontais. Mar sin féin, ní incháilithe na costais a thabhófar roimh an dáta a thíolacfar an t-iarratas ar dheontas, ach amháin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Chun aon chur isteach a sheachaint ar thacaíocht de chuid an Aontais, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, ba cheart an deis a bheith ann foráil a dhéanamh sa chinneadh maoiniúcháin, ar feadh tréimhse teoranta ag tús CAI 2021-2027, agus i gcásanna cuí-réasúnaithe amháin, d'incháilitheacht gníomhaíochtaí agus costas ó thús na bliana airgeadais 2021, fiú más rud é gur cuireadh chun feidhme iad agus gur tabhaíodh iad sular tíolacadh an t-iarratas ar dheontas.

(58) Ba cheart iarracht a dhéanamh simpliú riaracháin a bhaint amach tríd an gClár ar bhonn leanúnach, go háirithe laghdú ar an ualach riaracháin agus ar an moill do thairbhithe a shaothrú go leanúnach tríd an gclár ar fad. Ba cheart don Choimisiún a uirlisí agus a threoir a shimpliú ar bhealach go gcuireann siad ualach íosta ar thairbhithe. Go sonrach, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar leagan giorraithe den treoir a eisiúint.

(59) Ní mór infheistíochtaí a mhéadú mar gheall ar thabhairt i gcrích an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus na deiseanna atá ag méadú de bharr chóineasú na dteicneolaíochtaí digiteacha agus fisiciúla. Ba cheart don Chlár rannchuidiú leis na hiarrachtaí sin agus tiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas maidir leis na príomhghníomhaíochtaí T&N i gcomparáid le Fís 2020 ([15]). Ba cheart a áirithiú leis sin go bhfanfadh an Eoraip ar thús cadhnaíochta in T&N dhomhanda sa réimse digiteach.

(60) Ba cheart tosaíocht a thabhairt don taighde candamach faoin gcnuasach "Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás" faoi Cholún II, i bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá aige san aistriú digiteach, eadhon trí cheannaireacht eolaíoch na hEorpa agus barr feabhais sna teicneolaíochtaí candamacha a leathnú, chun gur féidir an buiséad atá beartaithe, a socraíodh in 2018, a bhaint amach.

([12]) IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

([13]) IO C 444I, 22.12.2020, lch. 1.

([14]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([15]) I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2018 dar teideal "*A new, modern Multiannual Financial Framework for a European Union that deliver efficiently on its priorities post-2020*" (Creat Airgeadais Ilbhliantúil úr nua-aimseartha d'Aontas Eorpach a chuireann go héifeachtach lena thosaíochtaí tar éis 2020), sainaithnítear EUR 13 bhilliún a caitheadh i bpríomhghníomhaíochtaí digiteacha faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht Fís 2020.

(61) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ([17]), (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ([18]) agus (AE) 2017/1939 ([19]) ón gComhairle, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur.

Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE"), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE, agus chun a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

(62) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith rannpháirteach i gcláir de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([21]), ina ndéantar foráil do chur chun feidhme na gclár ar bhonn cinneadh arna ghlacadh faoin gComhaontú sin. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin ar bhonn ionstraimí dlí eile. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar thríú tíortha na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach.

(63) De bhun Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle ([22]), tá daoine agus eintitis atá bunaithe i dtíortha nó críocha thar lear incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(64) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([23]), ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo ar bhonn faisnéis arna bailiú i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe agus faireacháin shonracha, agus ró-rialáil agus ualach riaracháin, ar na Ballstáit agus ar thairbhithe faoin gClár, go háirithe, á seachaint san am céanna. Ar na ceanglais sin ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir ar an talamh.

---

([16]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

([17]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

([18]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

([19]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

([20]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

([21]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

([22]) Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

([23]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(65) Chun a áirithiú go measfar go héifeachtach dul chun cinn an Chláir i dtreo bhaint amach a chuspóirí, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE, i ndáil le hIarscríbhinn V a leasú maidir le táscairí na conaire tionchair, i gcás ina measfar gur gá, agus chun bonnlínte agus spriocanna a leagan síos agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(66) A bhuí le comhleanúnachas agus sineirgí idir an Clár agus Clár Spáis an Aontais, déanfar earnáil spáis Eorpach a chothú a bheidh nuálach agus iomaíoch ar an leibhéal domhanda; neamhspleáchas na hEorpa a atreisiú maidir le rochtain ar an spás agus leas a bhaint as an spás i dtimpeallacht shlán, shábháilte; agus ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú. Tacóidh sonraí agus seirbhísí a chuirfear ar fáil le Clár Spáis an Aontais le barr feabhais sa taighde, réitigh cheannródaíocha agus úsáideoirí iartheachtacha a chur i gcrích sa Chlár.

(67) A bhuí le comhleanúnachas agus sineirgí idir an Clár agus Erasmus+, cothófar glacadh torthaí taighde trí ghníomhaíochtaí oiliúna, scaipfear meon nuálaíochta ar an gcóras oideachais agus áiritheofar go mbeidh gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna ag brath ar na gníomhaíochtaí T&N is nuashonraithe. Maidir leis an méid sin, i ndiaidh na ngníomhaíochtaí píolótacha a seoladh faoin gclár Erasmus+ 2014-2020 a bhaineann le hOllscoileanna Eorpacha, déanfaidh an Clár, i gcás inarb iomchuí, ar bhealach sineirgeach, an tacaíocht a thugann Erasmus+ do na hOllscoileanna Eorpacha a chomhlánú.

(68) Chun tionchar an Chláir a mhéadú maidir le dul i ngleic le tosaíochtaí an Aontais, ba cheart sineirgí le cláir agus le hionstraimí atá dírithe ar fhreagairt do riachtanais an Aontais atá ag teacht chun cinn a spreagadh agus a lorg, lena n-áirítear leis an Sásra um Aistriú Cóir, leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le Clár EU4Health.

(69) Ní mór do na rialacha don rannpháirtíocht agus scaipeadh léiriú leordhóthanach a thabhairt ar riachtanais an Chláir, agus aird á tabhairt ar na hábhair imní agus moltaí arna ndéanamh ag geallsealbhóirí éagsúla, chomh maith leo siúd a rinneadh le linn na meastóireachta eatramhaí ar an gclár Fís 2020, meastóireacht a rinneadh le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha.

(70) Le comhrialacha ar fud an Chláir, ba cheart creat comhleanúnach a áirithiú a éascódh rannpháirtíocht i gcláir a fhaigheann tacaíocht airgeadais ó bhuiséad an Chláir, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir a bhíonn á mbainistiú ag comhlachtaí cistiúcháin amhail EIT, comhghnóthais nó aon struchtúr eile faoi Airteagal 187 CFAE, agus rannpháirtíocht i gcláir a ghabhann na Ballstáit ar láimh faoi Airteagal 185 CFAE. Ba cheart a bheith in ann rialacha sonracha a ghlacadh ach ba cheart eisceachtaí den sórt sin a theorannú do na cásanna sin a bhfuil fíorghá leo agus a bhfuil údar cuí leo.

(71) Le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chláir seo ba cheart na cearta bunúsacha a urramú agus cloí leis na prionsabail atá luaite i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") go háirithe. Ba cheart do ghníomhaíochtaí den sórt sin a bheith i gcomhréir le gach oibleagáid dhlíthiúil, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta agus le gach cinneadh ábhartha ón gCoimisiún, amhail fógra an 28 Meitheamh 2013 ([24]), agus le prionsabail eiticiúla, lena n-áirítear aon sárú sláine taighde a sheachaint. Ba cheart tuairimí ón nGrúpa Eorpach um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart Airteagal 13 CFAE a chur san áireamh freisin i ngníomhaíochtaí taighde agus ba cheart úsáid ainmhithe sa taighde agus sa tástáil a laghdú d'fhonn deireadh a chur le húsáid ainmhithe faoi dheoidh.

(72) Chun barr feabhais eolaíoch a ráthú, agus i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chairt, ba cheart don Chlár urraim ar shaoirse acadúil a chur chun cinn i ngach tír a thairbhíonn dá chistí.

([24]) IO C 205, 19.7.2013, lch. 9.

(73) I gcomhréir le cuspóirí an chomhair idirnáisiúnta a leagtar amach in Airteagail 180 agus 186 CFAE, ba cheart rannpháirtíocht eintiteas dlíthiúil atá bunaithe i dtríú tíortha agus rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn, bunaithe ar shochair fhrithpháirteacha agus ar leasanna an Aontais. Ba cheart cur chun feidhme an Chláir a bheith i gcomhréir leis na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagail 75 agus 215 CFAE agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. I gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathrialachas nó slándáil an Aontais, ba cheart gur féidir rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sonracha an Chláir a bheith teoranta d'eintitis atá bunaithe sna Ballstáit amháin, nó d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe áirithe nó i dtríú tíortha eile maille leis na Ballstáit. In aon eisiamh a dhéantar ar eintitis dhlíthiúla atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe arna rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis dhlíthiúla de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, ba cheart a chur san áireamh na rioscaí a bheadh i gcuimsiú na n-eintiteas sin, ar thaobh amháin, agus na sochair a bheadh ann mar gheall ar a rannpháirtíocht, ar an taobh eile.

(74) Leis an gClár, tugtar aitheantas don athrú aeráide mar cheann de na dúshláin dhomhanda agus de na dúshláin shochaíocha is mó agus léirítear an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras agus na SFInna a chur chun feidhme. Dá réir sin, ba cheart don Chlár rannchuidiú le gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú agus leis an sprioc fhoriomlán go gcaithfear 30 % de chaiteachas buiséid an Aontais mar thacaíocht do chuspóirí aeráide a bhaint amach. Ba cheart príomhshruthú aeráide a chomhtháthú ar bhealach leormhaith in ábhar T&N agus an méid sin a chur i bhfeidhm ag gach céim den timthriall taighde.

(75) I gcomhthéacs na conaire tionchair a bhaineann leis an aeráid, ba cheart don Choimisiún tuairisciú ar thorthaí, nuálaíochtaí agus éifeachtaí comhiomlánaithe measta na dtionscadal a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear iad a thuairisciú de réir cuid den Chlár agus de réir an mhodha cur chun feidhme. Agus a anailís á déanamh aige, ba cheart don Choimisiún costais fhadtéarmacha eacnamaíocha, shochaíocha agus chomhshaoil na ngníomhaíochtaí faoin gClár a bheidh ar shaoránaigh an Aontais, agus sochair fhadtéarmacha eacnamaíocha, shochaíocha agus chomhshaoil na ngníomhaíochtaí faoin gClár dóibh, a chur san áireamh, lena n-áirítear glacadh le réitigh nuálacha maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, an tionchar measta ar phoist agus ar chruthú cuideachtaí, fás eacnamaíoch agus iomaíochas, fuinneamh glan, sláinte agus dea-bhail, lena n-áirítear cáilíocht an aeir, na hithreach agus an uisce. Ba cheart torthaí na hanailíse tionchair sin a chur ar fáil don phobal, ba cheart iad a mheasúnú i gcomhthéacs spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais agus ba cheart dóibh rannchuidiú leis an bpróiseas pleanála straitéisí ina dhiaidh sin agus leis na cláir oibre a bheidh ann amach anseo.

(76) De léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le cailliúint thubaisteach na bithéagsúlachta, ba cheart do ghníomhaíochtaí T&N faoin gClár rannchuidiú le caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta agus leis an uaillmhian fhoriomlán a bhaint amach maidir le 7,5 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta sa bhliain 2024 agus 10 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, agus an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a chur san áireamh i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

(77) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

(78) D'fhéadfadh úsáid réamheolais íogair nó torthaí íogaire a bheith á rochtain ag daoine neamhúdaraithe tionchar neamhfhabhrach a bheith aige ar leasanna an Aontais nó leas Ballstáit amháin nó níos mó. Dá bhrí sin ba cheart láimhseáil sonraí rúnda agus faisnéis rúnaicmithe a rialú le dlíthe ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear rialacha inmheánacha na nInstitiúidí, amhail Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([25]).

([25]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO l 72, 17.3.2015, lch. 53).

(79) Is gá na coinníollacha íosta rannpháirtíochta a bhunú, mar riail ghinearálta faoinar cheart eintiteas dlítheanach amháin ar a laghad ó Bhallstát a bheith san áireamh i gcuibhreannas, agus i ndáil le sainiúlachtaí na gcineálacha gníomhaíochtaí ar leith faoin gClár araon.

(80) Is gá téarmaí agus coinníollacha a bhunú maidir le cistiú ón Aontas a sholáthar do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí faoin gClár. Ba cheart deontais a bheith ar an bpríomhfhoirm thacaíochta sa Chlár. Ba cheart iad a chur chun feidhme, agus gach cineál ranníocaíochta a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais á gcur san áireamh, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe nó costais aonaid san áireamh, d'fhonn leanúint den simpliú. Leis an gcomhaontú deontais ba cheart cearta agus oibleagáidí na dtairbhithe a bhunú, lena n-áirítear ról agus cúraimí an chomhordaitheora, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart dlúthchomhar le saineolaithe na mBallstát a áirithiú agus na comhaontuithe deontais samplacha á dtarraingt suas agus i gcás ina ndéanfar aon leasú suntasach orthu, i bhfianaise, i measc nithe eile, tuilleadh simplithe a dhéanamh do thairbhithe.

(81) Déantar tagairt do na rátaí aisíocaíochta a luaitear sa Rialachán seo mar uasrátaí chun prionsabal an chómhaoinithe a chomhlíonadh.

(82) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ba cheart, leis an gClár, bonn a sholáthar le haghaidh glacadh níos forleithne le gnáthchleachtais cuntasaíochta costála na dtairbhithe i ndáil le costais phearsanra agus costais aonaid le haghaidh earraí agus seirbhísí arna sonrascadh go hinmheánach, lena n-áirítear na costais sin le haghaidh bonneagair mhóra thaighde de réir bhrí Fís 2020. Úsáid costas aonaid le haghaidh earraí agus seirbhísí arna sonrascadh go hinmheánach agus arna ríomh i gcomhréir le gnáthchleachtais cuntasaíochta costála na dtairbhithe ina mbeidh costais dhíreacha agus costais indíreacha iarbhír, ba cheart é sin a bheith ina rogha a d'fhéadfadh na tairbhithe uile a dhéanamh. I ndáil leis sin, ba cheart an deis a bheith ag tairbhithe costais indíreacha iarbhír arna ríomh ar bhonn scálaí cionroinnte a chur san áireamh sna costais aonaid sin le haghaidh earraí agus seirbhísí arna sonrascadh go hinmheánach.

(83) Ba cheart an córas reatha d'aisíocaíocht na gcostas pearsanra iarbhír a shimpliú tuilleadh, ag tógáil ar an gcur chuige um luach saothair tionscadalbhunaithe a forbraíodh faoi Fís 2020, agus a ailíniú tuilleadh leis an Rialachán Airgeadais, agus é mar aidhm aige sin an bhearna luach saothair idir taighdeoirí an Aontais atá páirteach sa Chlár a laghdú.

(84) Tá sé léirithe gur sásra tábhachtach cosanta atá sa Chiste um Ráthaíocht Rannpháirtithe a cuireadh ar bun de bhun Fís 2020 agus a ndéanann an Coimisiún bainistiú air, agus maolaítear leis na rioscaí a bhaineann leis na méideanna atá dlite agus nár aisíoc rannpháirtithe mainneachtana. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint ar aghaidh leis an gCiste um Ráthaíocht Rannpháirtithe, a athainmníodh mar an Sásra árachais fhrithpháirtigh ("an Sásra"), agus é a mhéadú go comhlachtaí cistiúcháin eile, go háirithe go tionscnaimh de bhun Airteagal 185 CFAE. Ba cheart gur féidir an Sásra a leathnú amach chuig tairbhithe aon chlár eile de chuid an Aontais atá á bhainistiú go díreach. Ar bhonn dlúthfhaireacháin ar na torthaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar na hinfheistíochtaí arna ndéanamh ag an Sásra, ba cheart don Choimisiún bearta maolaitheacha iomchuí a dhéanamh ionas go bhféadfaidh an Sásra leanúint dá idirghabhálacha chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun an ranníocaíochtaí a chur ar ais chuig na tairbhithe tráth a íocfar an iarmhéid.

(85) Ba cheart rialacha maidir le saothrú agus scaipeadh torthaí a leagan síos chun a áirithiú go ndéanann na rannpháirtithe na torthaí sin a chosaint, a shaothrú agus a scaipeadh agus rochtain orthu a chur ar fáil de réir mar is iomchuí. Ba cheart níos mó béime a chur ar shaothrú na dtorthaí sin, agus ba cheart don Choimisiún na deiseanna sin do thairbhithe a shainaithint agus cuidiú leis an leas is mó is féidir a bhaint astu le go bhféadfaidh na tairbhithe torthaí a shaothrú, go háirithe san Aontas. Maidir le saothrú na dtorthaí, ba cheart prionsabail an Chláir a chur san áireamh, lena n-áirítear an nuálaíocht a chur chun cinn san Aontas agus LET a neartú.

(86) Na príomheilimintí den chóras meastóireachta agus roghnúcháin tograí ón gclár a bhí ann roimhe, an Clár Fís 2020, a leag béim ar leith ar an mbarr feabhais agus, i gcás inarb infheidhme, ar "tionchar" agus "cáilíocht agus éifeachtúlacht cur chun feidhme", ba cheart iad a choinneáil. Ba cheart leanúint de thograí a roghnú bunaithe ar an meastóireacht a rinne saineolaithe seachtracha neamhspleácha. Ba cheart an próiseas meastóireachta a cheapadh chun coinbhleachtaí leasa agus claontacht a sheachaint. Ba cheart an fhéidearthacht go mbeadh nós imeachta tíolactha dhá chéim ann a chur san áireamh agus, i gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí meastóireacht a dhéanamh ar thograí i ndíth ainm le linn na chéad chéime den mheastóireacht. Ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag spreagadh breathnóirí neamhspleácha a bheith rannpháirteach sa phróiseas meastóireachta, i gcás inarb infheidhme. Maidir le gníomhaíochtaí Treo-aimsitheora, misin agus i gcásanna eile a bhfuil údar cuí leo, féadfar a riachtanaí atá sé comhleanúnachas foriomlán na punainne tionscadal a áirithiú a chur san áireamh, ar choinníoll go mbeidh na tairseacha is infheidhme sáraithe ag na tograí. Ba cheart na cuspóirí agus na nósanna imeachta chun an méid sin a dhéanamh a fhoilsiú roimh ré. I gcomhréir le hAirteagal 200(7) den Rialachán Airgeadais, ba cheart do na hiarratasóirí aiseolas a fháil ar an meastóireacht ar a dtogra, lena n-áirítear, go háirithe, i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna lena dhiúltú.

(87) Ba cheart trasiontaoibh chórasach ar measúnuithe agus iniúchtaí atá ag cláir eile de chuid an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagail 126 agus 127 den Rialachán Airgeadais do gach cuid den Chlár, i gcás inar féidir, chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe chistí an Aontais a laghdú. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le trasiontaoibh go sainráite trí ghnéithe eile den phróiseas um dhearbhú a chur san áireamh, amhail iniúchtaí ar chórais agus ar phróisis.

(88) Ba cheart dul i ngleic le dúshláin shonracha i réimsí T&N le duaiseanna, lena n-áirítear trí dhuaiseanna coiteanna nó comhdhuaiseanna i gcás inarb iomchuí, arna n-eagrú ag an gCoimisiún nó ag an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha i gcomhar le comhlachtaí eile de chuid an Aontais, tíortha comhlachaithe, tríú tíortha eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha. Ba cheart do dhuaiseanna tacú le cuspóirí an Chláir a bhaint amach.

(89) Na cineálacha maoiniúcháin agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, ba cheart iad a roghnú ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a thabhairt, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin agus ar na rioscaí a mheastar a bheith ann mar gheall ar neamh-chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh ar áireamh seo go ndéantar úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus scálaí costas aonaid a bhreithniú.

(90) Chun an leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus ionas gur féidir tús a chur leis an gcur chun feidhme ó thús CAI 2021-2027, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige, le héifeacht chúlghabhálach, ón 1 Eanáir 2021.

(91) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr dúbláil a sheachaint, mais chriticiúil i bpríomhréimsí a bhaint amach agus breisluach Aontais is mó a imirt, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí sin a ghnóthú.

(92) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]) agus Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 a aisghairm dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*

## Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ("an Clár") ar feadh ré CAI 2021-2027, leagtar amach na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh a bhaineann le gníomhaíochtaí indíreacha faoin gClár agus déantar an creat lena rialaítear tacaíocht ón Aontas le haghaidh ghníomhaíochtaí T&N a chinneadh ar feadh na tréimhse céanna.

Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí an Chláir, an buiséad don tréimhse 2021 go 2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha maidir leis an gcistiú sin a sholáthar.

2. Cuirfear an Clár chun feidhme trí na nithe seo a leanas:

(a) an clár sonrach a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2021/764;

(b) ranníocaíocht airgeadais leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a bunaíodh le Rialachán EIT;

([26]) Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i "Fís 2020 - an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)" agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 81).

(c) an clár sonrach maidir le taighde cosanta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/697.

3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an gclár sonrach maidir le taighde cosanta dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo, seachas i gcás Airteagail 1 agus 5, Airteagal 7(1) agus Airteagal 12(1).

4. Leis na téarmaí "Fís Eorpach", "an Clár" agus "clár sonrach" a úsáidtear sa Rialachán seo, is do nithe atá ábhartha don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 atáthar ag tagairt, agus dó sin amháin, mura sonraítear a mhalairt.

5. Cuirfidh EIT an Clár chun feidhme i gcomhréir lena chuspóirí straitéiseacha don tréimhse 2021 go 2027, mar a leagtar síos sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht ó EIT, agus aird á tabhairt ar an bpleanáil straitéiseach dá dtagraítear in Airteagal 6 agus sa chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "bonneagair thaighde" saoráidí lena soláthraítear acmhainní agus seirbhísí do na pobail taighde chun taighde a dhéanamh agus nuálaíocht a chothú ina réimsí féin, lena n-áirítear na hacmhainní daonna gaolmhara, mórthrealamh nó tacair ionstraimí; saoráidí a bhfuil baint acu le heolas amhail bailiúcháin, cartlanna nó bonneagair sonraí eolaíocha; córais ríomhaireachta, líonraí cumarsáide agus aon bhonneagar eile ar de chineál uathúil é agus é oscailte d'úsáideoirí seachtracha, atá riachtanach chun barr feabhais a bhaint amach in T&N; féadfar iad a úsáid, i gcás inarb ábhartha, chun críoch eile seachas taighde, mar shampla le haghaidh seirbhísí oideachais nó seirbhísí poiblí agus féadfar iad a bheith "suite ar shuíomh amháin", "fíorúil" nó "dáilte";

(2) ciallaíonn "straitéis um speisialtóireacht chliste" na straitéisí nuálaíochta náisiúnta nó réigiúnacha lena leagtar síos tosaíochtaí chun buntáiste iomaíochta a fhorbairt trí láidreachtaí dílse T&N a fhorbairt agus a mheaitseáil le riachtanais ghnó chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhleanúnach, ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí sa mhargadh, agus ag an am céanna dúbailt agus ilroinnt na n-iarrachtaí á seachaint, lena n-áirítear iad siúd arb é atá iontu creat náisiúnta nó réigiúnach um beartais straitéiseacha T&N, nó iad siúd a áirítear i gcreat den sórt sin, agus lena gcomhlíontar an coinníoll cumasúcháin a leagtar amach san fhoráil ábhartha de Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027;

(3) ciallaíonn "Comhpháirtíocht Eorpach" tionscnamh, a raibh Ballstáit agus tíortha comhlachaithe páirteach go luath ina ullmhúchán, lena dtugann an tAontas gealltanas, i gcomhar le comhpháirtithe príobháideacha agus/nó poiblí (amhail an tionscal, ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, comhlachtaí a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta lena n-áirítear forais agus ENRanna), tacaíocht a thabhairt go comhpháirteach le clár de ghníomhaíochtaí T&N a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis an nglacadh atá ag an margadh leo, le glacadh rialála nó le glacadh beartais;

(4) ciallaíonn "rochtain oscailte" rochtain ar líne, a chuirtear ar fáil saor ó tháille don úsáideoir deiridh, d'aschuir thaighde a eascraíonn as gníomhaíochtaí faoin gClár i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 39(3);

(5) ciallaíonn "eolaíocht oscailte" cur chuige a bhaineann leis an bpróiseas eolaíoch atá bunaithe ar obair, uirlisí agus scaipeadh eolais ar bhonn oscailte agus chomhoibríoch, agus áirítear leis na heilimintí a liostaítear in Airteagal 14;

(6) ciallaíonn "misean" punann de ghníomhaíochtaí T&N barr feabhais-bhunaithe agus tionchar-bhunaithe ar fud disciplíní agus earnálacha, arb é is aidhm dóibh: (i) sprioc intomhaiste a bhaint amach laistigh de thréimhse ama socraithe nach bhféadfaí a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí aonair; (ii) tionchar a imirt ar an tsochaí agus ar cheapadh beartais trí bhíthin na heolaíochta agus na teicneolaíochta; agus (iii) a bheith ábhartha do chuid shuntasach de dhaonra na hEorpa agus do réimse leathan saoránach Eorpach;

(7) ciallaíonn "soláthar réamhthráchtála" soláthar seirbhísí taighde agus forbartha a bhfuil baint acu le comhroinnt riosca-sochair faoi dhálaí margaidh, agus forbairt iomaíoch i gcéimeanna, i gcás ina bhfuil dealú soiléir idir na seirbhísí taighde agus forbartha a sholáthraítear ó chainníochtaí tráchtála de na táirgí deiridh a chur chun úsáide;

(8) ciallaíonn "soláthar poiblí réiteach nuálach" soláthar i gcás ina bhfeidhmíonn údaráis chonarthacha mar chustaiméir céadtrialach le haghaidh earraí nó seirbhísí nuálacha nach bhfuil ar fáil fós ar bhonn tráchtála ar mhórscála, agus féadfar tástáil chomhlíontachta a áireamh leis sin;

(9) ciallaíonn "cearta rochtana" cearta chun torthaí nó réamheolas a úsáid faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(10) ciallaíonn "réamheolas" aon sonraí, saineolas nó faisnéis, is cuma cad é an fhoirm nó an cineál atá acu, aige nó aici, bíodh siad, sé nó sí inláimhsithe nó doláimhsithe, lena n-áirítear aon chearta amhail cearta maoine intleachtúla, ar fíor an méid seo a leanas ina leith: (i) tá siad, sé nó sí i seilbh tairbhithe roimh a n-aontachas i ngníomhaíocht ar leith; agus (ii) sainaithníonn na tairbhithe iad, é nó í i gcomhaontú i scríbhinn mar rudaí a bhfuil gá leo, leis nó léi chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme nó chun a cuid torthaí a shaothrú;

(11) ciallaíonn "scaipeadh" nochtadh poiblí na dtorthaí trí mheán iomchuí, seachas nochtadh mar thoradh ar na torthaí a chosaint nó a shaothrú, lena n-áirítear trí bhíthin foilseacháin eolaíocha in aon mheán;

(12) ciallaíonn "saothrú" torthaí a úsáid i ngníomhaíochtaí T&N breise seachas iad sin a chumhdaítear faoin ngníomhaíocht lena mbaineann, lena n-áirítear, i measc nithe eile, saothrú tráchtála amhail táirge nó próiseas a fhorbairt, a chruthú, a mhonarú agus a mhargú, seirbhís a chruthú agus a sholáthar, nó i ngníomhaíochtaí i ndáil le caighdeánú;

(13) ciallaíonn "coinníollacha córa réasúnacha" coinníollacha iomchuí, lena n-áirítear téarmaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann nó coinníollacha saor ó ríchíosanna, agus aird á tabhairt ar imthosca sonracha na hiarrata ar rochtain, mar shampla luach iarbhír nó féideartha na dtorthaí nó an réamheolais a bhfuil rochtain á lorg ina leith agus/nó raon feidhme, ré nó saintréithe eile an tsaothraithe atá beartaithe;

(14) ciallaíonn "comhlacht cistiúcháin" comhlacht nó eagraíocht, amhail dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, a ndéanann an Coimisiún cúraimí cur chun feidhme buiséid faoin gClár a chur ar a n-iontaoibh;

(15) ciallaíonn "eagraíocht idirnáisiúnta um thaighde Eorpach" eagraíocht idirnáisiúnta, ar Ballstáit nó tíortha comhlachaithe tromlach a gcomhaltaí, agus arb é is príomhchuspóir léi an comhar eolaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn san Eoraip;

(16) ciallaíonn "eintiteas dlítheanach" duine nádúrtha, nó duine dlítheanach a bunaíodh agus a aithnítear mar sin faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a bhfuil an acmhainneacht aige chun gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 197(2) den Rialachán Airgeadais;

(17) ciallaíonn "tíortha a thagann faoin bhfairsingiú" nó "tíortha ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N" tíortha inar gá eintitis a bheith bunaithe chun go mbeidh siad incháilithe mar chomhordaitheoirí faoin gcomhchuid "rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a leathadh" den chuid "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú" den Chlár; as measc Ballstáit AE, is iad na tíortha sin ná an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSlóivéin, le haghaidh ré iomlán an Chláir; maidir leis na tíortha comhlachaithe, ciallaíonn sé an liosta de na tíortha incháilithe arna shainiú bunaithe ar tháscaire agus arna fhoilsiú sa chlár oibre. Beidh eintitis dhlítheanacha ó na réigiúin is forimeallaí mar a shainmhínítear in Airteagal 349 CFAE lán-incháilithe freisin le bheith ina gcomhordaitheoirí faoin gcomhchuid seo;

(18) ciallaíonn "eintiteas dlítheanach neamhbhrabúsach" eintiteas dlítheanach atá neamhbhrabúsach de réir na foirme dlíthiúla atá aige nó a bhfuil oibleagáid dhlithiúil nó reachtúil air gan brabús a roinnt ar a gheallsealbhóirí ná ar a chomhaltaí aonair;

(19) ciallaíonn "fiontar beag nó meánmhéide" nó "FBM" micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ([27]);

(20) ciallaíonn "cuideachta meánchaipitlithe bheag" eintiteas nach FBM é agus a bhfuil suas le 499 bhfostaí ag obair ann, i gcás ina ndéantar líon na foirne a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 3 go 6 de Theideal I den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;

(21) ciallaíonn "torthaí" aon éifeacht inláimhsithe nó doláimhsithe de chuid gníomhaíochta ar leith, amhail sonraí, saineolas nó faisnéis, is cuma cad é foirm nó cineál na héifeachta agus cibé acu is féidir í a chosaint nó nach féidir, mar aon le haon chearta atá ag gabháil léi, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla;

---

([27]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiúin an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(22) ciallaíonn "aschur taighde" na torthaí a ghintear de bharr gníomhaíocht ar leith ar féidir rochtain a thabhairt orthu i bhfoirm foilseachán eolaíochta, sonraí nó torthaí agus próiseas eile a ndearnadh innealtóireacht orthu amhail bogearraí, algartaim, prótacail agus leabhair nótaí leictreonacha;

(23) ciallaíonn "Séala Barr Feabhais" lipéad cáilíochta a léiríonn go raibh togra a cuireadh isteach le haghaidh glao ar thograí os cionn na dtairseach meastóireachta ar fad a leagtar amach sa chlár oibre, ach nach bhféadfaí é a chistiú de dheasca easpa buiséid a bheith ar fáil don ghlao sin ar thograí sa chlár oibre agus a d'fhéadfadh tacaíocht a fháil ó fhoinsí eile cistiúcháin de chuid an Aontais nó ó fhoinsí náisiúnta eile cistiúcháin;

(24) ciallaíonn "plean straitéiseach T&N" gníomh cur chun feidhme lena leagtar amach straitéis chun ábhar sa chlár oibre a fhíorú lena gcumhdaítear uastréimhse 4 bliana, lena leantar próiseas comhairliúcháin leathan éigeantach i gcomhar le hilgheallsealbhóirí agus lena sonraítear na tosaíochtaí, na cineálacha oiriúnacha gníomhaíochtaí agus na cineálacha cur chun feidhme atá le húsáid;

(25) ciallaíonn "clár oibre" an doiciméad a glacann an gCoimisiún chun an clár sonrach a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 14 de Chinneadh (AE) 2021/764 nó doiciméad coibhéiseach ó thaobh ábhair agus struchtúir de a ghlacann comhlacht cistiúcháin;

(26) ciallaíonn "conradh" comhaontú a thugann an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha i gcrích le heintiteas dlítheanach lena gcuirtear chun feidhme gníomhaíocht nuálaíochta agus cur chun úsáide ar an margadh agus a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú measctha faoi Fís Eorpach nó ó mhaoiniú measctha faoi EIC;

(27) ciallaíonn "airleacan in-aisíoctha" an chuid de mhaoiniú measctha faoi Fís Eorpach nó de mhaoiniú measctha faoi EIC a chomhfhreagraíonn d'iasacht faoi Theideal X den Rialachán Airgeadais, ach a dhámhann an tAontas go díreach agus ar bhonn neamhbhrabúsach chun costais gníomhaíochtaí a chumhdach a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíocht nuálaíochta, agus atá le haisíoc ag an tairbhí leis an Aontas faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa chonradh;

(28) ciallaíonn "faisnéis rúnaicmithe" faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún chomh maith le faisnéis rúnaicmithe na mBallstát, faisnéis rúnaicmithe tríú tíortha a bhfuil comhaontú slándála ag an Aontas leo agus faisnéis rúnaicmithe eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú slándála ag an Aontas leo;

(29) ciallaíonn "oibríocht mheasctha" gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráid mheasctha nó ardán measctha mar a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-in-aisíoctha tacaíochta agus/nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais le foirmeacha in-aisíoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí tráchtála;

(30) ciallaíonn "maoiniú measctha faoi Fís Eorpach" tacaíocht airgeadais do chlár lena gcuirtear chun feidhme gníomhaíocht nuálaíochta agus cur chun úsáide ar an margadh, arb é atá inti comhcheangal sonrach de dheontas nó d'airleacan in-aisíoctha agus infheistíocht i gcothromas nó aon fhoirm eile de thacaíocht in-aisíoctha;

(31) ciallaíonn "maoiniú measctha faoi EIC" tacaíocht airgeadais dhíreach a sholáthraítear faoi EIC do ghníomhaíocht nuálaíochta agus cur chun úsáide ar an margadh arb é atá inti comhcheangal sonrach de dheontas nó d'airleacan in-aisíoctha agus infheistíocht i gcothromas nó aon fhoirm eile tacaíochta in-aisíoctha;

(32) ciallaíonn "gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta" gníomhaíocht arb é atá inti go príomha gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh eolas nua a shuíomh nó iniúchadh a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé teicneolaíocht, táirge, próiseas, seirbhís nó réiteach nua nó feabhsaithe a bheith ann. Féadfaidh taighde bunúsach agus feidhmeach, forbairt agus comhtháthú teicneolaíochta, tástáil, taispeáint agus bailíochtú ar fhréamhshamhail ar scála beag i saotharlann nó i dtimpeallacht ionsamhlaithe a bheith i gceist leis sin;

(33) ciallaíonn "gníomhaíocht nuálaíochta" gníomhaíocht arb é atá inti go príomha gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh, go díreach, pleananna agus socruithe nó dearaí a tháirgeadh i gcomhair táirgí, próisis nó seirbhísí nua, athraithe nó feabhsaithe, agus a bhféadfadh fréamhshamhlú, tástáil, taispeáint, píolótú, bailíochtú táirgí ar mhórscála agus macasamhlú an mhargaidh a bheith san áireamh leo;

(34) ciallaíonn "gníomhaíocht taighde ceannródaíoch ERC" gníomhaíocht taighde atá faoi cheannas príomhthaighdeora, lena n-áirítear Cruthúnas Coincheapa ERC, arna óstáil ag tairbhithe aonair nó iolracha a fhaigheann cistiú ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC);

(35) ciallaíonn "gníomhaíocht oiliúna agus soghluaisteachta" gníomhaíocht arb é is aidhm dí na scileanna, an t-eolas agus na hionchais ghairme atá ag taighdeoirí a fheabhsú, bunaithe ar shoghluaisteacht idir tíortha agus, más ábhartha, idir earnálacha nó disciplíní;

(36) ciallaíonn “gníomhaíocht chomhchistiúcháin le haghaidh cláir” gníomhaíocht chun comhchistiú ilbhliantúil a sholáthar do chlár gníomhaíochtaí arna bhunú nó arna chur chun feidhme ag eintitis dhlítheanacha, seachas comhlachtaí cistiúcháin de chuid an Aontais, a bhainistíonn nó a chistíonn cláir T&N; le clár gníomhaíochtaí den sórt sin, féadfar tacú le líonrú agus comhordú, taighde, nuálaíocht, gníomhaíochtaí píolótacha, agus gníomhaíocht nuálaíochta agus cur chun úsáide ar an margadh, gníomhaíocht oiliúna agus soghluaisteachta, múscailt feasachta agus cumarsáid, scaipeadh agus saothrú, agus féadfar aon tacaíocht ábhartha airgeadais, amhail deontais, duaiseanna agus soláthar, chomh maith le maoiniú measctha faoi Fís Eorpach nó meascán díobh sin a sholáthar. Maidir leis an ngníomhaíocht chomhchistiúcháin le haghaidh cláir, féadfaidh na heintitis dhlítheanacha sin í a chur chun feidhme go díreach nó féadfaidh tríú páirtithe í a chur chun feidhme thar a gceann;

(37) ciallaíonn “gníomhaíocht soláthair réamhthráchtála” gníomhaíocht arb é is príomhaidhm léi soláthar réamhthráchtála a bhaint amach, ar soláthar é a dhéanann tairbhithe, ar údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha iad, a chur chun feidhme;

(38) ciallaíonn “gníomhaíocht soláthair phoiblí réiteach nuálach” gníomhaíocht arb é is príomhaidhm léi soláthar poiblí comhpháirteach nó comhordaithe réiteach nuálach a bhaint amach, ar soláthar é a dhéanfaidh tairbhithe, ar údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha iad, a chur chun feidhme;

(39) ciallaíonn “gníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta” gníomhaíocht a chuireann le cuspóirí an Chláir, gan gníomhaíochtaí T&N a chur san áireamh, ach amháin nuair a dhéantar í faoin gcomhchuid “rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a leathadh” den chuid “Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú”; agus comhordú ón mbun aníos gan comhchistiú gníomhaíochtaí taighde ón Aontas a fhágann gur féidir comhar a bhunú idir eintitis dhlítheanacha ó na Ballstáit agus ó thíortha comhlachaithe chun LET a neartú;

(40) ciallaíonn “duais dreasachta” duais chun infheistíocht a spreagadh i dtreo ar leith trí sprioc a shonrú sula ndéantar an obair;

(41) ciallaíonn “duais aitheantais” duais chun aitheantas a thabhairt don mhéid a baineadh amach roimhe seo agus d’obair thar barr i ndiaidh a déanta;

(42) ciallaíonn “gníomhaíocht nuálaíochta agus cur chun úsáide ar an margadh” gníomhaíocht a bhfuil gníomhaíocht nuálaíochta neadaithe inti chomh maith leis na gníomhaíochtaí eile is gá chun nuálaíocht a chur chun úsáide ar an margadh, lena n-áirítear méadú cuideachtaí agus maoiniú measctha faoi Fís Eorpach nó maoiniú measctha faoi EIC;

(43) ciallaíonn “gníomhaíochtaí indíreacha” gníomhaíochtaí T&N a sholáthraíonn an tAontas tacaíocht airgeadais dóibh agus a dhéanann na rannpháirtithe;

(44) ciallaíonn “gníomhaíochtaí díreacha” gníomhaíochtaí T&N a dhéanann an Coimisiún trína ACT;

(45) ciallaíonn “soláthar” soláthar mar a shainmhínítear i bpointe (49) d’Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais;

(46) ciallaíonn “eintiteas cleamhnaithe” eintiteas mar a shainmhínítear in Airteagal 187(1) den Rialachán Airgeadais;

(47) ciallaíonn “éiceachóras nuálaíochta” éiceachóras lena dtugtar le chéile gníomhaithe nó eintitis ar leibhéal an Aontais arb é an sprioc fheidhmiúil atá acu forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a chumasú; cuimsítear leis an caidreamh idir acmhainní ábhartha (amhail cistí, trealamh agus saoráidí), eintitis institiúideacha (amhail institiúidí ardoideachais agus seirbhísí tacaíochta, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, cuideachtaí, caipitlithe fiontair agus idirghabhálaithe airgeadais) agus eintitis ceaptha beartais agus cistiúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

(48) ciallaíonn “luach saothair tionscadalbhunaithe” luach saothair atá nasctha le rannpháirtíocht duine i dtionscadail, agus is cuid é de ghnáthchleachtais an tairbhí maidir le luach saothair agus íoctar é ar dhóigh chomhsheasmhach.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí an Chláir**

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir tionchar a imirt ar bhonn eolaíoch, teicneolaíoch, eacnamaíoch agus sochaíoch a bhuí le hinfheistíochtaí an Aontais in T&N chun bunúis eolaíocha agus theicneolaíocha an Aontais a neartú agus iomaíochas an Aontais a chothú sna Ballstáit uile, lena n-áirítear ina chuid tionscal, chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach agus chun rannchuidiú le cuspóirí agus beartais an Aontais a bhaint amach, chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear na SFInna trí phrionsabail Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras a leanúint, agus chun LET a neartú. Ar an gcaoi sin, déanfar breisluach Aontais a uasmhéadú leis an gClár trí dhíriú ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go héifeachtach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ach ar féidir leo iad a bhaint amach agus iad ag gníomhú i gcomhar le chéile.

2. Seo a leanas cuspóirí sonracha an Chláir:

(a) barr feabhais eolaíoch a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh, tacú le heolas bunúsach agus feidhmeach nua ar ardcháilíocht, scileanna, teicneolaíochtaí agus réitigh a chruthú agus a scaipeadh, tacú le hoiliúint ar thaighdeoirí agus soghluaisteacht na dtaighdeoirí, daoine tréitheacha a mhealladh ag gach leibhéal agus rannchuidiú le rannpháirteachas iomlán dhíorma thréithigh an Aontais sna gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár;

(b) eolas a ghiniúint, tionchar T&N a neartú chun beartais an Aontais a cheapadh, chun tacú leo agus chun iad a chur chun feidhme, agus tacú leis an rochtain atá ar réitigh nuálacha sa tionscal Eorpach, go háirithe in FBManna, agus sa tsochaí, agus le glacadh na réiteach sin, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, lena n-áirítear an t-athrú aeráide agus na SFInna;

(c) gach cineál nuálaíochta a chothú, forbairt theicneolaíoch, léiriú agus malartú eolais agus teicneolaíochta a éascú, agus cur chun úsáide agus saothrú réiteach nuálaíochta a neartú;

(d) an leas is fearr is féidir a bhaint as an gClár d'fhonn LET a neartú agus a thionchar agus a tharraingt a mhéadú, rannpháirtíocht bunaithe ar bharr feabhais ó thaobh na mBallstáit go léir, lena n-áirítear na tíortha ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N, a chothú sa Chlár agus naisc chomhoibríocha a éascú in T&N na hEorpa.

*Airteagal 4*

**Struchtúr an Chláir**

1. I gcás an chláir shonraigh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus EIT, déanfar an Clár a struchtúrú i gcodanna mar a leanas, rud a rannchuidíonn leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3:

(a) Colún I "Eolaíocht den Scoth", ina bhfuil na comhchodanna seo a leanas:

 (i) ERC;

 (ii) Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCAnna);

 (iii) bonneagair thaighde;

(b) Colún II "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach", ina bhfuil na comhchodanna seo a leanas, agus á chur san áireamh go mbíonn ról tábhachtach ag SSH sna cnuasaigh ar fad:

 (i) an cnuasach "Sláinte";

 (ii) an cnuasach "an Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach";

 (iii) an cnuasach "an tSlándáil Shibhialta don tSochaí";

 (iv) an cnuasach "Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás";

 (v) an cnuasach "an Aeráid, Fuinneamh agus an tSoghluaisteacht";

 (vi) an cnuasach "Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol";

 (vii) gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha de chuid ACT;

(c) Colún III "Eoraip na Nuálaíochta", ina bhfuil na comhchodanna seo a leanas:

 (i) EIC;

 (ii) éiceachórais nuálaíochta na hEorpa;

 (iii) EIT.

(d) an Chuid "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú", ina bhfuil na comhchodanna seo a leanas:

 (i) an rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a leathadh;

 (ii) Córas T&N na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú.

2. Leagtar amach imlínte ghníomhaíochtaí an Chláir in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Taighde agus forbairt na cosanta**

Na gníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gclár sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2) agus a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/697, leagfaidh siad béim eisiach ar thaighde agus forbairt na cosanta, agus beidh acu cuspóirí agus imlínte na ngníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a chothú.

*Airteagal 6*

**Pleanáil straitéiseach agus cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin de chuid an Aontais**

1. Is trí bhíthin bainistíocht dhíreach nó trí bhíthin bainistíocht indíreach ag na comhlachtaí cistiúcháin a chuirfear an Clár chun feidhme.

2. Féadfar cistiú faoin gClár a sholáthar trí bhíthin gníomhaíochtaí indíreacha in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, ach beidh deontais mar phríomhfhoirm tacaíochta faoin gClár. Féadfar cistiú faoin gClár a sholáthar freisin trí dhuaiseanna, soláthair agus ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha agus de thacaíocht chothromais faoin Luasaire.

3. Na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh a leagtar síos sa Rialachán seo, beidh feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí indíreacha.

4. Na príomhchineálacha gníomhaíochtaí atá le húsáid faoin gClár, sainmhínítear in Airteagal 2 iad. Úsáidfear na foirmeacha cistiúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar dhóigh sholúbtha síos trí gach cuspóir den Chlár agus cinnfear an úsáid a bheidh leo bunaithe ar riachtanais agus saintréithe na gcuspóirí sonracha.

5. Leis an gClár, tacófar freisin le gníomhaíochtaí díreacha. I gcás ina rannchuideoidh na gníomhaíochtaí díreacha sin le tionscnaimh a bhunaítear faoi Airteagal 185 nó 187 CFAE, ní mheasfar an rannchuidiú sin a bheith mar chuid den ranníocaíocht airgeadais arna leithdháileadh ar na tionscnaimh sin.

6. Tacófar le cur chun feidhme an chláir shonraigh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus PENanna EIT trí phleanáil thrédhearcach agus straitéiseach ar ghníomhaíochtaí T&N faoi mar a leagtar síos sa chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2), go háirithe le haghaidh an cholúin "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach" agus cumhdófar freisin gníomhaíochtaí ábhartha i gcolúin eile agus an chuid "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú".

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na Ballstáit páirteach go luath agus go ndéanfar malartuithe forleathana le Parlaimint na hEorpa, agus, mar chomhlánú air sin, beidh comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne.

Leis an bpleanáil straitéiseach, áireofar ailíniú le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais mar aon le comhsheasmhacht le tosaíochtaí agus gealltanais an Aontais agus méadófar comhlántacht agus sineirgí le cláir chistiúcháin náisiúnta agus réigiúnacha agus tosaíochtaí cistiúcháin náisiúnta agus réigiúnacha, agus dá réir sin déanfar LET a neartú. Déanfar réimsí le haghaidh misin fhéideartha agus réimsí le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe féideartha a leagan síos in Iarscríbhinn VI.

7. I gcás inarb iomchuí, chun go bhféadfaidh rochtain níos tapúla ag cuibhreannais chomhoibríocha bheaga ar chistí a bheith ann, féadfar nós imeachta mear i ndáil le taighde agus nuálaíocht (nós imeachta FTRI) a mholadh faoi chuid de na glaonna ar thograí atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta nó do ghníomhaíochtaí nuálaíochta faoin gcolún "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach" agus faoi Threo-aimsitheoir na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí.

Beidh na saintréithe carnacha seo a leanas le glao ar thograí faoi nós imeachta FTRI:

(a) glaonna ar thograí ón mbun aníos;

(b) am níos giorra chun deontas a thabhairt, nach mó ná 6 mhí;

(c) tacaíocht nach dtabharfar ach do chuibhreannais chomhoibríocha bheaga a bheidh comhdhéanta de shé eintiteas dhlítheanacha incháilithe éagsúla agus neamhspleácha ar a mhéad;

(d) tacaíocht airgeadais uasta nach mó ná EUR 2,5 milliún in aghaidh an chuibhreannais.

Sainaithneofar sa chlár oibre na glaonna ar thograí a úsáideann nós imeachta FTRI.

8. Soláthrófar gníomhaíochtaí an Chláir, go príomha, trí ghlaonna oscailte iomaíocha ar thograí, lena n-áirítear laistigh de mhisin agus de Chomhpháirtíochtaí Eorpacha.

*Airteagal 7*

**Prionsabail an Chláir**

1. Le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéantar faoin gclár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus faoi EIT, díreofar go heisiach ar iarratais shibhialta. Ní cheadófar aistrithe buiséadacha idir an méid a leithdháiltear ar an gclár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus EIT agus an méid a leithdháiltear ar an gclár sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2), agus seachnófar dúbláil gan ghá idir an dá chlár.

2. Leis an gClár, áiritheofar cur chuige ildisciplíneach agus déanfar foráil, i gcás inarb iomchuí, maidir le comhtháthú SSH ar fud na gcnuasach agus na ngníomhaíochtaí a fhorbraítear faoin gClár, lena n-áirítear glaonna sonracha ar thograí a bhaineann le hábhair SSH.

3. Le codanna comhoibríocha an Chláir, áiritheofar cothromaíocht idir LRTanna níos ísle agus níos airde, agus ar an gcaoi sin cumhdófar an slabhra luacha ar fad.

4. Leis an gClár, áiritheofar cur chun cinn agus comhtháthú éifeachtach comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí agus tionscnaimh idirnáisiúnta atá bunaithe ar shochair fhrithpháirteacha, ar leasanna an Aontais, ar ghealltanais idirnáisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar chómhalartacht.

5. Leis an gClár, cuideofar le tíortha a thagann faoin bhfairsingiú cur lena rannpháirtíocht sa Chlár agus clúdach geografach leathan a chur chun cinn i dtionscadail chomhoibríocha, lena n-áirítear trí bhíthin barr feabhais eolaíoch a scaipeadh, naisc chomhoibríocha nua a threisiú, cúrsaíocht daoine oilte a spreagadh agus trí bhíthin Airteagal 24(2) agus Airteagal 50(5) a chur chun feidhme. Déanfaidh na Ballstáit na hiarrachtaí sin a mhacasamhlú trí bhearta comhréireacha dá gcuid féin, lena n-áirítear trí thuarastail tharraingteacha a shocrú do thaighdeoirí, le tacaíocht ó chistí an Aontais, ó chistí náisiúnta agus ó chistí réigiúnacha. Gan an bonn a bhaint de na critéir bairr feabhais, tabharfar aird faoi leith ar chothromaíocht gheografach, faoi réir an cháis i réimse T&N lena mbaineann, i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí amhail boird agus grúpaí saineolaithe.

6. Leis an gClár, áiritheofar cur chun cinn éifeachtach comhdheiseanna do chách agus cur chun feidhme príomhshruthaithe inscne, lena n-áirítear comhtháthú na gné inscne in ábhair T&N. Beidh sé d'aidhm ag an gClár aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna a bhíonn leis an míchothromaíocht inscne. Tabharfar aird ar leith ar an gcothromaíocht inscne a áirithiú a mhéid agus is féidir ar phainéil mheastóireachta agus ar chomhlachtaí comhairleacha ábhartha eile amhail boird agus grúpaí saineolaithe.

7. Déanfar an Clár a chur chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais, agus é mar aidhm aige ag an am céanna simpliú uasta riaracháin a bhaint amach. Tá liosta neamh-uileghabhálach de shineirgí i gcomhar le cláir eile de chuid an Aontais ar áireamh in Iarscríbhinn IV.

8. Leis an gClár, rannchuideofar le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach a mhéadú in T&N sna Ballstáit, agus ar an gcaoi sin cuideofar le méid fhoriomlán na hinfheistíochta i réimse an taighde agus na forbartha a ardú go 3 %, ar a laghad, de OTI an Aontais.

9. Agus an Clár á chur chun feidhme aige, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag féachaint le simpliú riaracháin agus laghdú an ualaigh d'iarratasóirí agus do thairbhithe a bhaint amach.

10. Mar chuid de chuspóir ginearálta an Aontais maidir le gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú i ndáil le beartais earnála an Aontais agus le cistí an Aontais, ranníocfar, le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, ar a laghad 35 % den chaiteachas ar chuspóirí aeráide i gcás inarb iomchuí. Comhtháthófar príomhshruthú aeráide go leormhaith in ábhar T&N.

11. Leis an gClár, cuirfear comhchruthú agus comhdhearadh chun cinn trí bhíthin rannpháirteachas na saoránach agus na sochaí sibhialta.

12. Leis an gClár, áiritheofar trédhearcacht agus cuntasacht maidir le cistiú poiblí i dtionscadail T&N, agus ar an gcaoi sin caomhnófar leas an phobail.

13. Áiritheoidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha go gcuirfear treoir leordhóthanach agus faisnéis leordhóthanach ar fáil do na rannpháirtithe uile a d'fhéadfadh a bheith ann an tráth a fhoilseofar an glao ar thograí, go háirithe an comhaontú deontais samplach is infheidhme.

*Airteagal 8*

**Misin**

1. Déanfar misin a chlársceidealú laistigh den cholún "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach", ach féadfaidh siad freisin tairbhiú de ghníomhaíochtaí a dhéantar laistigh de chodanna eile den Chlár chomh maith le gníomhaíochtaí comhlántacha a dhéantar faoi chláir eile de chuid an Aontais. Le misin, ceadófar réitigh iomaíocha a bheith ann, rud a fhágann go mbeidh breisluach agus tionchar uile-Eorpach ann mar thoradh air sin.

2. Déanfar misin a shainiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an gclár sonrach, rud a áiritheoidh go mbeidh na Ballstáit páirteach go gníomhach agus go luath agus go ndéanfar malartuithe forleathana le Parlaimint na hEorpa. Déanfar na misin, a gcuspóirí, a mbuiséad, a spriocanna, a raon feidhme, a dtáscairí agus a gclocha míle a shainaithint i bpleananna straitéiseacha T&N nó sna cláir oibre de réir mar is iomchuí. Déanfar meastóireachtaí ar thograí faoi na misin i gcomhréir le hAirteagal 29.

3. Le linn na chéad trí bliana den Chlár, déanfar uasmhéid 10 % de bhuiséad bliantúil Cholún II a chlársceidealú trí ghlaonna sonracha ar thograí chun na misin a chur chun feidhme. Maidir leis na blianta atá fágtha den Chlár, féadfar an céatadán sin a mhéadú faoi réir measúnú dearfach ar an bpróiseas roghnúcháin agus ar an bpróiseas bainistíochta. Cuirfidh an Coimisiún in iúl cad é an sciar buiséadach iomlán a bhaineann le gach clár oibre atá tiomnaithe do na misin.

4. Maidir leis na misin:

(a) agus úsáid á baint acu as SFInna mar fhoinsí chun iad a cheapadh agus a chur chun feidhme, beidh ábhar soiléir T&N acu agus beidh breisluach Aontais ag baint leo, agus rannchuideoidh siad le tosaíochtaí agus gealltanais an Aontais agus le cuspóirí an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3 a bhaint amach;

(b) cuimseoidh siad réimsí a bhfuil ábharthacht choiteann Eorpach ag baint leo, beidh siad cuimsitheach, spreagfaidh siad rannpháirteachas leathan agus rannpháirtíocht ghníomhach ó gheallsealbhóirí de gach cineál ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear saoránaigh agus úsáideoirí deiridh, agus bainfidh siad torthaí T&N amach a d'fhéadfadh dul chun tairbhe na mBallstát uile;

(c) beidh siad misniúil agus spreagúil, agus, dá bhrí sin, beidh ábharthacht agus tionchar leathan ag baint leo ó thaobh na heolaíochta, na teicneolaíochta, na sochaí, an gheilleagair, an chomhshaoil nó an bheartais de;

(d) cuirfidh siad treo soiléir agus cuspóirí soiléire in iúl, beidh siad spriocdhírithe, intomhaiste agus faoi cheangal ama agus beidh imchlúdach buiséadach soiléir ag gabháil leo;

(e) roghnófar iad ar bhealach trédhearcach agus beidh siad dírithe ar spriocanna atá uaillmhianach, barr feabhais-bhunaithe agus tionchar-threallúsaithe, ach atá réalaíoch san am céanna, agus ar ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta;

(f) beidh an raon feidhme agus an scála is gá acu, agus slógfaidh siad na hacmhainní mar is gá, agus beidh giaráil na gcistí breise poiblí agus príobháideacha is gá acu chun go mbeidh siad in ann an méid atá le baint amach acu a sholáthar;

(g) spreagfaidh siad gníomhaíochtaí i mórán disciplíní (lena n-áirítear SSH) agus cumhdófar leo gníomhaíochtaí ó réimse leathan LRTanna, lena n-áirítear LRTanna níos ísle;

(h) beidh siad oscailte do chuir chuige agus réitigh iomadúla ón mbun aníos lena gcuirtear riachtanais dhaonnúla agus shochaíocha agus tairbhí daonnúla agus sochaíocha san áireamh agus lena n-aithnítear tábhacht rannchuidithe éagsúla lena mbaint amach;

(i) bainfidh siad tairbhe as sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais ar bhealach trédhearcach agus le héiceachórais nuálaíochta náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, le héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar gach misean i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 52 agus le hIarscríbhinn V, lena n-áirítear an dul chun cinn i dtreo spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, lena gcumhdaítear cur chun feidhme, faireachán agus céimniú amach na misean. Déanfar measúnú ar na chéad mhisin a bhunaítear faoin gClár tráth nach déanaí ná 2023 agus sula ndéanfar aon chinneadh maidir le misin nua a chruthú, nó maidir le leanúint de mhisin atá ar bun, iad a fhoirceannadh nó iad a atreorú. Déanfar torthaí an mheasúnaithe sin a phoibliú agus áireofar iontu anailís ar phróiseas roghnúcháin na misean agus a rialachas, ar a mbuiséad, a bhfócas agus a ndul chun cinn go dtí seo, gan a bheith teoranta don mhéid sin go léir.

*Airteagal 9*

**An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach**

1. Bunóidh an Coimisiún EIC mar ionad ilfhreastail chun na gníomhaíochtaí faoi Cholún III, "Eoraip na Nuálaíochta", a bhaineann le EIC a chur chun feidhme. Díreoidh EIC go príomha ar an nuálaíocht cheannródaíoch agus shuaiteach, agus díreoidh sé go háirithe ar an nuálaíocht lena gcruthaítear margaí, agus tacóidh sé le nuálaíocht de gach sórt ag an am céanna, lena n-áirítear nuálaíocht incriminteach.

Feidhmeoidh EIC i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) breisluach soiléir Aontais;

(b) neamhspleáchas;

(c) an cumas rioscaí a ghlacadh;

(d) éifeachtúlacht;

(e) éifeachtacht;

(f) trédhearcacht;

(g) cuntasacht.

2. Beidh EIC oscailte do gach cineál nuálaithe, lena n-áirítear daoine aonair, ollscoileanna, eagraíochtaí taighde agus cuideachtaí (FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus, i gcásanna eisceachtúla, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga) mar aon le tairbhithe aonair agus cuibhreannais ildisciplíneacha. Beidh ar a laghad 70 % de bhuiséad EIC tiomnaithe do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta.

3. Tugtar tuairisc ar Bhord EIC agus ar ghnéithe bainistíochta EIC i gCinneadh (AE) 2021/764.

*Airteagal 10*

**Comhpháirtíochtaí Eorpacha**

1. Féadfar codanna den Chlár a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha. Is in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas a bheidh rannpháirtíocht an Aontais i gComhpháirtíochtaí Eorpacha:

(a) rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunaítear ar bhonn meabhrán tuisceana nó socruithe conarthacha idir an Coimisiún agus na comhpháirtithe dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 2, lena sonraítear cuspóirí na Comhpháirtíochta Eorpaí, gealltanais ghaolmhara an Aontais agus na gcomhpháirtithe eile maidir lena ranníocaíochtaí airgeadais agus/nó ranníocaíochtaí comhchineáil, eochairtháscairí feidhmíochta agus tionchair, na torthaí atá le soláthar agus socruithe tuairiscithe. Áirítear orthu sin gníomhaíochtaí comhlántacha T&N a chuireann na comhpháirtithe agus an Clár chun feidhme (Comhpháirtíochtaí Eorpacha Comh-chlársceidealaithe);

(b) rannpháirtíocht i gclár ghníomhaíochtaí T&N agus ranníocaíocht airgeadais leis, lena sonraítear na cuspóirí, eochairtháscairí feidhmíochta agus tionchair, agus na torthaí atá le soláthar, bunaithe ar ghealltanas na gcomhpháirtithe maidir lena ranníocaíochtaí airgeadais agus/nó ranníocaíochtaí comhchineáil agus maidir lena gcuid gníomhaíochtaí ábhartha a chomhtháthú trí ghníomhaíocht chomhchistiúcháin le haghaidh Cláir a úsáid (Comhpháirtíochtaí Eorpacha Comhchistithe);

(c) rannpháirtíocht i gcláir T&N agus ranníocaíocht airgeadais leo, ar cláir iad a dhéanfaidh roinnt Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 185 CFAE nó a dhéanfaidh comhlachtaí arna mbunú de bhun Airteagal 187 CFAE, amhail Comhghnóthais nó na PENanna EIT i gcomhréir le Rialachán EIT (Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe).

Ní chuirfear Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe chun feidhme ach amháin i gcás nach mbainfear amach, le codanna eile den Chlár, lena n-áirítear foirmeacha eile de Chomhpháirtíochtaí Eorpacha, na cuspóirí nó nach gcruthófar na tionchair is gá a mbeifí ag súil leo, agus i gcás ina bhfuil údar cuí leis trí pheirspictíocht fhadtéarmach agus ardleibhéal comhtháthaithe. I gComhpháirtíochtaí Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 185 CFAE nó Airteagal 187 CFAE, déanfar bainistiú lárnach ar na ranníocaíochtaí airgeadais uile, seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. I gcás bainistiú lárnach ar na ranníocaíochtaí airgeadais uile, déanfar ranníocaíochtaí ar leibhéal an tionscadail ó stát rannpháirteach amháin ar bhonn cistiú arna iarraidh i dtograí ó eintitis dhlítheanacha atá bunaithe sa stát rannpháirteach sin, mura gcomhaontaítear a mhalairt i measc na stát rannpháirteach uile lena mbaineann.

Sonrófar sna rialacha le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe, i measc nithe eile, na cuspóirí, eochairtháscairí feidhmíochta agus tionchair, agus na torthaí atá le soláthar, mar aon leis na gealltanais ghaolmhara le haghaidh ranníocaíochtaí airgeadais agus/nó ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhpháirtithe.

2. Maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha:

(a) bunófar iad chun na críche aghaidh a thabhairt ar dhúshláin Eorpacha nó ar dhúshláin dhomhanda sna cásanna sin amháin ina mbainfí cuspóirí an Chláir amach ar bhealach níos éifeachtaí trí Chomhpháirtíocht Eorpach ná mar a d'éireodh leis an Aontas ina aonar agus nuair a chuirtear i gcomparáid iad le foirmeacha eile tacaíochta faoin gClár; déanfar sciar iomchuí de bhuiséad Fís Eorpach a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí sin den Chlár a chuirtear chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha; déanfar formhór na mbuiséad i gColún II a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí lasmuigh de Chomhpháirtíochtaí Eorpacha;

(b) cloífidh siad leis na prionsabail a bhaineann le breisluach Aontais, trédhearcacht agus oscailteacht, agus le tionchar a bheith acu laistigh den Eoraip agus ar son na hEorpa, an éifeacht láidir ghiarála ar scála leordhóthanach, gealltanais fhadtéarmacha na gcomhpháirtithe páirteacha uile lena mbaineann, solúbthacht ó thaobh cur chun feidhme de, comhleanúnachas, comhordú agus comhlántacht le tionscnaimh de chuid an Aontais agus tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, idirnáisiúnta nó Comhpháirtíochtaí Eorpacha agus misin eile;

(c) beidh cur chuige soiléir maidir le saolré acu, beidh siad teoranta ó thaobh ama de agus beidh coinníollacha iontu maidir le cistiú ón gClár a chéimniú amach.

3. Déanfar Comhpháirtíochtaí Eorpacha faoi phointí (a) agus (b) de mhír 1 den Airteagal seo a shainaithint i bpleananna straitéiseacha T&N sula gcuirfear chun feidhme mar chuid de chláir oibre iad.

4. Na forálacha agus na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha a roghnú agus a chur chun feidhme, maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus maidir lena gcéimniú amach, leagtar amach in Iarscríbhinn III iad.

*Airteagal 11*

**Athbhreithniú ar mhisin agus ar réimsí comhpháirtíochta**

Faoin 31 Nollaig 2023, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis Rialachán seo mar chuid den fhaireachán foriomlán a dhéantar ar an gClár, lena n-áirítear misin agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe a bhunaítear de bhun Airteagal 185 nó Airteagal 187 CFAE, agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

*Airteagal 12*

**Buiséad**

1. Maidir leis an imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2027, is é EUR 86 123 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh i gceist don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus do EIT agus is é EUR 7 953 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh i gceist don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2).

2. Maidir le dáileadh táscach an mhéid dá dtagraítear i mír 1 don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus do EIT, is é a bheidh ann:

(a) EUR 23 546 000 000 le haghaidh Cholún I "Eolaíocht den Scoth" don tréimhse 2021 go 2027, as a dtiocfaidh:

 (i) EUR 15 027 000 000 do ERC;

 (ii) EUR 6 333 000 000 do MSCAnna;

 (iii) EUR 2 186 000 000 do bhonneagair thaighde;

(b) EUR 47 428 000 000 le haghaidh Cholún II "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach" don tréimhse 2021 go 2027, as a dtiocfaidh:

 (i) EUR 6 893 000 000 don chnuasach "An tSláinte";

 (ii) EUR 1 386 000 000 don chnuasach "An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach";

 (iii) EUR 1 303 000 000 don chnuasach "Slándáil Shibhialta don tSochaí";

(iv) EUR 13 462 000 000 don chnuasach "Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás";

(v) EUR 13 462 000 000 don chnuasach "Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht";

(vi) EUR 8 952 000 000 don chnuasach "Bia, Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus an Comhshaol";

(vii) EUR 1 970 000 000 do ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha ACT;

(c) EUR 11 937 000 000 le haghaidh Cholún III "An Eoraip Nuálach" don tréimhse 2021 go 2027, as a dtiocfaidh:

(i) EUR 8 752 000 000 do EIC;

(ii) EUR 459 000 000 d'éiceachórais nuálaíochta na hEorpa;

(iii) EUR 2 726 000 000 don EIT;

(d) EUR 3 212 000 000 don chuid sin dar teideal "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú" don tréimhse 2021 go 2027, as a dtiocfaidh:

(i) EUR 2 842 000 000 don chuid dar teideal "rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a scaipeadh";

(ii) EUR 370 000 000 do "Córas T&N na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú".

3. Mar thoradh ar an gcoigeartú Clárshonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093, déanfar an méid dá dtagraítear i mír 1 don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) den Rialachán seo agus do EIT a mhéadú le leithdháileadh breise de EUR 3 000 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093.

4. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 3, seo a leanas a dháileadh táscach:

(a) EUR 1 286 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 le haghaidh Cholún I "Eolaíocht den", as a dtiocfaidh:

(i) EUR 857 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 do ERC;

(ii) EUR 236 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 do MSCAnna;

(iii) EUR 193 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 do bhonneagair thaighde;

(b) EUR 1 286 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 le haghaidh Cholún II "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach", as a dtiocfaidh:

(i) EUR 686 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach "An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach";

(ii) EUR 257 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach "Slándáil Shibhialta don tSochaí";

(iii) EUR 171 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach "Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás";

(iv) EUR 171 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach "Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht";

(c) EUR 270 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 do Cholún III "An Eoraip Nuálach" don tréimhse 2021-2027, as a dtiocfaidh:

(i) EUR 60 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 d'éiceachórais nuálaíochta na hEorpa;

(ii) EUR 210 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT);

(d) EUR 159 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chuid sin dar teideal "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú" don tréimhse 2021-2027, as a dtiocfaidh:

(i) EUR 99 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 do "rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a scaipeadh";

(ii) EUR 60 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 do "Córas T&N na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú".

5. Chun freagairt ar chásanna gan choinne nó ar riachtanais agus ar fhorbairtí nua, féadfaidh an Coimisiún, laistigh den nós imeachta buiséadach bliantúil, diall ó na méideanna dá dtagraítear i mír 2 suas le 10 % ar a mhéad. Ní bheidh aon diall den sórt sin ann i ndáil leis na méideanna dá dtagraítear i bpointe (b)(vii) de mhír 2 agus an méid iomlán arna leagan amach le haghaidh na Coda dar teideal "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LET a Neartú" de mhír 2.

6. Leis an méid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 den Airteagal seo le haghaidh an chláir shonraigh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus le haghaidh EIT, féadfar costais a chumhdach freisin maidir le hullmhúchán, faireachán, rialú, iniúchóireacht, meastóireacht agus gníomhaíochtaí agus speansais eile is gá chun an Clár a bhainistiú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear gach caiteachas riaracháin, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach a chuspóirí. Ní rachaidh na costais riaracháin a bhaineann le gníomhaíochtaí indíreacha thar 5 % de mhéid iomlán ghníomhaíochtaí indíreacha an chláir shonraigh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus EIT. Thairis sin, féadfar, leis an méid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 den Airteagal seo le haghaidh an chláir shonraigh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus le haghaidh EIT, an méid seo a leanas a chumhdach:

(a) a mhéid a bhaineann siad sin le cuspóirí an Chláir, costais a bhaineann le staidéir, le cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

(b) costais a bhaineann le líonraí teicneolaíochta faisnéise a dhíríonn ar phróiseáil agus malartú faisnéise, lena n-áirítear uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha agus cúnamh teicniúil agus riaracháin eile a bhfuil gá leis i dtaca le bainistiú an Chláir.

7. Más gá, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2027 a bhainistiú, féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun na costais dá bhforáiltear i mír 6 a chumhdach.

8. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí is faide ná aon bhliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

9. I gcomhréir le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo agus a shonraítear sa chinneadh maoiniúcháin agus ar feadh tréimhse theoranta, féadfar a mheas gurb incháilithe ón 1 Eanáir 2021 gníomhaíochtaí lena dtacaítear faoin Rialachán seo agus na costais bhunúsacha, fiú má cuireadh chun feidhme iad agus má tabhaíodh iad sular tíolacadh an t-iarratas ar dheontas.

*Airteagal 13*

**Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh**

1. Faoi réir Airteagal 3(3), (4), (7) agus (9) de Rialachán (AE) 2020/2094, déanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin a chur chun feidhme faoin gClár trí bhíthin méideanna dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 2(2)(a) den Rialachán sin.

2. Ioncam sannta seachtrach mar a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 a bheidh sna méideanna dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 2(2) den Rialachán sin. Leithdháilfear na méideanna breise sin go heisiach ar ghníomhaíochtaí T&N a dhíreofar ar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19, go háirithe na hiarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus sochaíocha a ghabhann léi. Tabharfar tosaíocht do FBManna nuálacha agus tabharfar aird ar leith ar chomhtháthú na FBManna sin i dtionscadail chomhoibríocha faoi Cholún II.

3. Maidir le dáileadh táscach na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2020/2094, is é a bheidh ann:

(a) 25 % don bhraisle "An tSláinte";

(b) 25 % don bhraisle "Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás";

(c) 25 % don bhraisle "Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht";

(d) 25% do EIC.

*Airteagal 14*

**An eolaíocht oscailte**

1. Leis an gClár, spreagfar an eolaíocht oscailte mar chur chuige maidir leis an bpróiseas eolaíoch, ar cur chuige é atá bunaithe ar obair chomhoibríoch agus ar eolas a scaipeadh, go háirithe i gcomhréir leis na gnéithe seo a leanas, gnéithe a áiritheofar i gcomhréir le hAirteagal 39(3) den Rialachán seo:

(a) rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha a eascraíonn as taighde arna chistiú faoin gClár;

(b) rochtain oscailte ar shonraí taighde, lena n-áirítear na sonraí sin is bunús le foilseacháin eolaíocha, i gcomhréir leis an bpriosabal "a oscailte is féidir, a iata is gá".

2. Déanfar prionsabal na cómhalartachta san eolaíocht oscailte a chur chun cinn agus a spreagadh i ngach comhaontú comhlachais agus comhair le tríú tíortha, lena n-áirítear comhaontuithe arna síniú ag comhlachtaí cistiúcháin a bhfuil bainistíocht dhíreach an Chláir curtha ar a n-iontaoibh.

3. Déanfar bainistíocht fhreagrach ar shonraí taighde a áirithiú i gcomhréir leis na prionsabail "in-aimsitheacht", "inrochtaineacht", "idir-inoibritheacht" agus "in-athúsáideacht" ("prionsabail FAIR"). Tabharfar aird ar chaomhnú fadtéarmach sonraí freisin.

4. Déanfar cleachtais eolaíochta oscailte eile a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-áirítear chun tairbhe FBManna.

*Airteagal 15*

**Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach agus aistrithe acmhainní**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais, i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 7(7).

2. Déanfar an Séala Barr Feabhais a dhámhachtain i gcomhair glaonna ar thograí a shonraítear sa chlár oibre. I gcomhréir leis an bhforáil ábhartha de Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027 agus leis an bhforáil ábhartha den "Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT", féadfaidh CFRE, CSE+ nó CETFT na gníomhaíochtaí seo a leanas a thacú:

(a) gníomhaíochtaí comhchistithe arna roghnú faoin gClár; agus

(b) gníomhaíochtaí ar dámhadh Séala Barr Feabhais dóibh ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas go léir:

(i) rinneadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin gClár;

(ii) comhlíonann siad na ceanglais íosta cháilíochta a bhaineann leis an nglao sin ar thograí; agus

(iii) níor tugadh maoiniú dóibh faoin nglao sin ar thograí i ngeall ar shrianta buiséadacha agus orthu sin amháin.

3. Ranníocaíochtaí airgeadais faoi chláir arna gcómhaoiniú ag CFRE, CSE+, CEMID agus CETFT, féadfar a mheas gur ranníocaíocht de chuid an Bhallstáit rannpháirtigh le Comhpháirtíochtaí Eorpacha faoi phointí (b) agus (c) d'Airteagal 10(1) den Rialachán seo iad, ar choinníoll go gcomhlíontar na forálacha ábhartha de Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027 agus na rialacháin chiste-shonracha.

4. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht dí ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfar ranníocaíocht a thabhairt dí faoin gClár freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht comhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Ní rachaidh an maoiniú carnach thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

5. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht roinnte a aistriú, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chuig an gClár faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun tairbhe an Bhallstáit lena mbaineann.

6. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír 5, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach amháin nó níos mó faoi seach, arna iarraidh sin don Bhallstát, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027.

*Airteagal 16*

**Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár**

1. Beidh an Clár in ann comhlachas a dhéanamh leis na tríú tíortha (tíortha comhlachais) seo a leanas:

(a) Comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad de LEE, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(c) tíortha de Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(d) tríú tíortha agus críocha a chomhlíonann gach ceann de na critéir seo a leanas:

(i) acmhainneacht mhaith eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a bheith acu;

(ii) gealltanas a bheith tugtha acu maidir le geilleagar margaidh oscailte bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear a bheith ag caitheamh ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla, cearta an duine a bheith á n-urramú acu, faoi choimirce institiúidí daonlathacha;

(iii) beartais lena ndéantar dea-bhail eacnamaíoch agus sóisialta na saoránach a fheabhsú a bheith á gcur chun cinn acu.

2. Aon chomhlachas a dhéanfar le gach ceann de na tríú tíortha faoi phointe (d) de mhír 1, déanfar é i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an gcomhaontú:

(a) áirithítear leis cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus tairbhí an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais;

(b) leagtar síos leis coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár;

(c) ní thugtar don tríú tír leis aon chumhacht chinnteoireachta i ndáil le clár an Aontais;

(d) ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

Ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo.

3. I raon feidhme an chomhlachais le gach tríú tír sa Chlár, cuirfear san áireamh anailís ar na tairbhí don Aontas agus an cuspóir maidir le fás eacnamaíoch a thiomáint san Aontas trí bhíthin na nuálaíochta. Dá réir sin, diomaite de chomhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, d'fhéadfaí codanna den Chlár a eisiamh de chomhaontú comhlachais i dtaca le tír shonrach.

4. Déanfaidh an comhaontú comhlachais, a mhéid is féidir, foráil maidir le rannpháirtíocht chómhalartach eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas i gcláir chomhchosúla i dtíortha comhlachais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna cláir sin.

5. Na coinníollacha lena gcinnfear leibhéal na ranníocaíochta airgeadais, áiritheoidh siad go ndéanfar ceartú uathoibríoch go tráthrialta ar aon mhíchothromaíocht shuntasach i gcomparáid leis an méid a fhaigheann eintitis atá bunaithe sa tír chomhlachaithe trína bheith rannpháirteach sa Chlár, agus costais maidir le bainistiú, cur i bhfeidhm agus oibriú an Chláir á gcur san áireamh. Cuirfear san áireamh i leithdháileadh na ranníocaíochtaí airgeadais leibhéal rannpháirtíochta eintitis dhlítheanacha na dtíortha comhlachaithe i ngach cuid den Chlár.

TEIDEAL II

## RIALACHA MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS SCAIPEADH

*CAIBIDIL I*

### ***Forálacha ginearálta***

*Airteagal 17*

#### **Comhlachtaí cistiúcháin agus gníomhaíochtaí díreacha ACT**

1. Níl feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa Teideal seo maidir le gníomhaíochtaí díreacha a dhéanann ACT.

2. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ní fhéadfaidh na comhlachtaí cistiúcháin imeacht ó na rialacha a leagtar amach sa Teideal seo, ach amháin i gcás Airteagail 18, 19 agus 20, más rud é gur fíor an méid seo a leanas:

(a) déantar foráil maidir le himeacht den sórt sin sa bhunghníomh lena mbunaítear an comhlacht cistiúcháin nó lena gcuirtear cúraimí cur chun feidhme buiséid ar a iontaoibh; nó

(b) maidir le comhlachtaí cistiúcháin faoi phointí (ii), (iii) nó (v) de phointe (c) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, déantar foráil maidir leis sa chomhaontú ranníocaíochta agus éilítear sin i ngeall ar a riachtanais oibríochtúla shonracha nó an cineál gníomhaíochta.

*Airteagal 18*

#### **Gníomhaíochtaí incháilithe agus prionsabail eiticiúla**

1. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 chun feidhme incháilithe chun cistiú a fháil.

Ní dhéanfar na réimsí taighde seo a leanas a mhaoiniú:

(a) gníomhaíochtaí taighde arb é is aidhm dóibh daoine a chlónáil chun críoch atáirgthe;

(b) gníomhaíochtaí taighde arb é is aidhm dóibh oidhreacht ghéiniteach daoine a athrú ar bhealach go bhféadfadh modhnuithe den sórt sin teacht in oidhreacht ([28]);

(c) gníomhaíochtaí taighde arb é is aidhm dóibh suthanna daonna a chruthú chun críche taighde a dhéanamh agus chun na críche sin amháin, nó chun gaschealla a sholáthar, lena n-áirítear trí bhíthin aistriú núicléas cille sómaí.

2. Taighde ar ghaschealla daonna, idir ghaschealla daoine fásta agus ghaschealla suthacha, féadfar é a mhaoiniú ag brath ar ábhair an togra eolaíochta agus ar chreat dlíthiúil an Bhallstáit lena mbaineann araon. Ní dhéanfar, laistigh nó lasmuigh den Aontas, aon chistiú a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí taighde a bhfuil toirmeasc orthu sna Ballstáit uile. Ní dhéanfar cistiú a sholáthar i mBallstát le haghaidh gníomhaíocht taighde atá toirmiscthe sa Bhallstát sin.

*Airteagal 19*

#### **Eitic**

1. Na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gClár, comhlíonfaidh siad prionsabail eiticiúla agus dlí ábhartha an Aontais, an dlí ábhartha náisiúnta agus an dlí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Chairt agus an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus na Prótacail Fhorlíontacha a ghabhann leis.

Tabharfar aird faoi leith ar phrionsabal na comhréireachta, ar an gceart chun príobháideachta, ar an gceart chun cosaint sonraí pearsanta, ar an gceart chun shláine fhisiceach agus intinne an duine, ar an gceart chun neamh-idirdhealaithe agus ar an ngá atá le cosaint an chomhshaoil agus ardleibhéil chosanta ar shláinte an duine a áirithiú.

([28]) Is féidir taighde a bhaineann leis an gcóireáil i gcás ailse na ngónad a mhaoiniú.

2. Na heintitis dhlítheanacha atá rannpháirteach i ngníomhaíocht, soláthróidh siad an méid seo a leanas:

(a) féinmheasúnú eitice lena sainaithneofar agus lena sonrófar na saincheisteanna intuartha eitice ar fad a bhaineann leis an gcuspóir, leis an gcur chun feidhme agus leis an tionchar is dócha a bheidh ag na gníomhaíochtaí a bheidh le cistiú, lena n-áirítear deimhniú ar chomhlíonadh mhír 1 agus tuairisc ar an dóigh a dhéanfar é sin a áirithiú;

(b) deimhniú go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí an Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde a fhoilsíonn Acadaimh Uile na hEorpa agus nach ndéanfar aon cheann de na gníomhaíochtaí atá eisiata ón gcistiú;

(c) maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar lasmuigh den Aontas, deimhniú go gceadófaí na gníomhaíochtaí sin más rud é gur i mBallstát a rinneadh iad; agus

(d) maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann úsáid as gaschealla suthacha daonna, de réir mar is iomchuí, sonraí faoi bhearta ceadúnaithe agus rialaithe a dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann mar aon le sonraí faoi na formheasanna eitice a gheofar sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.

3. Déanfar tograí a scagthástáil go córasach chun na gníomhaíochtaí sin a bhfuil saincheisteanna tromchúiseacha eitice nó casta ag baint leo a shainaithint agus chun iad a chur faoi réir measúnú eitice. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an measúnú eitice mura ndéantar é a tharmligean don chomhlacht cistiúcháin. Na gníomhaíochtaí uile a bhfuil baint acu le gaschealla suthacha daonna nó suthanna daonna a úsáid, beidh siad faoi réir measúnú eitice. Déanfar scagthástáil agus measúnuithe eitice le tacaíocht ó shaineolaithe eitice. Déanfaidh an Coimisiún agus na comhlachtaí cistiúcháin trédhearcacht na nósanna imeachta eitice a áirithiú gan dochar do rúndacht ábhar na nósanna imeachta sin.

4. Na heintitis dhlítheanacha atá rannpháirteach i ngníomhaíocht, gheobhaidh siad gach formheas nó gach doiciméad éigeantach eile ó na coistí ábhartha eitice náisiúnta agus áitiúla nó ó chomhlachtaí eile, amhail údaráis cosanta sonraí, sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí ábhartha. Coinneofar na doiciméid sin ar taifead agus tabharfar don Choimisiún nó don chomhlacht cistiúcháin ábhartha iad ar a iarraidh sin.

5. Más iomchuí, déanfaidh an Coimisiún nó comhlacht cistiúcháin ábhartha seiceálacha eitice. I gcás saincheisteanna eitice tromchúiseacha nó casta, is é an Coimisiún a dhéanfaidh na seiceálacha eitice mura ndeánann an Coimisiúin an cúram seo a tharmligean don chomhlacht cistiúcháin.

Déanfar seiceálacha eitice le tacaíocht ó shaineolaithe eitice.

6. Na gníomhaíochtaí nach gcomhlíonann na ceanglais eitice dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 agus, dá bhrí sin, nach mbeidh inghlactha ó thaobh eitice de, déanfar iad a dhiúltú nó a fhoirceannadh a luaithe a bheidh an neamh-inghlacthacht eitice suite.

*Airteagal 20*

**Slándáil**

1. Na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gClár, comhlíonfaidh siad na rialacha slándála is infheidhme agus go háirithe rialacha maidir le cosaint sonraí rúnaicmithe ar nochtadh neamhúdaraithe, lena n-áirítear aon dlí ábhartha de chuid an Aontais nó aon dlí náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh. I gcás taighde a dhéantar lasmuigh den Aontas a úsáideann nó a ghineann faisnéis rúnaicmithe, beidh sa riachtanach freisin, sa bhreis ar na ceanglais sin a chomhlíonadh, comhaontú slándála a bheith tugtha i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír ina mbeidh an taighde le déanamh.

2. I gcás inarb iomchuí, áireofar ar thograí féinmheasúnú slándála lena sainaithneofar aon saincheisteanna slándála agus lena sonrófar an dóigh a dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin chun dlí ábhartha an Aontais agus an dlí náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh.

3. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha nós imeachta um ghrinnscrúdú slándála maidir le tograí a bhfuil saincheisteanna slándála ag baint leo.

4. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gClár Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 agus a rialacha cur chun feidhme a chomhlíonadh.

5. Na heintitis dhlítheanacha atá rannpháirteach i ngníomhaíocht, áiritheoidh siad go dtabharfar cosaint ar nochtadh neamhúdaraithe aon fhaisnéise rúnaicmithe a úsáidtear leis an ngníomhaíocht nó a ghintear leis an ngníomhaíocht. Soláthróidh siad cruthúnas ar imréiteach pearsanta slándála nó imréiteach le haghaidh saoráide ó na húdaráis slándála náisiúnta ábhartha, sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.

6. Más rud é go mbeidh ar shaineolaithe seachtracha neamhspleácha déileáil le faisnéis rúnaicmithe, beidh gá leis an imréiteach slándála iomchuí sula gceapfar na saineolaithe sin.

7. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha seiceálacha slándála a dhéanamh.

8. Gníomhaíochtaí nach gcomhlíonfaidh na rialacha slándála faoin Airteagal seo, féadfar iad a dhiúltú nó a fhoirceannadh tráth ar bith.

## *CAIBIDIL II*

## ***Deontais***

### *Airteagal 21*

### **Deontais**

Déanfar deontais faoin gClár a dhámhachtain agus a bhainistiú i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais, mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo.

### *Airteagal 22*

### **Eintitis dhlítheanacha is incháilithe le haghaidh rannpháirtíochta**

1. Féadfaidh aon eintiteas dlítheanach, gan beann ar a áit bhunaíochta agus lena n-áirítear eintitis dhlítheanacha as tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí faoin gClár, ar choinníoll go mbeidh na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo mar aon le haon choinníoll a leagtar síos sa chlár oibre nó sa ghlao ar thograí comhlíonta.

2. Ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ina bhforáiltear a mhalairt leis an gclár oibre, beidh eintitis dhlítheanacha atá mar chuid de chuibhreannas incháilithe chun a bheith rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí faoin gClár, ar choinníoll go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh sa chuibhreannas:

(a) ar a laghad eintiteas dlítheanach neamhspleách amháin atá bunaithe i mBallstát; agus

(b) ar a laghad dhá eintiteas dhlítheanacha neamhspleácha agus an dá eintiteas sin bunaithe i mBallstáit dhifriúla nó i dtíortha comhlachaithe difriúla;

3. Maidir le gníomhaíochtaí taighde ar thús cadhnaíochta de chuid ERC, gníomhaíochtaí de chuid EIC, gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaiseachta nó gníomhaíochtaí comhchistiúcháin le haghaidh cláir, féadfaidh eintiteas dlítheanach amháin nó níos mó iad a chur chun feidhme, ar choinníoll go bhfuil ceann amháin de na heintitis dhlítheanacha sin bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe ar bhonn comhaontú arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 16.

4. Féadfaidh eintiteas dlítheanach amháin nó níos mó, a fhéadfaidh a bheith bunaithe i mBallstát, i dtír chomhlachaithe nó, i gcásanna eisceachtúla, i dtríú tír eile, gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta a chur chun feidhme.

5. I gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais, féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre gur féidir an rannpháirtíocht a bheith teoranta d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe sna Ballstáit amháin nó d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe nó i dtríú tíortha eile maille leis na Ballstáit. Aon teorannú a dhéanfar ar rannpháirtíocht na n-eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe ar comhaltaí de LEE iad, is i gcomhréir le téarmaí agus le coinníollacha Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheidh sé. Leis an gclár oibre, ar chúiseanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, chun cosaint ar leasanna straitéiseacha an Aontais agus na mBallstát a ráthú, féadfar rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe a theorannú arna rialú go díreach nó go hindíreach ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis dhlíthiúla de chuid thríú tíortha neamhchomhlachaithe a eisiamh ó ghlaonna ar thograí aonair freisin, nó féadfar a rannpháirtíocht a chur faoi réir coinníollacha a leagtar amach sa chlár oibre.

6. I gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil údar cuí leis, féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre maidir le critéir incháilitheachta sa bhreis orthu sin a leagtar amach i míreanna 2 go 5 chun ceanglais shonracha beartais nó cineál agus cuspóirí na gníomhaíochta a chur san áireamh, lena n-áirítear líon na n-eintiteas dlítheanach, cineál an eintitis dhlítheanaigh agus an áit bhunaíochta.

7. I gcás gníomhaíochtaí a thairbhíonn de mhéideanna faoi Airteagal 15(5), beidh an rannpháirtíocht teoranta d'eintiteas dlítheanach amháin arna bhunú i ndlínse an údaráis bainistíochta a dhéanann an tarmligean, seachas má chomhaontaítear a mhalairt leis an údarás bainistíochta sin.

8. I gcás ina léirítear sin sa chlár oibre, féadfaidh ACT a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí.

9. ACT, eagraíochtaí taighde Eorpacha idirnáisiúnta agus eintitis dhlítheanacha arna gcruthú faoi dhlí an Aontais, measfar iad a bheith bunaithe i mBallstát nach ionann é agus na Ballstáit ina bhfuil na heintitis dhlítheanacha eile atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht bunaithe.

10. I gcás gníomhaíochtaí taighde ar thús cadhnaíochta de chuid ERC, gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaiseachta agus, nuair a fhoráiltear dóibh sa chlár oibre, eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil a gceanncheathrú acu sa Bhallstát sin nó i dtír chomhlachaithe, measfar iad a bheith bunaithe sa Bhallstát sin nó sa tír chomhlachaithe sin. Maidir le codanna eile den Chlár, measfar eagraíochtaí idirnáisiúnta seachas eagraíochtaí taighde Eorpacha idirnáisiúnta a bheith bunaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe.

*Airteagal 23*

**Eintitis dhlítheanacha is incháilithe le haghaidh cistiúcháin**

1. Beidh eintitis dhlítheanacha incháilithe le haghaidh cistiúcháin má tá siad bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe. Is iad na heintitis dhlítheanacha atá bunaithe i ndlínse an údaráis bainistíochta a dhéanann an tarmligean, agus na heintitis sin amháin, a bheidh incháilithe le haghaidh cistiúchán le haghaidh gníomhaíochtaí a thairbhíonn de na méideanna faoi Airteagal 15(5), seachas má chomhaontaíonn an t-údarás bainistíochta a mhalairt.

2. Eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe, tabhóidh siad costais a rannpháirtíochta. Mar sin féin, maidir le heintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe ísealioncaim agus meánioncaim agus, go heisceachtúil, tríú tíortha neamhchomhlachaithe eile, beidh sé incháilithe le haghaidh cistiúchán i ngníomhaíocht más rud é:

(a) go sainaithnítear an tríú tír sa chlár oibre arna ghlacadh ag an gCoimisiún; nó

(b) go measann an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha go bhfuil rannpháirtíocht an eintitis dhlítheanaigh lena mbaineann ríthábhachtach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme;

3. Tá eintitis chleamhnaithe incháilithe le haghaidh cistiúchán i ngníomhaíocht má tá siad bunaithe i mBallstát, i dtír chomhlachaithe nó i dtríú tír arna sainaithint sa chlár oibre arna ghlacadh ag an gCoimisiún.

4. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le méid ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais a sholáthraítear d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tíortha comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe. A mhéid a bhaineann le tíortha comhlachaithe, áireofar leis an bhfaisnéis sin freisin faisnéis maidir lena gcomhardú airgeadais.

*Airteagal 24*

**Glaonna ar thograí**

1. Déanfar ábhar na nglaonna ar thograí le haghaidh gach gníomhaíochta a chur san áireamh sa chlár oibre.

2. Más gá chun a gcuspóirí a bhaint amach, féadfar, i gcásanna eisceachtúla, srian a chur ar ghlaonna ar thograí chun gníomhaíochtaí breise a fhorbairt nó chun comhpháirtithe breise a chur le gníomhaíochtaí atá ann cheana. Sa bhreis air sin, féadfar a fhoráil leis an gclár oibre go bhféadfadh eintitis dhlítheanacha ó thíortha ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhoibríocha T&N atá roghnaithe cheana, ach é sin faoi réir comhaontú a fháil ón gcuibhreannas lena mbaineann agus ar choinníoll nach bhfuil eintitis dhlítheanacha ó thíortha den sórt sin rannpháirteach ann cheana féin.

3. Níl glao ar thograí de dhíth le haghaidh gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta nó gníomhaíochtaí comhchistiúcháin le haghaidh cláir, más amhlaidh:

(a) go bhfuil siad le déanamh ag ACT nó eintitis dhlítheanacha a shainaithnítear sa chlár oibre;

(b) nach dtagann siad faoi raon feidhme glao ar thograí, i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais.

4. Saineofar sa chlár oibre glaonna ar thograí a bhféadfar Séalaí Barr Feabhais a dámhachtain ina leith. Le réamhúdarú ón iarratasóir, féadfar faisnéis a bhaineann leis an iarratas agus leis an meastóireacht a chomhroinnt le húdaráis mhaoiniúcháin ar suim leo í, faoi réir comhaontuithe rúndachta a bheith tugtha i gcrích.

*Airteagal 25*

**Glaonna comhpháirteacha ar thograí**

Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha glao comhpháirteach ar thograí a eisiúint i gcomhar leo seo a leanas:

(a) tríú tíortha, lena n-áirítear eagraíochtaí nó gníomhaireachtaí eolaíochta agus teicneolaíochta na dtíortha sin;

(b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(c) eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha.

I gcás glao comhpháirteach ar thograí, comhlíonfaidh na hiarratasóirí na ceanglais faoi Airteagal 22 agus bunófar nósanna imeachta comhpháirteacha le haghaidh tograí a roghnú agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Beidh baint ag grúpa saineolaithe comhardaithe, arna cheapadh ag gach comhpháirtí, le nósanna imeachta den sórt sin.

*Airteagal 26*

**Soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí réiteach nuálach**

1. Féadfaidh soláthar réamhthráchtála nó soláthar poiblí réiteach nuálach a bheith i gceist le gníomhaíochtaí nó a bheith mar phríomhaidhm acu, ar soláthar é a dhéanfaidh tairbhithe ar údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha iad mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/24/AE ([29]) agus 2014/25/AE ([30]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Leis na nósanna imeachta soláthair:

(a) comhlíonfar rialacha iomaíochta agus prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe, na córa comhionainne, na bainistíochta fónta airgeadais, na comhréireachta;

(b) féadfar dámhachtain conarthaí iolracha a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú);

(c) forálfar maidir le dámhachtain na gconarthaí ar na tairiscintí lena dtugtar an luach airgid is fearr, á áirithiú ag an am céanna nach bhfuil aon choinbhleachtaí leasa ann.

I gcás soláthair réamhthráchtála, i gcás inarb iomchuí agus gan dochar do na prionsabail a áirítear i bpointe (a), féadfar an nós imeachta soláthair a shimpliú nó a bhrostú agus féadfar foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha sonracha amhail ionad feidhmíochta na ngníomhaíochtaí arna soláthar a bheith teoranta do chríoch na mBallstát agus na dtíortha comhlachais.

3. An conraitheoir a ghinfidh na torthaí agus é i mbun soláthair réamhthráchtála, beidh ar a laghad na cearta maoine intleachtúla a ghabhann leis na torthaí sin aige. Beidh ar a laghad cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar na torthaí le haghaidh a n-úsáide féin ag na húdaráis chonarthacha, agus beidh an ceart acu ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe, nó an ceart ceangal a chur ar chonraitheoirí rannpháirteacha iad a dheonú do tríú páirtithe, chun na torthaí a shaothrú ar mhaithe leis an údarás conarthach faoi choinníollacha córa réasúnacha gan aon cheart a bheith ag na tríú páirtithe sin focheadúnas a dheonú. Má mhainníonn conraitheoir na torthaí a shaothrú ar bhonn tráchtála laistigh de thréimhse shocraithe tar éis an tsoláthair réamhthráchtála mar a shainaithnítear é sa chonradh, féadfaidh na húdaráis chonarthacha, tar éis dul i gcomhairle leis an gconraitheoir maidir leis na cúiseanna nach ndearnadh an saothrú sin, a cheangal air aon úinéireacht ar na torthaí a aistriú chuig na húdaráis chonarthacha.

([29]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE. (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([30]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

*Airteagal 27*

**Cumas airgeadais iarratasóirí**

1. Sa bhreis ar na heisceachtaí a luaitear in Airteagal 198(5) den Rialachán Airgeadais, ní fhíorófar an cumas airgeadais ach le haghaidh an chomhordaitheora agus sa chás amháin go bhfuil an cistiú arna iarraidh ón Aontas le haghaidh na gníomhaíochta comhionann le EUR 500 000 nó níos mó ná sin.

2. D'aineoinn mhír 1, má tá forais ann le bheith in amhras faoi chumas airgeadais iarratasóra, nó má tá riosca níos airde ann de dheasca na rannpháirtíochta i roinnt gníomhaíochtaí atá fós ar siúl arna gcistiú ag cláir T&N de chuid an Aontais, déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha cumas airgeadais iarratasóirí eile, nó comhordaitheoirí fiú i gcás ina bhfuil an cistiú arna iarraidh faoi bhun na tairsí dá dtagraítear i mír 1, a fhíorú freisin.

3. Más rud é go ndéanfaidh eintiteas dlítheanach eile an cumas airgeadais a ráthú go struchtúrach, déanfar cumas airgeadais an eintitis dhlítheanaigh eile sin a fhíorú.

4. I gcás ina bhfuil cumas airgeadais iarratasóra lag, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha é a chur de choinníoll le rannpháirtíocht an iarratasóra go soláthróidh eintiteas cleamhnaithe dearbhú maidir le dliteanas comhpháirteach agus leithleach.

5. An ranníocaíocht leis an Sásra a leagtar amach in Airteagal 37 den Rialachán seo, measfar gur ráthú leordhóthanach í faoi Airteagal 152 den Rialachán Airgeadais. Ní ghlacfar le haon ráthú nó urrús breise ó thairbhithe ná ní fhorchuirfear orthu iad.

*Airteagal 28*

**Critéir dhámhachtana agus roghnú**

1. Déanfar meastóireacht ar thogra ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas:

(a) barr feabhais;

(b) tionchar;

(c) cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme.

2. Ní bheidh feidhm ach ag an gcritéar dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 maidir le tograí le haghaidh gníomhaíochtaí taighde ar thús cadhnaíochta de chuid ERC.

3. Leagfar síos sa chlár oibre tuilleadh mionsonraí a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana a leagtar síos i mír 1 lena n-áirítear aon ualú, tairseacha agus, i gcás inarb ábhartha rialacha maidir le déileáil le tograí *ex aequo*, agus cuspóirí an ghlao ar thograí á gcur san áireamh. Féadfar na critéir seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh, a áireamh ar na coinníollacha maidir le déileáil le tograí ex aequo: FBManna, inscne agus an éagsúlacht gheografach.

4. Déanfaidh an Coimisiún agus na comhlachtaí cistiúcháin eile an fhéidearthacht go mbeadh nós imeachta tíolactha agus meastóireachta dhá chéim ann a chur san áireamh agus, i gcás inarb iomchuí, féadfar meastóireacht a dhéanamh ar thograí i ndíth ainm le linn na chéad chéime den mheastóireacht bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na critéir dhámhachtana dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 29*

**Meastóireacht**

1. Déanfaidh an coiste meastóireachta, a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha, meastóireacht ar thograí.

I gcás ghníomhaíochtaí EIC, misean agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo mar a leagtar amach sa chlár oibre arna ghlacadh ag an gCoimisiún, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó, i gcás gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta, go páirteach nó go hiomlán, d'ionadaithe ó institiúidí nó comhlachtaí an Aontais amhail dá dtagraítear in Airteagal 150 den Rialachán Airgeadais.

Féadfaidh breathnóirí neamhspleácha an próiseas meastóireachta a leanúint.

2. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh an coiste meastóireachta na tograí a bhfuil na tairseacha is infheidhme bainte amach acu a aicmiú, dá réir seo a leanas:

(a) na scóir mheastóireachta;

(b) a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí sonracha beartais a bhaint amach, lena n-áirítear bunú punainne comhsheasmhaí tionscadal eadhon tionscadail le haghaidh gníomhaíochtaí Treo-aimsitheora, misean agus i gcásanna eile a bhfuil údar cuí leo mar a leagtar amach go mionsonrach sa chlár oibre arna ghlacadh ag an gCoimisiún.

I gcás ghníomhaíochtaí EIC, misean agus i gcásanna eile a bhfuil údar cuí leo mar a leagtar amach sa chlár oibre arna ghlacadh go mionsonrach ag an gCoimisiún, féadfaidh an coiste meastóireachta coigeartuithe ar na tograí a mholadh freisin a mhéid is gá na coigeartuithe sin ar mhaithe le comhsheasmhacht chur chuige na punainne. Beidh na coigeartuithe sin i gcomhréir leis na coinníollacha rannpháirtíochta agus comhlíonfaidh siad prionsabal na córa comhionainne. Cuirfear Coiste an Chláir ar an eolas maidir le cásanna den sórt sin.

3. Ceapfar an próiseas meastóireachta chun coinbhleachtaí leasa agus claontacht a sheachaint. Ráthófar trédhearcacht na gcritéar meastóireachta agus an modh chun na tograí a scóráil.

4. I gcomhréir le hAirteagal 200(7) den Rialachán Airgeadais, gheobhaidh na hiarratasóirí aiseolas ag gach céim den mheastóireacht agus, i gcás ina ndiúltófar don togra, na cúiseanna lena dhiúltú.

5. Eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N agus a ghlac páirt go rathúil sa chomhchuid "rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a leathadh", gheobhaidh siad, arna iarraidh sin, taifead dá rannpháirtíocht a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le tograí le haghaidh na gcodanna comhoibríocha den Chlár atá á gcomhordú acu.

*Airteagal 30*

**Nós imeachta um athbhreithniú meastóireachta, fiosruithe agus gearáin**

1. Féadfaidh iarratasóir athbhreithniú meastóireachta a iarraidh má mheasann an t-iarratasóir sin nár cuireadh an nós imeachta meastóireachta is infheidhme i bhfeidhm mar is ceart maidir lena thogra ([31]).

2. Ní fhéadfar ach na gnéithe nós imeachta a bhaineann le meastóireacht a bheith ina n-ábhar d'iarraidh ar athbhreithniú meastóireachta. Ní bheidh an mheastóireacht ar fhiúntais togra ina hábhar d'athbhreithniú meastóireachta.

3. Bainfidh iarratas ar athbhreithniú meastóireachta le togra sonrach, agus tíolacfar é laistigh de 30 lá tar éis chur in iúl thorthaí na meastóireachta.

Tabharfaidh coiste um athbhreithniú meastóireachta tuairim ar na gnéithe nós imeachta a bhaineann leis an meastóireacht, agus déanfaidh baill foirne de chuid an Choimisiúin nó de chuid an chomhlachta cistiúcháin ábhartha, ar baill foirne iad nach raibh baint acu leis an meastóireacht ar na tograí, cathaoirleacht air agus áireofar iad mar chomhaltaí air. Féadfaidh an coiste um athbhreithniú meastóireachta ceann acu seo a leanas a mholadh:

(a) athmheastóireacht ar an togra a dhéanfaidh meastóirí go príomha nach raibh baint acu leis an meastóireacht roimhe sin; nó

(b) an mheastóireacht tosaigh a dhearbhú.

4. Ní chuirfidh athbhreithniú meastóireachta moill ar an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh tograí nach bhfuil ina n-ábhar don athbhreithniú sin.

5. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh nós imeachta ann chun gur féidir le rannpháirtithe fiosruithe díreacha nó gearáin dhíreacha a dhéanamh faoina rannpháirtíocht sa Chlár. Cuirfear ar fáil ar líne faisnéis maidir le conas fiosruithe nó gearáin a chlárú.

---

([31]) Déanfar an nós imeachta a mhíniú i ndoiciméad a fhoilseofar roimh thús an phróisis meastóireachta.

*Airteagal 31*

**Am chun deontais a thabhairt**

1. De mhaolú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 194(2) den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag na tréimhsí seo a leanas:

(a) maidir leis na hiarratasóirí go léir a chur ar an eolas faoin méid arna bhaint amach i gcás na meastóireachta ar a n-iarratais, uastréimhse 5 mhí ón dáta deiridh chun tograí iomlána a thíolacadh;

(b) maidir le comhaontuithe deontais a shíniú le hiarratasóirí, uastréimhse 8 mí ón dáta deiridh chun tograí iomlána a thíolacadh.

2. Leis an gclár oibre, féadfar tréimhsí níos giorra ná na tréimhsí dá bhforáiltear i mír 1 a leagan síos.

3. De bhreis ar na heisceachtaí a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 194(2) den Rialachán Airgeadais, féadfar dul thar na tréimhsí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás ghníomhaíochtaí ERC, i gcás misean agus nuair a chuirtear gníomhaíochtaí faoi mheasúnú eitice nó faoi ghrinnscrúdú slándála.

*Airteagal 32*

**Cur chun feidhme an deontais**

1. Má mhainníonn an tairbhí a oibleagáidí chomhlíonadh maidir le cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta, comhlíonfaidh na tairbhithe eile na hoibleagáidí sin gan aon chistiú breise ón Aontas, mura rud é go bhfuil siad saortha go sainráite ón oibleagáid sin. Beidh freagracht airgeadais gach tairbhí teoranta dá fhiacha féin faoi réir na bhforálacha a bhaineann leis an Sásra.

2. Féadfaidh an comhaontú deontais clocha míle agus tráthchodanna a bhaineann le réamh-mhaoiniú a leagan síos. Mura mbaintear clocha míle amach, féadfar an ghníomhaíocht a chur ar fionraí, a leasú nó, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, a fhoirceannadh.

3. Féadfar gníomhaíocht a fhoirceannadh freisin más amhlaidh nach bhfuil na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ábhartha a thuilleadh maidir leis an Aontas nó maidir le cúiseanna eolaíocha nó teicneolaíocha nó, i gcás an Luasaire, maidir le cúiseanna eacnamaíocha freisin nó, i gcás EIC agus i gcás misean, de dheasca a n-ábharthachta mar chuid de phunann gníomhaíocht freisin. Déanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis an gcomhordaitheoir gníomhaíochta agus, más iomchuí, le saineolaithe seachtracha neamhspleácha, nós imeachta a leanúint sula gcinnfidh sé an ghníomhaíocht a fhoirceannadh, i gcomhréir le Airteagal 133 den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 33*

**Comhaontuithe deontais**

1. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, comhaontuithe deontais samplacha a tharraingt suas idir an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha agus na tairbhithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Má tá gá le modhnú suntasach ar chomhaontú deontais samplach, i bhfianaise, i measc nithe eile, tuilleadh simplithe do na tairbhithe, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, an comhaontú deontais samplach sin a athbhreithniú de réir mar is iomchuí.

2. Bunófar le comhaontuithe deontais cearta agus oibleagáidí na dtairbhithe, agus cearta agus oibleagáidí an Choimisiúin nó an chomhlachta cistiúcháin ábhartha i gcomhréir leis an Rialachán seo. Bunófar leo, freisin, cearta agus oibleagáidí na n-eintiteas dlítheanach a ndéantar tairbhithe díobh le linn chur chun feidhme na gníomhaíochta, chomh maith le ról agus cúraimí comhordaitheora.

*Airteagal 34*

**Rátaí cistiúcháin**

1. Beidh feidhm ag ráta cistiúcháin aonair in aghaidh na gníomhaíochta maidir le gach gníomhaíocht arna cistiú aige. Socrófar an t-uasráta in aghaidh na gníomhaíochta sa chlár oibre.

2. Féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe gníomhaíochta faoin gClár a aisíoc, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí nuálaíochta, cás ina bhféadfar suas le 70 % de na costais iomlána incháilithe a aisíoc, seachas i gcás eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúis, cás ina bhféadfar suas le 100 % de na costais iomlána incháilithe a aisíoc;

(b) gníomhaíochtaí comhchistiúcháin le haghaidh cláir, cás ina bhféadfar ar a laghad 30 % agus, i gcásanna sainaitheanta a bhfuil údar cuí leo, suas le 70 % de na costais iomlána incháilithe a aisíoc.

3. Beidh feidhm freisin ag na rátaí cistiúcháin a chinntear san Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí ina bhfuil maoiniú ar ráta comhréidh, maoiniú aonaid nó maoiniú cnapshuime socraithe don ghníomhaíocht ar fad nó do chuid de.

*Airteagal 35*

**Costais indíreacha**

1. Is é a bheidh i gcostais incháilithe indíreacha 25 % de na costais incháilithe dhíreacha iomlána, seachas na costais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta, tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe agus aon chostais aonaid nó cnapshuimeanna a bhfuil costais indíreacha san áireamh leo.

I gcás inarb iomchuí, na costais indíreacha atá san áireamh i gcostais aonaid nó i gcnapshuimeanna, déanfar iad a ríomh leis an ráta comhréidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, seachas i gcás costais aonaid le haghaidh earraí agus seirbhísí a ghearrtar ar an sonrasc go hinmheánach, rudaí a ríomhfar ar bhonn na gcostas iarmhír, i gcomhréir le gnáthchleachtas cuntasaíochta costála na dtairbhithe.

2. D'aineoinn mhír 1, má dhéantar foráil maidir leis sa chlár oibre, áfach, féadfar costais indíreacha a dhearbhú i bhfoirm cnapshuime nó i bhfoirm costais aonaid.

*Airteagal 36*

**Costais incháilithe**

1. De bhreis ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 186 den Rialachán Airgeadais, i gcás tairbhithe ar luach saothair tionscadalbhunaithe é a luach saothair, tá costais phearsanra incháilithe suas go dtí an luach saothair a d'íocfaí leis an duine as obair i dtionscadail T&N arna cistiú le scéimeanna náisiúnta, lena n-áirítear muirir slándála sóisialta agus costais eile a bhaineann le luach saothair pearsanra a shanntar don ghníomhaíocht, mar a eascraíonn as an dlí náisiúnta nó as an gconradh fostaíochta.

2. De mhaolú ar Airteagal 190(1) den Rialachán Airgeadais, costais na n-acmhainní a chuireann tríú páirtithe ar fáil trí bhíthin ranníocaíochtaí comhchineáil, beidh siad incháilithe suas go dtí costais incháilithe dhíreacha an tríú páirtí.

3. De mhaolú ar Airteagal 192 den Rialachán Airgeadais, aon ioncam a ghintear trí na torthaí a shaothrú, ní mheasfar gur fáltais na gníomhaíochta é.

4. Féadfaidh tairbhithe a ngáthchleachtais chuntasaíochta a úsáid chun na costais arna dtabhú i ndáil le gníomhaíocht a shainaithint agus a dhearbhú i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha uile a leagtar amach sa chomhaontú deontais, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le hAirteagal 186 den Rialachán Airgeadais.

5. De mhaolú ar Airteagal 203(4) den Rialachán Airgeadais, beidh deimhniú maidir leis na ráitis airgeadais éigeantach tráth a íocfar an t-iarmhéid, más rud é go bhfuil an méid arna éileamh mar chostais iarbhír agus na costais aonaid arna ríomh i gcomhréir le gnáthchleachtais chuntasaíochta costála comhionann le EUR 325 000 nó níos mó ná sin.

Deimhnithe maidir le ráitis airgeadais, féadfaidh iniúchóir seachtrach formheasta iad a tháirgeadh nó, i gcás comhlachtaí poiblí, féadfaidh oifigeach poiblí inniúil agus neamhspleách iad a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 203(4) den Rialachán Airgeadais.

6. I gcás inarb iomchuí, le haghaidh ghníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaisteachta MSCA agus deontais soghluaisteachta, tabharfar aird chuí i ranníocaíocht an Aontais ar aon chostas breise ar an tairbhí, ar costais iad a bhaineann le saoire mháithreachais, saoire tuismitheora, saoire bhreoiteachta, saoire speisialta nó le hathrú ar eagraíocht óstach earcaíochta nó athrú ar stádas teaghlaigh taighdeora le linn ré an chomhaontaithe deontais.

7. Beidh costais a bhaineann le rochtain oscailte, lena n-áirítear pleananna bainistíochta sonraí, incháilithe le haghaidh aisíocaíochta mar a fhoráiltear tuilleadh sa chomhaontú deontais.

*Airteagal 37*

**Sásra árachais fhrithpháirtigh**

1. Déantar leis seo sásra árachais fhrithpháirtigh (an "Sásra") a bhunú agus gabhfaidh sé ionad an chiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus tiocfaidh sé i gcomharbas air. Leis an Sásra, cumhdófar an riosca a ghabhann le suimeanna dlite nach ngnóthaítear ó na tairbhithe:

(a) don Choimisiún faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]);

(b) don Choimisiún agus do chomhlachtaí an Aontais faoi "Fís 2020";

(c) don Choimisiún agus do chomhlachtaí cistiúcháin faoin gClár.

Féadfar cumhdach an riosca maidir leis na comhlachtaí cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír a chur chun feidhme trí chóras cumhdaigh indírigh a leagtar amach sa chomhaontú is infheidhme agus cineál an chomhlachta cistiúcháin á chur san áireamh.

2. Is é an tAontas, a ndéanfaidh an Coimisiún ionadaíocht dó ina cháil mar ghníomhaire feidhmiúcháin, a bhainisteoidh an Sásra. Leagfaidh an Coimisiún amach rialacha sonracha le haghaidh oibríocht an tSásra.

3. Déanfaidh tairbhithe ranníocaíocht atá cothrom le 5 % de chistiú ón Aontas le haghaidh na gníomhaíochta. Ar bhonn meastóireachtaí tréimhsiúla trédhearcacha, féadfaidh an Coimisiún an ranníocaíocht sin a mhéadú go dtí 8 % nó é a laghdú faoi bhun 5 %. Déanfar ranníocaíocht na dtairbhithe leis an Sásra a chúiteamh ón réamh-mhaoiniú tosaigh agus íocfar í leis an Sásra thar ceann na dtairbhithe. Ní sháróidh an ranníocaíocht sin méid an réamh-mhaoinithe tosaigh.

4. Tabharfar ar ais ranníocaíocht na dtairbhithe tráth a íocfar an t-iarmhéid.

5. Cuirfear aon toradh airgeadais a ghinfidh an Sásra leis an Sásra. I gcás nach leor an toradh sin, ní dhéanfaidh an Sásra idirghabháil, agus déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha aon mhéid atá dlite go díreach ó na tairbhithe nó ó thríú páirtithe a ghnóthú.

6. Ioncam atá sannta don Sásra de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna méideanna a dhéanfar a ghnóthú. A luaithe a bheidh na deontais ar fad a bhfuil an riosca cumhdaithe ina leith go díreach nó go hindíreach leis an Sásra tugtha chun críche, gnóthóidh an Coimisiún suimeanna ar bith a bheidh fós gan íoc agus cuirfear isteach i mbuiséad an Aontais iad, faoi féir chinntí an údaráis reachtaigh.

7. Féadfar an Sásra a leathnú amach chuig tairbhithe aon chláir eile de chuid an Aontais atá á bhainistiú go díreach. Glacfaidh an Coimisiún coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht tairbhithe clár eile.

*Airteagal 38*

**Úinéireacht agus cosaint**

1. Beidh úinéireacht ag tairbhithe ar aon toradh a ghinfidh siad. Áiritheoidh siad, maidir le haon cheart de chuid a bhfostaithe nó aon pháirtithe eile i ndáil leis na torthaí, gur féidir iad a fheidhmiú ar dhóigh atá ag teacht le hoibleagáidí na dtairbhithe atá sa chomhaontú deontais.

Beidh úinéireacht ag beirt thairbhithe nó níos mó ar na torthaí go comhpháirteach i gcás inar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) tá siad ginte acu go comhpháirteach; agus

([32]) Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 a bhaineann le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1.)

(b) ní féidir:

(i) ranníocaíocht gach tairbhí ar leith a shuíomh; nó

(ii) iad a dhealú óna chéile nuair atá a gcosaint á hiarraidh, á fáil nó á coinneáil.

Tiocfaidh na comhúinéirí ar chomhaontú i scríbhinn maidir leis an leithdháileadh agus maidir le téarmaí fheidhmiú a n-úinéireachta comhpháirtí. Mura gcomhaontaítear a mhalairt sa chomhaontú cuibhreannais nó sa chomhaontú comhúinéireachta, féadfaidh gach comhúinéir ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe chun na torthaí atá faoi chomhúinéireacht a shaothrú (gan aon cheart a bheith ann focheadúnas a dheonú), má thugtar réamhfhógra agus cúiteamh cóir réasúnach do na comhúinéirí eile. Féadfaidh na comhúinéirí a chomhaontú i scríbhinn córas eile a chur i bhfeidhm seachas comhúinéireacht.

2. Na tairbhithe a bhfuil cistiú ón Aontas faighte acu, cosnóidh siad a gcuid torthaí go leormhaith más féidir iad a chosaint agus má tá údar cuí leis an gcosaint sin, agus gach ní ábhartha á chur san áireamh, lena n-áirítear féidearthachtaí maidir le saothrú tráchtála agus aon leasanna dlisteanacha eile. Nuair a dhéantar cinneadh maidir le cosaint, déanfaidh tairbhithe leasanna dlisteanacha tairbhithe eile sa ghníomhaíocht a mheas freisin.

*Airteagal 39*

**Saothrú agus scaipeadh**

1. Gach tairbhí a fuair cistiú ón Aontas, déanfaidh sé a dhícheall na torthaí a bhfuil úinéireacht aige orthu a shaothrú, nó cuirfidh sé iad á saothrú ag eintiteas dlítheanach eile. Féadfaidh na tairbhithe an saothrú a dhéanamh go díreach nó féadfar é a dhéanamh go hindíreach go háirithe trí thorthaí a aistriú agus a cheadúnú i gcomhréir le hAirteagal 40.

Leis an gclár oibre, féadfar foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáidí breise i ndáil le saothrú.

Más rud é nach ndéantar na torthaí a shaothrú faoi cheann tréimhse áirithe arna bunú sa chomhaontú deontais, d'ainneoin a dhícheall a bheith déanta ag tairbhí a thorthaí a shaothrú go díreach nó go hindíreach, úsáidfidh an tairbhí ardán iomchuí ar líne arna shainaithint sa chomhaontú deontais chun páirtithe leasmhara a aimsiú chun na torthaí sin a shaothrú. Féadfar an oibleagáid sin a tharscaoileadh arna iarraidh sin don tairbhí, má tá údar cuí leis.

2. Déanfaidh tairbhithe a gcuid torthaí a scaipeadh a luaithe is féidir, i bhformáid atá ar fáil go poiblí, faoi réir aon sriain a bhaineann le cosaint maoine intleachtúla, rialacha slándála nó leasanna dlisteanacha.

Leis an gclár oibre, féadfar foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáidí breise i ndáil le scaipeadh, agus leasanna airgeadais agus eolaíochta an Aontais á gcoimirciú ag an am céanna.

3. Áiritheoidh tairbhithe go mbeidh feidhm ag rochtain oscailte maidir le foilseacháin eolaíochta faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais. Go háirithe, áiritheoidh na tairbhithe go gcoinneoidh siad féin nó na húdair cearta maoine intleachtúla leordhóthanacha chun a gceanglais maidir le rochtain oscailte a chomhlíonadh.

Is é an riail ghinearálta a chuirfear i bhfeidhm faoi théarmaí agus coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais go mbeidh rochtain oscailte ar shonraí taighde, á áirithiú go bhféadfadh sé go mbeadh eisceachtaí ann de réir an phrionsabail "a oscailte is féidir, a iata is gá", agus leasanna dlisteanacha na dtairbhithe, lena n-áirítear saothrú tráchtála agus aon srianta eile, á gcur san áireamh, amhail rialacha maidir le cosaint sonraí, príobháideachas, rúndacht, rúin cheirde, leasanna iomaíochais an Aontais, rialacha maidir le slándáil nó cearta maoine intleachtúla.

Leis an gclár oibre, féadfar foráil a dhéanamh maidir le dreasachtaí nó oibleagáidí breise chun na críche cloí le cleachtais i dtaca leis an eolaíocht oscailte.

4. Déanfaidh tairbhithe na sonraí taighde ar fad arna nginiúint i ngníomhaíocht faoin gClár a bhainistiú i gcomhréir le prionsabail FAIR agus i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais, agus bunóidh siad Plean Bainistithe Sonraí.

Leis an gclár oibre, féadfar foráil a dhéanamh, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, maidir le hoibleagáidí breise chun NEEO a úsáid chun sonraí taighde a stóráil agus chun rochtain a thabhairt orthu.

5. Na tairbhithe a bheartaíonn a gcuid torthaí a scaipeadh, tabharfaidh siad réamhfhógra do na tairbhithe eile sa ghníomhaíocht. Féadfaidh aon tairbhí eile agóid a dhéanamh más féidir leis a léiriú go ndéanfadh scaipeadh na dtorthaí dochar mór dá leasanna dlisteanacha i ndáil lena thorthaí nó lena réamheolas. I gcásanna den sórt sin, ní dhéanfar na torthaí a scaipeadh mura ndéantar na bearta is gá chun na leasanna dlisteanacha sin a chosaint.

6. Mura bhforáiltear a mhalairt sa chlár oibre, áireofar sna tograí plean le haghaidh shaothrú agus scaipeadh na dtorthaí. Más amhlaidh go ndéanfar táirge nó próiseas a fhorbairt, a chruthú, a mhonarú agus a chur ar an margadh, nó seirbhís a chruthú agus a sholáthar, mar chuid de shaothrú na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leis, áireofar plean sa straitéis le haghaidh saothrú den sórt sin. Má dhéanann an plean foráil maidir le saothrú na dtorthaí i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe go príomha, míneoidh na heintitis dhlítheanacha cén chaoi a bhfuil an saothrú sin le meas mar bheith fós chun leas an Aontais.

Déanfaidh na tairbhithe an plean le haghaidh shaothrú agus scaipeadh na dtorthaí a nuashonrú le linn na gníomhaíochta agus ina diaidh, i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais.

7. Chun críocha an fhaireacháin agus an scaipthe a dhéanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha, soláthróidh na tairbhithe aon fhaisnéis arna hiarraidh i dtaca le saothrú agus scaipeadh a gcuid torthaí, i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais. Faoi réir leasanna dlisteanacha na dtairbhithe, cuirfear faisnéis den sórt sin ar fáil go poiblí.

*Airteagal 40*

**Aistriú agus ceadúnú**

1. Féadfaidh tairbhithe úinéireacht a gcuid torthaí a aistriú. Áiritheoidh siad go mbeidh feidhm ag a n-oibleagáidí maidir leis an úinéir nua freisin agus go bhfuil oibleagáid air seo iad a chur ar aghaidh ina aon aistriú a bheidh ann ina dhiaidh sin.

2. Mura gcomhaontaítear a mhalairt i scríbhinn le haghaidh tríú páirtithe arna sainaithint go sonrach, lena n-áirítear eintitis chleamhnaithe, nó murar féidir é a dhéanamh faoin dlí is infheidhme, na tairbhithe a bheartaíonn a n-úinéireacht ar thorthaí a aistriú, tabharfaidh siad réamhfhógra d'aon tairbhí eile a bhfuil cearta rochtana aige fós ar na torthaí sin. Cuirfear faisnéis leordhóthanach san áireamh san fhógra maidir leis an úinéir nua ionas go mbeidh tairbhí in ann measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a bheidh aige sin ar a chearta rochtana.

Mura gcomhaontaítear a mhalairt i scríbhinn le haghaidh tríú páirtithe arna sainaithint go sonrach, lena n-áirítear eintitis chleamhnaithe, féadfaidh tairbhí agóid a dhéanamh in aghaidh aistriú na húinéireachta a dhéanann tairbhí eile más féidir leis a léiriú go ndéanfadh an t-aistriú difear diúltach dá chearta rochtana. Sa chás sin, ní dhéanfar an t-aistriú go dtí go dtiocfaidh na rannpháirtithe lena mbaineann ar chomhaontú. Déanfar teorainneacha ama i ndáil leis sin a leagan síos sa chomhaontú deontais.

3. Féadfaidh tairbhithe ceadúnais a dheonú ar a gcuid torthaí nó an ceart chun iad a shaothrú ar dhóigh eile, lena n-áirítear ar bhonn eisiach, a thabhairt mura ndéanfaidh an méid sin difear do chomhlíonadh a gcuid oibleagáidí. Féadfar ceadúnais eisiacha le haghaidh torthaí a dheonú faoi réir thoiliú na dtairbhithe uile eile lena mbaineann go ndéanfaidh siad a gcearta rochtana ina leith a tharscaoileadh.

4. I gcás ina bhfuil údar cuí leis, déanfar foráil leis an gcomhaontú deontais maidir leis an gceart don Choimisiún nó don chomhlacht cistiúcháin ábhartha chun agóid a dhéanamh in aghaidh aistrithe úinéireachta torthaí, nó in aghaidh ceadúnas eisiach a dheonú maidir le torthaí, más fíor an méid seo a leanas:

(a) tá cistiú ón Aontas faighte ag na tairbhithe a ghin na torthaí;

(b) déantar an t-aistriú nó an ceadúnú a dheonú d'eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe; agus

(c) ní an t-aistriú nó an ceadúnú i gcomhréir le leasanna an Aontais.

Má dhéantar foráil don cheart chun agóid a dhéanamh, tabharfaidh an tairbhí réamhfhógra go bhfuil sé beartaithe aige úinéireacht ar thorthaí a aistriú nó ceadúnas eisiach a dheonú maidir le torthaí. An ceart chun agóid a dhéanamh, féadfar é a tharscaoileadh i scríbhinn maidir le haistrithe nó deontais le haghaidh eintitis dhlítheanacha shonracha arna sainaithint má tá bearta ann lena ndéantar leasanna an Aontais a choimirciú.

*Airteagal 41*

**Cearta rochtana**

1. Is i scríbhinn a dhéanfar iarrataí ar chearta rochtana a fheidhmiú agus cearta rochtana a tharscaoileadh.

2. Mura gcomhaontaítear a mhalairt i gcomhar leis an deontóir, ní bheidh aon cheart focheadúnas a dheonú san áireamh sna cearta rochtana.

3. Roimh dóibh aontú don chomhaontú deontais, cuirfidh na tairbhithe a chéile ar an eolas maidir le haon srian ar rochtain a dheonú ar a réamheolas.

4. Mura bhfuil baint ag tairbhí le gníomhaíocht a thuilleadh, ní dhéanfaidh an méid sin difear dá chuid oibleagáidí maidir le rochtain a dheonú.

5. Má dhéanann tairbhí mainneachtain ar a chuid oibleagáidí, féadfaidh na tairbhithe eile a chomhaontú nach bhfuil cearta rochtana ag an tairbhí sin a thuilleadh.

6. Déanfaidh tairbhithe rochtain a dheonú ar an méid seo a leanas:

(a) a gcuid torthaí saor ó ríchíosanna d'aon tairbhí eile sa ghníomhaíocht a bhfuil siad ag teastáil uaidh chun a chúraimí féin a chur chun feidhme;

(b) a réamheolas d'aon tairbhí eile sa ghníomhaíocht a bhfuil sé ag teastáil uaidh chun a chúraimí féin a chur chun feidhme, faoi réir aon srianta dá dtagraítear i mír 3; deonófar an rochtain sin saor ó ríchíosanna, mura gcomhaontaíonn na tairbhithe a mhalairt sula n-aontóidh siad don chomhaontú deontais;

(c) a dtorthaí agus, faoi réir aon srianta dá dtagraítear i mír 3, ar a réamheolas d'aon tairbhí eile sa ghníomhaíocht a bhfuil siad ag teastáil uaidh chun a chuid torthaí féin a shaothrú; deonófar an rochtain sin faoi choinníollacha córa réasúnacha a dtiocfar ar chomhaontú maidir leo.

7. Mura gcomhaontaíonn na tairbhithe a mhalairt, deonóidh siad rochtain ar a gcuid torthaí freisin agus, faoi réir aon srianta dá dtagraítear i mír 3, ar a réamheolas d'eintiteas dlítheanach ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) tá sé bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe;

(b) tá sé faoi rialú díreach nó indíreach tairbhí eile, nó tá sé faoin rialú díreach nó indíreach céanna leis an tairbhí sin, nó rialaíonn sé an tairbhí sin go díreach nó go hindíreach; agus

(c) teastaíonn an rochtain uaidh chun torthaí an tairbhí sin a shaothrú, i gcomhréir le hoibleagáidí an tairbhí i ndáil le saothrú.

Deonófar rochtain faoi choinníollacha córa réasúnacha a dtiocfar ar chomhaontú maidir leo.

8. Féadfar iarraidh ar rochtain chun críoch saothraithe a dhéanamh suas le bliain amháin tar éis dheireadh na gníomhaíochta, mura gcomhaontaíonn na rannpháirtithe ar theorainn ama eile.

9. Na tairbhithe a bhfuil cistiú ón Aontas faighte acu, deonóidh siad rochtain ar a gcuid torthaí saor ó ríchíosanna d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais chun beartais agus cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Beidh an rochtain teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch.

Ní áireofar ar na cearta rochtana sin réamheolas na dtairbhithe.

I ngníomhaíochtaí faoin gcnuasach "an tSlándáil Shibhialta don tSochaí", maidir leis na tairbhithe a bhfuil cistiú ón Aontas faighte acu, tabharfaidh siad freisin rochtain ar a gcuid torthaí saor ó ríchíosanna d'údaráis náisiúnta na mBallstát chun a mbeartais nó a gcláir sa réimse sin a fhorbairt, a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu. Beidh an rochtain teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch agus beidh sí faoi réir comhaontú déthaobhach lena saineofar coinníollacha sonracha arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach n-úsáidtear na cearta rochtana sin ach chun na críche a bhí beartaithe agus go bhfuil na hoibleagáidí iomchuí maidir le rúndacht i bhfeidhm. Tabharfaidh an Ballstát iarrthach nó an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht iarrthach de chuid an Aontais fógra do gach Ballstát maidir le hiarrataí den sórt sin.

10. Sa chlár oibre, féadfar foráil a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, maidir le cearta breise rochtana.

*Airteagal 42*

**Forálacha sonracha**

1. Féadfaidh feidhm a bheith ag forálacha sonracha maidir le húinéireacht, saothrú agus scaipeadh, aistriú agus ceadúnú chomh maith le cearta rochtana le haghaidh ghníomhaíochtaí ERC, gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaisteachta, gníomhaíochtaí soláthair réamhthráchtála, gníomhaíochtaí soláthair phoiblí réiteach nuálach, gníomhaíochtaí comhchistiúcháin le haghaidh cláir agus gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta.

2. Na forálacha sonracha dá dtagraítear i mír 1, leagfar amach sa chomhaontú deontais iad agus ní athrófar leo na prionsabail ná na hoibleagáidí maidir le rochtain oscailte.

*Airteagal 43*

**Duaiseanna**

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, déanfar duaiseanna dreasachta nó aitheantais faoin gClár a dhámhachtain agus a bhainistiú i gcomhréir le Teideal IX den Rialachán Airgeadais.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa chlár oibre nó i rialacha an chomórtais, aon eintiteas dlítheanach, gan beann ar a áit bhunaíochta, féadfaidh sé a bheith rannpháirteach i gcomórtas.

3. Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha, i gcás inarb iomchuí, comórtais duais a eagrú i gcomhar leis an méid seo a leanas:

(a) comhlachtaí eile de chuid an Aontais;

(b) tríú tíortha, lena n-áirítear eagraíochtaí nó gníomhaireachtaí eolaíochta agus teicneolaíochta na dtíortha sin;

(c) eagraíochtaí idirnáisiúnta; nó

(d) eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha.

4. Beidh oibleagáidí maidir le cumarsáid agus, i gcás inarb iomchuí, saothrú agus scaipeadh, úinéireacht agus cearta rochtana lena n-áirítear forálacha ceadúnaithe san áireamh sna cláir oibre nó i rialacha an chomórtais.

*CAIBIDIL III*

***Soláthar***

*Airteagal 44*

**Soláthar**

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, déanfar soláthar faoin gClár i gcomhréir le Teideal VII den Rialachán Airgeadais.

2. Chomh maith leis sin, féadfaidh soláthar a bheith i bhfoirm soláthar réamhthráchtála nó soláthar poiblí réiteach nuálach arna ndéanamh ag an gCoimisiún nó ag an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha thar a cheann féin nó i gcomhpháirt le húdaráis chonarthacha ó Bhallstáit agus ó thíortha gaolmhara. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 26.

*CAIBIDIL IV*

***Oibríochtaí measctha agus maoiniú measctha***

*Airteagal 45*

**Oibríochtaí measctha**

Cuirfear oibríochtaí measctha faoin gClár chun feidhme i gcomhréir le Clár InvestEU agus le Teideal X den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 46*

**Maoiniú measctha faoi Fís Eorpach agus maoiniú measctha faoi EIC**

1. Maidir leis na comhchodanna a bhaineann le deontais agus le hairleacan in-aisíoctha atá i maoiniú measctha faoi Fís Eorpach nó maoiniú measctha faoi EIC, beidh siad faoi réir Airteagail 34 go 37.

2. Cuirfear maoiniú measctha faoi EIC chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 48 den Rialachán seo. Féadfar an tacaíocht faoi mhaoiniú measctha faoi EIC a dheonú go dtí gur féidir an ghníomhaíocht a mhaoiniú mar oibríocht mheasctha nó mar oibríocht mhaoinithe agus infheistíochta faoi chumhdach iomlán ráthú an Aontais faoi Chlár InvestEU. De mhaolú ar Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais, na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 den Airteagal sin agus, go háirithe i bpointí (a) agus (d) de, ní bheidh feidhm acu tráth a dhéantar maoiniú measctha faoi EIC a dhámhachtain.

3. Féadfar maoiniú measctha faoi Fís Eorpach a dhámhachtain ar ghníomhaíocht chomhchistiúcháin le haghaidh cláir ina ndéantar foráil, i gclár comhpháirteach de chuid Ballstát agus tíortha comhlachaithe, maidir le hionstraimí airgeadais a chur chun úsáide mar thaca le bearta roghnaithe. Déanfar meastóireacht agus roghnú na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagail 15, 23, 24, 27, 28 agus 29. Leis na coinníollacha maidir leis an maoiniú measctha faoi Fís Eorpach a chur chun feidhme, comhlíonfar Airteagal 32, de réir analaí le hAirteagal 48(10) agus aon choinníollacha breise a bhfuil údar cuí leo a leagtar amach sa chlár oibre.

4. Aisíocaíochtaí lena n-áirítear airleacain in-aisíoctha agus ioncaim ó mhaoiniú measctha faoi Fís Eorpach agus maoiniú measctha faoi EIC, measfar gur ioncam sannta inmheánach iad i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 21(3) agus le hAirteagal 21(4) den Rialachán Airgeadais.

5. Soláthrófar maoiniú measctha faoi Fís Eorpach agus maoiniú measctha faoi EIC ar bhealach lena gcuirtear iomaíochas an Aontais chun cinn agus, ag an am céanna, nach ndéantar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh.

*Airteagal 47*

**An Treo-aimsitheoir**

1. Leis an Treo-aimsitheoir, cuirfear deontais ar fáil do thionscadail cheannródaíochta ardriosca, arna gcur chun feidhme ag cuibhreannais nó ag tairbhithe aonair, arb é is aidhm dóibh nuálaíochtaí radacacha agus deiseanna margaidh nua a fhorbairt. Leis an Treo-aimsitheoir, soláthrófar tacaíocht do na céimeanna is luaithe sa taighde agus forbairt eolaíoch, theicneolaíoch nó domhainteicneolaíochta, lena n-áirítear cruthúnas an choincheapa agus fréamhshamhlacha maidir le bailíochtú teicneolaíochta.

Cuirfear an Treo-aimsitheoir chun feidhme go príomha trí ghlao oscailte ar thograí ón mbun aníos le scoithdhátaí rialta in aghaidh na bliana, agus déanfar foráil leis freisin maidir le dúshláin iomaíocha chun príomhchuspóirí straitéiseacha a fhorbairt ina n-éilítear an domhainteicneolaíocht agus an smaointeoireacht radacach.

2. Le gníomhaíochtaí aistrithe an Treo-aimsitheora, cabhrófar le gach cineál taighdeoirí agus nuálaithe an chonair a fhorbairt don fhorbairt tráchtála san Aontas, amhail gníomhaíochtaí taisealbhaidh agus staidéir indéantachta chun cásanna gnó ionchasacha a mheasúnú, agus tacófar le seach-chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta a chruthú.

Cinnfear seoladh agus ábhar na nglaonna ar thograí le haghaidh ghníomhaíochtaí aistrithe an Treo-aimsitheora agus cuspóirí agus an buiséad arna leagan amach ag an gclár oibre i ndáil le punann na ngníomhaíochtaí lena mbaineann á gcur san áireamh;

Féadfar deontais bhreise de mhéid socraithe nach mó ná EUR 50 000 a dhámhachtain ar gach togra a roghnaíodh cheana faoin Treo-aimsitheoir, agus i gcás inarb ábhartha gníomhaíochtaí aistrithe an Treo-aimsitheora, trí ghlao ar thograí chun gníomhaíochtaí comhlántacha a dhéanamh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí práinneacha comhordúcháin agus tacaíochta, chun pobal na dtairbhithe atá ag an bpunann a neartú, amhail trí mheasúnú a dhéanamh ar sheach-chuideachtaí féideartha nó ar nuálaíochtaí a d'fhéadfadh margaí nua a chruthú nó trí phlean gnó a fhorbairt. Cuirfear Coiste an Chláir, a bhunaítear faoin gclár sonrach, ar an eolas maidir le cásanna den sórt sin.

3. Beidh feidhm ag na critéir dhámhachtana dá dtagraítear in Airteagal 28 maidir leis an Treo-aimsitheoir.

*Airteagal 48*

**An Luasaire**

1. Beidh sé d'aidhm ag an Luasaire, go bunúsach, tacú le nuálaíocht lena gcruthaítear margaí. Leis an Luasaire, ní thabharfar tacaíocht ach do thairbhithe aonair, agus soláthrófar leis, go príomha, maoiniú measctha. Faoi choinníollacha áirithe, féadfar tacaíochtaí de chineál deontais amháin agus de chineál cothromais amháin a sholáthar leis.

Leis an Luasaire, soláthrófar na cineálacha tacaíochta seo a leanas:

(a) tacaíocht maoinithe mheasctha do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus, i gcásanna eisceachtúla, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, a bhfuil nuálaíocht cheannródaíoch, shuaiteach agus neamhiontaofa ó thaobh brabúis á déanamh acu;

(b) tacaíocht de chineál deontais amháin do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, atá i mbun aon chineál nuálaíochta, ó nuálaíocht chéimneach go nuálaíocht cheannródaíoch agus shuaiteach, agus a bhfuil sé mar aidhm leo uas-scálú a dhéanamh ina dhiaidh sin;

(c) féadfar freisin tacaíocht de chineál cothromais amháin a sholáthar do FBManna atá neamhiontaofa ó thaobh brabúis, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, ar FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta iad a bhfuil tacaíocht de chineál deontais amháin faighte acu cheana.

Tacaíocht de chineál deontais amháin, ní sholáthrófar í faoin Luasaire ach amháin faoi na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) beidh faisnéis ag gabháil leis an tionscadal maidir le hacmhainneachtaí agus toilteanas an iarratasóra uas-scálú a dhéanamh;

(b) beidh an tairbhí ina ghnólacht nuathionscanta nó FBM;

(c) ní sholáthrófar tacaíocht de chineál deontais amháin faoin Luasaire ach uair amháin do thairbhí le linn thréimhse chur chun feidhme an Chláir agus go huasmhéid EUR 2,5 milliún.

2. Eintiteas dlítheanach a cháilíonn mar ghnólacht nuathionscanta, FBM nó, i gcásanna eisceachtúla, cuideachta meánchaipitlithe bheag a bhfuil sé ar intinn aici uas-scálú, arna bhunú i mBallstát nó i dtír comhlachaithe, a bheidh i dtairbhí an Luasaire. Féadfaidh an tairbhí nó, faoi réir réamh-chomhaontú ón tairbhí, duine nádúrtha amháin nó níos mó nó eintiteas dlítheanach amháin nó níos mó a bhfuil sé beartaithe aige nó acu an tairbhí sin a bhunú nó a thacú an togra a thíolacadh. Sa chás deireanach sin, ní shíneofar an comhaontú ach leis an tairbhí agus leis sin amháin.

3. Le cinneadh aonair dámhachtana, cumhdófar agus soláthrófar cistiú le haghaidh na bhfoirmeacha uile ranníocaíochta ón Aontas arna soláthar faoi mhaoiniú measctha faoi EIC.

4. Déanfaidh saineolaithe seachtracha neamhspleácha meastóireacht ar thograí de réir a bhfiúntas aonair féin agus roghnófar iad le haghaidh cistiúcháin trí ghlao ar thograí a bheidh oscailte ina mbeidh scoithdhátaí, bunaithe ar Airteagail 27, 28 agus 29, faoi réir mhír 5 den Airteagal seo.

5. Na tograí arna dtíolacadh, déanfar iad a mheasúnú ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas:

(a) barr feabhais;

(b) tionchar;

(c) leibhéal riosca na gníomhaíochta lena gcuirfí cosc ar infheistíochtaí, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme, agus an gá le tacaíocht ón Aontas.

6. Le comhaontú ó na hiarratasóirí lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún nó na comhlachtaí cistiúcháin a bhfuil an Clár á chur chun feidhme acu (lena n-áirítear PENanna EIT), faoin gcritéar dámhachtana dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 5, togra le haghaidh gníomhaíocht nuálaíochta agus cur chun úsáide ar an margadh lena gcomhlíontar na critéir dhámhachtana dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 5 cheana a thíolacadh go díreach le haghaidh meastóireacht, faoi réir na gcoinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) eascróidh an togra as aon ghníomhaíocht eile arna chistiú faoi Fís 2020, ón gClár nó, faoi réir céim phíolótach thaiscéalaíoch atá le seoladh faoin gcéad chlár oibre, ó chláir náisiúnta agus/nó réigiúnacha, ag tosú le mapáil an éilimh i gcomhair scéim den sórt sin. Leagfar síos forálacha mionsonraithe sa chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2);

(b) tá an togra bunaithe ar athbhreithniú ar thionscadal a rinneadh laistigh den 2 bhliain roimhe sin lena ndéantar measúnú ar bharr feabhais agus tionchar an togra agus faoi réir coinníollacha agus próiseas arna mionsonrú tuilleadh sa chlár oibre.

7. Féadfar Séala Barr Feabhais a dhámhachtain faoi réir na gcoinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) is gnólacht nuathionscanta, FBM nó cuideachta meánchaipitlithe bheag é an tairbhí;

(b) bhí an togra incháilithe agus bhain sé amach na tairseacha is infheidhme i dtaca leis na critéir dámhachtana dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 5;

(c) bheadh an ghníomhaíocht incháilithe faoi ghníomhaíocht nuálaíochta.

8. Maidir le togra ar éirigh leis sa mheastóireacht, molfaidh saineolaithe seachtracha neamhspleácha tacaíocht chomhfhreagrach ón Luasaire, bunaithe ar an riosca a thabhaítear agus ar na hacmhainní agus an t-am is gá chun an nuálaíocht a thabhairt isteach sa mhargadh agus a chur chun úsáide ar an margadh.

Féadfaidh an Coimisiún tionscadal arna mholadh ag saineolaithe seachtracha neamhspleácha a dhiúltú ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear mar gheall ar neamhchomhlíonadh chuspóirí bheartais an Aontais. Cuirfear Coiste an Chláir ar an eolas maidir leis na cúiseanna atá le diúltú den sórt sin.

9. Ní mó ná 70 % de chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta nuálaíochta roghnaithe a bheidh an deontas nó comhchuid an airleacain in-aisíoctha den tacaíocht ón Luasaire.

10. Na coinníollacha maidir le cur chun feidhme chomhchuid an chothromais agus chomhchuid na tacaíochta in-aisíoctha den tacaíocht ón Luasaire, leagtar amach iad i gCinneadh (AE) 2021/764.

11. Sa chonradh le haghaidh na gníomhaíochta roghnaithe, bunófar clocha míle sonracha intomhaiste agus an réamh-mhaoiniú comhfhreagrach agus na híocaíochtaí comhfhreagracha i dtráthchodanna den tacaíocht ón Luasaire.

I gcás maoiniú measctha faoi EIC, féadfar gníomhaíochtaí a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíocht nuálaíochta a sheoladh, agus féadfar an chéad réamh-mhaoiniú den deontas nó an t-airleacan in-aisíoctha a íoc, roimh chur chun feidhme comhchodanna eile den mhaoiniú measctha faoi EIC a bheidh dáfa. Beidh cur chun feidhme na gcomhchodanna sin faoi réir clocha míle sonracha arna mbunú sa chonradh a bheith bainte amach.

12. I gcomhréir leis an gconradh, déanfar an ghníomhaíocht a chur ar fionraí, a leasú nó, má tá údar cuí leis, a fhoirceannadh mura mbaintear clocha míle intomhaiste amach. Féadfar í a fhoirceannadh freisin i gcás nach féidir an cur chun úsáide ar an margadh, go háirithe san Aontas, a chomhlíonadh.

I gcásanna eisceachtúla agus ar chomhairle Bhord EIC, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an tacaíocht ón Luasaire a mhéadú faoi réir athbhreithniú ar an tionscadal arna dhéanamh ag saineolaithe seachtracha neamhspleácha. Cuirfear Coiste an Chláir ar an eolas maidir le cásanna den sórt sin.

## *CAIBIDIL V*

## ***Saineolaithe***

### *Airteagal 49*

### **Saineolaithe seachtracha neamhspleácha a cheapadh**

1. Déanfar saineolaithe seachtracha neamhspleácha a shainaithint agus a roghnú ar bhonn glaonna ar léiriú spéise ó dhaoine aonair agus trí ghlaonna atá dírithe ar eagraíochtaí ábhartha amhail gníomhaireachtaí taighde, institiúidí taighde, ollscoileanna, eagraíochtaí um chaighdeánú, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta nó fiontair d'fhonn bunachar sonraí iarratasóirí a bhunú.

De mhaolú ar Airteagal 237(3) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha, go heisceachtúil agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, saineolaí aonair nach bhfuil sa bhunachar sonraí ach a bhfuil na scileanna iomchuí aige nó aici a roghnú ar bhealach trédhearcach, ar choinníoll nár sainaithníodh saineolaithe seachtracha neamhspleácha oiriúnacha i nglao ar léiriú spéise.

Dearbhóidh saineolaithe den sórt sin a neamhspleáchas agus a n-acmhainneacht chun tacú le cuspóirí an Chláir.

2. I gcomhréir le hAirteagal 273(2) agus (3) den Rialachán Airgeadais, íocfar na saineolaithe seachtracha neamhspleácha bunaithe ar choinníollacha caighdeánacha. Má tá údar cuí leis, agus i gcásanna eisceachtúla, féadfar leibhéal iomchuí íocaíochta os cionn na gcoinníollacha caighdeánacha a dheonú bunaithe ar chaighdeáin mhargaidh ábhartha, go háirithe le haghaidh saineolaithe sonracha ardleibhéil. Déanfar costais den sórt sin a chumhdach faoin gClár.

3. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 38(2) agus (3) den Rialachán Airgeadais, foilseofar ainmneacha na saineolaithe seachtracha neamhspleácha a dhéanann meastóireacht ar iarratais ar dheontais, ar saineolaithe iad a cheaptar ina gcáil phearsanta, mar aon lena réimse saineolais, ar a laghad uair amháin sa bhliain ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin nó an chomhlachta cistiúcháin. Déanfar faisnéis den sórt sin a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]).

4. Glacfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha na bearta iomchuí chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint maidir le rannpháirtíocht saineolaithe seachtracha neamhspleácha i gcomhréir le hAirteagal 61 agus le hAirteagal 150(5) den Rialachán Airgeadais.

Áiritheoidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha, maidir le saineolaí a bhfuil aghaidh á tabhairt aige nó aici ar choinbhleacht leasa maidir le hábhar a mbeidh ar an saineolaí tuairim a thabhairt ina leith, nach ndéanfaidh an saineolaí sin meastóireacht ar an gceist shonrach i dtrácht, agus nach dtabharfaidh an té sin comhairle ná cúnamh maidir léi.

5. Agus saineolaithe seachtracha neamhspleácha á gceapadh aige, glacfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha bearta iomchuí chun ballraíocht chothrom sna grúpaí saineolaithe agus sna painéil mheastóireachta a lorg ó thaobh scileanna, taithí, eolais, lena n-áirítear ó thaobh speisialtóireachta, go háirithe in SSH, éagsúlacht gheografach agus inscne, agus aird á tabhairt ar an staid atá i réim i réimse na gníomhaíochta.

6. I gcás inarb iomchuí, áiritheofar líon leordhóthanach saineolaithe seachtracha neamhspleácha le haghaidh gach togra chun cáilíocht na meastóireachta a ráthú.

7. Déanfar faisnéis ar leibhéal an luacha saothair do gach saineolaí seachtrach neamhspleách a chur ar fáil do Parlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

TEIDEAL III

## FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS RIALÚ A DHÉANAMH AR AN gCLÁR AGUS CUMARSÁID MAIDIR LEIS

*Airteagal 50*

### Faireachán agus tuairisciú

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar bhainistiú agus ar chur chun feidhme an Chláir, ar an gclár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) agus ar ghníomhaíochtaí EIT. Chun trédhearcacht a fheabhsú, cuirfear sonraí ar fáil go poiblí ar bhealach inrochtana ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin de réir an nuashonraithe is déanaí. Go sonrach, sa bhunachar sonraí céanna, áireofar sonraí le haghaidh tionscadail arna gcistiú faoi ERC, Comhpháirtíochtaí Eorpacha, misean, EIC agus EIT.

([33]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Áireofar sa bhunachar sonraí:

(a) táscairí atá faoi cheangal ama chun tuairisciú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus a leagtar amach in Iarscríbhinn V, iad bunaithe ar na conairí tionchair;

(b) faisnéis faoi leibhéal phríomhshruthú SSH, an cóimheas idir LRTanna níos ísle agus níos airde i dtaighde comhoibríoch, an dul chun cinn maidir le rannpháirtíocht na dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú, comhdhéanamh geografach na gcuibhreannas i dtionscadail chomhoibríocha, an fhorbairt ar thuarastail na dtaighdeoirí, nós imeachta taiscthe agus meastóireachta dhá chéim a úsáid, na bearta atá dírithe ar naisc chomhoibríocha in T&N na hEorpa a éascú, an t-athbhreithniú meastóireachta a úsáid agus líon agus cineálacha na ngearán, leibhéal an phríomhshruthaithe aeráide agus caiteachais lena mbaineann, rannpháirtíocht FBManna, rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, rannpháirtíocht ó thaobh inscne de i ngníomhaíochtaí cistithe, painéil mheastóireachta, boird agus grúpaí comhairleacha, na "Séalaí Barr Feabhais", na Comhpháirtíochtaí Eorpacha, chomh maith leis an ráta comhchistiúcháin, an cistiú comhlántach agus carnach ó chláir eile de chuid an Aontais, bonneagair thaighde, am chun deontas a thabhairt, leibhéal an chomhair idirnáisiúnta, rannpháirteachas na saoránach agus na sochaí sibhialta;

(c) leibhéil an chaiteachais arna n-imdhealú ar leibhéal an tionscadail chun go bhféadfar anailís shonrach a dhéanamh, lena n-áirítear in aghaidh an réimse idirghabhála;

(d) leibhéal an ró-shuibscríofa, go háirithe líon na dtograí agus in aghaidh an ghlao ar thograí, a meánscór, sciar na dtograí os cionn agus faoi bhun na dtairseach cáilíochta.

2. Chun an measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach a chuspóirí a áirithiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun Iarscríbhinn V a leasú i ndáil le táscairí na gconairí tionchair, i gcás ina measfar gur gá sin, agus chun bunlínte agus spriocanna a leagan síos agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí an Chláir ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil gan an t-ualach riaracháin a mhéadú do thairbhithe. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas, lena n-áirítear ar leibhéal na dtaighdeoirí a bheidh páirteach sna gníomhaíochtaí chun go bhféadfaidh siad a ngairm agus a soghluaisteacht a rianú, agus, i gcás inarb iomchuí, ar Bhallstáit.

4. Le hanailís cháilíochtúil ón gCoimisiún agus ón Aontas nó ó chomhlachtaí cistiúcháin náisiúnta, comhlánófar sonraí cainníochtúla a mhéid is féidir.

5. Déanfar faireachán ar na bearta arb é is aidhm dóibh naisc chomhoibríocha i T&N na hEorpa a éascú, agus déanfar athbhreithniú orthu i gcomhthéacs na gclár oibre.

*Airteagal 51*

**Faisnéis, cumarsáid, poiblíocht agus scaipeadh agus saothrú**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn (lena n-áirítear le haghaidh duaiseanna), trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do lucht spéise iomadúil, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Chláir agus leis na torthaí a baineadh amach. Sa bhreis air sin, soláthróidh sé faisnéis chríochnaitheach agus thráthúil do na Ballstáit agus do na tairbhithe. Déanfar seirbhísí fianaise-bhunaithe meaitseála bunaithe ar anailísíocht agus finíochtaí líonraí a sholáthar do na heintitis leasmhara chun cuibhreannais a bhunú i ndáil le tionscadail chomhoibríocha, agus aird ar leith á tabhairt ar na deiseanna líonraithe a shainaithint le haghaidh eintitis dhlítheanacha ó thíortha ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N. Ar bhonn na hanailíse sin, féadfar imeachtaí meaitseála a eagrú ar bhonn glaonna sonracha ar thograí.

3. Bunóidh an Coimisiún straitéis maidir le scaipeadh agus saothrú chun infhaighteacht agus scaipeadh thorthaí agus eolas an Chláir maidir le T&N a mhéadú chun dlús a chur le saothrú chun cur leis an nglacadh sa mhargadh agus borradh a chur faoi thionchar an Chláir.

4. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gClár ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach a dhéanamh i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chomh maith le gníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide, poiblíochta, scaipthe agus saothraithe a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

*Airteagal 52*

**Meastóireacht ar an gClár**

1. Déanfar meastóireachtaí ar an gClár go tráthúil ionas go bhféadfar faisnéis ó na meastóireachtaí sin a úsáid i bpróiseas cinnteoireachta an Chláir, an chéad chlár réime eile agus tionscnaimh eile is ábhartha maidir le T&N.

2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha arna roghnú ar bhonn próiseas trédhearcach a luaithe agus a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir, tráth nach déanaí ná 4 bliana ó thús an chur chun feidhme sin. Áireofar uirthi sin anailís phunainne agus measúnú ar thionchar fadtéarmach na gclár réime a chuaigh roimhe agus úsáidfear í mar bhonn chun an Clár a choigeartú nó a athdhíriú, de réir mar is iomchuí. Leis an meastóireacht, déanfar measúnú ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus comhsheasmhacht an Chláir agus ar bhreisluach Aontais.

3. Ag deireadh chur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear in Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh a thabhairt i gcrích ar an gClár. Áireofar uirthi sin measúnú ar thionchar fadtéarmach na gclár réime a chuaigh roimhe.

4. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí i dteannta a bharúlacha féin a fhoilsiú agus a chur in iúl, agus déanfaidh sé iad a chur i láthair do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

*Airteagal 53*

**Iniúchtaí**

1. Áiritheofar leis an gcóras rialaithe le haghaidh an Chláir go mbeidh cothromaíocht iomchuí ann idir iontaoibh agus rialú, agus costais riaracháin agus costais eile a bhaineann le rialú ar gach leibhéal á gcur san áireamh, go háirithe i dtaca le tairbhithe. Beidh rialacha iniúchóireachta soiléir, comhsheasmhach agus comhleanúnach le linn an Chláir.

2. Beidh an straitéis iniúchóireachta le haghaidh an Chláir bunaithe ar iniúchóireacht airgeadais arna déanamh ar shampla ionadaíoch den chaiteachas ar fud an Chláir trí chéile. Comhlánófar an sampla ionadaíoch le rogha a bhunófar ar mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an gcaiteachas. Gníomhaíochtaí a fhaigheann comhchistiú ó chláir éagsúla de chuid an Aontais, ní dhéanfar iniúchadh orthu sin ach uair amháin, lena gcumhdófar na cláir uile lena mbaineann agus a rialacha is infheidhme faoi seach.

3. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha brath ar iniúchtaí ar chórais agus ar phróisis ar leibhéal na dtairbhithe. Beidh na hiniúchtaí sin roghnach maidir le cineálacha áirithe tairbhithe agus scrúdófar leo córais agus próisis tairbhí, rud a bheidh á chomhlánú le hiniúchadh ar idirbhearta. Is iniúchóir neamhspleách inniúil atá cáilithe chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh ar dhoiciméid chuntasaíochta i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]) a dhéanfaidh iad. Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha na hiniúchtaí ar chórais agus ar phróisis a úsáid chun an chinnteacht fhoriomlán a chinneadh maidir le bainistíocht fhónta airgeadais an chaiteachais agus chun leibhéal na n-iniúchtaí ex post agus na ndeimhnithe maidir le ráitis airgeadais a athmheas.

4. I gcomhréir le hAirteagal 127 den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha brath ar iniúchtaí maidir le húsáid ranníocaíochtaí an Aontais arna ndéanamh ag daoine nó eintitis eile atá neamhspleách agus inniúil, lena n-áirítear daoine nach bhfuil sainordú tugtha dóibh ag institiúidí nó comhlachtaí an Aontais.

5. Féadfar iniúchtaí a dhéanamh suas le dhá bhliain tar éis íocaíocht an iarmhéid.

([34]) Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

6. Foilseoidh an Coimisiún treoirlínte iniúchóireachta, agus é mar aidhm leo cur i bhfeidhm agus léiriú iontaofa agus aonfhoirmeach na nósanna imeachta agus rialacha iniúchóireachta le linn ré an Chláir a áirithiú.

*Airteagal 54*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chlár trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áireofar leis na cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

*Airteagal 55*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 50(2) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 50(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 50(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

TEIDEAL IV

**FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 56*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

*Airteagal 57*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de na gníomhaíochtaí sin, ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí sin, arna dtionscnamh de bhun Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, ar Rialacháin iad a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu maidir leis na gníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu. Na pleananna oibre agus na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear i bpleananna oibre arna nglacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus faoi ghníomhartha bunúsacha na gcomhlachtaí comhfhreagracha cistiúcháin, leanfar dá rialáil le Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus leis na gníomhartha bunúsacha sin freisin go dtí go dtabharfar i gcrích iad.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir na costais theicniúla agus cúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 a áirithiú.

*Airteagal 58*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Aibreán 2021.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| D. M. SASSOLI | A. P. ZACARIAS |

*IARSCRÍBHINN I*

**IMLÍNTE NA nGNÍOMHAÍOCHTAÍ**

Na cuspóirí ginearálta agus sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo, saothrófar iad tríd an gClár ina iomláine, trí na réimsí idirghabhála agus imlínte na ngníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu san Iarscríbhinn seo agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/764 .

(1) Colún I "Eolaíocht Den Scoth"

Leis an gcolún seo, i gcomhréir le hAirteagal 4, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas, déanfar eolaíocht barr feabhais a chur chun cinn, scoth na ndaoine is tréithí a mhealladh chun na hEorpa, tacaíocht iomchuí a sholáthar do thaighdeoirí luathchéime agus tacófar le cruthú agus scaipeadh eolaíochta barr feabhais, mar aon le heolas, modheolaíochtaí agus scileanna ardchaighdeáin, teicneolaíochtaí agus réitigh ar dhúshláin dhomhanda shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha. Rannchuideofar leis freisin le cuspóirí sonracha eile an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3.

(a) ERC: cistiú tarraingteach solúbtha a sholáthar le go mbeidh taighdeoirí aonair tréitheacha agus cruthaitheacha, le béim ar thaighdeoirí luathchéime, agus a bhfoirne, in ann na goirt is mó a bhfuil gealladh fúthu a threabhadh san eolaíocht cheannródaíoch, gan beann ar a náisiúntacht ná ar a dtír thionscnaimh agus ar bhonn iomaíochta ar fud an Aontais inarb é an barr feabhais an t-aon chritéar.

Réimse idirghabhála: an Eolaíocht cheannródaíoch.

(b) MSCAnna: deis a thabhairt do taighdeoirí eolas agus scileanna nua a shealbhú trí shoghluaisteacht thar theorainneacha, earnálacha agus disciplíní agus trí thaithí tharastu a áirithiú dóibh, feabhas a chur ar chórais oiliúna agus forbartha gairme agus, chomh maith leis sin, an t-earcú institiúideach agus náisiúnta a struchtúrú agus a fheabhsú, agus an Chairt Eorpach do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair um earcú taighdeoirí á gcur san áireamh; agus sin á dhéanamh, cabhraítear, le MSCAnna, le bunchlocha a chur, ó cheann ceann na hEorpa, faoin gcreat taighde den scoth atá san Eoraip, rud a rannchuidíonn le borradh a chur faoi phoist, fás agus infheistíocht, agus a réitíonn dúshláin shochaíocha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Réimsí idirghabhála: barr feabhais a chothú trí shoghluaisteacht taighdeoirí thar theorainneacha, earnálacha agus disciplíní; scileanna nua a chothú trí oiliúint den scoth a chur ar thaighdeoirí; acmhainní daonna agus forbairt scileanna a neartú ar fud LET; sineirgí a fheabhsú agus a éascú; for-rochtain phoiblí a chur chun cinn.

(c) Bonneagair thaighde: bonneagair thaighde inbhuanaithe de scoth an domhain atá oscailte a bhronnadh ar an Eoraip, ar bonneagair iad a bhfuil rochtain ag na taighdeoirí is fearr ón Eoraip agus ó áiteanna níos faide i gcéin orthu. Úsáid na mbonneagar taighde atá ann cheana a chothú, lena n-áirítear na bonneagair atá á maoiniú ó chistí faoi Bheartas Comhtháthaithe an Aontais. Agus sin á dhéanamh, feabhas a chur ar phoitéinseal an bhonneagair taighde tacú le dul chun cinn eolaíochta agus leis an nuálaíocht, agus an eolaíocht den scoth oscailte a chumasú, i gcomhréir le prionsabail FAIR, é sin taobh le taobh le gníomhaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais agus le comhar idirnáisiúnta.

Réimsí idirghabhála: creat na mbonneagar taighde Eorpach a chomhdhlúthú agus a fhorbairt; bonneagair thaighde a oscailt, a chomhtháthú agus a idirnascadh; poitéinseal nuálaíochta na mbonneagar taighde Eorpach agus na ngníomhaíochtaí taighde Eorpacha ar mhaithe leis an nuálaíocht agus oiliúint; an beartas Eorpach maidir le bonneagar taighde agus an comhar idirnáisiúnta a neartú.

(2) Colún II "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach"

Leis an gcolún seo, i gcomhréir le hAirteagal 4, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas, tacófar le heolas, teicneolaíochtaí agus réitigh inbhuanaithe nua ardchaighdeáin a chruthú agus a scaipeadh ar bhealach níos fearr, neartófar an t-iomaíochas tionsclaíoch Eorpach, neartófar tionchar T&N maidir le beartais an Aontais a fhorbairt, a thacú agus a chur chun feidhme, agus tacófar leis an nglacadh le réitigh nuálacha sa tionsclaíocht, go háirithe in FBManna agus i ngnólachtaí nuathionscanta, agus sa tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Rannchuideofar leis freisin le cuspóirí sonracha eile an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3.

Déanfar SSH a lánpháirtiú go hiomlán ar fud na gcnuasach ar fad, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha agus gníomhaíochtaí tiomnaithe.

Chun tionchar, solúbthacht agus sineirgí a uasmhéadú, eagrófar gníomhaíochtaí T&N i sé chnuasach, agus iad idirnasctha trí bhonneagair thaighde uile-Eorpacha, a dhéanfaidh comhar idirdhisciplíneach, trasearnálach, trasbheartais, trasteorann agus idirnáisiúnta a dhreasú, ina n-aonar agus le chéile. Le Colún II den Chlár, cumhdófar gníomhaíochtaí ó réimse leathan LRTanna, lena n-áirítear LRTanna níos ísle.

Rannchuidíonn gach cnuasach le roinnt SFInna agus is iomaí SFI atá á thacú le níos mó ná cnuasach amháin.

Cuirfear na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chun feidhme sna cnuasaigh seo a leanas agus trasna na gcnuasach sin:

(a) An Cnuasach “Sláinte”: sláinte agus dea-bhail na saoránach ag gach aois a fheabhsú agus a chosaint, trí eolas nua a ghiniúint, réitigh nuálacha a fhorbairt, agus trína áirithiú go ndéantar gné na hinscne a chomhtháthú, i gcás inarb ábhartha, chun galair a chosc, a dhiagnóisiú, a chóireáil agus a leigheas agus chun faireachán a dhéanamh orthu agus trí theicneolaíochtaí na sláinte a fhorbairt; rioscaí don tsláinte a mhaolú; an pobal a chosaint agus an dea-shláinte agus an dea-bhail a chur chun cinn, san ionad oibre freisin; córais sláinte phoiblí a dhéanamh níos costéifeachtaí, níos cothroime agus níos inbhuanaithe; galair atá bainteach leis an mbochtaineacht a chosc agus dul i ngleic leo; agus tacú le rannpháirtíocht agus féinbhainistiú na n-othar, agus é sin a chumasú.

Réimsí idirghabhála: sláinte ó thús go deireadh saoil; deitéarmanaint an chomhshaoil agus na sláinte sóisialta; galair neamhthógálacha agus galair neamhchoitianta; galair thógálacha, lena n-áirítear galair a bhaineann leis an mbochtaineacht agus galair a ndearnadh faillí iontu; uirlisí, teicneolaíochtaí agus réitigh dhigiteacha don tsláinte agus don chúram, lena n-áirítear leigheas pearsantaithe; córais cúraim sláinte.

(b) An Cnuasach “an Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach”: luachanna daonlathacha a neartú, lena n-áirítear an smacht reachta agus na cearta bunúsacha; ár n-oidhreacht chultúrtha a choimirciú; poitéinseal na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a thaiscéaladh, agus claochluithe socheacnamaíocha a chur chun cinn a rannchuidíonn le cuimsiú agus fás, lena n-áirítear bainistiú ar imirce agus lánpháirtiú imirceach.

Réimsí idirghabhála: daonlathas agus rialachas; cultúr, oidhreacht chultúrtha agus cruthaitheacht; claochluithe sóisialta agus eacnamaíocha.

(c) An Cnuasach “an tSlándáil Shibhialta don tSochaí”: ag freagairt ar na dúshláin a eascraíonn as bagairtí leanúnacha slándála, lena n-áirítear an chibearchoireacht, chomh maith le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine.

Réimsí idirghabhála: sochaithe athléimneacha tar éis tubaistí; an chosaint agus an tslándáil; an chibearshlándáil.

(d) An cnuasach “Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás”: acmhainneachtaí a neartú agus ceannasacht na hEorpa a chinntiú in eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin don digitiú agus táirgeadh, agus sa teicneolaíocht spáis, feadh an tslabhra breisluacha; tionscal iomaíoch, digiteach, ísealcharbóin agus ciorclach a thógáil; soláthar inbhuanaithe amhábhar a áirithiú; ábhair ardfhorbartha a fhorbairt agus bonn a chur ar fáil don dul chun cinn agus don nuálaíocht maidir le dúshláin shochaíocha dhomhanda.

Réimsí idirghabhála: teicneolaíochtaí monaraíochta; eochairtheicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí candamacha; teicneolaíochtaí cumasúcháin atá ag teacht chun cinn; ábhair ardfhorbartha; intleacht shaorga agus an róbataic; idirlíon den chéad ghlúin eile; an ríomhaireacht ardfhorbartha agus mórshonraí; tionscail chiorclacha; tionscal ísealcharbóin glan; an spás, lena n-áirítear faire na cruinne.

(e) An Cnuasach “an Aeráid, Fuinneamh agus an tSoghluaisteacht”: an t-athrú aeráide a chomhrac trí thuiscint níos fearr a fháil ar na cúiseanna is bonn leis, a éabhlóid, na rioscaí, na tionchair agus na deiseanna a bhaineann leis, trí earnálacha an fhuinnimh agus an iompair a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus don chomhshaol, níos éifeachtaí agus níos iomaíche, níos cliste, níos sábháilte agus níos buanseasmhaí, trí úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, trí fheabhas a chur ar athléimneacht an Aontais i leith suaití seachtracha agus tríd an iompar sóisialta a oiriúnú i bhfianaise na SFInna.

Réimsí idirghabhála: an eolaíocht aeráide agus réitigh aeráide; soláthar fuinnimh; córais agus eangacha fuinnimh; foirgnimh agus saoráidí tionsclaíocha maidir le haistriú fuinnimh; pobail agus cathracha; iomaíochas tionsclaíoch san iompar; iompar agus soghluaisteacht atá glan, sábháilte agus inrochtana; soghluaisteacht chliste; stóráil fuinnimh.

(f) An Cnuasach “Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nadúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol”: an comhshaol a chosaint, acmhainní nádúrtha agus bitheolaíocha ón talamh, ó uiscí intíre agus ón bhfarraige a athshlánú, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a úsáid chun stop a chur le creimeadh na bithéagsúlachta, chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe do chách agus an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus chuig bithgheilleagar inbhuanaithe.

Réimsí idirghabhála: breathnóireacht chomhshaoil; an bhithéagsúlacht agus acmhainní nádúrtha; an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus ceantair thuaithe; farraigí, aigéin agus uiscí intíre; córais bhia; córais nuálaíochta bhithbhunaithe i mbithgheilleagar an Aontais; córais chiorclacha.

(g) Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha ACT: fianaise eolaíoch ardchaighdeáin a chruthú le haghaidh beartais phoiblí mhaithe a bheidh éifeachtúil agus iníoctha. Teastaíonn fianaise thrédhearcach, chuimsitheach, chothromaithe mar bhonn ciallmhar do thionscnaimh agus tograí nua le haghaidh gníomhartha dlí de chuid an Aontais agus, ag an am céanna, teastaíonn fianaise freisin le bheith in ann cur chun feidhme na mbeartas a thomhas agus le faireachán a dhéanamh air. Maidir le beartais an Aontais, soláthraíonn ACT fianaise eolaíoch neamhspleách agus tacaíocht theicniúil dóibh feadh thimthriall iomlán na mbeartas. Díríonn ACT a thaighde ar thosaíochtaí beartais an Aontais.

Réimsí idirghabhála: an bonn eolais le haghaidh ceapadh beartais a neartú; dúshláin dhomhanda (an tsláinte; an cultúr, an chruthaitheacht agus an tsochaí chuimsitheach; slándáil shibhialta don tsochaí; cúrsaí digiteacha, an tionscal agus an spás; an aeráid, fuinneamh agus an tsoghluaisteacht; bia, an bithgheilleagar, acmhainní nádúrtha, an talmhaíocht agus an comhshaol); nuálaíocht, forbairt eacnamaíoch, agus iomaíochas; barr feabhais eolaíoch; forbairt chríochach agus tacaíocht do Bhallstáit agus do réigiúin

(3) Colún III "Eoraip na Nuálaíochta"

Leis an gcolún seo, i gcomhréir le hAirteagal 4, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas, déanfar gach cineál nuálaíochta a chothú, lena n-áirítear nuálaíocht neamhtheicneolaíoch, go príomha in FBManna lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, tríd an bhforbairt theicneolaíoch, an taispeáint agus aistriú eolais a éascú, agus neartófar cur chun úsáide réiteach nuálach. Rannchuideofar leis freisin le cuspóirí sonracha eile an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3. Déanfar EIC a chur chun feidhme trí dhá ionstraim go príomha, an Treo-aimsitheoir, arna chur chun feidhme go príomha trí thaighde comhoibritheach, agus an Luasaire.

(a) EIC: ag díriú go príomha ar nuálaíocht atá ceannródaíoch agus suaiteach, spriocdhírithe go háirithe ar nuálaíocht lena gcruthaítear margaí agus, ag an am céanna, ag tacú le gach cineál nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht chéimneach.

Réimsí idirghabhála: Treo-aimsitheoir i leith ardtaighde, ag tacú le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn anois agus a bheidh ag teacht chun cinn amach anseo, ar teicneolaíochtaí ceannródaíocha, teicneolaíochtaí lena gcruthaítear margaí agus/nó teicneolaíochtaí doimhne iad; an Luasaire, ag dúnadh bhearna an mhaoinithe idir céimeanna déanacha ghníomhaíochtaí T&N agus an glacadh ar an margadh, nuálaíocht cheannródaíoch lena gcruthaítear margaí a chur chun úsáide go héifeachtach agus cuideachtaí a uas-scálú i gcásanna nach soláthraíonn an margadh maoiniú inmharthana; gníomhaíochtaí breise EIC, amhail duaiseanna agus comhaltachtaí, agus seirbhísí breisluacha gnó.

(b) Éiceachórais nuálaíochta na hEorpa

Réimsí idirghabhála: gníomhaíochtaí lena n-áirítear go háirithe nascadh, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le EIT, le gníomhaithe nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha agus ag tacú le Ballstáit, réigiúin agus tíortha comhlachaithe chun cláir nuálaíochta chomhpháirteacha thrasteorann a chur chun feidhme, ó mhalartú cleachtas agus eolais i ndáil le rialáil na nuálaíochta go scileanna boga a fheabhsú i ndáil le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht oscailte nó nuálaíocht úsáideoir-stiúrtha, chun borradh a chur faoi éifeachtacht an chórais nuálaíochta Eorpaigh. Ba cheart é sin a chur chun feidhme i sineirge le, i measc nithe eile, tacaíocht ó CFRE d'éiceachórais nuálaíochta agus do chomhpháirtíochtaí idir-réigiúnacha i dtaca le speisialtóireacht chliste.

(c) An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

Réimsí idirghabhála (a shainítear in Iarscríbhinn II): éiceachórais nuálaíochta inbhuanaithe ar fud na hEorpa; scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear acmhainneachtaí na n-institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa a mhéadú; réitigh nua don mhargadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda; sineirgí agus breisluach laistigh den Chlár.

(4) An Chuid "Rannpháirtíocht a Fhairsingiú agus LTE a Neartú"

Trí na gníomhaíochtaí seo a leanas, leis an gcuid seo, saothrófar na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointe (d) d'Airteagal 3(2). Rannchuideofar léi freisin le cuspóirí sonracha eile an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3. Agus é mar fhothaca leis an gClár ar fad, leis an gcuid seo, tacófar le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le daoine tréitheacha a mhealladh, cúrsaíocht daoine oilte a chothú agus imirce daoine oilte a chosc, agus gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le hEoraip a bheidh níos eolasbhunaithe agus níos nuálaí, agus cothrom ó thaobh inscne de, a bheidh ar thús cadhnaíochta san iomaíochas domhanda, agus an comhar trasnáisiúnta á chothú agus, ar an gcaoi sin, láidreachtaí agus poitéinseal náisiúnta á n-optamú san Eoraip trí chéile in LET a bheidh ag feidhmiú go maith, limistéar ina mbeidh eolas agus lucht saothair ardoilte ag gluaiseacht thart faoi shaoirse ar bhealach cothrom, ina mbeidh tuiscint agus iontaoibh ag saoránaigh eolasacha as na torthaí ó T&N, torthaí a bheidh á scaipeadh go forleathan agus a rachadh chun tairbhe don tsochaí ina hiomláine, agus ina mbeidh beartas an Aontais, go háirithe beartas T&N, bunaithe ar fhianaise eolaíoch ardchaighdeáin.

Leis an gCuid seo, tacófar freisin le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar cháilíocht na dtograí a thagann ó eintitis dhlítheanacha ó thíortha ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N, amhail seiceálacha proifisiúnta réamhthogra agus comhairle phroifisiúnta réamhthogra, agus borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí na bPointí Teagmhála Náisiúnta chun tacú le líonrú idirnáisiúnta, chomh maith le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh tacú le heintitis dhlítheanacha ó thíortha ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhoibríocha atá roghnaithe cheana, ar tionscadail iad nach bhfuil eintitis dhlítheanacha ó thíortha den sórt sin rannpháirteach iontu.

Réimsí idirghabhála: rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a leathadh, lena n-áirítear trí theacht le chéile i bhfoirne, nascadh, Cathaoirligh LET, Comhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST), tionscnaimh barr feabhais agus gníomhaíochtaí chun cúrsaíocht daoine oilte a chothú; córas T&N na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú, lena n-áirítear, mar shampla trí thacú le hathchóiriú a dhéanamh ar bheartas náisiúnta maidir le T&N, gairmeacha beatha tarraingteacha a sholáthar, agus tacú le heolaíocht inscne agus eolaíocht na saoránach.

*IARSCRÍBHINN II*

**AN INSTITIÚID EORPACH UM NUÁLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT (EIT)**

Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí EIT:

(1) An Réasúnaíocht

Mar a luaitear go soiléir sa Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil maidir leis an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag T&N an Aontais (Grúpa Ardleibhéil Lamy), is é an bealach chun tosaigh "oideachas a chur ar dhaoine don todhchaí agus infheistiú sna daoine a chuirfidh an t-athrú i gcrích". Go háirithe, iarrtar ar institiúidí ardoideachais Eorpacha an fhiontraíocht a spreagadh, teorainneacha disciplíneacha a bhaint as a chéile agus comhar láidir idirdhisciplíneach idir an earnáil acadúil agus an earnáil thionsclaíoch a bhuanú. De réir suirbhéanna a rinneadh le déanaí, is é an rochtain ar dhaoine tréitheacha an fachtóir is tábhachtaí ar fad a bhfuil tionchar aige ar an rogha a dhéanfaidh fiontraithe gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha maidir le suíomh dá ngnó. Tá an t-oideachas fiontraíochta, deiseanna oiliúna agus forbairt scileanna cruthaitheacha ríthábhachtach chun nuálaithe na todhchaí a chothú agus chun cumas na nuálaithe atá ann cheana a fhorbairt chun go mbeidh na gnólachtaí atá acu níos rathúla fós. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh rochtain ar dhaoine tréitheacha fiontraíocha, mar aon le rochtain ar sheirbhísí gairmiúla, ar chaipiteal agus ar mhargaí ar leibhéal an Aontais, agus go dtabharfar gníomhaithe ábhartha na nuálaíochta le chéile faoi chuimsiú cuspóir comhchoiteann chun go bhféadfar éiceachóras nuálaíochta a chothú. Is gá iarrachtaí ar fud an Aontais a chomhordú chun mais chriticiúil de chnuasaigh agus d'éiceachórais fiontraíochta idirnasctha ar fud an Aontais a chruthú.

Is é EIT an t-éiceachóras comhtháite nuálaíochta is mó atá ann san Eoraip inniu, lena dtugtar comhpháirtithe le chéile ón réimse gnó, taighde, oideachais agus ó réimsí eile. Leanann EIT de thacaíocht a thabhairt dá chuid PENanna, ar Comhpháirtíochtaí Eorpacha ar mhórscála iad a thugann aghaidh ar dhúshláin shonracha dhomhanda, agus déanfaidh siad na héiceachórais nuálaíochta timpeall orthu a neartú. Déanann sé é sin trí chomhtháthú an oideachais a chothú, T&N den chaighdeán is airde a cothú, agus, ar an gcaoi sin, timpeallachtaí a chruthú a chabhróidh leis an nuálaíocht, agus trí ghlúin nua fiontraithe a chur chun cinn agus tacú leo agus trí chruthú cuideachtaí nuálacha i ndlúthshineirgí agus i gcomhlántacht le EIC a spreagadh.

Ní mór iarrachtaí a dhéanamh go fóill, ar fud na hEorpa, chun éiceachórais a fhorbairt lenar féidir le taighdeoirí, nuálaithe, tionscail agus rialtais idirghníomhú le chéile go héasca. Go deimhin, ní bhíonn éiceachórais na nuálaíochta ag feidhmiú go héifeachtach go fóill mar gheall ar roinnt cúiseanna amhail an méid seo a leanas:

(a) cuirtear bac ar ghníomhaithe na nuálaíochta go fóill a bheith ag idirghníomhú le chéile mar go bhfuil bacainní eagrúcháin, rialála agus cultúir rompu;

(b) sna hiarrachtaí chun éiceachórais na nuálaíochta a neartú, bainfear tairbhe as comhordú agus fócas soiléir ar chuspóirí sonracha agus ar thionchar sonrach.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin amach anseo, chun teacht i dtír ar na deiseanna a bheidh ann mar thoradh ar theicneolaíochtaí nua agus chun rannchuidiú le fás eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, poist, iomaíochas agus dea-bhail shaoránaigh na hEorpa, is gá acmhainneacht na hEorpa chun bheith i mbun nuálaíochta a neartú tuilleadh tríd an méid seo a leanas: timpeallachtaí atá ann cheana atá fabhrach don chomhar agus don nuálaíocht a neartú agus timpeallachtaí nua den chineál sin a chothú; cumas nuálaíochta na hearnála acadúla agus earnáil an taighde a neartú; tacú le glúin nua fiontraithe; cruthú agus forbairt fiontar nuálach a spreagadh, mar aon le hinfheictheacht agus aitheantas ghníomhaíochtaí T&N arna gcistiú ag an Aontas a neartú, go háirithe cistiú EIT don phobal i gcoitinne.

Mar gheall ar chineál agus ar scála na ndúshlán nuálaíochta, is gá idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaithe agus acmhainní a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais trí chomhar trasteorann a chothú. Is gá fáil réidh leis na bacainní idir disciplíní agus feadh na slabhraí luacha agus cruthú timpeallachta fabhraí a chothú ina ndéanfar eolas agus saineolas a mhalartú go héifeachtach, agus ina ndéanfar daoine tréitheacha fiontraíocha a fhorbairt agus fiontraithe a mhealladh. Áiritheofar le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht ó EIT go mbeidh comhréireacht ann le dúshláin an Chláir, mar aon le comhlántacht le EIC.

(2) Réimsí Idirghabhála

2.1. Éiceachórais nuálaíochta inbhuanaithe ar fud na hEorpa

I gcomhréir le Rialachán EIT agus an Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht ó EIT, tá ról treisithe ag EIT in éiceachórais nuálaíochta inbhuanaithe atá dírithe ar dhúshláin a neartú ar fud na hEorpa. Go háirithe, leanann EIT de bheith ag feidhmiú go príomha trína chuid PENanna, trí na Comhpháirtíochtaí Eorpacha ar mhórscála lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha shonracha. Leanann sé de bheith ag neartú éiceachórais nuálaíochta thart timpeall orthu trí iad a chur ar fáil agus trí lánpháirtiú an taighde, na nuálaíochta agus an oideachais a chothú. Lena chois sin, neartaíonn EIT éiceachórais nuálaíochta ar fud na hEorpa trína Scéim Nuálaíochta Réigiúnach (RIS) a leathnú. Oibreoidh EIT i gcomhar le héiceachórais nuálaíochta ina léirítear ardphoitéinseal nuálaíochta atá bunaithe ar straitéis, ailíniú téamach agus tionchar atá beartaithe, i ndlúthshineirge le straitéisí agus Ardáin um speisialtóireacht chliste:

Imlínte

(a) chun éifeachtacht PENanna atá ann cheana agus a n-oscailteacht i leith comhpháirtithe nua a neartú, lena gcumasófar an t-aistriú chuig féin-inbhuanaitheacht san fhadtéarma agus lena ndéanfar anailísiú ar an ngá atá le PENanna nua a bhunú chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda. Sainítear na réimsí téamacha sonracha sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht ó EIT, agus an phleanáil straitéiseach á cur san áireamh;

(b) chun dlús a chur faoi réigiúin dul i dtreo barr feabhais sna tíortha dá dtagraítear sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht ó EIT i ndlúthchomhair le cistí struchtúracha agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais i gcás inarb iomchuí.

2.2. Scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear acmhainneachtaí na n-institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa a mhéadú

Neartaítear gníomhaíochtaí oideachais EIT chun an nuálaíocht agus an fhionraíocht a chothú trí oideachas agus oiliúint dhiongbháilte. Tá fócas níos láidre ar fhorbairt an chaipitil dhaonna bunaithe ar chláir oideachais de chuid PENanna EIT atá ann cheana a leathnú d'fhonn leanúint de bheith ag cur ar fáil curaclaim ardchaighdeáin atá bunaithe ar an nuálaíocht agus ar an bhfiontraíocht i gcomhréir go háirithe le straitéis an Aontais um an tionscal agus le stráitéis an Aontais um scileanna do mhic léinn agus do lucht gairme. Féadfar a áireamh orthu na taighdeoirí agus nuálaithe dá dtugtar tacaíocht le codanna eile den Chlár, go háirithe le MSCAnna. Tacaíonn EIT le nuachóiriú a dhéanamh ar institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa freisin agus iad a lánpháirtiú in éiceachórais nuálaíochta trína bpoitéinseal agus a gcumas fiontraíochta a chothú agus a mhéadú agus iad a spreagadh le riar níos fearr ar riachtanais scileanna nua roimh ré;

Imlínte

(a) curaclaim nuálacha a fhorbairt, lena gcuirfear san áireamh riachtanais na sochaí agus an tionscail amach anseo, agus cláir thrasearnálacha a fhorbairt atá le tairiscint do mhic léinn, fiontraithe agus lucht gairme ar fud na hEorpa agus lasmuigh di ina gcomhcheanglófar saineolas earnála sonraí le scileanna atá dírithe ar an nuálaíocht agus scileanna fiontraíochta, amhail scileanna ardteicneolaíochta a bhaineann le heochair-theicneolaíochtaí cumasúcháin digiteacha agus inbhuanaithe;

(b) branda EIT a neartú agus a leathnú chun feabhas a chur ar infheictheacht agus aitheantas chláir oideachais EIT atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí idir institiúidí ardoideachais éagsúla, ionaid taighde éagsúla agus comhlachtaí taighde éagsúla agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar cháilíocht EIT ina iomláine trí churaclaim, agus oideachas fiontraíochta diongbháilte a bhfuil cuspóir leis, mar aon le soghluaisteacht idirnáisiúnta, idir-eagraíochtaí agus idir-earnálacha, a chur ar fáil ina bhfoghlaimeofar ábhar an churaclaim trí chleachtadh a dhéanamh;

(c) cumas nuálaíochta agus fiontraíochta earnáil an ardoideachais a fhorbairt, trí ghiaráil agus cur chun cinn a dhéanamh ar shaineolas phobal EIT chun oideachas, taighde agus gnó a nascadh le chéile;

(d) ról phobal Alumni EIT a neartú ina eiseamláir do mhic léinn nua agus ina ionstraim láidir chun an tionchar a bheidh ag EIT a léiriú.

2.3. Réitigh nua don mhargadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda

Le EIT, déantar fiontraithe, nuálaithe, taighdeoirí, oideoirí, mic léinn agus gníomhaithe eile nuálaíochta a éascú, a chumhachtú agus a dhámhachtain, agus príomhshruthú inscne á áirithiú ag an am céanna, ionas go mbeidh siad in ann obair i gcomhar le chéile i bhfoirne trasdisciplíneacha chun smaointe a ghiniúint agus déanfar iad a chlaochlú ina nuálaíocht incriminteach agus shuaiteach araon. Is iad príomhghnéithe na ngníomhaíochtaí an nuálaíocht oscailte agus an cur chuige trasteorann, lena ndíreofar ar ghníomhaíochtaí ábhartha Thriantán an Eolais a chur san áireamh atá an-tábhachtach le go mbeidh rath orthu (amhail gur féidir le tionscnóirí tionscadal feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar chéimithe atá cáilithe in ábhair shonracha, úsáideoirí tosaigh, gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil smaointe nuálacha acu, gnólachtaí nach gnólachtaí intíre iad a bhfuil sócmhainní comhlántacha acu etc.);

Imlínte

(a) tacú le táirgí, seirbhísí agus deiseanna margaidh nua a fhorbairt lena mbíonn gníomhaithe Thriantán an Eolais ag obair i gcomhar le chéile chun réitigh a fháil ar dhúshláin dhomhanda;

(b) slabhra luacha na nuálaíochta ar fad a chomhtháthú go hiomlán: ó mhac léinn go fiontraí, ó smaoineamh go táirgeadh, ón tsaotharlann go dtí an custaiméir. Áirítear air sin tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis;

(c) seirbhísí agus tacaíocht ardleibhéil a sholáthar do ghnólachtaí nuálacha, lena n-áirítear cúnamh teicniúil a thabhairt ar mhaithe le táirgí agus seirbhísí a mhionchoigeartú, meantóireacht shubstainteach, tacaíocht chun custaiméirí spriocdhírithe a áirithiú agus caipiteal a thógáil, chun go mbeidh rochtain gan mhoill acu ar an margadh agus chun go gcuirfear dlús faoina bpróiseas fáis.

2.4. Sineirgí agus breisluach laistigh den Chlár

Cuireann EIT dlús lena iarrachtaí chun leas a bhaint as na sineirgí agus na comhlántachtaí idir PENanna atá ann cheana agus le gníomhaithe agus tionscnaimh éagsúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda agus leathnóidh sé an líonra eagraíochtaí dlúthchomhair atá aige ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil araon, agus dúbláil á seachaint aige ag an am céanna.

Imlínte

(a) dlúthchomhar le EIC agus Clár InvestEU maidir le cuíchóiriú a dhéanamh ar an tacaíocht (eadhon cistiú agus seirbhísí) a thairgtear d'fhiontair nuálacha sna céimeanna nuathionscanta agus uas-scálaithe araon, go háirithe trí PENanna;

(b) gníomhaíochtaí EIT a phleanáil agus a chur chun feidhme chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as sineirgí agus comhlántachtaí le codanna eile den Chlár;

(c) dul i dteagmháil le Ballstáit, ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon, lena rachfar i mbun idirphlé struchtúrtha agus lena ndéanfar iarrachtaí a chomhordú chun sineirgí le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha a chumasú, lena n-áirítear straitéisí um speisialtóireacht chliste, agus trí chur chun feidhme "éiceachórais nuálaíochta na hEorpa" a bhreithniú freisin, chun dea-chleachtais agus dea-fhoghlaim a shainaithint, a chomhroinnt agus a scaipeadh;

(d) cleachtais agus foghlaim nuálacha a chomhroinnt agus a scaipeadh ar fud na hEorpa agus níos faide anonn, ionas go rannchuideofar le beartas nuálaíochta san Eoraip i gcomhar le codanna eile den Chlár;

(e) ionchur a thabhairt faoi phléití ar bheartais nuálaíochta agus rannchuidiú le tosaíochtaí bheartais an Aontais a dhearadh agus a chur chun feidhme trína bheith ag obair go leanúnach le seirbhísí ábhartha uile an Choimisiúin, le cláir eile de chuid an Aontais agus lena ngeallsealbhóirí, agus deiseanna a iniúchadh tuilleadh i dtionscnaimh cur chun feidhme beartais;

(f) sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais a shaothrú, lena n-áirítear na cláir sin ina dtacaítear le forbairt caipitil dhaonna agus nuálaíochta (amhail COST, CSE+, CFRE, Erasmus +, Eoraip na Cruthaitheachta agus COSME Plus/Margadh Aonair, Clár InvestEU);

(g) comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chruthú le príomhghníomhaithe nuálaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus tacaíocht do PENanna chun comhoibriú agus naisc le príomh-chomhpháirtithe Thriantán an Eolais ó thríú tíortha a fhorbairt, arb é is aidhm dóibh margaí nua a oscailt do réitigh de bhun PENanna mar aon le maoiniú agus daoine tréitheacha a mhealladh ó thar lear. Cuirfear rannpháirtíocht tríú tíortha chun cinn maidir le prionsabail na cómhalartachta agus na dtairbhí frithpháirteacha.

*IARSCRÍBHINN III*

**COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ EORPACHA**

Déanfar Comhpháirtíochtaí Eorpacha a roghnú agus a chur chun feidhme, a chéimniú amach nó a athnuachan, nó déanfar faireachán nó meastóireacht orthu, ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

1. Roghnú:

A léiriú go bhfuil an Chomhpháirtíocht Eorpach níos éifeachtaí ó thaobh cuspóirí gaolmhara an Chláir a bhaint amach trí rannpháirtíocht agus tiomantas na gcomhpháirtithe, go háirithe maidir le tionchair shoiléire a ghnóthú don Aontas agus dá shaoránaigh, go háirithe i bhfianaise na dúshláin dhomhanda agus cuspóirí T&N a ghnóthú, iomaíochas agus inbhuanaitheacht an Aontais a chinntiú agus rannchuidiú le neartú LET agus, i gcás inarb ábhartha, le tiomantais idirnáisiúnta;

I gcás Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 185 CFAE, tá rannpháirtíocht 40 % de Bhallstáit ar a laghad éigeantach;

(a) leanúnachas agus sineirgí na Comhpháirtíochta Eorpaí laistigh de chreat T&N an Aontais, agus rialacha an Chláir á leanúint a mhéid is féidir;

(b) trédhearcacht agus oscailteacht na Comhpháirtíochta Eorpaí i ndáil le tosaíochtaí agus cuspóirí a shainaithint maidir le torthaí agus tionchar a bhfuiltear ag súil leo agus maidir le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe agus na ngeallsealbhóirí feadh an tslabhra luacha ina iomláine, ó earnálacha, cúlraí agus disciplíní éagsúla, lena n-áirítear cinn idirnáisiúnta nuair is ábhartha agus gan cur isteach ar an iomaíochas Eorpach; socruithe soiléire maidir le rannpháirtíocht FBManna a chur chun cinn agus maidir le torthaí a scaipeadh agus a shaothrú, go háirithe ag FBManna, lena n-áirítear trí eagraíochtaí idirmheánacha;

(c) léiriú *ex ante* ar bhreisíocht agus treoíocht na Comhpháirtíochta Eorpaí, lena n-áirítear fís straitéiseach chomhchoiteann de chuspóir na Comhpháirtíochta Eorpaí. Áirítear na nithe seo a leanas, go háirithe, san fhís sin:

   (i) an méid atá le baint amach, torthaí agus tionchair a bhfuiltear ag súil leo agus atá intomhaiste a shainaithint laistigh d'amchláir shonracha, lena n-áirítear luach bunúsach eacnamaíoch agus/nó sóisialta don Aontas;

   (ii) éifeachtaí giarála cáilíochtúla agus cainníochtúla suntasacha a bhfuiltear ag súil leo a thaispeáint, lena n-áirítear modh lena ndéanfaí eochairtháscairí feidhmíochta a thomhas;

   (iii) cuir chuige chun solúbthacht an chur chun feidhme a áirithiú agus chun coigeartú a dhéanamh má athraíonn riachtanais bheartais, shochaíocha agus/nó an mhargaidh, nó má dhéantar dul chun cinn ó thaobh na heolaíochta, chun comhleanúnachas beartais a mhéadú idir an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais;

   (iv) straitéisí scoir agus bearta don chéimniú amach ón gClár;

(d) léiriú *ex ante* ar thiomantas fadtéarmach na gcomhpháirtithe, lena n-áirítear sciar íosta infheistíochtaí poiblí agus/nó príobháideacha;

I gcás Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe, a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 185 nó 187 CFAE, is ionann na ranníocaíochtaí airgeadais agus/nó na ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhpháirtithe seachas an tAontas agus 50 %, ar a laghad, de ghealltanais bhuiséadacha chomhiomlánaithe na Comhpháirtíochta Eorpaí agus féadfaidh siad a bheith chomh hard le 75 %. I gcás gach Comhpháirtíochta Eorpaí Institiúidithe den sórt sin, beidh sciar den rannchuidiú ó chomhpháirtithe eile seachas an tAontas i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais. I gcás comhpháirtithe eile seachas an tAontas agus stáit rannpháirteacha, ba cheart ranníocaíochtaí airgeadais a bheith dírithe go príomha ar chostais riaracháin, mar aon le comhordú agus tacaíocht agus gníomhaíochtaí neamhiomaíocha eile, a chumhdach.

2. Cur chun feidhme:

(a) cur chuige córasach lena n-áirithítear go mbeidh na Ballstáit páirteach go gníomhach agus go luath agus go mbainfear amach tionchair na Comhpháirtíochta Eorpaí a bhfuiltear ag súil leo trí chur chun feidhme solúbtha gníomhaíocht chomhpháirteach a bhfuil breisluach ard Aontais ag gabháil leo agus a rachaidh thar ghlaonna comhpháirteacha ar thograí le haghaidh ghníomhaíochtaí T&N freisin, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an nglacadh atá ag an margadh leo, le glacadh rialála nó le glacadh beartais;

(b) bearta iomchuí lena n-áirithítear oscailteacht leanúnach an tionscnaimh agus trédhearcacht le linn an chur chun feidhme, go háirithe le haghaidh socrú tosaíochtaí agus le haghaidh rannpháirtíocht i nglaonna ar thograí, faisnéis ar fheidhmiú an rialachais, infheictheacht an Aontais, bearta cumarsáide agus for-rochtana, scaipeadh agus saothrú torthaí, lena n-áirítear straitéis shoiléir i dtaca le rochtain oscailte/úsáideoirí feadh an tslabhra breisluacha; bearta iomchuí chun FBManna a chur ar an eolas agus chun a rannpháirtíocht a chur chun cinn;

(c) gníomhaíochtaí comhordúcháin nó gníomhaíochtaí comhpháirteacha le tionscnaimh T&N ábhartha eile chun barrleibhéal na n-idirnasc agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú, i measc nithe eile, chun bacainní cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta a shárú agus cost-éifeachtúlacht a mhéadú;

(d) gealltanais, i dtaca le ranníocaíochtaí airgeadais agus/nó ranníocaíochtaí comhchineáil, ó gach comhpháirtí i gcomhréir le forálacha náisiúnta le linn ré an tionscnaimh;

(e) i gcás gach Comhpháirtíochta Eorpaí Institiúidithe, rochtain ag an gCoimisiún ar na torthaí agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le gníomhaíochtaí chun na críche beartais nó cláir an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu.

3. Faireachán:

(a) córas faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 50 chun an dul chun cinn i dtreo cuspóirí beartais, bunspriocanna agus eochairtháscairí feidhmíochta sonracha a rianú, a fhágann gur féidir measúnú a dhéanamh thar thréimhse ama ar an méid a baineadh amach, ar thionchair agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le bearta ceartaitheacha;

(b) tuairisciú tréimhsiúil tiomnaithe ar éifeachtaí giarála cáilíochtúla agus cainníochtúla, lena n-áirítear maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil a ghealltar agus a sholáthraítear go hiarmhír, infheictheacht agus suí sa chomhthéacs idirnáisiúnta, an tionchar ar rioscaí ó thaobh T&N de a bhaineann le hinfheistíochtaí na hearnála príobháidí;

(c) faisnéis mhionsonraithe ar an bpróiseas meastóireachta agus torthaí ó gach glao ar thograí laistigh de Chomhpháirtíochtaí Eorpacha, atá le cur ar fáil ar bhealach tráthúil inrochtana i ríomhbhunachar sonraí comhchoiteann.

4. Meastóireacht, céimniú amach agus athnuachan:

(a) meastóireacht ar na tionchair arna mbaint amach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i ndáil leis na spriocanna sainithe agus eochairtháscairí feidhmíochta sainithe, a úsáidfear sa mheastóireacht ar an gClár a leagtar amach in Airteagal 52, lena n-áirítear measúnú ar an modh idirghabhála ó thaobh beartais de is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomhaíocht amach anseo; agus an áit a bheidh ag aon athnuachan féideartha ar Chomhpháirtíocht Eorpach i gcreat foriomlán na gComhpháirtíochtaí Eorpacha agus a thosaíochtaí beartais;

(b) in éagmais athnuachana, bearta iomchuí lena n-áiritheofar go ndéanfar cistiú an Chláir a chéimniú amach de réir na gcoinníollacha agus an amchláir arna gcomhaontú ex ante leis na comhpháirtithe a thug gealltanas dlíthiúil, gan dochar do chistiú leanúnach trasnáisiúnta a d'fhéadfadh teacht ó chláir eile náisiúnta nó de chuid an Aontais, agus gan dochar don infheistíocht phríobháideach agus tionscadail leanúnacha.

*IARSCRÍBHINN IV*

**SINEIRGÍ LE CLÁIR EILE DE CHUID AN AONTAIS**

Is ar chomhlántacht idir ceapadh agus cuspóirí clár agus ar chomhoiriúnacht na rialacha agus na bpróiseas airgeadais ar leibhéal an chur chun feidhme a bhíonn sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais bunaithe.

Ní bhainfear úsáid as cistiú ón gClár ach amháin chun gníomhaíochtaí T&N a mhaoiniú. Áiritheofar le próiseas na pleanála straitéisí go ndéanfar na tosaíochtaí do chláir éagsúla de chuid an Aontais a ailíniú agus go mbeidh roghanna cistiúcháin comhleanúnacha ann ag céimeanna éagsúla den timthriall T&N. Bainfidh misin agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha, i measc nithe eile, tairbhe as sineirgí le cláir agus beartais eile de chuid an Aontais.

Déanfar cur chun úsáide torthaí taighde agus réitigh nuálacha arna bhforbairt faoin gClár Réime a éascú le tacaíocht ó chláir eile de chuid an Aontais, go háirithe trí straitéisí leata agus saothraithe, aistriú eolais, foinsí cistiúcháin chomhlántaigh charnaigh, agus bearta beartais a ghabhann leo. Bainfidh cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí T&N leas as rialacha comhchuibhithe a cheaptar chun breisluach Aontais a áirithiú, forluí le cláir éagsúla an Aontais a sheachaint agus chun an éifeachtúlacht agus an simpliú riaracháin is mó is féidir a bhaint amach.

Leagtar amach sna míreanna thíos, tuilleadh sonraí conas a bheidh feidhm ag na sineirgí sin idir an Clár Réime agus na cláir éagsúla de chuid an Aontais.

1. Le sineirgí leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) faoin gComhbheartas talmhaíochta (CBT), áireofar an méid seo a leanas:

   (a) go ndéanfar riachtanais T&N na hearnála talmhaíochta agus na limistéar tuaithe san Aontas a shainaithint, mar shampla, laistigh den Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta "Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta" agus go gcuirfear san áireamh iad i bpleanáil straitéiseach an Chláir agus sna cláir oibre araon;

   (b) go mbainfidh CBT an úsáid is fearr as torthaí T&N agus go gcuirfidh sé úsáid, cur chun feidhme agus cur chun úsáide réiteach nuálach chun cinn, lena n-áirítear iad sin a thagann as tionscadail a chistítear leis na cláir réime le haghaidh T&N agus as an gComhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta "Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta" agus as PENanna ábhartha de chuid EIT;

   (c) go dtacaíonn CETFT le glacadh agus leathadh eolais agus réiteach a eascraíonn as torthaí an Chláir a mbeidh earnáil feirmeoireachta níos dinimiciúla agus deiseanna nua i dtaca le forbairt na gceantar tuaithe ann dá mbarr.

2. Le sineirgí leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), áireofar an méid seo a leanas:

   (a) go mbeidh dlúthnasc idir an Clár agus CEMID, toisc go ndéantar riachtanais T&N an Aontais i réimse an bheartais mara agus an bheartais mhuirí chomhtháite a chur san áireamh trí phróiseas pleanála straitéisí an Chláir;

   (b) go dtacóidh CEMID le soláthar céimneach teicneolaíochtaí úra agus táirgí, próiseas agus seirbhísí nuálacha, go háirithe iad siúd a thagann ón gClár i réimse an bheartais mara agus i réimse an bheartais mhuirí chomhtháite; go gcuirfidh CEMID bailiú, próiseáil agus faireachán sonraí ar an láthair chun cinn freisin, agus go ndéanfaidh sé gníomhaíochtaí ábhartha a dtacaítear leo faoin gClár a leathadh, rud a rannchuideoidh ina dhiaidh sin leis an gComhbheartas Iascaigh, le Beartas Muirí Comhtháite an Aontais, le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan a chur chun feidhme agus le gealltanais idirnáisiúnta.

3. Le sineirgí le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), áireofar an méid seo a leanas:

   (a) agus é d'aidhm acu LET a neartú agus rannchuidiú leis na SFInna, go dtacóidh socruithe le haghaidh cistiú malartach, carnach ó CFRE agus ón gClár le gníomhaíochtaí a dhúnann an bhearna, go háirithe, idir straitéisí um speisialtóireacht chliste agus barr feabhais in T&N, lena n-áirítear cláir chomhpháirteacha thrasréigiúnacha/thrasnáisiúnta agus Bonneagair Thaighde uile-Eorpacha,;

   (b) go ndíreoidh CFRE, i measc nithe eile, ar éiceachórais agus líonraí T&N réigiúnacha agus áitiúla a fhorbairt agus a neartú agus ar an gclaochlú tionsclaíoch, lena n-áirítear tacú le fothú acmhainneachtaí T&N, le glacadh torthaí agus le soláthar céimneach teicneolaíochtaí úra agus réiteach nuálach atá neamhdhíobhálach don aeráid ó na cláir réime le haghaidh T&N trí CFRE.

4. Le sineirgí le Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), áireofar an méid seo a leanas:

(a) trí chláir náisiúnta nó réigiúnacha, gur féidir le CSE+ curaclaim nuálacha a dtacaíonn an Clár leo a phríomhshruthú agus a mhéadú ó thaobh scála, chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá d'éilimh an mhargaidh saothair a bhíonn ag síorathrú a thabhairt do dhaoine;

(b) gur féidir na socruithe don chistiú malartach, comhcheangailte ó CSE+ a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí an Chláir lena gcuirtear forbairt an chaipitil dhaonna in T&N chun cinn, d'fhonn LET a neartú;

(c) go ndéanfaidh CSE+ teicneolaíochtaí nuálacha agus samhlacha nua gnó agus réitigh nua tráchtála, go háirithe iad siúd a thagann as an gClár, a phríomhshruthú, ionas go rannchuideofar le córais sláinte nuálacha, éifeachtúla agus inbhuanaithe agus chun gur fusa do shaoránaigh Eorpacha cúram sláinte níos fearr agus níos sábháilte a rochtain.

5. Le sineirgí le clár EU4Health, áireofar an méid seo leanas:

(a) go ndéanfar riachtanais T&N an Aontais i réimse na sláinte a shainaithint agus a shuíomh trí phleanáil straitéiseach an Chláir;

(b) go rannchuideofar, le clár EU4Health, lena áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as torthaí taighde, go háirithe iad siúd a thagann as an gClár.

6. Le sineirgí leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), áireofar an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar riachtanais T&N i réimse an iompair, i réimse an fhuinnimh agus san earnáil dhigiteach laistigh den Aontas a shainaithint agus a shuíomh trí phleanáil straitéiseach an Chláir;

(b) go dtacóidh SCE le soláthar céimneach ar mhórscála na dteicneolaíochtaí agus na réiteach nuálach nua agus iad a chur chun úsáide i réimse an iompair, i réimse an fhuinnimh agus sna bonneagair fhisiciúla dhigiteacha, go háirithe iad siúd a thagann as na cláir réime le haghaidh T&N;

(c) go ndéanfar malartú faisnéise agus sonraí idir an Clár Réime agus tionscadail SCE a éascú, go háirithe trí bhéim a leagan ar theicneolaíochtaí ón gClár Réime a bhfuil leibhéal ard ullmhachta don mhargadh ag baint leo a d'fhéadfaí a chur chun úsáide a thuilleadh trí SCE.

7. Le sineirgí leis an gClár don Eoraip Dhigiteach (CED), áireofar an méid seo a leanas:

(a) cé go dtagann roinnt réimsí téamacha a dtugtar aghaidh orthu leis an gClár agus le CED le chéile, go mbeidh na cineálacha gníomhaíochtaí atá le maoiniú, a dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo agus a loighic idirghabhála, éagsúil agus comhlántach;

(b) go ndéanfar riachtanais T&N a bhaineann le gnéithe digiteacha an Chláir a shainaithint agus a shuíomh trína phleanáil straitéiseach; áirítear leis sin, mar shampla, T&N le haghaidh na ríomhaireachta ardfheidhmíochta, na hintleachta saorga, na cibearshlándála, teicneolaíochtaí mórleabhair dáilte, teicneolaíochtaí candamacha lena gcomhcheanglaítear an ghné dhigiteach le teicneolaíochtaí cumasúcháin eile agus nuálaíochtaí neamhtheicneolaíocha; tacú le huas-scálú cuideachtaí trí nuálaíochtaí ceannródaíocha a thabhairt isteach (go leor acu a mbíonn teicneolaíochtaí digiteacha agus fisiciúla á gcur le chéile iontu); agus tacú le bonneagair thaighde dhigiteacha;

(c) go ndíreofar, le CED, ar acmhainneacht agus bonneagar digiteach ar mórscála a fhothú sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta, san intleacht shaorga, sa chibearshlándáil, i dteicneolaíochtaí mórleabhair dáilte, i dteicneolaíochtaí candamacha agus in ardscileanna digiteacha ionas go mbeidh glacadh agus cur chun úsáide forleathan ann ar fud an Aontais i dtaca le réitigh dhigiteacha nuálacha bharrthábhachtacha, atá ann cheana nó a ndearnadh tástáil orthu, laistigh de chreat de chuid an Aontais i réimsí a bhaineann le leas an phobail (amhail sláinte, riarachán poiblí, an ceartas agus an t-oideachas) nó cliseadh margaidh (amhail digitiú gnólachtaí, go háirithe FBManna); go gcuirfear CED chun feidhme go príomha trí infheistíochtaí comhordaithe agus straitéiseacha leis na Ballstáit, go háirithe trí sholáthar poiblí comhpháirteach, in acmhainní digiteacha atá le roinnt ar fud an Aontais agus i ngníomhaíochtaí uile-Aontais lena dtacaítear le hidir-inoibritheacht agus le caighdeánú mar chuid den phróiseas chun Margadh Aonair Digiteach a fhorbairt;

(d) go gcuirfear acmhainní agus bonneagair CED ar fáil do lucht T&N, lena n-áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gClár lena n-áirítear tástáil, turgnamhaíocht agus taispeántas thar gach earnáil agus disciplín;

(e) go ndéanfar teicneolaíochtaí digiteacha úra arna bhforbairt tríd an gClár a ghlacadh agus a chur chun úsáide le CED de réir a chéile;

(f) na tionscnaimh faoin gClár le haghaidh forbairt curaclam scileanna agus inniúlachtaí, lena n-áirítear iad sin arna soláthar in PENanna ábhartha EIT, go ndéanfar iad a chomhlánú le fothú acmhainneachta in ardscileanna digiteacha le tacaíocht ó CED;

(g) go bhfuil sásraí comhordaithe i gcomhair clársceidealú straitéiseach, nósanna imeachta oibriúcháin agus struchtúir rialachais ann don dá chlár.

8. Le sineirgí le Clár an Mhargaidh Aonair, áireofar an méid seo a leanas:

(a) go rachaidh Clár an Mhargaidh Aonair i ngleic le haon chliseadh margaidh a imríonn tionchar ar FBManna agus go gcuirfidh sé fiontraíocht agus cruthú agus fás cuideachtaí chun cinn, agus go mbeidh comhleanúnachas ann idir Clár an Mhargaidh Aonair agus gníomhaíochtaí EIT agus EIC araon le haghaidh cuideachtaí nuálacha, agus i réimse na seirbhísí tacaíochta le haghaidh FBManna chomh maith, go háirithe i gcásanna nach gcuireann an margadh maoiniú inmharthana ar fáil;

(b) go bhfeidhmeoidh an Líonra Fiontar Eorpach, de bhreis ar struchtúir tacaíochta eile do FBManna (e.g. Pointí Teagmhála Náisiúnta, Gníomhaireachtaí Nuálaíochta, Moil Nuálaíochta Digití, Lárionaid Inniúlachta, gorlanna), chun seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil faoin gClár, lena n-áirítear EIC.

9. Le sineirgí leis an gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), áireofar an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar riachtanais T&N chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil, aeráide agus fuinnimh laistigh den Aontas a shainaithint agus a shuíomh trí phleanáil straitéiseach an Chláir;

(b) leanfaidh clár LIFE de bheith ag gníomhú mar chatalaíoch chun reachtaíocht agus beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus le gnéithe áirithe fuinnimh a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí bhíthin glacadh torthaí taighde agus nuálaíochta ón gClár agus cuidiú iad a chur chun úsáide ar scála náisiúnta agus (idir)réigiúnach áit a bhféadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil, aeráide agus aistrithe fuinnimh. Go háirithe, leanfaidh LIFE de shineirgí leis an gClár a dhreasú trí bhónas a dhámhachtain le linn na meastóireachta ar thograí ar gné díobh úsáid a bhaint as na torthaí ón gClár;

(c) tacóidh tionscadail gníomhaíochtaí caighdeánacha LIFE le teicneolaíochtaí nó modheolaíochtaí oiriúnacha a fhorbairt, a thástáil nó a thaispeáint chun beartas comhshaoil agus aeráide an Aontais a chur chun feidhme, ar féidir iad a chur chun úsáide ar mhórscála ina dhiaidh sin, arna gcistiú ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ón gClár. Is féidir le EIT an Chláir, chomh maith le EIC, tacaíocht a sholáthar chun tráchtálú a dhéanamh ar smaointe nua ceannródaíocha a d'fhéadfadh a bheith ina dtoradh ar chur chun feidhme thionscadail LIFE, agus chun na smaointe sin a mhéadú ó thaobh scála de.

10. Le sineirgí le Erasmus+, áireofar an méid seo leanas:

(a) go mbainfear úsáid as acmhainní comhcheangailte ón gClár, lena n-áirítear ó EIT, agus ó Erasmus+ chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú atá tiomnaithe d'institiúidí ardoideachais Eorpacha a neartú, a nuachóiriú agus a athrú ó bhonn. I gcás inarb iomchuí, déanann an Clár comhlánú ar thacaíocht Erasmus+ do Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, ina ghné thaighde, mar chuid d'fhorbairt straitéisí nua comhpháirteacha lánpháirtithe inbhuanaithe fadtéarmacha i leith oideachais, T&N atá bunaithe ar chineálacha trasdisciplíneacha trasearnálacha chun triantán an eolais a chruthú. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí EIT comhlánú a dhéanamh ar na straitéisí atá le cur chun feidhme ag Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha;

(b) go gcothóidh an Clár agus Erasmus+ comhtháthú an oideachais agus an taighde trí chuidiú le hinstitiúidí ardoideachais straitéisí agus líonraí coiteanna oideachais T&N a cheapadh agus a chur ar bun, trí chórais oideachais, múinteoirí agus oiliúnóirí a chur ar an eolas faoi na torthaí agus cleachtais is déanaí maidir leis an taighde agus maidir le taithí ghníomhach taighde a chur ar fáil do gach mac léinn agus gach ball foirne ardoideachais, go háirithe taighdeoirí, agus chun tacú le gníomhaíochtaí eile lena ndéantar an t-ardoideachas agus T&N a chomhtháthú.

11. Le sineirgí le Clár Spáis an Aontais, áireofar an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar riachtanais T&N Chlár Spáis an Aontais agus iadsan atá ag an earnáil réamhtheachtach agus iartheachtach spáis laistigh den Aontas a shainaithint agus a shuíomh mar chuid de phleanáil straitéiseach an Chláir; na gníomhaíochtaí taighde spáis arna gcur chun feidhme tríd an gClár, déantar iad a chur chun feidhme agus aird á tabhairt ar sholáthar agus incháilitheacht eintiteas dlítheanach i gcomhréir le Clár Spáis an Aontais, i gcás inarb iomchuí;

(b) go n-úsáidfear na sonraí agus seirbhísí spáis a chuirtear ar fáil mar earraí poiblí faoi Chlár Spáis an Aontais chun réitigh cheannródaíocha a fhorbairt trí T&N, lena n-áirítear sa Chlár, go háirithe maidir le hinbhuanaitheacht bia agus acmhainní nádúrtha, faireachán ar an aeráid, an t-atmaisféar, an ithir, an timpeallacht mhuirí agus chósta, cathracha cliste, soghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe, an tslándáil agus bainistiú tubaistí;

(c) go rannchuideoidh Seirbhísí um Rochtain ar Shonraí agus ar Fhaisnéis Copernicus le NEEO agus go ndéanfaidh siad rochtain taighdeoirí, eolaithe agus nuálaithe ar shonraí Copernicus a éascú dá bharr; tá bonneagair thaighde, go háirithe líonraí breathnóireachta *in situ*, ina ngnéithe ríthábhachtacha den bhonneagar breathnóireachta *in situ* lena gcumasaítear seirbhísí Copernicus, agus baineann siad tairbhe ina dhiaidh sin as an bhfaisnéis arna giniúint ag seirbhísí Copernicus.

12. Le sineirgí leis an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), áireofar an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar riachtanais T&N i réimse NDICI agus i réimse IPA III a shainaithint trí phleanáil straitéiseach an Chláir, i gcomhréir leis na SFInna;

(b) go ndéanfar, le gníomhaíochtaí T&N an Chláir, agus le rannpháirtíocht tríú tíortha agus le gníomhaíochtaí spriocdhírithe comhair idirnáisiúnta, ailíniú agus comhleanúnachas a lorg le gníomhaíochtaí comhthreomhara i dtaca le dul i bhfód ar an margadh agus fothú acmhainneachta faoi NDICI agus IPA III, bunaithe ar shainiú comhpháirteach ar riachtanais agus ar réimsí idirghabhála.

13. Le sineirgí leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus leis an ionstraim um bainistiú teorainneacha mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, áireofar an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar riachtanais T&N i réimse na slándála agus i réimse an bhainistithe chomhtháite teorainneacha a shainaithint agus a shuíomh trí phleanáil straitéiseach an Chláir;

(b) go dtacóidh an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha le teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha úra a chur chun úsáide, go háirithe iad siúd a thagann as na cláir réime le haghaidh T&N i réimse an taighde slándála.

14. Le sineirgí le Clár InvestEU, áireofar an méid seo a leanas:

(a) leis an gClár, go soláthrófar maoiniú measctha faoi Fís 2020 agus maoiniú measctha faoi EIC le haghaidh nuálaithe, arb é leibhéal ard riosca is saintréith dó agus nach gcuireann an margadh maoiniú inmharthana inbhuanaithe ábhartha ar fáil ina leith; san am céanna, leis an gClár, tugtar tacaíocht chun an chuid phríobháideach den mhaoiniú measctha a sholáthar agus a bhainistiú go héifeachtach trí chistí agus idirghabhálaithe a fhaigheann tacaíocht ó Chlár InvestEU agus ó rudaí eile;

(b) go ndéanfar ionstraimí airgeadais do T&N agus do FBManna a ghrúpáil le chéile faoi Chlár InvestEU, go háirithe trí ghné téamach T&N tiomnaithe, agus trí tháirgí arna gcur chun úsáide faoin ngné i ndáil le FBManna, rud a chuideodh le cuspóirí an dá chlár a bhaint amach chomh maith le naisc chomhlántacha láidre a bhunú idir an dá chlár;

(c) go dtabharfar tacaíocht iomchuí, faoin gClár, chun cabhrú le treo nua a thabhairt do thionscadail atá iontaofa ó thaobh brabúis de, ar cinn iad nach bhfuil oiriúnach do chistiú EIC, i dtreo Chlár InvestEU, i gcás inarb ábhartha.

15. Le sineirgí leis an gCiste Nuálaíochta faoin Scéim Trádála Astaíochtaí ("an Ciste Nuálaíochta"), áiritheofar an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfaidh an Ciste Nuálaíochta nuálaíocht a dhíriú go sonrach i dteicneolaíochtaí agus i bpróisis ísealcharbóin, lena n-áirítear gabháil agus úsáid charbóin atá sábháilte don chomhshaol agus a rannchuidíonn go suntasach le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú, chomh maith le táirgí a úsáidtear in ionad cinn atá dian ó thaobh úsáid carbóin de, agus le cabhrú chun spreagadh a thabhairt le tionscadail a thógáil agus a oibriú arb é is aidhm dóibh CO2 a ghabháil agus a stóráil go geolaíoch ar dhóigh atá sábháilte don chomhshaol, agus spreagadh a thabhairt freisin do theicneolaíochtaí nuálacha a bhaineann le fuinnimh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, agus chun táirgí "níos glaise" a chumasú agus a dhreasú;

(b) go dtabharfaidh an Clár cistiú chun teicneolaíochtaí a fhorbairt agus a chur os comhair an phobail, lena n-áirítear réitigh cheannródaíocha, ar teicneolaíochtaí iad a bheidh in ann cuspóirí an Aontais maidir le haeráidneodracht, fuinneamh agus claochlú tionsclaíoch a bhaint amach, go háirithe trí ghníomhaíochtaí Cholún II agus Cholún III an Chláir;

(c) go bhféadfaidh an Ciste Nuálaíochta, ar choinníoll go ndéanfar a chritéir roghnúcháin agus dhámhachtana a chomhlíonadh, tacú le céim taispeána tionscadal incháilithe a bhféadfadh tacaíocht a bheith faighte acu ón gClár, agus go mbunófar naisc chomhlántacha láidre idir an dá chlár.

16 Le sineirgí leis an Sásra um Aistriú Cóir, áireofar an méid seo leanas:

(a) go sainaithneofar riachtanais T&N trí phleanáil straitéiseach an Chláir chun tacú le haistriú cóir cothrom i dtreo na haeráidneodrachta;

(b) go ndéanfar glacadh agus cur chun úsáide réiteach nuálach atá neamhdhíobhálach don aeráid, go háirithe iad siúd a thagann as an gClár, a chur chun cinn.

17. Le sineirgí le Clár Taighde agus Oiliúna Euratom, áireofar an méid seo a leanas:

(a) go bhforbróidh an Clár agus Clár Taighde agus Oiliúna Euratom gníomhaíochtaí cuimsitheacha lena dtacaítear le hoideachas agus oiliúint (lena n-áirítear MSCAnna) agus é mar aidhm leo scileanna ábhartha a choimeád ar an leibhéal reatha agus a fhorbairt san Eoraip;

(b) go bhforbrófar leis an gClár agus le Clár Taighde agus Oiliúna Euratom gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde a bheidh dírithe ar ghnéithe cothrománacha den úsáid shlán shábháilte a bhaintear as feidhmeanna neamhchumhachta na radaíochta ianúcháin in earnálacha amhail an leigheas, an tionscal, an talmhaíocht, an spás, an t-athrú aeráide, an tslándáil agus ullmhacht i gcás éigeandála agus rannchuidiú na heolaíochta núicléiche.

18. Le sineirgí féideartha leis an gCiste Eorpach Cosanta, rachfar chun tairbhe taighde sibhialta agus cosanta d'fhonn dúbláil gan ghá a sheachaint agus i gcomhréir le hAirteagal 5 agus le hAirteagal 7(1).

19. Cothófar sineirgí le Clár Eoraip na Cruthaitheachta trí riachtanais T&N i réimse na mbeartas cultúrtha agus cruthaitheach a shainaithint i bpleanáil straitéiseach an Chláir.

20. Le sineirgí leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, áiritheofar an méid seo a leanas:

(a) go sainaithneofar, trí phleanáil straitéiseach an Chláir, riachtanais T&N chun tacú le geilleagair agus sochaí na mBallstát a bheith níos athléimní agus níos ullmhaithe don todhchaí;

(b) go dtacófar le glacadh agus le cur chun úsáide réiteach nuálach, go háirithe iad siúd a thagann as an gClár.

*IARSCRÍBHINN V*

**EOCHAIRTHÁSCAIRÍ NA gCONAIRÍ TIONCHAIR**

Déanfaidh conairí tionchair, agus eochairtháscairí na gconairí tionchair gaolmhara, struchtúrú ar an bhfaireachán ar dhul chun cinn an Chláir i dtreo a chuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3. Beidh na conairí tionchair spleách ar an am agus léireoidh siad trí chatagóir chomhlántacha tionchair, catagóirí a léiríonn an nádúr neamhlíneach atá ag infheistíocht T&N: eolaíoch, sochaíoch agus teicneolaíoch nó eacnamaíoch. I gcás gach ceann de na catagóirí tionchair sin, úsáidtear táscairí ionadacha chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn, lena ndéanfar idirdhealú idir an gearrthéarma, an meántéarma agus téarmaí níos faide, lena n-áirítear thar ré an Chláir, le deiseanna miondealaithe, lena n-áirítear de réir Ballstáit agus tír chomlachaithe. Déanfar na táscairí sin a chur le chéile ag baint úsáid as modheolaíochtaí cainníochtúla agus cáilíochtúla. Rannchuidíonn codanna aonair den Chlár leis na táscairí sin ar leibhéal éagsúil agus trí mheicníochtaí éagsúla. Is féidir táscairí breise a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chodanna aonair den Chlár, i gcás inarb ábhartha.

Bailítear na micreashonraí ar a bhfuil eochairtháscairí na gconairí tionchair bunaithe le haghaidh gach coda den Chlár agus le haghaidh gach sásra seachadta ar dhóigh a bheidh bainistithe go lárnach agus comhchuibhithe agus ar an leibhéal iomchuí gráinneachta, a fhágfaidh go mbeidh an t-ualach tuairiscithe ar na tairbhithe chomh beag agus is féidir.

Sa bhreis air sin agus thar eochairtháscairí na gconairí tionchair, mar chuid de na sonraí cur chun feidhme agus bainistithe, dá dtagraítear in Airteagal 50, déantar na sonraí maidir le seachadadh an Chláir chun LET a neartú, lena ndéantar na rannpháirtíochtaí barrfheabhas-bhunaithe ó na Ballstáit go léir sa Chlár a chothú agus naisc chomhoibríocha a éascú maidir le T&N na hEorpa a bhailiú agus a thuairisciú gar le fíor-am. Áirítear leis sin faireachán ar naisc chomhoibríocha, ar anailís líonra, ar shonraí maidir le tograí, iarratais, rannpháirtíochtaí, tionscadail, iarratasóirí agus rannpháirtithe (lena n-áirítear sonraí ar chineál na heagraíochta, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, FBManna agus an earnáil phríobháideach), tír (amhail aicmiú sonrach le haghaidh grúpaí tíortha amhail Ballstáit, tíortha comhlachaithe agus tríú tíortha), inscne, ról sa tionscadal, disciplín nó earnáil eolaíoch, lena n-áirítear SSH), agus faireachán ar leibhéal an phríomhshruthaithe aeráide agus méid an chaiteachais a bhaineann leis an aeráid.

Táscairí na gconairí tionchair eolaíocha

Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar eolaíoch ag an gClár trí eolas nua ardchaighdeáin a chruthú, caipiteal daonna in T&N a neartú, agus scaipeadh eolais agus na heolaíochta oscailte a chothú. Déantar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo an tionchair sin le táscairí ionadacha a shocrófar feadh na dtrí eochairchonair tionchair seo a leanas:

*Tábla 1*

| I dtreo tionchar eolaíoch | Gearrthéarmach | Meántéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|---|
| Eolas nua ardchaighdeáin a chruthú | Foilseacháin -<br>Líon na bhfoilseachán eolaíochta a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu a thagann as an gClár | Luanna -<br>Innéacs na Luanna Ualaithe de réir Réimse do na foilseacháin a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu a thagann as an gClár | Eolaíocht den chéad scoth -<br>Líon agus sciar na bhfoilseachán a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu as thagann as na tionscadail arna gcistiú ag an gClár a rannchuidíonn ar leibhéal bunúsach le réimsí eolaíochta |
| Caipiteal daonna in T&N a neartú | Scileanna -<br>Líon na dtaighdeoirí atá páirteach i ngníomhaíochtaí uas-scilithe (oiliúint, meantóireacht/cóitseáil, soghluaisteacht agus rochtain ar bhonneagair T&N) i dtionscadail arna gcistiú ag an gClár | Gairmeacha -<br>Líon agus sciar na dtaighdeoirí uas-scilithe atá páirteach sa Chlár a imríonn níos mó tionchair aonair ina réimse T&N | Dálaí oibre -<br>Líon agus sciar na dtaighdeoirí uas-scilithe atá páirteach sa Chlár a bhfuil dálaí oibre feabhsaithe acu, lena n-áirítear tuarastail na dtaighdeoirí |

| I dtreo tionchar eolaíoch | Gearrthéarmach | Meántéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|---|
| Scaipeadh eolais agus na heolaíochta oscailte a chothú | Eolas comhroinnte - An sciar d'aschuir thaighde (sonraí oscailte/foilseacháin/bogearraí etc.) a thagann as an gClár arna gcomhroinnt faoi bhonneagair um eolas oscailte | Scaipeadh eolais - An sciar d'aschuir thaighde faoi rochtain oscailte a thagann as an gClár arna n-úsáid go gníomhach/arna lua | Comhoibriú nua - An sciar de thairbhithe an Chláir a d'fhorbair comhoibriú nua trasdiciplíneach/ trasearnálach le húsáideoirí a n-aschuir thaighde faoi rochtain oscailte a thagann as an gClár |

Táscairí na gconairí tionchair shochaíoch

Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar sochaíoch ag an gClár trí aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus ar dhúshláin dhomhanda, lena n-áirítear SFInna na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir le prionsabail Chlár Oibre 2030 agus spriocanna Chomhaontú Pháras, trí T&N, tairbhí agus tionchar a sholáthar trí mhisin T&N agus trí na Comhpháirtíochtaí Eorpacha agus trí ghlacadh na nuálaíochta sa tsochaí a neartú, rud a rannchuideoidh, ar deireadh, le dea-bhail na ndaoine. Déantar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo an tionchair sin le táscairí ionadacha a shocrófar feadh na dtrí eochairchonair tionchair seo a leanas.

*Tábla 2*

| I dtreo tionchar sochaíoch | Gearrthéarmach | Meántéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|---|
| Aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus ar dhúshláin dhomhanda trí T&N | Torthaí - Líon agus sciar na dtorthaí arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus ar dhúshláin dhomhanda (lena n-áirítear SFInna) (ilghnéitheach: maidir le gach tosaíocht a sainaithníodh) Áirítear orthu sin: Líon agus sciar na dtorthaí a bhaineann leis an aeráid arb é is aidhm dóibh gealltanas an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh | Réitigh - Líon agus sciar na nuálaíochtaí agus an méid arna bhaint amach i gcás taighde lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí beartais an Aontais a sainaithníodh agus ar dhúshláin dhomhanda (lena n-áirítear SFInna) (ilghnéitheach: le haghaidh gach tosaíochta a sainaithníodh) Áirítear orthu sin: Líon agus sciar na nuálaíochtaí agus an méid arna bhaint amach i gcás taighde a bhaineann leis an aeráid lena ndéantar gealltanas an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh | Tairbhí - Éifeachtaí measta comhiomlána a thiocfaidh as úsáid/saothrú torthaí arna gcistiú ag an gClár maidir le dul i ngleic le tosaíochtaí beartais an Aontais arna sainaithint agus dúshláin dhomhanda (lena n-áirítear SFInna), lena n-áirítear rannchuidiú leis an timthriall déanta beartas agus dlíthe (amhail noirm agus caighdeáin) (ilghnéitheach: maidir le gach tosaíocht a sainaithníodh) Áirítear orthu sin: Éifeachtaí measta comhiomlána a thiocfaidh as úsáid/saothrú torthaí arna gcistiú ag an gClár a bhaineann leis an aeráid, maidir le gealltanas an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, lena n-áirítear rannchuidiú leis an timthriall déanta beartas agus dlíthe (amhail noirm agus caighdeáin) |
| Tairbhí agus tionchair a sholáthar trí mhisin T&N | Torthaí mhisin T&N - Torthaí i misin shonracha T&N (ilghnéitheach: maidir le gach misean a sainaithníodh) | An méid arna bhaint amach i gcás mhisin T&N - An méid arna bhaint amach i gcás mhisin shonracha T&N (ilghnéitheach: le haghaidh gach misin a sainaithníodh) | Spriocanna a baineadh amach i misin T&N - Spriocanna a baineadh amach i misin shonracha T&N (ilghnéitheach: le haghaidh gach misin a sainaithníodh) |

| I dtreo tionchar sochaíoch | Gearrthéarmach | Meántéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|---|
| Glacadh T&N sa tsochaí a neartú | Comhchruthú - Líon agus sciar na dtionscadal arna gcistiú ag an gClár ina rannchuidíonn saoránaigh den Aontas agus úsáideoirí deiridh le hábhar T&N a chomhchruthú | Rannpháirteachas - Líon agus sciar na n-eintiteas dlítheanach rannpháirteach a bhfuil sásraí rannpháirteachas maidir le saoránaigh agus úsáideoirí deiridh acu tar éis tionscadail arna gcistiú ag na Cláir teacht chun deiridh | Glacadh T&N sa tsochaí Glacadh agus for-rochtain na dtorthaí eolaíochtaí agus réiteach nuálach arna gcomhchruthú a ghintear faoin gClár |

Táscairí na gconairí tionchair theicneolaíoch agus eacnamaíoch

Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar teicneolaíoch agus eacnamaíoch ag an gClár go háirithe laistigh den Aontas trí thionchar a imirt ar chruthú agus fás cuideachtaí, go háirithe FBManna lena n-airítear gnólachtaí nuathionscanta, rud a chruthófar fostaíocht dhíreach agus indíreach go háirithe laistigh den Aontas, agus trí ghiaráil ar infheistíochtaí do T&N. Déantar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo an tionchair sin le táscairí ionadacha a shocrófar feadh na dtrí eochairchonair tionchair seo a leanas.

*Tábla 3*

| I dtreo tionchar teicneolaíoch / eacnamaíoch | Gearrthéarmach | Meántéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|---|
| Fás atá bunaithe ar nuálaíocht a ghiniúint | Torthaí nuálacha – Líon na dtáirgí nuálacha, na bpróiseas nuálach nó na modhanna nuálacha a thagann as an gClár (de réir cineál nuálaíochta) & feidhmeanna ó thaobh Cearta Maoine Intleachtúla (CMInna) | Nuálaíochtaí – Líon na nuálaíochtaí a thagann as na tionscadail arna gcistiú ag an gClár (de réir cineál nuálaíochta) lena n-áirítear cinn ó CMInna a dámhadh | Fás eacnamaíoch – Cruthú, fás agus sciartha margaidh cuideachtaí a ndearnadh nuálaíochtaí a fhorbairt sa Chlár |
| Tuilleadh post agus poist níos fearr a chruthú | Fostaíocht ar tacaíodh léi – Líon na bpost de choibhéis lánaimseartha (FTE) arna chruthú, agus líon na bpost arna choimeád in eintitis dhlítheanacha rannpháirteacha don tionscadal arna chistiú ag an gClár (de réir cineál poist) | Fostaíocht arna coinneáil ar bun – An méadú ar phoist FTE in eintitis dhlítheanacha rannpháirteacha tar éis an tionscadail arna chistiú ag an gClár (de réir cineál poist) | Fostaíocht iomlán – Líon na bpost díreach agus indíreach arna chruthú nó arna choinneáil ar bun de thoradh ar thorthaí ón gClár a scaipeadh (de réir cineál poist) |
| Giaráil ar infheistíochtaí in T&N | Comhinfheistíocht – Méid na hinfheistíochta poiblí agus príobháidí arna shlógadh a bhuí leis an infheistíocht tosaigh ón gClár | Uas-scálú – Méid na hinfheistíochta poiblí agus príobháidí arna shlógadh chun torthaí ón gClár a shaothrú nó a uas-scálú (lena n-áirítear infheistíocht dhíreach choigríche) | Rannchuidiú le "sprioc 3 %" – Dul chun cinn an Aontais i dtreo na sprice 3 % de OTI de bharr an Chláir |

*IARSCRÍBHINN VI*

**RÉIMSÍ LE hAGHAIDH MISIN FHÉIDEARTHA AGUS RÉIMSÍ LE hAGHAIDH COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ EORPACHA INSTITIÚIDITHE FÉIDEARTHA ATÁ LE BUNÚ FAOI AIRTEAGAL 185 NÓ 187 CFAE**

I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 12 den Rialachán seo, leagtar amach san Iarscríbhinn seo na réimsí le haghaidh misin fhéideartha agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha féideartha atá le bunú faoi Airteagal 185 nó 187 CFAE.

I. Réimsí le haghaidh misin fhéideartha

— Réimse Misin 1: Oiriúnú don Athrú Aeráide, lena n-áirítear Claochlú Sochaíoch

— Réimse Misin 2: Ailse

— Réimse Misin 3: Aigéin, Farraigí, Uiscí Cósta agus Uiscí Intíre Sláintiúla;

— Réimse Misin 4: Cathracha atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de agus Cathracha Cliste

— Réimse Misin 5: Sláinte na hIthreach agus Bia

Leanann gach misean na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 8(4) den Rialachán seo.

II. Réimsí le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe féideartha ar bhonn Airteagal 185 nó 187 CFAE

— Réimse Comhpháirtíochta 1: Forbairt níos gasta ar nuálaíochtaí sláinte agus úsáid níos sábháilte díobh d'othair Eorpacha, agus an tsláinte dhomhanda

— Réimse Comhpháirtíochta 2: Dul chun cinn a dhéanamh maidir le heochair-theicneolaíochtaí digiteacha agus cumasúcháin agus a n-úsáid, lena n-áirítear theicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga, an fhótónaic agus teicneolaíochtaí candamacha ach gan a bheith teoranta dóibh.

— Réimse Comhpháirtíochta 3: Ceannaireacht Eorpach i Méadreolaíocht lena n-áirítear córas Méadreolaíochta comhtháite.

— Réimse Comhpháirtíochta 4: Dlús a chur le hiomaíochas, sábháilteacht agus feidhmíocht chomhshaoil i dtaca le haertrácht, eitlíocht agus iarnróid an Aontais.

— Réimse Comhpháirtíochta 5: Réitigh bhithbhunaithe atá inbhuanaithe, cuimsitheach agus ciorclach.

— Réimse Comhpháirtíochta 6: Teicneolaíochtaí stórála hidrigine agus fuinnimh inbhuanaithe a bhfuil lorg comhshaoil níos lú agus táirgeacht íseal-astaíochta acu.

— Réimse Comhpháirtíochta 7: Réitigh ar na héilimh shoghluaisteachta a bheidh ag daoine agus earraí amach anseo a bheidh glan, nasctha, comhoibríoch, uathrialaithe agus uathoibríoch.

— Réimse Comhpháirtíochta 8: FBManna atá nuálach agus dírithe ar T&F.

D'fhéadfadh togra reachtach i gcomhréir le ceart tionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh a bheith mar thoradh ar an bpróiseas chun an gá le Comhpháirtíocht Eorpach Institiúidithe a mheas i gceann amháin de na Réimsí Comhpháirtíochta thuasluaite. Seachas sin, is féidir leis an Réimse Comhpháirtíochta ábhartha a bheith faoi réir Comhpháirtíochta Eorpacha de bhun phointe (a) d'Airteagal 10(1) nó phointe (b) d'Airteagal 10(1) den Rialachán seo nó is féidir é a chur chun feidhme trí ghlaonna eile ar thograí laistigh den Chlár seo.

Toisc go bhfuil réimsí leathana de réir téama cumhdaithe sna réimsí féideartha le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúidithe, is féidir, bunaithe ar na riachtanais measúnaithe, le níos mó ná Comhpháirtíocht Eorpach amháin iad a chur chun feidhme.

# RIALACHÁN (AE) 2021/696 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 28 Aibreán 2021

## lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá teicneolaíocht spáis, sonraí spáis agus seirbhísí spáis éirithe chomh tábhachtach sin i saolta laethúla na nEorpach nárbh fhéidir leo déanamh dá n-uireasa agus tá ról sárthábhachtach acu i gcaomhnú cuid mhór leasanna straitéiseacha. Tá tionscal spáis an Aontais ar na tionscail spáis is iomaíche ar domhan. Mar sin féin, tá na samhlacha tionsclaíochta traidisiúnta á n-athrú ó bhonn de bharr teacht chun cinn gníomhaithe nua agus forbairt teicneolaíochtaí nua. Dá bhrí sin, ionas go leanfaidh an tAontas de bheith chun tosaigh i measc ghníomhaithe an domhain agus saoirse leitheadach gníomhaíochta aige i réimse an spáis, tá sé ríthábhachtach go spreagfadh sé dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus go dtacódh sé le hiomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta thionscail na hearnála spáis laistigh den Aontas, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí nuálacha.

(2) Ba cheart leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an spás maidir le slándáil an Aontais agus a Bhallstát, amhail dá dtagraítear go háirithe sa Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais ó Mheitheamh 2016, agus, ag an am céanna, cineál sibhialta Chlár Spáis an Aontais ("an Clár") á choimeád agus urraim á tabhairt do na forálacha féideartha neodrachta nó neamhailínithe a shonraítear i ndlí bunreachtúil na mBallstát. Go stairiúil, tá nasc ann idir forbairt earnáil an spáis agus an tslándáil. I gcuid mhór cásanna, is earraí dé-úsáide iad an trealamh, na comhpháirteanna agus na hionstraimí a úsáidtear in earnáil an spáis, chomh maith le sonraí agus seirbhísí spáis. Déantar beartas slándála agus cosanta an Aontais a chinneadh, áfach, faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, i gcomhréir le Teideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

(3) Tá a chuid tionscnamh agus clár spáis féin á bhforbairt ag an Aontas ó bhí deireadh na 1990aidí ann, eadhon Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) agus ansin Galileo agus Copernicus, tionscnaimh agus cláir a fhreagraíonn ar riachtanais shaoránaigh an Aontais agus ar cheanglais na mbeartas poiblí. Ba cheart leanúnachas na dtionscnamh agus na gclár sin a áirithiú agus ba cheart na seirbhísí a chuirtear ar fáil tríothu a fheabhsú, ionas go gcomhlíonfaidh siad riachtanais nua na n-úsáideoirí, go mbeidh siad fós ar thús cadhnaíochta i bhfianaise forbairt teicneolaíochta nua agus na gclaochluithe i réimsí na teicneolaíochta digití agus na faisnéise agus na cumarsáide, agus gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí polaitiúla amhail an t-athrú aeráide, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar athruithe sa réigiún polach, an t-iompar, an tslándáil agus an chosaint.

(4) Is gá sineirgíochtaí idir earnáil an iompair, earnáil an spáis agus an earnáil dhigiteach a shaothrú chun úsáid níos leithne na dteicneolaíochtaí nua a chothú, amhail eCall, tacagraf digiteach, faireachán agus bainistiú tráchta, tiomáint uathrialaitheach agus feithiclí gan foireann agus dróin, agus chun freagairt don riachtanas a bhaineann le nascacht atá slán agus gan uaim, le suí stóinsithe, le hidir-mhódúlacht agus le hidir-inoibritheacht. Le saothrú sineirgíochtaí den sórt sin, chuirfí feabhas ar iomaíochas na seirbhísí iompair agus an tionscail iompair.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 19 Aibreán 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

(5) Chun an leas is fearr a bhaint as an gClár, i ngach Ballstát agus ag a saoránaigh uile, tá sé ríthábhachtach freisin úsáid agus glacadh na sonraí, na faisnéise agus na seirbhísí a sholáthraítear a chur chun cinn, mar aon le tacú le forbairt feidhmeanna iartheachtacha bunaithe ar na sonraí, an fhaisnéis agus na seirbhísí sin. Chuige sin, d'fhéadfadh na Ballstáit, an Coimisiún agus na heintitis fhreagracha, ach go háirithe, feachtais faisnéise maidir le tairbhí an Chláir a reáchtáil go tráthrialta.

(6) Chun cuspóirí na saoirse gníomhaíochta, an neamhspleáchais agus na slándála a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain uathrialaitheach ag an Aontas ar an spás agus go mbeadh sé in ann é a úsáid go sábháilte. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go dtacódh an tAontas le rochtain uathrialaitheach, iontaofa agus chost-éifeachtach ar an spás, go háirithe ó thaobh an bhonneagair chriticiúil agus na teicneolaíochta criticiúla, na slándála poiblí agus shlándáil an Aontais agus a Bhallstát de. Ba cheart, dá bhrí sin, an deis a bheith ag an gCoimisiún seirbhísí lainseála a chomhthiomsú ar leibhéal na hEorpa, dá riachtanais féin agus, má iarrann siad é, do riachtanais eintiteas eile, lena n-áirítear na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 189(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Chun go leanfaidh sé de bheith iomaíoch i margadh atá ag forbairt go tapa, tá sé ríthábhachtach freisin go leanfadh an tAontas de rochtain a bheith aige ar shaoráidí bonneagair lainseála atá nua-aimseartha, éifeachtúil agus solúbtha, agus go mbainfeadh sé tairbhe as córais lainseála iomchuí. Dá bhrí sin, gan dochar do bhearta a rinne Ballstáit nó an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES), ba cheart don Chlár a bheith in ann tacú le hoiriúnuithe ar an mbonneagar spáis talún, lena n-áirítear forbairtí nua, a bhfuil gá leo le haghaidh chur chun feidhme an Chláir agus le hoiriúnuithe, lena n-áirítear forbairt teicneolaíochta, ar chórais lainseála spáis atá riachtanach le haghaidh satailítí a sheoladh, lena n-áirítear teicneolaíochtaí malartacha agus córais nuálacha, chun comhpháirteanna an Chláir a chur chun feidhme. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] ("an Rialachán Airgeadais") agus d'fhonn cost-éifeachtacht níos fearr a bhaint amach don Chlár. Ós rud é nach mbeidh aon bhuiséad tiomnaithe ann, níor cheart gur dochar na gníomhaíochtaí a dhéantar chun tacú le rochtain ar an spás do chur chun feidhme chomhpháirteanna an Chláir.

(7) Chun iomaíochas thionscal spáis an Aontais a neartú agus acmhainneacht a mhéadú i ndáil lena chuid córas féin a dhearadh, a thógáil agus a oibriú, ba cheart don Aontas tacú leis cruthú, fás agus forbairt an tionscail spáis ar fad. Ba cheart tacú le teacht chun cinn samhla, ar samhail í a bheidh fabhrach don ghnó agus don nuálaíocht, ar an leibhéal Eorpach, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta trí thionscnaimh amhail moil spáis lena dtugtar le chéile an earnáil spáis, an earnáil dhigiteach agus earnálacha eile, chomh maith le húsáideoirí. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na moil spáis sin fiontraíocht agus scileanna a chothú, agus sineirgíochtaí leis na moil dhigiteacha fiontraíochta á saothrú ag an am céanna. Ba cheart don Aontas cruthú agus leathnú cuideachtaí spáis atá lonnaithe san Aontas a chothú chun cuidiú leo a bheith rathúil, lena n-áirítear trí chuidiú leo rochtain a fháil ar mhaoiniú riosca i bhfianaise an easnaimh rochtana iomchuí laistigh den Aontas ar chothromas príobháideach le haghaidh gnólachtaí spáis nuathionscanta agus trí éileamh a chothú ar a dtugtar cur chuige an chéad chonartha.

(8) Go ginearálta, tá slabhra luacha an spáis deighilte idir gníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus gníomhachtaí iartheachtacha. Le gníomhaíochtaí réamhtheachtacha, cuimsítear gníomhaíochtaí a mbíonn córas spáis oibríochtúil mar thoradh orthu, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha, monaraíochta agus lainseála agus oibríochtaí córais den sórt sin. Le gníomhaíochtaí iartheachtacha, cuimsítear gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear seirbhísí a bhaineann leis an spás a sholáthar agus táirgí a sholáthar d'úsáideoirí. Is gné thábhachtach iad ardáin dhigiteacha freisin a thacaíonn le forbairt earnáil an spáis. Tugtar rochtain leo ar shonraí agus ar tháirgí chomh maith le rochtain ar bhoscaí uirlisí, ar stóráil agus ar áiseanna ríomhaireachta.

(9) I réimse an spáis, feidhmíonn an tAontas a inniúlachtaí i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CFAE. Ba cheart don Choimisiún comhchuibheas na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an Chláir a áirithiú.

(10) Cé go bhfuil traidisiún ag roinnt Ballstát ó thaobh tionscail ghníomhacha a bhaineann leis an spás, ba cheart aitheantas a thabhairt don ghá atá le tionscail aibí spáis a bhfuil a gcumais ag teacht chun cinn a fhorbairt sna Ballstáit agus don ghá atá le freagairt do na dúshláin atá roimh thionscail thraidisiúnta an spáis mar gheall ar an Spás Nua. Ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun acmhainneacht thionscal an spáis ar fud an Aontais a fhorbairt agus chun comhar a éascú ar fud thionscal an spáis atá gníomhach sna Ballstáit uile.

---

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(11) Ba cheart do ghníomhaíochtaí faoin gClár tógáil ar acmhainneachtaí náisiúnta agus Eorpacha, ar acmhainneachtaí iad atá ann nuair a dhéantar an ghníomhaíocht, agus ba cheart dóibh tairbhe a bhaint as na hacmhainneachtaí sin.

(12) De bharr an mhéid a chlúdaítear leis an gClár agus de bharr a acmhainneacht chun cuidiú le dúshláin dhomhanda a réiteach, tá gné láidir idirnáisiúnta ag gníomhaíochtaí spáis. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus le comhaontú uathu, d'fhéadfadh comhlachtaí ábhartha an Chláir a bheith rannpháirteach i gcúrsaí a bhaineann leis an gClár, i gcomhar idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh siad comhoibriú i gcomhlachtaí earnálacha ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe. Maidir le hábhair a bhaineann leis an gClár, d'fhéadfadh an Coimisiún comhordú a dhéanamh, thar ceann an Aontais agus ina réimse inniúlachta, ar na gníomhaíochtaí ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe chun leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chosaint i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimse na minicíochtaí maidir leis an gClár, gan dochar d'inniúlacht na mBallstát sa réimse sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go gcomhoibreodh an tAontas, agus ionadaíocht á déanamh ag an gCoimisiún thar a cheann, i gcomhlachtaí Chlár Idirnáisiúnta Cospas-Sarsat.

(13) Tá comhar idirnáisiúnta ríthábhachtach chun ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda in earnáil an spáis agus teicneolaíoch agus tionscal an Aontais a chur chun cinn, lena gcothaítear iomaíocht chóir ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cómhalartacht chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a áirithiú, agus le comhar i réimse na hoiliúna a spreagadh. Is gné ríthábhachtach den Straitéis Spáis don Eoraip, mar a leag an Coimisiún amach i dteachtaireacht uaidh an 26 Deireadh Fómhair 2016, é an comhar idirnáisiúnta. Ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an gClár chun rannchuidiú le hiarrachtaí idirnáisiúnta agus chun leas a bhaint astu trí thionscnaimh, chun teicneolaíocht agus tionscal na hEorpa a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, mar shampla idirphlé déthaobhach, ceardlanna tionscail agus tacaíocht d'idirnáisiúnú FBManna, agus chun rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta a éascú agus iomaíocht chóir a chothú, agus tionscnaimh taidhleoireachta eacnamaíocha á ngiaráil ag an am céanna. Ba cheart tionscnaimh Eorpacha taidhleoireachta spáis a bheith i gcomhchuibheas iomlán agus i gcomhlántacht iomlán leis na beartais, tosaíochtaí agus ionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana, agus, ag an am céanna, tá ról lárnach ag an Aontas, in éineacht leis na Ballstáit, fanacht ar thús cadhnaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta.

(14) Gan dochar d'inniúlacht na mBallstát, ba cheart don Choimisiún, in éineacht le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, iompraíocht fhreagrach sa spás a chur chun cinn agus an Clár á chur chun feidhme lena n-áirítear iomadú an smionagair spáis a laghdú. Chomh maith leis sin, ba cheart don Choimisiún an fhéidearthacht maidir le haontachas an Aontais le Conarthaí agus Coinbhinsiúin ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe a fhiosrú agus, más gá, moltaí iomchuí a dhéanamh.

(15) Tá cosúlacht idir cuspóirí an Chláir agus cuspóirí clár eile de chuid an Aontais, go háirithe Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), Clár InvestEU a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), an Ciste Eorpach Cosanta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus Cistí faoi Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosa ("Rialachán na bhForálacha Coiteanna"). Dá bhrí sin, ba cheart a fhoráil do chistiú carnach ó na cláir sin, ar choinníoll nach gcumhdaítear leo na míreanna costais céanna, go háirithe trí shocruithe le haghaidh cistiú comhlántach ó chláir de chuid an Aontais nuair a cheadaítear sin leis na módúlachtaí bainistíochta – bíodh sé de réir oird, ar bhealach malartach, nó le meascán cistí lena n-áirítear chun gníomhaíochtaí a chomhchistiú, lena gceadófaí, i gcás inar féidir, comhpháirtíochtaí nuálaíochta agus oibríochtaí measctha. Dá bhrí sin, le linn chur chun feidhme an Chláir, ba cheart don Choimisiún sineirgíochtaí a chur chun cinn le cláir agus ionstraimí airgeadais gaolmhara eile de chuid an Aontais sa chaoi gurbh fhéidir, i gcás inar féidir, úsáid a bhaint as rochtain ar mhaoiniú riosca, comhpháirtíochtaí nuálaíochta, agus cistiú carnach nó measctha. Chomh maith leis sin, ba cheart don Choimisiún sineirgíochtaí agus comhchuibheas a áirithiú idir na réitigh arna bhforbairt faoi na cláir sin, go háirithe Fís Eorpach, agus na réitigh arna bhforbairt faoin gClár.

([3]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach -– an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) 1291/2013 (féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

([4]) Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

([5]) Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (féach leathanach 149 den Iris Oifigiúil seo).

(16) I gcomhréir le hAirteagal 191(3) den Rialachán Airgeadais, níl na costais chéanna le maoiniú faoi dhó le buiséad an Aontais in imthosca ar bith.

(17) Tabharfaí aghaidh ar chuspóirí beartais an Chláir freisin mar réimsí incháilithe le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta trí ionstraimí airgeadais agus an ráthaíocht bhuiséadach ó Chlár InvestEU, go háirithe, faoina réimsí beartais um bonneagar inbhuanaithe agus taighde, nuálaíochta agus digitithe. Ba cheart tacaíocht airgeadais a úsáid chun dul i ngleic, ar bhealach comhréireach, le clistí margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamaí agus níor cheart, le gníomhaíochtaí, maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh. Ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith ag gníomhaíochtaí.

(18) Le comhchuibheas agus sineirgíochtaí idir Fís Eorpach agus an Clár, ba cheart earnáil spáis Eorpach nuálach agus iomaíoch a chothú, uathriail na hEorpa a threisiú maidir le rochtain ar an spás agus maidir le leas a bhaint as an spás i dtimpeallacht slán, sábháilte agus ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú. Dhéanfaí réitigh cheannródaíocha in Fís Eorpach a thacú le sonraí agus seirbhísí arna gcur ar fáil leis an gClár don phobal taighde agus nuálaíochta.

(19) Chun toradh socheacnamaíoch an Chláir a uasmhéadú, tá sé bunriachtanach córais úrscothacha a choinneáil ar siúl, iad a uasghrádú chun riachtanais athraitheacha úsáideoirí a chomhlíonadh, agus go ndéanfaí forbairtí nua in earnáil na bhfeidhmeanna spás-chumasaithe iartheachtacha. Ba cheart don Aontas tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt taighde agus teicneolaíochta, nó le luathchéimeanna na héabhlóide a bhaineann leis na bonneagair arna mbunú faoin gClár, mar aon leis na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a bhaineann le feidhmeanna agus seirbhísí atá bunaithe ar na córais arna mbunú faoin gClár, lena spreagfaí, sa chaoi sin, gníomhaíochtaí eacnamaíocha réamhtheachtacha agus iartheachtacha. Is é Fís Eorpach an ionstraim iomchuí ar leibhéal an Aontais chun na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sin a mhaoiniú. Ba cheart, áfach, cuid an-sonrach de ghníomhaíochtaí forbartha a mhaoiniú ón mbuiséad a leithdháiltear ar chomhpháirteanna Galileo agus EGNOS faoin Rialachán seo, go háirithe i gcás ina mbíonn baint ag gníomhaíochtaí den sórt sin le heilimintí bunúsacha amhail slis-seiteanna agus glacadóirí atá cumasaithe do Galileo, rud a éascódh forbairt feidhmeanna thar earnálacha difriúla den gheilleagar. Dá ainneoin sin, níor cheart imscaradh ná saothrú na mbonneagar arna mbunú faoin gClár a chur i mbaol le maoiniú den sórt sin.

(20) Chun iomaíochas thionscal spáis na hEorpa a áirithiú amach anseo, ba cheart don Chlár tacú le forbairt ardscileanna i réimsí a bhaineann leis an spás agus tacú le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, agus comhionannas deiseanna á chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, chun acmhainneacht iomlán shaoránaigh an Aontais sa réimse sin a bhaint amach.

(21) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh taighde agus nuálaíochta le haghaidh bonneagar tiomnaithe don Chlár, agus d'fhéadfadh tacaíocht a thabhairt dó sin faoi Fís Eorpach, ag díriú ar comhchuibheas le gníomhaíochtaí a dhéanann GES sa réimse sin. Leis na sineirgíochtaí le Fís Eorpach, ba cheart a áirithiú go sainaithneofar riachtanais taighde agus nuálaíochta na hearnála spáis agus go mbunófar iad mar chuid den phróiseas pleanála taighde agus nuálaíochta. Na sonraí agus seirbhísí spáis a chuirtear ar fáil saor in aisce faoin gClár, bhainfí úsáid astu chun réitigh cheannródaíocha a fhorbairt trí thaighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear in Fís Eorpach, mar thacaíocht do thosaíochtaí beartais an Aontais. Leis an bpróiseas pleanála straitéisí faoi Fís Eorpach, shainaithneofaí gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar cheart úsáid a bhaint as bonneagair ar leis an Aontas iad amhail Galileo, EGNOS agus Copernicus lena n-aghaidh. Bheadh bonneagair thaighde, go háirithe líonraí breathnóireachta *in situ*, ina n-eilimintí ríthábhachtacha den bhonneagar breathnóireachta *in situ* lena ndéantar Seirbhísí Copernicus a chumasú.

(22) Na sócmhainní uile idir nithiúil agus neamhnithiúil a cruthaíodh nó a forbraíodh le soláthar poiblí arna mhaoiniú ag an Aontas mar chuid den Chlár, tá sé tábhachtach go mbeadh úinéireacht ag an Aontas orthu. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán aon chearta bunúsacha a bhaineann le húinéireacht, ba cheart na socruithe riachtanacha a dhéanamh le haon úinéir atá ann cheana. Níor cheart gur dochar úinéireacht den sórt sin a bheadh ag an Aontas don deis a bheith ag an Aontas, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcás ina measfar gurb iomchuí sin ar bhonn measúnú de réir an cháis, na sócmhainní sin a chur ar fáil do thríú páirtithe nó iad a dhiúscairt.

(23) Chun go spreagfar an úsáid is leitheadaí is féidir a baint as na seirbhísí arna gcur ar fáil ag an gClár, b'fhiú a áitiú go gcuirtear sonraí, faisnéis agus seirbhísí ar fáil gan ráthaíocht, ach é sin gan dochar d'oibleagáidí arna bhforchur le forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí.

(24) Ba cheart don Choimisiún, agus cúraimí áirithe dá chuid ar de chineál neamhrialála iad á ndéanamh aige, i gcás inar gá agus a mhéid is gá, a bheith in ann dul i muinín cúnamh teicniúil ó pháirtithe seachtracha áirithe. Ba cheart d'eintitis eile a bhfuil baint acu le rialachas poiblí an Chláir a bheith in ann úsáid a bhaint as an gcúnamh teicniúil céanna freisin agus iad ag déanamh na gcúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo.

(25) Leagtar síos sa Rialachán seo imchlúdach airgeadais le haghaidh ré iomlán an Chláir, arb é a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([6]), do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(26) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([7]) a chur chun feidhme agus an gealltanas maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart, leis na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo, rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú agus leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach go gcaithfí 30 %, ar a laghad, de chaiteachas buiséid an Aontais mar thacaíocht do chuspóirí aeráide. Ba cheart gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus ba cheart athmheasúnú a dhéanamh orthu mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. Oibreoidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhar le chéile maidir le modheolaíocht éifeachtach, thrédhearcach agus chuimsitheach, a leagfaidh an Coimisiún amach, chun measúnú a dhéanamh ar an gcaiteachas faoi gach clár den chreat airgeadais ilbhliantúil ar chuspóirí bithéagsúlachta, agus aird á tabhairt ar na forluí atá ann faoi láthair idir cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta.

(27) Ba cheart ioncam a ghinfidh comhpháirteanna an Chláir fabhrú chuig an Aontas chun go gcúiteofar go páirteach na hinfheistíochtaí atá déanta aige cheana, agus ba cheart an t-ioncam sin a úsáid chun tacú le saothrú chuspóirí an Chláir. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann foráil a dhéanamh maidir le sásra comhroinnte ioncaim i gconarthaí arna ndéanamh le heintitis san earnáil phríobháideach.

(28) Tá feidhm ag an Rialachán Airgeadais maidir leis an gClár. Leis an Rialachán Airgeadais, leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus aisíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtracha.

(29) Ós rud é, i bprionsabal, gurb é an tAontas a mhaoiníonn an Clár, conarthaí soláthair arna ndéanamh faoin gClár le haghaidh gníomhaireachtaí arna maoiniú ag an gClár, ba cheart dóibh rialacha an Aontais a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas a bheith freagrach as sainiú na gcuspóirí atá le saothrú i leith soláthar poiblí. Foráiltear sa Rialachán Airgeadais go bhfuil an Coimisiún in ann, ar bhonn torthaí measúnaithe *ex ante*, dul i muinín chórais agus nósanna imeachta na ndaoine nó na n-eintiteas a bhfuil cistí de chuid an Aontais á gcur chun feidhme acu. Maidir le coigeartuithe sonracha is gá a dhéanamh ar na rialacha sin, chomh maith leis na socruithe le haghaidh shíneadh na gconarthaí atá ann cheana, ba cheart iad a shainiú sa chomhaontú comhpháirtíochta comhfhreagrach maidir leis an gcreat airgeadais (FFPA) nó sa chomhaontú ranníocaíochta comhfhreagrach.

(30) Tá an Clár ag brath ar theicneolaíochtaí casta atá á bhforbairt gan stad. Leis an spleáchas ar theicneolaíochtaí den sórt sin, bíonn éiginnteacht agus riosca ann do chonarthaí poiblí arna dtabhairt i gcrích faoin gClár, sa mhéid go mbaineann gealltanais fhadtéarmacha maidir le trealamh nó seirbhísí leis na conarthaí sin. Dá bhrí sin, is gá bearta sonracha maidir le conarthaí poiblí sa bhreis ar na rialacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais. Ba cheart, dá bhrí sin, a bheith in ann conradh a dhámhachtain i bhfoirm conradh a bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist leis, leasú a thabhairt isteach, faoi choinníollacha áirithe, i gcomhthéacs a fheidhmíochta, nó íosleibhéal fochonraitheoireachta a fhorchur, go háirithe le go bhféadfadh FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a bheith rannpháirteach. Ar deireadh, i ngeall ar na héiginnteachtaí teicneolaíocha a bhaineann le comhpháirteanna an Chláir, ní féidir i gcónaí praghsanna conarthaí a thuar go beacht agus ba cheart dá bhrí sin a bheith in ann conarthaí a dhéanamh gan praghas seasta cinntitheach a shonrú agus clásail chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a áireamh sna conarthaí sin.

([6]) IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

([7]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

(31) Chun éileamh poiblí agus nuálaíocht san earnáil phoiblí a chothú, ba cheart don Chlár úsáid a shonraí, a fhaisnéise agus a sheirbhísí a chur chun cinn chun tacú le forbairt réiteach saincheaptha arna déanamh ag an lucht tionscail agus ag FMBanna ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil trí chomhpháirtíochtaí nuálaíochta a bhaineann leis an spás, amhail dá dtagraítear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, rud a fhágann gur féidir na céimeanna uile, ó chéim na forbartha suas go dtí go ndéantar réitigh spáis idir-inoibritheacha shaincheaptha a imscaradh agus a sholáthar le haghaidh seirbhísí poiblí, a chumhdach.

(32) Chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach, tá sé tábhachtach go mbeifí in ann, i gcás inarb iomchuí, acmhainneachtaí a úsáid arna gcur ar fáil ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha de chuid an Aontais atá gníomhach i réimse an spáis agus, chomh maith leis sin, go mbeifí in ann a bheith ag obair ar an leibhéal idirnáisiúnta le tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ar an gcúis sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht úsáid a bhaint as na huirlisí agus modhanna bainistíochta ábhartha uile dá bhforáiltear le CFAE agus leis an Rialachán Airgeadais agus as nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh.

(33) Maidir le deontais go sonrach, léirítear leis an taithí a fuarthas gur fearr an glacadh ag úsáideoirí agus ag an margadh agus an fhor-rochtain i gcoitinne nuair a bhíonn cur chuige díláraithe á úsáid ag an gCoimisiún seachas cur chuige ón mbarr anuas. Ar na gníomhaíochtaí is fearr ar éirigh leo i gcás iontrálaithe nua agus FBManna, tá dearbháin, ar foirm tacaíochta airgeadais iad ó thairbhí deontais do thríú páirtithe. Mar sin féin, chuir an uasteorainn ar thacaíocht airgeadais a forchuireadh leis an Rialachán Airgeadais bac ar na dearbháin sin. Dá bhrí sin, ba cheart an uasteorainn sin a ardú don Chlár chun go mbeifí bord ar bhord le poitéinseal méadaitheach na bhfeidhmeanna margaidh san earnáil spáis.

(34) Na foirmeacha cistiúcháin agus na modhanna cur chun feidhme faoin Rialachán seo, ba cheart iad a roghnú ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a thabhairt, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamhchomhlíonta a mheastar a bheith ann. San áireamh leis sin, ba cheart féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costais aonaid, chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais.

(35) De bhun Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle ([8]), tá daoine agus eintitis atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe chun cistiú a fháil faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(36) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

(37) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ([10]), (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ([11]) agus (AE) 2017/1939 ([12]) ón gComhairle, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

([8]) Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir leis na tíortha agus na críocha thar lear a chomhlachú leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch.1).

([11]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

([12]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") .(IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

gComhairle ([13]), a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE agus a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

(38) Féadfaidh comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) atá ina gcomhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha mar aon le tíortha de Bheartas Comharsanachta na hEorpa a bheith rannpháirteach sa Chlár, cé is moite de Galileo, EGNOS, GOVSATCOM agus fo-chomhpháirt SST, i gcomhréir lena gcomhaontuithe faoi seach. Féadfaidh tríú tíortha eile a bheith rannpháirteach freisin sa Chlár, cé is moite de Galileo, EGNOS, GOVSATCOM agus fo-chomhpháirt SST, ar bhonn comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Ba cheart comhaltaí CSTE ar comhaltaí iad de LEE a bheith in ann a bheith rannpháirteach in Galileo agus EGNOS, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([14]). Féadfaidh tríú tíortha eile a bheith rannpháirteach in Galileo agus EGNOS ar bhonn comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Níor cheart GOVSATCOM a bheith oscailte d'aon tríú tír ach amháin ar bhonn comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE.

(39) Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar thríú tíortha na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach.

(40) Eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil a gceanncheathrú san Aontas agus ar mhian leo rochtain a bheith acu ar sheirbhísí SST nach bhfuil ar fáil go poiblí, ba cheart é a bheith de cheangal orthu comhaontú a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Ba cheart a mheas gur croí-úsáideoirí SST iad eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas acu agus ar úinéirí agus oibreoirí spásárthaí poiblí iad.

(41) Ba cheart faisnéis atá ar fáil go poiblí le haghaidh sheirbhísí SST a thuiscint mar aon fhaisnéis a bhfuil bonn réasúnta ag an úsáideoir chun rochtain dhleathach a fháil uirthi. Tá seirbhísí SST um sheachaint imbhuailte, um athiontráil agus um ilroinnt bunaithe ar fhaisnéis SST seachtrach a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi agus atá ar fáil tar éis iarraidh ar rochtain. Dá bhrí sin, ba cheart a thuiscint gur seirbhísí atá ar fáil go poiblí iad seirbhísí SST um sheachaint imbhuailte, um athiontráil agus um ilroinnt agus níor cheart gá a bheith le comhaontú a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Ba cheart rochtain orthu a bheith ar fáil arna iarraidh sin don úsáideoir ionchasach.

(42) Chun go ndéanfar rialachas poiblí fónta ar an gClár, ní mór dáileadh soiléir freagrachtaí agus cúraimí idir na heintitis éagsúla lena mbaineann chun forluí neamhriachtanach a sheachaint agus chun ró-chaiteachas agus moilleanna a laghdú. Ba cheart do ghníomhaithe uile an rialachais tacú, ina réimse inniúlachta agus i gcomhréir lena bhfreagrachtaí, le baint amach chuspóirí an Chláir.

(43) Is fada an lá atá na Ballstáit gníomhach i réimse an spáis. Tá córais, bonneagar, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí náisiúnta acu a bhfuil baint acu leis an spás. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú go mór leis an gClár, go háirithe lena chur chun feidhme. D'fhéadfaidís comhoibriú leis an Aontas chun seirbhísí agus feidhmeanna an Chláir a chur chun cinn. D'fhéadfadh sé go mbeadh an Coimisiún in ann na hacmhainní atá ar fáil do na Ballstáit a shlógadh, leas a bhaint as a gcúnamh agus, faoi réir coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach, cúraimí neamhrialála a chur ar na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme an Chláir. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar na stáisiúin talún atá suite ina gcríocha. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún oibriú le chéile leis na comhlachtaí iomchuí idirnáisiúnta agus leis na

([13]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

([14]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

húdaráis rialála iomchuí chun a áirithiú go mbeidh na minicíochtaí is gá don Chlár ar fáil agus go ndéanfar iad a chosaint ar an leibhéal iomchuí le go mbeifear in ann na feidhmeanna arna mbunú ar na seirbhísí arna gcur ar fáil a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina n-iomláine, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]).

(44) Ós aidhm leis an gCoimisiún leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn, is é atá freagrach as an gClár a chur chun feidhme, as freagracht fhoriomlán a ghlacadh as agus as a úsáid a chur chun cinn. Chun acmhainní agus inniúlachtaí na ngeallsealbhóirí éagsúla a bharrfheabhsú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cúraimí áirithe a chur ar eintitis eile faoi imthosca a bhfuil údar leo. Agus freagracht fhoriomlán as an gClár aige, ba cheart don Choimisiún na príomhcheanglais theicniúla agus oibríochtúla atá riachtanach a chinneadh chun éabhlóid córas agus seirbhísí a chur chun feidhme. Ba cheart dó é sin a dhéanamh tar éis dó dul i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát, le húsáideoirí agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Ar deireadh, ag tabhairt dá aire i réimse an spáis, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CFAE, nach gcuirfidh feidhmiú inniúlacht an Aontais cosc ar na Ballstáit a n-inniúlachtaí siúd a fheidhmiú, ba cheart don Choimisiún comhchuibheas na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an Chláir a áirithiú.

(45) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ("an Ghníomhaireacht"), atá ag teacht in ionad na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) agus i gcomharbacht uirthi, is é an misean atá aici cur leis an gClár, go háirithe maidir le creidiúnú slándála mar aon le forbairt an mhargaidh agus forbairt feidhmeanna iartheachtacha. Dá bhrí sin, ba cheart cúraimí áirithe a bhfuil baint acu leis na réimsí sin a shannadh don Ghníomhaireacht. Maidir leis an tslándáil go háirithe, agus ós rud é go bhfuil taithí aici sa réimse sin, ba cheart an Ghníomhaireacht a bheith freagrach as na cúraimí creidiúnaithe slándála i gcás ghníomhaíochtaí uile an Aontais in earnáil an spáis. Ag cur lena bhfuil bainte amach aici go dtí seo i dtaobh ghlacadh na n-úsáideoirí agus an mhargaidh le Galileo agus EGNOS, ba cheart gníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh na n-úsáideoirí i ndáil le comhpháirteanna an Chláir seachas Galileo agus EGNOS a chur de chúram ar an nGníomhaireacht, mar aon le gníomhaíochtaí forbartha feidhmeanna iartheachtacha le haghaidh chomhpháirteanna uile an Chláir. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh an Ghníomhaireacht leas a bhaint as barainneachtaí scála agus chuirfí deis ar fáil feidhmeanna a fhorbairt bunaithe ar roinnt comhpháirteanna éagsúla den Chlár (feidhmeanna comhtháite). Mar sin féin, níor cheart do na gníomhaíochtaí sin dochar a dhéanamh do na gníomhaíochtaí seirbhíse ná do na gníomhaíochtaí maidir le glacadh na n-úsáideoirí a chuireann an Coimisiún de chúram ar eintitis Copernicus ar cuireadh cúram orthu. Má chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht feidhmeanna iartheachtacha a fhorbairt, níor cheart don mhéid sin cosc a chur ar eintitis eile ar cuireadh cúram orthu feidhmeanna iartheachtacha a fhorbairt freisin. Lena chois sin, ba cheart don Ghníomhaireacht na cúraimí a chuireann an Coimisiún uirthi a dhéanamh trí bhíthin comhaontú ranníocaíochta amháin nó níos mó faoi FFPA lena gcumhdaítear cúraimí sonracha eile a bhaineann leis an gClár. Agus cúraimí á gcur ar an nGníomhaireacht, ba cheart acmhainní leordhóthanacha daonna, riaracháin agus airgeadais a chur ar fáil.

(46) In imthosca áirithe a bhfuil údar cuí leo, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann cúraimí sonracha a chur ar na Ballstáit nó ar ghrúpaí Ballstát. Níor cheart a dhéanamh amhlaidh ach amháin maidir le gníomhaíochtaí nach bhfuil sé ar chumas na Gníomhaireachta iad a fhorghníomhú í féin agus níor cheart don mhéid sin dochar a dhéanamh do rialachas an Chláir ná do leithdháileadh na gcúraimí mar a shainítear sa Rialachán seo.

(47) Is córais chasta iad Galileo agus EGNOS a bhfuil gá le dian-chomhordú ina leith. Ós rud é gur comhpháirteanna an Chláir iad, ba cheart gur institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais a dhéanfadh an comhordú sin. Agus í ag cur leis an saineolas a forbraíodh le blianta beaga anuas, is í an Ghníomhaireacht an comhlacht is iomchuí chun comhordú a dhéanamh ar na cúraimí oibríochtúla uile a bhaineann le saothrú na gcóras sin, cé is moite den chomhar idirnáisiúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, bainistiú agus saothrú EGNOS agus Galileo a chur de chúram ar an nGníomhaireacht. Mar sin féin, ní hionann sin agus a rá gur cheart don Ghníomhaireacht na cúraimí sin ar fad a

([15]) Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear clár beartais radaispeictrim ilbhliantúil (IO L 81, 21.3.2012, lch. 7).

([16]) Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1321/2004 ón gComhairle maidir le struchtúir bhainistíochta a bhunú do na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 276, 20.10.2010, lch. 11).

bhaineann le saothrú na gcóras sin a dhéanamh í féin. D'fhéadfadh sí dul i muinín shaineolas na n-eintiteas eile, go háirithe GES. Ba cheart a áireamh leis sin na gníomhaíochtaí maidir le héabhlóid córas, dearadh agus forbairt codanna den chuid ar talamh agus na satailítí, ar cúraimí iad ar cheart a chur ar GES. Le leithdháileadh na gcúraimí ar eintitis eile, cuirtear le hinniúlachtaí na n-eintiteas sin agus ba cheart dúbailt oibre a sheachaint.

(48) Is eagraíocht idirnáisiúnta é GES ag a bhfuil saineolas fairsing i réimse an spáis agus a thug Comhaontú Réime i gcrích leis an gComhphobal Eorpach in 2004 ("Comhaontú Réime 2004") ([17]) . Dá bhrí sin, is comhpháirtí tábhachtach i gcur chun feidhme an Chláir é agus ba cheart caidreamh iomchuí a chur ar bun leis. Maidir leis sin, agus i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ba cheart don Choimisiún FFPA a thabhairt i gcrích le GES agus leis an nGníomhaireacht lena rialófar an caidreamh airgeadas uile idir an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus GES, lena n-áiritheofar go mbeidh an caidreamh airgeadais sin comhsheasmhach agus a bheidh i gcomhréir le Comhaontú Réime 2004, go háirithe le hAirteagail 2 agus 5 de. Mar sin féin, ós rud é nach comhlacht de chuid an Aontais é GES agus nach bhfuil sé faoi réir dhlí an Aontais, tá sé buntábhachtach go bhforálfaí le comhaontú den sórt sin go ndéanfaidh GES bearta iomchuí chun cosaint leasanna an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú agus, maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, go gcomhlíonfaidh na cúraimí a chuirfear uirthi na cinntí a dhéanfaidh an Coimisiún. Ba cheart na clásail uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a bheith sa chomhaontú freisin.

(49) Feidhmiú Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (SATCEN) mar acmhainneacht uathrialaitheach Eorpach lena dtugtar rochtain ar fhaisnéis agus seirbhísí a thagann as saothrú na sócmhainní spáis ábhartha agus na sonraí comhthaobhacha, aithníodh sin cheana i gcur chun feidhme Chinneadh 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]).

(50) Chun ionadaíocht na n-úsáideoirí a fhréamhú ar bhonn struchtúrach i rialachas GOVSATCOM agus chun riachtanais agus ceanglais úsáideoirí a chomhthiomsú thar theorainneacha náisiúnta agus sibhialta-mhíleata, féadfaidh róil chomhordúcháin le haghaidh grúpaí sonracha úsáideoirí a bheith ag na heintitis ábhartha de chuid an Aontais a bhfuil dlúthnaisc acu le húsáideoirí, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, an Cumas Míleata Pleanála agus Forfheidhmithe/an Cumas Sibhialtach Pleanála agus Forfheidhmithe agus an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha. Ar leibhéal comhthiomsaithe, ba cheart don Ghníomhaireacht comhordú a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le húsáideoirí do na pobail úsáideoirí sibhialta agus féadfaidh sí faireachán a dhéanamh ar úsáid oibríochtúil, ar éileamh, ar chomhréireacht le ceanglais, agus ar riachtanais agus ceanglais athraitheacha.

(51) De bharr a thábhachtaí atá gníomhaireachtaí a bhaineann leis an spás do gheilleagar an Aontais agus do shaolta shaoránaigh an Aontais, agus ós córais agus feidhmeanna dé-úsáide iad na córais agus na feidhmeanna atá bunaithe ar na córais sin, ba cheart é a bheith ina phríomhthosaíocht ag an gClár ardleibhéal slándála a bhaint amach agus a choinneáil ar bun, go háirithe chun leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, lena n-áirítear an méid a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe agus le faisnéis íogair eile nach bhfuil rúnaicmithe.

(52) Gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, ba cheart don Choimisiún agus don Ardionadaí, ina réimse inniúlachta féin faoi seach, slándáil an Chláir a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb ábhartha, le Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle ([19]).

(53) Ós rud é go bhfuil saineolas sonrach ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus go mbíonn teagmháil rialta aici le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, féadfaidh SEGS cuidiú leis an gCoimisiún cúraimí áirithe dá chuid a chur i gcrích, ar cúraimí iad a bhaineann le slándáil an Chláir i réimse an chaidrimh sheachtraigh, i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle ([20]).

([17]) IO L 261, 6.8.2004, lch. 64.

([18]) Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear Creat Tacaíochta maidir le Faireachas agus le Rianú Spáis (IO L 158, 27.5.2014, lch. 227).

([19]) Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (féach leathanach 178 den Iris Oifigiúil seo).

([20]) Cinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (2010/427/AE) (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

(54) Gan dochar de fhreagracht aonair na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) CAE, agus don cheart atá ag na Ballstáit a leasanna bunúsacha slándála a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 346 CFAE, ba cheart rialachas sonrach slándála a bhunú chun cur chun feidhm rianúil an Chláir a áirithiú. Ba cheart an rialachas sin a bheith bunaithe ar thrí phríomhphrionsabal. Ar an gcéad dul síos, tá sé ríthábhachtach an taithí leathan uathúil ar ábhair shlándála atá ag na Ballstáit a chur san áireamh a mhéid is féidir. Ar an dara dul síos, chun coinbhleachtaí leasa agus aon laigí i gcur i bhfeidhm na rialacha slándála a sheachaint, ba cheart feidhmeanna oibríochtúla a dhealú ó na feidhmeanna creidiúnaithe slándála. Ar an tríú dul síos, an t-eintiteas atá i gceannas ar na comhpháirteanna uile den Chlár nó cuid acu a bhainistiú, is é sin is fearr is féidir slándáil na gcúraimí sin atá air a bhainistiú. Le slándáil an Chláir, chuirfí leis an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme Galileo, EGNOS agus Copernicus le roinnt blianta anuas. Lena chois sin, chun go mbeidh rialachas fónta slándála ann, ní mór na róil a dháileadh go hiomchuí ar na gníomhaithe éagsúla. Ós rud é gur air atá an fhreagracht as an gClár, ba cheart don Choimisiún, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, na ceanglais ghinearálta slándála is infheidhme a chinneadh maidir le gach ceann de chomhpháirteanna an Chláir.

(55) Tá cibearshlándáil bhonneagair spáis na hEorpa, ar an talamh agus i spás araon, ríthábhachtach maidir le leanúnachas oibríochtaí na gcóras agus leanúnachas seirbhísí a áirithiú. Agus ceanglais slándála á mbunú, ba cheart, dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar an ngá atá leis na córais agus a seirbhísí a chosaint ó chibirionsaithe, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua.

(56) Ba cheart don Choimisiún struchtúr faireacháin slándála a shainaithint i gcás inarb iomchuí tar éis an anailís ar rioscaí agus bagairtí a bheith déanta. Ba cheart gurbh é an struchtúr faireacháin slándála sin an t-eintiteas a fhreagróidh ar threoracha arna bhforbairt faoi raon feidhme Chinneadh (CBES) 2021/698. I gcás Galileo, ba cheart gurbh é Lárionad Faireacháin Slándála Galileo an comhlacht sin. Maidir le cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2021/698, ba cheart ról an Bhoird um Chreidiúnú Slándála a bheith teoranta d'ionchuir a bhfuil baint acu le creidiúnú slándála an chórais a thabhairt don Chomhairle nó don Ardionadaí.

(57) I bhfianaise a uathúla agus a chasta atá an Clár agus an naisc atá aige leis an tslándáil, ba cheart prionsabail aitheanta sheanbhunaithe a leanúint maidir le creidiúnú slándála. Ní mór, mar sin, gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála a dhéanamh ar bhonn na freagrachta coitinne as slándáil an Aontais agus a Bhallstát, trí gach dícheall a dhéanamh comhthoil a thógáil agus trí iad siúd uile lena mbaineann ceist na slándála a thabhairt isteach sa phróiseas, agus ní mór nós imeachta maidir le faireachán buan ar riosca a chur ar bun. Ní mór freisin gníomhaíochtaí teicniúla creidiúnaithe slándála a chur de chúram ar ghairmithe atá cáilithe go cuí sa réimse a bhaineann le córais chasta a chreidiúnú agus a bhfuil leibhéal leordhóthanach imréitigh slándála acu.

(58) Tá faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) le bheith láimhseáilte i gcomhréir leis na rialacha slándála mar a leagtar amach i gCinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([21]) agus i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([22]). I gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE, tá ar na Ballstáit na prionsabail agus na híoschaighdeáin a leagtar síos iontu a urramú chun a áirithiú go dtabharfar leibhéal coibhéiseach cosanta do FRAE.

(59) Chun malartú slán faisnéise a áirithiú, ba cheart comhaontuithe iomchuí a bhunú chun cosaint a áirithiú do FRAE arna sholáthar do thríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhthéacs an Chláir.

(60) Cuspóir tábhachtach den Chlár is ea a shlándáil a áirithiú agus an uathriail straitéiseach a neartú thar príomhtheicneolaíochtaí agus slabhra luacha, agus geilleagar oscailte, lena n-áirítear an tsaorthrádáil chóir, á chaomhnú ag an am céanna, agus tairbhe á bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an spás ó thaobh shlándáil an Aontais agus a Bhallstát de. I gcásanna sonracha, chun an cuspóir sin a bhaint amach, is gá na coinníollacha riachtanacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta a leagan síos chun cosaint shláine, shlándáil agus athléimneacht chórais

([21]) Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

([22]) Cinneadh 2015/444 (AE, Euratom) ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

oibríochtúla an Aontais a áirithiú. Níor cheart, leis sin, an bonn a bhaint den ghá atá le iomaíochas agus cost-éifeachtúlacht. Sa mheastóireacht ar eintitis dhlítheanacha atá faoi réir rialú ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír, ba cheart don Choimisiún na prionsabail agus na critéir dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]) a chur san áireamh.

(61) I gcomhthéacs an Chláir, maidir le roinnt faisnéise atá ann, cé nach bhfuil sí rúnaicmithe, tá sí le láimhseáil i gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais atá i bhfeidhm cheana nó le dlíthe, rialacha agus rialacháin náisiúnta, lena n-áirítear trí bhíthin teorainneacha leithdháileacháin.

(62) Tá líon méadaitheach earnálacha eacnamaíocha, go háirithe na hearnálacha iompair, teileachumarsáide, talmhaíochta agus fuinnimh, ag baint níos mó úsáid as córais loingseoireachta satailíte agus córais um fhaire na Cruinne. Leis an gClár, ba cheart sineirgíochtaí idir na hearnálacha sin a shaothrú, agus aird á tabhairt ar na tairbhí do na hearnálacha sin a thagann as teicneolaíochtaí spáis, agus ba cheart tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt trealaimh chomhoiriúnaigh agus forbairt caighdeáin agus deimhnithe ábhartha a chur chun cinn. Tá méadú ag teacht freisin ar shineirgíochtaí idir gníomhaíochtaí spáis agus gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le slándáil agus cosaint an Aontais agus a Bhallstát. Dá mbeadh smacht iomlán ar loingseoireacht satailíte, ba cheart, dá bhrí sin, an tAontas a bheith neamhspleách ó thaobh na teicneolaíochta de, lena n-áirítear san fhadtéarma i gcás comhpháirteanna trealaimh bonneagair, agus ba cheart a áirithiú leis an méid sin go mbeadh sé uathrialach ó thaobh straitéise de.

(63) Is é is aidhm le Galileo an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte atá deartha go sonrach chun críoch sibhialta a chur ar bun agus a oibriú, ar bonneagar é is féidir le gníomhaithe éagsúla poiblí agus príobháideacha san Eoraip agus ar fud an domhain a úsáid. Feidhmíonn Galileo go neamhspleách ar chórais eile atá ann nó is féidir a bheidh ann, agus ar an gcaoi sin, cuireann sé, i measc nithe eile, le huathriail straitéiseach an Aontais. Ba cheart an dara glún de Galileo a chur i bhfeidhm go céimnitheach roimh 2030, agus acmhainneacht oibríochtúil laghdaithe aige ar dtús.

(64) Is é is aidhm le EGNOS cáilíocht na gcomharthaí oscailte ó na córais dhomhanda um loingseoireacht satailíte atá ann a fheabhsú, go háirithe na comharthaí a astaíonn Galileo. Leis na seirbhísí a sholáthraíonn EGNOS, ba cheart, mar thosaíocht, críocha na mBallstát atá lonnaithe go geografach san Eoraip, lena n-áirítear chun na críche sin an Chipir, na hAsóir, na hOileáin Chanáracha agus Maidéara, a chumhdach faoi dheireadh 2026. I réimse na heitlíochta, ba cheart do na críocha sin go léir tairbhe a bhaint as EGNOS le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta maidir leis na leibhéil feidhmíochta uile a fhaigheann tacaíocht ó EGNOS. D'fhéadfaí cumhdach geografach na seirbhísí a sholáthraíonn EGNOS a leathnú go réigiúin eile sa domhan, ar choinníoll go mbeadh sin indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de agus, ar mhaithe le sábháilteacht na beatha, ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta. Gan dochar do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]) ná don fhaireachán is gá a dhéanamh ar cháilíocht seirbhíse Galileo chun críoch eitlíochta, ba cheart a thabhairt d'aire, cé gur féidir na comharthaí a astaíonn Galileo a úsáid go héifeachtach chun suí aerárthaí a éascú, i ngach céim eitilte, tríd an gcóras méadúcháin is gá a úsáid, lena n-áirítear eitleonaic réigiúnach, áitiúil agus ar bord, nach féidir ach córais réigiúnacha nó áitiúla mhéadúcháin amhail EGNOS san Eoraip a bheith ina seirbhísí bainistithe aerthráchta (BAT) agus ina seirbhísí aerloingseoireachta (SAL). Ba cheart seirbhís sábháilteachta beatha EGNOS a sholáthar i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ("Caighdeáin ICAO").

(65) Tá sé ríthábhachtach inbhuanaitheacht Galileo agus EGNOS agus leanúnachas, infhaighteacht, cruinneas, iontaofacht agus slándáil a gcuid seirbhísí a áirithiú. I bhfianaise na n-athruithe a bhíonn ag teacht ar an timpeallacht agus na forbartha tapa atá ag teacht ar an margadh, ba cheart leanúint dá bhforbairt agus glúin nua de na córais sin, lena n-áirítear éabhlóid ghaolmhar maidir le cuid an spáis agus an chuid ar talamh, a ullmhú.

([23]) Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1).

([24]) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

(66) An téarma "seirbhís tráchtála" a úsáidtear i Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]), níl sé oiriúnach a thuilleadh i bhfianaise na héabhlóide atá tagtha ar an tseirbhís sin. Ina ionad sin, tá dhá sheirbhís éagsúla sainaitheanta i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/224 ón gCoimisiún ([26]), eadhon an tseirbhís ardbheachtais agus an tseirbhís fíordheimhniúcháin.

(67) Chun úsáid na seirbhísí a sholáthraítear a bharrfheabhsú, ba cheart na seirbhísí a sholáthraíonn Galileo agus EGNOS a bheith comhoiriúnach agus idir-inoibritheach le chéile, lena n-áirítear ar leibhéal na n-úsáideoirí, agus, a mhéid is féidir, le córais eile um loingseoireacht satailíte agus le gnáthmhodhanna radaloingseoireachta, i gcás ina leagtar an chomhoiriúnacht sin agus an idir-inoibritheacht síos i gcomhaontú idirnáisiúnta, gan dochar don chuspóir uathriail straitéiseach a bheith ag an Aontas.

(68) I bhfianaise na tábhachta atá le bonneagar talamhbhunaithe Galileo agus EGNOS do Galileo agus EGNOS agus an tionchair atá aige ar shlándáil Galileo agus EGNOS, is é an Coimisiún ba cheart suíomh an bhonneagair a shocrú. Ba cheart próiseas oscailte agus trédhearcach a leanúint i gcónaí maidir le himscaradh bhonneagar talamhbhunaithe na gcóras, imscaradh a bhféadfadh an Ghníomhaireacht a bheith rannpháirteach ann i gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar a réimse inniúlachta.

(69) Chun tairbhí socheacnamaíocha Galileo agus EGNOS a uasmhéadú, agus, an am céanna, rannchuidiú le huathriail straitéiseach an Aontais, go háirithe in earnálacha íogaire agus i réimse na sábháilteachta agus na slándála, ba cheart úsáid na seirbhísí a sholáthraíonn EGNOS agus Galileo i mbeartais eile de chuid an Aontais a chur chun cinn trí bhealaí rialála freisin i gcás ina bhfuil údar leis sin agus tairbhe le baint as. Is cuid thábhachtach den phróiseas iad freisin bearta chun úsáid na seirbhísí sin i ngach Ballstát a spreagadh.

(70) Le comhpháirteanna an Chláir, ba cheart cur i bhfeidhm teicneolaíochta digití a spreagadh i gcórais spáis, dáileacháin sonraí agus seirbhísí agus forbairt iartheachtach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na tionscnaimh agus ar na gníomhaíochtaí arna moladh ag an gCoimisiún ina dteachtaireachtaí an 14 Meán Fómhair 2016 dar teideal Connectivity for a Competitive Digital Single Market – Towards a European Gigabit Society [Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch – I dtreo Sochaí Eorpach Ghigighiotáin] agus an 14 Meán Fómhair 2016 dar teideal 5G for Europe: An Action Plan [5G don Eoraip: Plean Gníomhaíochta].

(71) Ba cheart rochtain uathrialaitheach ar eolas timpeallachta agus ar phríomhtheicneolaíochtaí i leith seirbhísí um fhaire na Cruinne agus geofhaisnéise a áirithiú le Copernicus, agus, sa chaoi sin tacaíocht a thabhairt don Aontas maidir le cinnteoireacht neamhspleách agus gníomhaíochtaí neamhspleácha a bhaint amach, *inter alia*, i réimsí an chomhshaoil, an athraithe aeráide, chúrsaí na mara, na gcúrsaí muirí, na talmhaíochta, na forbartha tuaithe, na cosanta oidhreachta cultúrtha, na cosanta sibhialta, an fhaireacháin talún agus bonneagair, na slándála agus an gheilleagair dhigitigh.

(72) Maidir leis na gníomhaíochtaí agus an méid a baineadh amach faoi Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]) lena mbunaítear clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (Copernicus) mar aon le Rialachán (AE) Uimh. 911/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]) lena mbunaítear an clár um Fhaireachán Domhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil (GMES) a tháinig roimhe agus na rialacha maidir lena oibríochtaí tosaigh a chur chun feidhme, ba cheart, le Copernicus, cur leis na gníomhaíochtaí sin agus an méid sin a baineadh amach, leanúnachas a áirithiú leo, agus iad a fheabhsú, agus aird á tabhairt ar threochtaí a bhí ann le déanaí maidir leis an taighde, dul chun cinn teicneolaíochta agus nuálaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar réimse fhaire na Cruinne, chomh maith le forbairtí in anailísíocht mórshonraí agus san intleacht shaorga agus i straitéisí gaolmhara agus tionscnaimh ghaolmhara ar leibhéal an Aontais mar a leag an Coimisiún amach ina Pháipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga an 19 Feabhra 2020 dar teideal *A European approach to excellence and trust* [Cur chuige Eorpach atá dírithe ar bharr feabhais agus ar mhuinín] agus sa teachtaireacht uaidh an 19 Feabhra 2020 dar teideal *A European strategy for data* [Straitéis Eorpach le haghaidh

([25]) Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 1).

([26]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/224 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2017 lena leagtar amach na sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla lenar féidir an tseirbhís tráchtála a thairgtear leis an gcóras arna bhunú faoi chlár Galileo a chomhlíonadh chun an fheidhm dá dtagraítear in Airteagal 2(4)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh (IO L 34, 9.2.2017, lch. 36).

([27]) Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le Clár Copernicus agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 911/2010 (IO L 122, 24.4.2014, lch. 44).

([28]) Rialachán (AE) Uimh. 911/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir leis an gclár Eorpach um fhaire na Cruinne (GMES) agus lena oibríochtaí tosaigh (2011-2013) (IO L 276, 20.10.2010, lch. 1).

sonraí]. Maidir le sócmhainní nua a fhorbairt, ba cheart don Choimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le GES, leis an Eagraíocht Eorpach chun Sochar a Bhaint as Satailítí Meitéareolaíochta (EUMETSAT) agus, i gcás inarb iomchuí, le heintitis eile a bhfuil sócmhainní ábhartha spáis agus sócmhainní ábhartha *in situ* ina seilbh acu. A mhéid is féidir, ba cheart do Copernicus úsáid a bhaint as acmhainneachtaí na mBallstát, GES, EUMETSAT agus eintiteas eile, lena n-áirítear tionscnaimh thráchtála san Aontas, maidir le faire spásbhunaithe na Cruinne, sa chaoi go gcuirfidh sé freisin le forbairt earnála spáis tráchtála san Eoraip atá inmharthana. I gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, ba cheart do Copernicus úsáid a bhaint chomh maith as na sonraí *in situ* agus coimhdeacha atá ar fáil, ar sonraí iad a sholáthraíonn na Ballstáit go príomha i gcomhréir le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]). Ba cheart don Coimisiún oibriú leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil chun rochtain éifeachtúil agus úsáid éifeachtúil na dtacar sonraí *in situ* le haghaidh Copernicus a áirithiú.

(73) Ba cheart Copernicus a chur chun feidhme i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2003/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]), go háirithe an trédhearcacht, cruthú dálaí atá oiriúnach do sheirbhísí a fhorbairt, agus rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus le cruthú post san Aontas. Ba cheart sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus a bheith ar fáil saor in aisce agus ar bhealach oscailte.

(74) Ba cheart gach srian a bhaint den acmhainneacht atá ag Copernicus do shochaí agus geilleagar an Aontais chun lántairbhe a bhaint aisti thar na tairbhithe díreacha trí bhearta chun glacadh ag úsáideoirí a ghéarú, rud lena dteastaíonn gníomhaíocht bhreise chun go mbeidh na sonraí inúsáide ag daoine nach speisialaithe iad agus, sa chaoi sin, fás, cruthú post agus aistrithe eolais a spreagadh.

(75) Is clár é Copernicus atá faoi cheannas an úsáideora. Dá bhrí sin, ba cheart a éabhlóid a bheith bunaithe ar riachtanais athraitheacha bhunúsáideoirí Copernicus, agus teacht chun cinn pobal nua úsáideoirí, cibé acu poiblí nó príobháideach, á aithint ag an am céanna. Ba cheart a bheith mar bhonn ag Copernicus anailís ar na roghanna chun freastal ar riachtanais athraitheacha úsáideoirí, lena náirítear na cinn a bhaineann le cur chun feidhme, agus faireachán ar bheartas de chuid an Aontais inar gá rannpháirtíocht leanúnach éifeachtach úsáideoirí, go háirithe maidir le ceanglais a shainiú agus a bhailíochtú.

(76) Tá Copernicus oibríochtúil cheana. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, leanúnachas an bhonneagair agus na seirbhísí atá ar bun cheana a áirithiú, agus a bheith ag dul in oiriúint, ag an am céanna, do riachtanais úsáideoirí atá ag athrú, do thimpeallacht athraitheach an mhargaidh, go háirithe teacht chun cinn gníomhaithe príobháideacha sa spás agus forbairtí sochpholaitiúla ar gá freagairt thapa ina leith. Leis an méid sin, tá gá le héabhlóid ar struchtúr feidhmiúil Copernicus chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar an aistriú ó chéad chéim na seirbhísí oibríochtúla go dtí soláthar ardseirbhísí agus seirbhísí atá níos dírithe ar phobail nua úsáideoirí agus cothú margaí breisluacha iartheachtacha. Chuige sin, le leanúint lena chur chun feidhme, ba cheart cur chuige a ghlacadh a leanann an slabhra luacha sonraí, i.e. sonraí a fháil, sonraí agus faisnéis a phróiseáil, leithdháileadh agus saothrú, gníomhaíochtaí maidir le glacadh ag úsáideoirí agus glacadh sa mhargadh agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta, agus, ag an am céanna, leis an bpróiseas pleanála straitéisí faoi chuimse Fís Eorpach, shaineofaí gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar cheart dóibh úsáid a bhaint as Copernicus.

(77) Maidir le sonraí a fháil, ba cheart na gníomhaíochtaí faoi Copernicus a bheith dírithe ar an mbonneagar spáis atá ann cheana a chríochnú agus a chothabháil, ar ionadú fadtéarmach na satailítí ag deireadh a saolré a ullmhú, agus ar mhisin nua a thionscnamh lena dtabharfaí aghaidh go háirithe ar chórais breathnóireachta nua chun tacú le tabhairt faoi dhúshlán an athraithe aeráide dhomhanda, amhail faireachán ar CO2 antrapaigineach agus ar astaíochtaí eile gás ceaptha teasa. Ba cheart cumhdach faireacháin domhanda na ngníomhaíochtaí faoi Copernicus a leathnú thar na réigiúin pholacha agus ba cheart, leis na gníomhaíochtaí sin, tacú le dearbhú comhlíontachta comhshaoil, faireachán agus tuairisciú comhshaoil reachtúil agus feidhmchláir chomhshaoil nuálacha i mbainistiú talmhaíochta, foraoise, uisce agus acmhainní mara agus san oidhreacht cultúrtha, amhail le haghaidh faireachán ar bharra, bainistiú uisce agus faireachán feabhsaithe ar loisceadh. Agus é á dhéanamh sin, ba cheart do Copernicus na hinfheistíochtaí a rinneadh faoin tréimhse chistiúcháin roimhe sin (2014-2020), lena n-áirítear iad siúd a rinne na Ballstáit, GES agus EUMETSAT, a ghiaráil agus an leas is mó is féidir a bhaint astu agus, san am céanna, samhlacha nua gnó agus oibríochtúla a fhiosrú chun comhlánú breise a dhéanamh ar acmhainneachtaí Copernicus. D'fhéadfadh Copernicus tógáil freisin ar chomhpháirtíochtaí rathúla le Ballstáit chun a ghné shlándála a fhorbairt tuilleadh faoi shásraí rialachais iomchuí, chun freagairt ar riachtanais athraitheacha úsáideoirí i réimse na slándála.

([29]) Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

([30]) Treoir 2003/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 345, 31.12.2003, lch. 90).

(78) Mar chuid den fheidhm próiseála sonraí agus faisnéise, ba cheart do Copernicus inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus forbairt bhreise Sheirbhísí Copernicus a áirithiú, agus faisnéis á cur ar fáil chun freastal ar riachtanais na hearnála poiblí agus ar na riachtanais a thagann as gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, agus chun deiseanna ar shaothrú tráchtála a uasmhéadú. Go háirithe, ba cheart do Copernicus faisnéis a sholáthar, ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, áitiúil, agus domhanda, faoi chomhdhéanamh an atmaisféir agus cáilíocht an aeir; faisnéis faoi staid agus dinimic na n-aigéan; faisnéis lena dtugtar tacaíocht d'fhaireachán ar thalamh agus ar oighear le tacú le cur chun feidhme beartas de chuid an Aontais, beartas náisiúnta agus beartas áitiúil; faisnéis lena dtugtar tacaíocht d'oiriúnú don athrú aeráide agus dá mhaolú; faisnéis gheospásúil lena dtugtar tacaíocht do bhainistiú éigeandála, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí coisctheacha, dearbhú comhlíontachta comhshaoil agus slándáil shibhialta lena n-áirítear tacaíocht do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Ba cheart don Choimisiún socruithe conarthacha iomchuí a shainaithint lena gcothófaí inbhuanaitheacht an tsoláthair seirbhíse.

(79) Agus Seirbhísí Copernicus á gcur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún brath ar eintitis inniúla, gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, grúpálacha nó cuibhreannais de chomhlachtaí náisiúnta, nó ar aon chomhlacht ábhartha a d'fhéadfadh a bheith incháilithe do chomhaontú ranníocaíochta a thabhairt i gcrích. Agus na heintitis sin á roghnú aige, ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach ndéanfar aon chur isteach ar na hoibríochtaí ná ar sholáthar na seirbhísí agus go mbeidh, a mhéid a bhaineann le sonraí atá íogair ó thaobh na slándála de, cumais réamhrabhaidh agus faireacháin ar ghéarchéimeanna ag na heintitis lena mbaineann i gcomhthéacs an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus, go háirithe, an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta. I gcomhréir le hAirteagal 154(2) den Rialachán Airgeadais, tá sé d'oibleagáid ar dhaoine agus ar eintitis a bhfuil cur chun feidhme cistí ón Aontas faoina gcúram prionsabal an neamh-idirdhealaithe i leith na mBallstát go léir a chomhlíonadh. Ba cheart comhlíonadh an phrionsabail sin a áirithiú trí na comhaontuithe rannaíochta ábhartha i ndáil le soláthar Sheirbhísí Copernicus.

(80) Le cur chun feidhme Sheirbhísí Copernicus, ba cheart éascú a dhéanamh ar an nglacadh poiblí le seirbhísí ós rud é go mbeadh úsáideoirí in ann a fhios a bheith acu roimh ré faoi infhaighteacht agus éabhlóid na seirbhísí chomh maith leis an gcomhar le Ballstáit agus le páirtithe eile. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún agus dá eintitis ar cuireadh cúram orthu dul i mbun oibre i ndlúthchomhar le pobail bhunúsáideoirí Copernicus ar fud na hEorpa chun Seirbhísí Copernicus agus an phunann faisnéise a fhorbairt tuilleadh chun a áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais athraitheacha na hearnála poiblí agus ar riachtanais athraitheacha bheartais agus, dá réir sin, chun gur féidir glacadh le sonraí ó fhaire na Cruinne a uasmhéadú. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile chun comhpháirt *in situ* Copernicus a fhorbairt agus chun comhtháthú sonraí *in situ* Copernicus a éascú le tacair sonraí spáis le haghaidh Sheirbhísí Copernicus uasghrádaithe.

(81) Meastar beartas sonraí Copernicus atá saor in aisce, iomlán agus oscailte a bheith ar cheann de na gnéithe is rathúla de chur chun feidhme Copernicus agus go raibh ról lárnach aige maidir le héileamh láidir a spreagadh ar a chuid sonraí agus faisnéise, agus, sa chaoi sin, bunaíodh Copernicus mar cheann de na soláthraithe is mó ar domhan de shonraí ó fhaire na Cruinne. Is léir go bhfuil gá le leanúnachas fadtéarmach slán a chinntiú maidir le soláthar sonraí atá saor in aisce, iomlán agus oscailte, agus ba cheart rochtain orthu a choimirciú chun na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach sa Straitéis Spáis don Eoraip a bhaint amach. Cruthaítear sonraí Copernicus go príomha ar mhaithe le hEorpaigh, agus, trí na sonraí sin a chur ar fáil saor in aisce, uasmhéadaítear deiseanna le haghaidh comhar ar fud an domhain do ghnólachtaí an Aontais agus don lucht léinn agus rannchuidítear le héiceachórais Eorpach éifeachtach spáis. Dá mba rud é go gcuirfí aon teorainn leis an rochtain ar shonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus, ba cheart í a bheith i gcomhréir leis an mbeartas maidir le sonraí Copernicus mar a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1159/2013 ón gCoimisiún ([31]).

(82) Ba cheart na sonraí agus an fhaisnéis arna dtairgeadh faoi chuimsiú Copernicus a chur ar fáil go hiomlán, go hoscailte agus saor in aisce faoi réir coinníollacha agus teorainneacha iomchuí, chun a n-úsáid agus a gcomhroinnt a chur chun cinn, agus chun margaí Eorpacha d'fhaire na Cruinne a neartú, go háirithe san earnáil iartheachtach, agus fás agus cruthú fostaíochta a chothú san Aontas dá réir sin. Le soláthar den sórt sin, ba cheart leanúint de bheith ag soláthar sonraí agus faisnéis ar ardleibhéil chomhsheasmhachta, leanúnachais, iontaofachta agus cháilíochta. Chun é sin a dhéanamh, caithfear rochtain ar shonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus a chur ar fáil, agus iad a phróiseáil agus shaothrú, ar mhórscála agus ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir, ar leibhéil éagsúla tráthúlachta, agus chuige sin ba cheart don Choimisiún leanúint de chur chuige comhtháite a úsáid, ar leibhéal an

([31]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1159/2013 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 911/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le clár Eorpach um fhaire na Cruinne (GMES) trí choinníollacha clárúcháin agus ceadúnúcháin a bhunú d'úsáideoirí GMES agus trí chritéir a shainiú i dtaca le srian a chur ar rochtain ar shonraí tiomanta GMES agus ar fhaisnéis faoi sheirbhís GMES (IO L 309, 19.11.2013, lch. 1).

Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, sa chaoi go bhféadfaí foinsí eile sonraí agus faisnéise a chomhtháthú chomh maith. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain éasca éifeachtúil ar shonraí Copernicus agus ar fhaisnéis Copernicus agus go mbeidh siad inúsáidte, go háirithe trí Sheirbhísí um Rochtain ar Shonraí agus ar Fhaisnéis (DIAS) a chur chun cinn laistigh de na Ballstáit agus, nuair is féidir, idir-inoibritheacht idir na bonneagair Eorpacha d'fhaire na Cruinne atá ann cheana a chothú chun sineirgíochtaí leis na sócmhainní sin a bhunú chun glacadh an mhargaidh le sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus a uasmhéadú agus a neartú.

(83) Ba cheart don Choimisiún oibriú le soláthraithe sonraí chun coinníollacha ceadúnúcháin maidir le sonraí tríú páirtí a chomhaontú chun a n-úsáid a éascú laistigh de Copernicus, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na cearta tríú páirtí is infheidhme. Toisc go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar ag cuid de shonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus, lena n-áirítear íomhánna ardtaifigh, ar shlándáil an Aontais nó na mBallstát, féadfar bearta a ghlacadh, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, chun déileáil le rioscaí agus bagairtí i leith shlándáil an Aontais nó na mBallstát.

(84) Chun úsáid sonraí ó fhaire na Cruinne agus ó theicneolaíochtaí a bhaineann leis a chur chun cinn agus a éascú i measc údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, FBManna, eolaithe agus taighdeoirí, ba cheart líonraí tiomnaithe le haghaidh leithdháileadh shonraí Copernicus, lena n-áirítear comhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha amhail Athsheachadáin Copernicus agus Acadaimh Copernicus, a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí maidir le glacadh na n-úsáideoirí. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh naisc níos dlúithe a bhunú idir Copernicus agus beartais an Aontais agus na beartais náisiúnta chun dlús a chur leis an éileamh ar fheidhmeanna agus seirbhísí tráchtála agus chun é a chur ar chumas gnólachtaí, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, feidhmeanna a fhorbairt atá bunaithe ar shonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus agus a mbeidh sé d'aidhm leo éiceachóras Eorpach iomaíoch sonraí ó fhaire na Cruinne a fhorbairt.

(85) Sa réimse idirnáisiúnta, ba cheart do Copernicus faisnéis bheacht iontaofa a sholáthar le haghaidh comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus mar thacaíocht do bheartais sheachtracha agus beartais comhair forbartha an Aontais. Ba cheart Copernicus a mheas mar rannchuidiú Eorpach le Córas Domhanda na gCóras um Fhaire na Cruinne, le Coiste um Shatailítí Fhaire na Cruinne, le Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, 1992, le baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste. Ba cheart don Choimisiún comhar iomchuí a chur ar bun nó a choinneáil ar bun le comhlachtaí earnálacha ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta.

(86) Agus Copernicus á chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún brath, i gcás inarb iomchuí, ar eagraíochtaí Eorpacha idirnáisiúnta lena bhfuil comhpháirtíochtaí bunaithe aige cheana, go háirithe GES, le haghaidh fhorbairt, chomhordú, chur chun feidhme agus éabhlóid na gcomhpháirteanna spáis, rochtain ar shonraí tríú páirtí i gcás inarb iomchuí agus, nuair nach mbíonn eintitis eile ina bun, oibriú misean tiomnaithe. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún brath ar EUMETSAT maidir le misin thiomnaithe nó codanna díobh a oibriú agus, i gcás inarb iomchuí, rochtain ar shonraí misean rannchuiditheach i gcomhréir lena shaineolas agus lena shainordú.

(87) I réimse na seirbhísí, ba cheart don Choimisiún an tairbhe iomchuí a bhaint as acmhainneachtaí sonracha a sholáthraíonn gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, Frontex, SATCEN, chomh maith leis an Lárionad idir-rialtasach Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin agus na hinfheistíochtaí Eorpacha a rinneadh cheana sna seirbhísí faireacháin ar an muirthimpeallacht trí Mercator Ocean. Maidir leis an tslándáil, d'fhéachfaí le cur chuige cuimsitheach a shocrú ar leibhéal an Aontais leis an Ardionadaí. Bhí rannpháirtíocht ghníomhach ag Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin i dtionscnamh GMES ón tús agus thacaigh sé le forbairtí i leith Galileo agus fho-chomhpháirt SWE. Faoi Rialachán (CE) Uimh. 377/2014, tá seirbhís bainistithe práinne Copernicus agus comhpháirt dhomhanda na seirbhíse faireacháin ar thalamh de chuid Copernicus á mbainistiú ag JRC, tá sé ag rannchuidiú leis an athbhreithniú ar cháilíocht sonraí agus faisnéise, agus ar a oiriúnaí atá siad don fheidhm, agus leis an éabhlóid amach anseo. Ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag brath ar chomhairle eolaíoch agus theicniúil ó JRC i ndáil le cur chun feidhme an Chláir.

(88) Tar éis na n-iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bhunaigh an tAontas creat tacaíochta maidir le faireachas agus rianú spáis (SST) trí bhíthin Chinneadh Uimh. 541/2014/AE. Tá smionagar spáis ina bhagairt thromchúiseach anois ar shlándáil, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis. Is den riachtanas fo-chomhpháirt SST, dá bhrí sin, ó thaobh chaomhnú chomhleanúnachas chomhpháirteanna an Chláir agus a

rannchuidiú le beartais an Aontais. Trí fhéachaint le hiomadú an smionagair spáis a chosc, cuidíonn fo-chomhpháirt SST le rochtain inbhuanaithe dheimhin ar an spás agus ar a úsáid a áirithiú, rud atá ina chomhchuspóir domhanda. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé tacú le tionscadail "ghlantacháin" Eorpacha d'fhithis na Cruinne a ullmhú.

(89) Ba cheart feidhmíocht agus uathriail na gcumas faoi fho-chomhpháirt SST a fhorbairt tuilleadh. Chuige sin, ba cheart catalóg Eorpach uathrialaitheach de réada spáis a bheith mar thoradh ar fho-chomhpháirt SST, ag tógáil ar shonraí ón líonra de bhrathadóirí SST. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh an tAontas féachaint an bhféadfaí cuid dá shonraí a chur ar fáil chun críoch tráchtála, neamhthráchtála agus taighde. Lena chois sin, ba cheart d'fho-chomhpháirt SST leanúint de bheith ag tacú le hoibriú agus soláthar sheirbhísí SST. Ós rud é gur faoi cheannas an úsáideora iad seirbhísí fho-chomhpháirt SST, ba cheart sásraí iomchuí a chur i bhfeidhm chun riachtanais úsáideoirí a bhailiú, lena n-áirítear na cinn a bhaineann leis an tslándáil agus le faisnéis ábhartha a tharchur chuig institiúidí poiblí agus astu chun éifeachtacht an chórais a fheabhsú, agus beartais náisiúnta sábháilteachta agus slándála á n-urramú ag an am céanna.

(90) Ba cheart soláthar sheirbhísí SST a bheith bunaithe ar chomhar idir an tAontas agus na Ballstáit agus ar úsáid saineolais agus sócmhainní náisiúnta, idir na cinn atá ann cheana agus na cinn a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear na cinn arna bhforbairt trí GSE nó ag an Aontas. Ba cheart a bheith in ann tacaíocht airgeadais a thabhairt le haghaidh brathadóirí nua SST a fhorbairt. I bhfianaise chineál íogair SST, ba cheart gurbh iad na Ballstáit atá rannpháirteach i bhfo-chomhpháirt SST a leanfadh de rialú a dhéanamh ar na brathadóirí náisiúnta agus a n-oibríochtaí, a gcothabháil agus a n-athnuachan agus ar phróiseáil na sonraí as a dtagann soláthar seirbhísí SST.

(91) Na Ballstáit a bhfuil úinéireacht nó rochtain acu ar chumais leordhóthanacha atá ar fáil d'fho-chomhpháirt SST, ba cheart dóibh in ann a bheith rannpháirteach i soláthar sheirbhísí SST. Ballstáit atá rannpháirteach sa Chuibhreannas a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 541/2014/AE, ba cheart a mheas go bhfuil úinéireacht nó rochtain acu ar chumais leordhóthanacha atá ar fáil d'fho-chomhpháirt STT. Na Ballstáit ar mian leo a bheith rannpháirteach i soláthar sheirbhísí SST, ba cheart dóibh togra comhpháirteach aonair a thíolacadh agus a léiriú go bhfuil eilimintí breise a bhaineann leis an socrú oibríochtúil á gcomhlíonadh acu. Ba cheart rialacha iomchuí a leagan síos maidir leis na Ballstáit sin a roghnú agus a eagrú.

(92) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a bhaineann leis na nósanna imeachta agus na heilimintí mionsonraithe a ghlacadh i ndáil le rannpháirtíocht na mBallstát i soláthar sheirbhísí SST a bhunú. I gcás nach mbeidh aon togra comhpháirteach tíolactha ag na Ballstáit ar mian leo a bheith rannpháirteach i soláthar sheirbhísí SST nó i gcás ina measfaidh an Coimisiún nach gcomhlíonann togra den sórt sin na critéir a leagadh síos, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann dara céim a sheoladh le haghaidh rannpháirtíocht na mBallstát i soláthar sheirbhísí SST a bhunú. Leis na nósanna imeachta agus na heilimintí don dara céim sin, ba cheart na fithisí a bheidh le cumhdach a shainiú, agus ba cheart aird a thabhairt ar an ngá le rannpháirtíocht na mBallstát a uasmhéadú maidir le soláthar sheirbhísí SST. I gcás ina bhforáiltear leis na nósanna imeachta agus na heilimintí sin go bhféadfadh an Coimisiún roinnt tograí a roghnú chun gach fithis a chumhdach, ba cheart sásraí comhordúcháin iomchuí a bhunú idir na grúpaí de Bhallstáit agus ba cheart réiteach éifeachtúil a sholáthar freisin chun seirbhísí uile SST a chumhdach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]).

(93) Nuair a bheidh fo-chomhpháirt SST ar bun, ba cheart di prionsabail chomhlántacht na ngníomhaíochtaí agus leanúnachas sheirbhísí SST ardcháilíochta faoi cheannas an úsáideora a urramú, agus ba cheart í a bheith bunaithe ar an saineolas is fearr. Dá bhrí sin, le fo-chomhpháirt SST, ba cheart dúbailt nach gá a sheachaint. Le cumais iomarcacha, ba cheart leanúnachas, cáilíocht agus stóinseacht sheirbhísí SST a áirithiú. Le gníomhaíochtaí na bhFoirne Saineolaithe, ba cheart cuidiú le dúbailt nach gá den sórt sin a sheachaint.

(94) Sa bhreis air sin, ba cheart fo-chomhpháirt SST a bheith ina cuidiú le bearta maolaithe atá ann cheana, amhail na Treoirlínte ó COPUOS maidir le Smionagar Spáis a Mhaolú agus na Treoirlínte maidir le hInbhuanaitheacht Fhadtéarmach Gníomhaíochtaí Cianspáis, nó tionscnaimh eile chun sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí cianspáis a áirithiú. D'fhonn rioscaí imbhuailte a laghdú, le fo-chomhpháirt SST, d'fhéachfaí le

([32]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

sineirgíochtaí a bhunú le tionscnaimh maidir le bearta bainte agus éighníomhaithe smionagair spáis. Le fo-chomhpháirt SST, ba cheart cuidiú lena áirithiú go mbeidh úsáid agus taiscéaladh an chianspáis síochánta. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag méadú na ngníomhaíochtaí spáis ar thionscnaimh idirnáisiúnta i réimse an bhainistithe spástráchta. Ba cheart don Aontas faireachán a dhéanamh ar na forbairtí sin agus féadfaidh sé iad a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma den chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

(95) Leis na gníomhaíochtaí faoi fho-chomhpháirtí SST, SWE agus NEO, ba cheart aird a thabhairt ar an gcomhar le páirtithe idirnáisiúnta, go háirithe na Stáit Aontaithe, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú páirtithe eile, go háirithe chun imbhualadh sa spás a sheachaint, chun iomadú an smionagair spáis a chosc agus chun ullmhacht a fheabhsú maidir le héifeachtaí na dteagmhas aimsire spáis míchuibheasach agus éifeachtaí na réad i ngar don Chruinne.

(96) Mhol Coiste Slándála na Comhairle go gcruthófaí struchtúr bainistithe riosca chun a áirithiú go gcuirfí gnéithe slándála sonraí san áireamh go hiomchuí i gcur chun feidhme Chinneadh Uimh. 541/2014/AE. Chun na críche sin, agus an obair a rinneadh cheana á cur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha i bhfo-chomhpháirt SST na struchtúir agus na nósanna imeachta bainistithe riosca iomchuí a bhunú.

(97) D'fhéadfadh teagmhais aimsire spáis mhíchuibheasacha agus mhóra a bheith ina mbagairt ar shábháilteacht na saoránach agus d'fhéadfaidís cur isteach ar oibríochtaí bonneagar talamhbhunaithe agus spásbhunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart fo-chomhpháirt SWE a bhunú mar chuid den Chlár agus é mar aidhm leis rioscaí a bhaineann le haimsir spáis agus na riachtanais úsáideoirí chomhfhreagracha a mheas, feasacht ar rioscaí a bhaineann le haimsir spáis a ardú, a áirithiú go soláthrófar seirbhísí SWE a bheidh faoi cheannas an úsáideora, agus feabhas a chur ar chumais na mBallstát seirbhísí SWE a sholáthar. Ba cheart don Choimisiún na hearnálacha a bhfuiltear le seirbhísí oibríochtúla SWE a sholáthar dóibh a chur in ord tosaíochta, agus riachtanais úsáideoirí, rioscaí agus ullmhacht teicneolaíochta á gcur san áireamh. San fhadtéarma, féadfar aghaidh a thabhairt ar riachtanais earnálacha eile. Le soláthar seirbhísí ar leibhéal an Aontais de réir riachtanais úsáideoirí, bheadh gá le taighde agus gníomhaíochtaí forbartha a bheidh spriocdhírithe comhordaithe leanúnach chun tacú le héabhlóid sheirbhísí SWE. Ba cheart soláthar sheirbhísí SWE a bheith bunaithe ar na cumais náisiúnta agus ar chumais an Aontais atá ann cheana agus ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht leathan ann ó Bhallstáit agus ó eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus go mbeadh baint ag an earnáil phríobháideach freisin.

(98) I bPáipéar Bán ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 maidir le todhchaí na hEorpa, i nDearbhú na Róimhe ó Chinn Stáit agus Rialtais ó 27 mBallstát de chuid an Aontais an 25 Márta 2017, agus i roinnt rún ó Pharlaimint na hEorpa, tá sé luaite go bhfuil ról mór le himirt ag an Aontas chun a áirithiú go mbeidh an Eoraip sábháilte slán athléimneach agus go mbeidh sí in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail coinbhleachtaí réigiúnacha, an sceimhlitheoireacht, cibearbhagairtí agus brúnna imirce atá ag méadú. Is uirlis fhíor-riachtanach do ghníomhaithe slándála í rochtain shlán ráthaithe ar chumarsáid satailíte, agus le comhthiomsú agus comhroinnt na príomhacmhainne slándála sin ar leibhéal an Aontais, neartaítear cumas an Aontais a chuid saoránach a chosaint.

(99) I gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 19-20 Nollaig 2013, léiríodh gur díol mór sásaimh di na hullmhúcháin le haghaidh na chéad ghlúine eile den Chumarsáid Satailíte Rialtasaí (GOVSATCOM) le dlúthchomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus GES. Lena chois sin, sainíodh GOVSATCOM mar cheann d'eilimintí na Straitéise Domhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh ó Mheitheamh 2016. Ba cheart do GOVSATCOM rannchuidiú le freagairt an Aontais ar Bhagairtí Hibrideacha agus tacaíocht a thabhairt do Straitéis Slándála Muirí AE agus do bheartas Artach AE.

(100) Is clár úsáideoir-lárnach é GOVSATCOM lena mbaineann gné láidir shlándála. Ba cheart do na gníomhaithe ábhartha a bheith in ann anailís a dhéanamh ar chásanna úsáide GOVSATCOM de réir trí phríomhaicme: bainistiú géarchéime, lena bhféadfaí misin agus oibríochtaí faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta, idir shibhialtach agus mhíleata, a áireamh, tubaistí nádúrtha agus de dhéanamh an duine, géarchéimeanna daonnúla, agus éigeandálaí muirí; faireachán, lena bhféadfaí faireachán ar theorainneacha, faireachán roimh theorainn, faireachán ar theorainneacha muirí, faireachán muirí agus faireachán ar gháinneáil neamhdhleathach a áireamh; agus príomhbhonneagair, lenar bhféadfaí líonraí taidhleoireachta, cumarsáid phóilíneachta, bonneagair dhigiteacha, amhail lárionaid sonraí agus freastalaithe, bonneagair chriticiúla, amhail fuinneamh, iompar agus bacainní uisce, amhail dambaí, agus bonneagair spáis a áireamh.

(101) Ba cheart do ghníomhaithe ón Aontas agus ó na Ballstáit úsáid a bhaint as acmhainneacht agus seirbhísí GOVSATCOM i misin agus oibríochtaí ina bhfuil an tslándáil agus an tsábháilteacht criticiúil. Dá bhrí sin, tá gá le leibhéal iomchuí neamhspleáchais ar thríú páirtithe (tríú tíortha agus eintitis ó thríú tíortha), lena gcuimseofar eilimintí uile GOVSATCOM, amhail teicneolaíochtaí spáis agus talaimh ar leibhéal na comhpháirte, an fhochórais agus an chórais, tionscail mhonaraíochta, úinéirí agus oibreoirí córas spáis, agus suíomh fisiciúil comhpháirteanna córas ar talamh.

(102) Is acmhainn fhinideach í an chumarsáid satailíte atá teoranta de réir acmhainneacht na satailíte, na minicíochta agus an chumhdaigh gheografaigh. Dá bhrí sin, chun bheith cost-éifeachtach agus chun tairbhe a bhaint as barainneacht scála, ní mór do GOVSATCOM an coibhneas a bharrfheabhsú idir éileamh ó úsáideoirí GOVSATCOM agus an soláthar a thugtar faoi chonarthaí le haghaidh acmhainneachtaí agus sheirbhísí GOVSATCOM. Ó athraíonn an t-éileamh agus an soláthar féideartha thar am, ní mór síorfhaireachán agus solúbthacht chun seirbhísí GOVSATCOM a choigeartú chuige sin.

(103) Ba cheart do cheanglais oibríochtúla a bheith bunaithe ar anailís ar chásanna úsáide. Is ar bhonn na gceanglas oibríochtúil sin, in éineacht le riachtanais slándála, ba cheart an phunann seirbhísí a fhorbairt. Sa phunann seirbhísí, ba cheart an bhonnlíne a leagan síos is infheidhme maidir le seirbhísí GOVSATCOM. Chun an coibhneas is fearr is féidir a choinneáil idir an t-éileamh agus na seirbhísí a sholáthraítear, ba cheart a bheith in ann an phunann seirbhísí le haghaidh sheirbhísí GOVSATCOM a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

(104) Le linn na chéad chéime de GOVSATCOM, go dtí thart ar 2025, bhainfí úsáid as an acmhainneacht atá le fáil cheana. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún acmhainneachtaí GOVSATCOM a fháil ó Bhallstáit a bhfuil córais agus acmhainneachtaí spáis náisiúnta acu agus ó sholáthraithe cumarsáide nó seirbhísí satailíte tráchtála, agus leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais á gcur san áireamh. Le linn na chéad chéime sin, thabharfaí seirbhísí GOVSATCOM isteach trí chur chuige céim ar chéim. Má léirítear, i gcaitheamh na chéad chéime, in anailís mhionsonraithe ar an soláthar agus ar an éileamh a bheidh ann, nach leor an cur chuige sin chun an t-éileamh athraitheach a chumhdach, ba cheart a bheith in ann cinneadh a ghlacadh aistriú chuig an dara céim agus bonneagair nó cumais spáis shaincheaptha a fhorbairt le comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach amháin nó níos mó, e.g. le hoibreoirí satailíte de chuid an Aontais.

(105) Chun na hacmhainní cumarsáide satailíte atá ar fáil a bharrfheabhsú, chun rochtain a ráthú i gcásanna dothuartha, amhail tubaistí nádúrtha, agus chun éifeachtúlacht oibríochtúil a áirithiú agus chun a áirithiú go mbeidh na hagaí seala fuirigh gairid, tá gá leis an gcuid ar talamh atá riachtanach, amhail Moil GOVSATCOM agus eilimintí eile ar talamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Ba cheart an chuid ar talamh sin a dhearadh ar bhonn ceanglais oibríochtúla agus slándála. Chun na rioscaí a mhaolú, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt suíomhanna fisiciúla i gceist i Mol GOVSATCOM. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le heilimintí eile den chuid ar talamh, amhail stáisiúin ancaire.

(106) I gcás úsáideoirí cumarsáide satailíte, is é an trealamh úsáideoirí an comhéadain oibríochtúil is tábhachtaí. Le cur chuige GOVSATCOM, ba cheart go mbeadh formhór na n-úsáideoirí in ann leanúint de bheith ag úsáid an trealaimh úsáideoirí atá acu cheana le haghaidh sheirbhísí GOVSATCOM.

(107) Ar mhaithe le héifeachtúlacht oibríochtúil, luaigh úsáideoirí go bhfuil sé tábhachtach díriú ar idir-inoibritheacht an trealaimh úsáideoirí agus ar threalamh úsáideoirí ar féidir leis úsáid a bhaint as córais satailíte éagsúla. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le taighde agus forbairt sa réimse sin.

(108) Ar leibhéal an chur chun feidhme, ba cheart na cúraimí agus na freagrachtaí a dháileadh ar eintitis speisialaithe, amhail GEC, SEGS, GES, an Ghníomhaireacht agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais sa chaoi go n-áiritheofaí go mbeadh siad i gcomhréir lena bpríomhról, go háirithe i gcás gnéithe a bhaineann le húsáideoirí.

(109) Tá ról tábhachtach ag údarás inniúil GOVSATCOM maidir le faireachán a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh úsáideoirí agus eintitis náisiúnta eile a bhfuil ról acu in GOVSATCOM na rialacha maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta agus na nósanna imeachta slándála mar a leagtar síos sna ceanglais slándála iad. Aon Bhallstát nár ainmnigh údarás inniúil GOVSATCOM, ba cheart dó, ar chor ar bith, pointe teagmhála a ainmniú chun bainistiú a dhéanamh ar aon bhlocáil a bhraithtear lena ndéantar difear do GOVSATCOM.

(110) Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit, an Chomhairle agus SEGS a bheith ina rannpháirtithe in GOVSATCOM, sa mhéid go roghnóidh siad úsáideoirí GOVSATCOM a údarú nó acmhainneachtaí, suíomhanna nó saoráidí a sholáthar. Ag cur san áireamh gur faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an údaróidh siad úsáideoirí GOVSATCOM nó an soláthróidh siad acmhainneachtaí, suíomhanna nó saoráidí, ní féidir a chur de cheangal ar na Ballstáit a bheith ina rannpháirtithe in GOVSATCOM nó bonneagar GOVSATCOM a óstáil. Dá bhrí sin, níor

dhochar comhpháirt GOVSATCOM do cheart na mBallstáit gan a bheith rannpháirteach in GOVSATCOM, lena n-áirítear i gcomhréir lena ndlí náisiúnta nó lena gceanglais bhunreachtúla i ndáil le beartais a bhaineann le gan a bheith ailínithe agus gan a bheith rannpháirteach i gcomhaontais mhíleata.

(111) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca leis na ceanglais oibríochtúla a ghlacadh le haghaidh sheirbhísí GOVSATCOM agus i dtaca leis an bpunann seirbhísí a ghlacadh le haghaidh sheirbhísí GOVSATCOM. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(112) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta le haghaidh acmhainneachtaí comhthiomsaithe cumarsáide satailíte GOVSATCOM a úsáid. Agus na rialacha mionsonraithe maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta á sainiú, ba cheart don Choimisiún na riachtanais oibríochtúla agus slándála agus anailís ar rioscaí agus ar an éileamh a bhfuil coinne leis ó rannpháirtithe in GOVSATCOM a chur san áireamh. Cé gur cheart, i bprionsabal, seirbhísí GOVSATCOM a chur ar fáil d'úsáideoirí GOVSATCOM saor in aisce, más é tátal na hanailíse sin go bhfuil easpa acmhainneachtaí ann agus chun saobhadh an mhargaidh a sheachaint, d'fhéadfaí go bhforbrófaí beartas praghsála mar chuid de na rialacha mionsonraithe sin maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(113) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le suíomh bhonneagar na coda ar talamh le haghaidh GOVSATCOM . Ar mhaithe le suíomhanna den sórt sin a roghnú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann na ceanglais oibríochtúla agus slándála, chomh maith leis an mbonneagar atá ann cheana, a chur san áireamh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(114) Le Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, bunaíodh gníomhaireacht de chuid an Aontais, darb ainm Gníomhaireacht Eorpach GNSS, chun gnéithe áirithe de na cláir loingseoireachta satailíte Galileo agus EGNOS a bhainistiú. Leis an Rialachán seo, cuirtear cúraimí nua ar an nGníomhaireacht Eorpach GNSS, go háirithe creidiúnú slándála, ní hamháin i leith Galileo agus EGNOS, ach i leith comhpháirteanna eile den Chlár chomh maith. Dá bhrí sin, ba cheart ainm, cúraimí agus gnéithe eagraíochtúla den Ghníomhaireacht Eorpach GNSS a oiriúnú dá réir.

(115) I gcomhréir le Cinneadh 2010/803/AE ([33]), tá suíomh na Gníomhaireachta lonnaithe i bPrág. Ar mhaithe le cur chun feidhme chúraimí na Gníomhaireachta, d'fhéadfaí foireann de chuid na Gníomhaireachta a lonnú i gceann de lárionaid talamhbhunaithe Galileo nó EGNOS dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/413 ón gCoimisiún ([34]) chun gníomhaíochtaí an Chláir dá bhforáiltear sa chomhaontú ábhartha a chur i gcrích. Ina theannta sin, chun gur féidir leis an nGníomhaireacht feidhmiú ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí, d'fhéadfaí líon teoranta baill foirne a shannadh d'oifigí áitiúla i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Níor cheart go dtiocfadh aistriú ghníomhaíochtaí lárnacha na Gníomhaireachta go dtí na hoifigí áitiúla sin mar gheall ar bhaill foirne a bheith á sannadh lasmuigh de shuíomh na Gníomhaireachta nó de lárionaid talamhbhunaithe Galileo agus EGNOS.

(116) Ós rud é gur leathnaíodh a raon feidhme agus nár cheart gur le Galileo agus EGNOS amháin a bhainfidh sé níos mó, ba cheart ainm na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS a athrú as seo amach. Ba cheart, áfach, leanúnachas ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS a áirithiú faoin nGníomhaireacht, lena n-áirítear leanúnachas a mhéid a bhaineann le cearta agus oibleagáidí, leis an bhfoireann agus le bailíocht aon chinntí a dhéantar.

(117) I bhfianaise shainordú na Gníomhaireachta agus an róil atá ag an gCoimisiún i leith an Clár a chur chun feidhme, is iomchuí a fhoráil nár cheart cuid de na cinntí a dhéanfaidh an Bord Riaracháin a ghlacadh gan vóta i bhfabhar leis sin ó ionadaithe an Choimisiúin.

([33]) Cinneadh a glacadh de chomhthoil idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 10 Nollaig 2010 maidir leis an áit ina mbeidh suíomh na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS (2010/803/AE) (IO L 342, 28.12.2010, lch. 15).

([34]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/413 ón gCoimisiún an 18 Márta 2016 lena gcinntear suíomh bhonneagar talamhbhunaithe an chórais arna bhunú faoi chlár Galileo agus lena leagtar amach na bearta is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh sé go rianúil, agus lena n–aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/117/AE (IO L 74, 19.3.2016, lch. 45).

(118) Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, ba cheart an Bord Riaracháin, an Bord um Chreidiúnú Slándála agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheith neamhspleách i leith a ndualgais a chomhlíonadh agus ba cheart dóibh gníomhú ar mhaithe le leas an phobail.

(119) Is féidir, agus is dócha fiú, go mbeadh cuid de chomhpháirteanna an Chláir bunaithe ar úsáid bonneagair náisiúnta atá íogair nó a bhaineann leis an tslándáil. I gcásanna den sórt sin, ar chúiseanna slándála náisiúnta, bheadh gá a shonrú go bhfreastalóidh ionadaithe ó na Ballstáit agus ionadaithe ón gCoimisiún, ar bhonn riachtanais eolais, ar chruinnithe an Bhoird Riaracháin agus an Bhoird um Chreidiúnú Slándála. Ar an mBord Riaracháin, níl ach na hionadaithe ó na Ballstáit a bhfuil an bonneagar sin acu agus ionadaí ón gCoimisiún le bheith rannpháirteach sa vótáil. I rialacha nós imeachta an Bhoird Riaracháin agus an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, ba cheart na cásanna a leagan amach ina bhfuil feidhm le bheith ag an nós imeachta sin.

(120) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([35]), ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir ar an talamh.

(121) Táthar ag tuar go mbeidh tionchar ollmhór ar gheilleagar na hEorpa i gcoitinne ag an úsáid a bhainfear as seirbhísí atá bunaithe ar Copernicus agus Galileo. Mar sin féin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an lámh in uachtar go mór ag tomhais agus cas-staidéir *ad hoc* sa lá atá inniu ann. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) tomhais agus táscairí staidrimh ábhartha a shainiú a bheadh ina mbunús le faireachán a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíochtaí spáis an Aontais ar bhonn córasach údarásach.

(122) Ba cheart Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go pras faoi na cláir oibre.

(123) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a bhaineann le cistí a ath-leithdháileadh idir na catagóirí caiteachais de bhuiséad an Chláir, na cinntí ranníocaíochta i dtaca leis na comhaontuithe ranníocaíochta a ghlacadh, na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a chinneadh is gá le haghaidh chur chun feidhme agus éabhlóid na gcomhpháirteanna den Chlár agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, cinneadh a dhéanamh maidir le FFPA, bearta a ghlacadh atá riachtanach d'fheidhmiú rianúil Galileo agus EGNOS agus le go nglacfaidh an margadh leo, na forálacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an rochtain ar sheirbhísí SST agus leis na nósanna imeachta ábhartha, an plean ilbhliantúil agus na príomhtháscairí feidhmíochta a ghlacadh chun forbairt a dhéanamh sheirbhísí STT an Aontais, rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le feidhmiú chreat eagraíochtúil rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST, seirbhísí SWE a roghnú, agus na cláir oibre a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart coiste an Chláir a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún, agus ba cheart don choiste sin teacht le chéile i bhfoirmíocht shonrach.

(124) Ós rud é go bhfuil comhpháirteanna an Chláir faoi cheannas an úsáideora, tá gá le rannpháirtíocht éifeachtach leanúnach úsáideoirí chun iad a chur chun feidhme agus a fhorbairt, go háirithe ó thaobh ceanglais seirbhíse a shainiú agus a bhailíochtú. Chun an tairbhe do na húsáideoirí a mhéadú, ba cheart féachaint le hionchur a fháil uathu trí chomhairliúchán tráthrialta le húsáideoirí deiridh ó earnáil phoiblí agus ó earnáil phríobháideach na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Chun na críche sin, ba cheart meitheal ("Fóram na nÚsáideoirí") a chur ar bun chun cúnamh a thabhairt do choiste an Chláir maidir le riachtanais na n-úsáideoirí a shainiú agus comhlíonadh na seirbhíse a fhíorú, agus bearnaí sna seirbhísí a sholáthraítear a shainiú chomh maith. Ba cheart eagrú Fhóram na nÚsáideoirí a bhunú le rialacha nós imeachta choiste an Chláir ar dhóigh ina gcuirfí sainiúlachtaí gach comhpháirte den Chlár agus gach seirbhíse laistigh de na comhpháirteanna san áireamh. Nuair is féidir, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le Fóram na nÚsáideoirí ar bhonn comhairliúchán córasach comhordaithe le húsáideoirí ar an leibhéal náisiúnta.

([35]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(125) D'fhéadfadh sé go mbeadh ionadaithe ó na heintitis a bhfuil cúraimí a bhaineann leis an gClár orthu in ann páirt a ghlacadh, mar bhreathnóirí, in obair choiste an Chláir arna bhunú le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, ós rud é gur gá, ó thaobh rialachas fónta poiblí de, bainistiú aonfhoirmeach a dhéanamh ar an gClár mar aon le cinnteoireacht níos tapa agus rochtain chomhionann a thabhairt ar fhaisnéis. Ar na cúiseanna céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh ionadaithe ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích leis an Aontas acu, ar comhaontú é a bhaineann leis an gClár nó lena chomhpháirteanna nó lena fho-chomhpháirteanna, in ann páirt a ghlacadh in obair choiste an Chláir faoi réir srianta slándála agus mar a fhoráiltear dó i dtéarmaí comhaontaithe den sórt sin. Níor cheart na hionadaithe ó eintitis ar cuireadh cúraimí a bhaineann leis an gClár orthu, ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith i dteideal páirt a ghlacadh i nósanna imeachta vótála choiste an Chláir. Ba cheart na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht breathnóirí agus rannpháirtithe *ad hoc* a leagan síos i rialacha nós imeachta choiste an Chláir.

(126) Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dul chun cinn an Chláir maidir le baint amach a chuspóirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na forálacha a fhorlíonadh maidir le sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus atá le soláthar d'úsáideoirí Copernicus i ndáil leis na sonraíochtaí agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rochtain ar shonraí den sórt sin agus ar fhaisnéis den sórt sin agus maidir lena n-úsáid, i dtaca leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú maidir leis na táscairí i gcás ina measfar gur gá sin agus i dtaca leis an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(127) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta toisc a théann thar acmhainneachtaí airgeadais agus teicniúla aon Bhallstáit aonair, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(128) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le ceanglais slándála an Chláir a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialú iomlán a chur i bhfeidhm maidir le ceanglais slándála an Chláir. Agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh i réimse shlándáil an Chláir, ba cheart coiste an Chláir, ag teacht le chéile i bhfoirmíocht slándála thiomnaithe, a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún. I bhfianaise íogaireacht na n-ábhar slándála, ba cheart don chathaoirleach de choiste an Chláir iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh a mbeadh an tacaíocht is forleithne is féidir acu laistigh den choiste. Níor cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinnfí ceanglais slándála ghinearálta an Chláir i gcásanna nach dtugann coiste an Chláir aon tuairim.

(129) Ba cheart an Clár a bhunú ar feadh tréimhse 7 mbliana chun a ré a ailíniú le ré an chreata airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([36]) ("CAI 2021-2027"). Níor cheart don Ghníomhaireacht, a dhéanann a cuid cúraimí féin, a bheith faoi réir an teorannaithe ama sin.

(130) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse ábhartha beartais agus chun gur féidir é a chur chun feidhme ó thús CAI 2021-2027, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige, le héifeacht chúlghabhálach, ón 1 Eanáir 2021.

(131) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE a aisghairm dá réir,

([36]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

**FORALACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo, bunaítear Clár Spáis an Aontais ("an Clár") ar feadh ré CAI 2021- 2027. Leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar, agus na rialacha maidir leis an gClár a chur chun feidhme.

Leis an Rialachán seo, bunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ("an Ghníomhaireacht") a thagann in ionad na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 agus i gcomharbacht uirthi, agus leagtar síos na rialacha maidir le hoibríocht na Gníomhaireachta.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "spásárthach" réad ar fithis a dearadh chun feidhm shonrach nó misean sonrach a dhéanamh, amhail cumarsáid, loingseoireacht nó faire na Cruinne, lena n-áirítear satailítí, lainseálaithe uachtaracha agus feithicil athiontrála; meastar gur neamhfheidhmiúil an spásárthach nach féidir an misean a beartaíodh dó a chomhlíonadh a thuilleadh ;meastar gur feidhmiúil an spásárthach atá i mód taisce nó i mód fuireachais atá ag fanacht le hathghníomhachtú féideartha;

(2) ciallaíonn "réad spáis" aon réad de dhéanamh an duine atá sa chianspás;

(3) ciallaíonn "réada i ngar don Chruinne" nó "NEO" réada nádúrtha sa ghrianchóras atá ag teacht i dtreo na Cruinne;

(4) ciallaíonn "smionagar spáis" aon réad spáis, lena n-áirítear spásárthach nó píosaí nó eilimintí de, atá i bhfithis na Cruinne nó a thagann isteach arís in atmaisféar na Cruinne, atá neamhfheidhmiúil nó nach bhfuil aon fheidhm shonrach leis a thuilleadh, lena n-áirítear codanna de roicéid nó satailítí saorga, nó satailítí saorga neamhghníomhacha;

(5) ciallaíonn "teagmhais aimsire spáis" nó "SWE" éagsúlachtaí a tharlaíonn go nádúrtha sa timpeallacht spáis ag an nGrian agus timpeall na Cruinne, lena n-áirítear bladhmanna gréine, cáithníní fuinnimh gréine, éagsúlachtaí sa ghaoth ghréine, eisteilgean maise corónaí, stoirmeacha agus dinimic atá geomhaighnéadach, stoirmeacha grianradaíochta agus suaití ianaisféaracha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gCruinne agus ar bhonneagair atá spásbhunaithe;

(6) ciallaíonn "feasacht staide an spáis" nó "SSA" cur chuige iomlánaíoch, lena n-áirítear eolas cuimsitheach agus tuiscint chuimsitheach, i dtaca leis na príomhghuaiseacha spáis, lena gcuimsítear imbhualadh idir réada spáis, bloghadh agus athiontráil réad spáis isteach san atmaisféar, teagmhais aimsire spáis, agus réada i ngar don Chruinne;

(7) ciallaíonn "córas faireachais agus rianaithe spáis" nó "córas SST" líonra braiteoirí talamhbhunaithe agus spásbhunaithe lenar féidir breathnú agus rianú a dhéanamh ar réada spáis, in éineacht le cumais phróiseála arb é is aidhm leo sonraí, faisnéis agus seirbhísí a sholáthar maidir le réada spáis a ghluaiseann ar fithis timpeall na cruinne;

(8) ciallaíonn "braiteoir SST" feisteas nó meascán d'fheistis, amhail radair, léasair agus teileascóip atá talamhbhunaithe nó spásbhunaithe, lenar féidir faireachas agus rianú spáis a dhéanamh agus lenar féidir paraiméadair fhisiciúla a bhaineann le réada spáis a thomhas, amhail méid, suíomh agus treoluas;

(9) ciallaíonn "sonraí SST" paraiméadair fhisiciúla réad spáis, lena n-áirítear smionagar spáis, arna ngabháil ag braiteoirí SST nó paraiméadair fhithiseacha réad spáis arna ndíorthú ó bhreathnóireacht bhraiteoirí SST faoi chuimsiú fho-chomhpháirt SST;

(10) ciallaíonn "faisnéis SST" sonraí próiseáilte SST atá inúsáidte láithreach ag an bhfaighteoir;

(11) ciallaíonn "nasc aisfhillte" acmhainneacht fheidhmiúil sheirbhís tacaíochta cuardaigh agus tarrthála (SAR) Galileo; cuideoidh seirbhís SAR Galileo le seirbhís faireacháin dhomhanda aerárthach, arna shainiú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO);

(12) ciallaíonn "Fairtheoirí Copernicus" satailít, spásárthaigh nó pálasta spásárthach tiomnaithe Copernicus arna n-úsáid le haghaidh fhaire spásbhunaithe na Cruinne;

(13) ciallaíonn "sonraí Copernicus" sonraí a sholáthraíonn Fairtheoirí Copernicus, lena n-áirítear a meiteashonraí;

(14) ciallaíonn "sonraí agus faisnéis tríú páirtí Copernicus" sonraí spásúla agus faisnéis spásúil arna gceadúnú nó arna gcur ar fáil lena n-úsáid faoi Copernicus a thagann ó fhoinsí seachas Fairtheoirí Copernicus;

(15) ciallaíonn "sonraí *in situ* Copernicus" sonraí faire ó bhraiteoirí talamhbhunaithe, ar an bhfarraige nó san aer, mar aon le sonraí tagartha agus sonraí coimhdeacha arna gceadúnú nó arna soláthar lena n-úsáid in Copernicus;

(16) ciallaíonn "faisnéis Copernicus" faisnéis arna giniúint ag Seirbhísí Copernicus tar éis a próiseála nó a múnlaithe, lena n-áirítear meiteashonraí na faisnéise sin;

(17) ciallaíonn "Stáit Rannpháirteacha Copernicus" tríú tíortha a dhéanann rannchuidiú airgeadais le Copernicus agus atá rannpháirteach ann faoi théarmaí comhaontaithe idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích leis an Aontas;

(18) ciallaíonn "bunúsáideoirí Copernicus" institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus comhlachtaí poiblí Eorpacha, náisiúnta nó réigiúnacha san Aontas nó Stáit Rannpháirteacha Copernicus ar cuireadh misean seirbhíse poiblí de chúram orthu beartais phoiblí shibhialta, amhail beartais chomhshaoil, cosanta sibhialta, sábháilteachta, lena n-áirítear sábháilteacht bonneagair, nó beartais slándála a shainiú, a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú nó faireachán a dhéanamh orthu, ar institiúidí agus comhlachtaí iad a bhaineann tairbhe as sonraí Copernicus agus as faisnéis Copernicus agus a bhfuil ról breise acu in éabhlóid Copernicus a stiúradh;

(19) ciallaíonn "úsáideoirí eile Copernicus" eagraíochtaí taighde agus oideachais, comhlachtaí tráchtála agus príobháideacha, carthanachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, a bhaineann tairbhe as sonraí Copernicus agus as faisnéis Copernicus;

(20) ciallaíonn "úsáideoirí Copernicus" bunúsáideoirí Copernicus agus úsáideoirí eile Copernicus;

(21) ciallaíonn "Seirbhísí Copernicus" seirbhísí breisluacha atá ar mhaithe le leas ginearálta agus comhchoiteann an Aontais agus na mBallstát, arna maoiniú ag an gClár agus lena n-aistrítear sonraí ó fhaire na Cruinne, sonraí *in situ* Copernicus agus sonraí coimhdeacha eile ina bhfaisnéis phróiseáilte, chomhiomlánaithe agus léirmhínithe arna gcur in oiriúint do riachtanais úsáideoirí Copernicus;

(22) ciallaíonn "úsáideoir GOVSATCOM" údarás poiblí, nó comhlacht ar cuireadh feidhmiú údaráis phoiblí de chúram air, eagraíocht idirnáisiúnta nó duine nádúrtha nó dlítheanach, a údaraítear go cuí agus a gcuirtear cúraimí orthu maidir le maoirseacht agus bainistiú misean, oibríochtaí agus bonneagair atá criticiúil ó thaobh na slándála de;

(23) ciallaíonn "Mol GOVSATCOM" lárionad oibríochtúil arb é an phríomhfheidhm atá aige úsáideoirí GOVSATCOM a nascadh, ar bhealach slán, le soláthraithe acmhainneacht agus sheirbhísí GOVSATCOM agus, ar an dóigh sin, an soláthar agus an t-éileamh a bharrfheabhsú ag aon am ar bith.

(24) ciallaíonn "cás úsáide GOVSATCOM" cás oibríochtúil i dtimpeallacht ar leith ina bhfuil gá le seirbhísí GOVSATCOM;

(25) ciallaíonn "faisnéis rúnaicmithe AE" nó "FRAE" aon fhaisnéis nó ábhar a thugtar aicmiúchán slándála AE di nó dó, a dtiocfadh leibhéil éagsúla dochair do leasanna an Aontais nó do leasanna ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit as a nochtadh neamhúdaraithe;

(26) ciallaíonn "faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair" faisnéis neamh-rúnaicmithe de réir bhrí Airteagal 9 de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún ([37]), faoi nach bhfuil feidhm ag oibleagáid faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair a chosaint ach amháin maidir leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais atá faoi cheangal dlí chun rialacha slándála an Choimisiúin a chur i bhfeidhm;

([37]) Cinneadh (AE, Euratom) ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

(27) ciallaíonn "oibríocht mheasctha" gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráidí measctha de bhun Airteagal 2(6) den Rialachán Airgeadais, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-inaisíoctha tacaíochta nó ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha ó bhuiséad an Aontais le foirmeacha inaisíoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais agus infheisteoirí tráchtála;

(28) ciallaíonn "eintiteas dlítheanach" duine nádúrtha, nó duine dlítheanach a chruthaítear agus a aithnítear mar sin faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta, nó faoin dlí idirnáisiúnta, ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach agus ag a bhfuil an cumas gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 197(2) den Rialachán Airgeadais;

(29) ciallaíonn "eintiteas muiníneach" eintiteas dlítheanach atá neamhspleách ar an gCoimisiún nó ar thríú páirtí a fhaigheann sonraí ón gCoimisiún nó ón tríú páirtí sin chun na sonraí sin a stóráil agus a láimhseáil go sábháilte;

*Airteagal 3*

**Comhpháirteanna an Chláir**

1. Cuimseofar sa Chlár na comhpháirteanna seo a leanas:

(a) "Galileo", córas domhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS) uathrialaitheach sibhialta atá faoi rialú sibhialta, atá comhdhéanta de chnuasach satailítí, lárionad agus líonra domhanda stáisiún ar talamh, a chuireann seirbhísí suite, loingseoireachta agus uainiúcháin ama ar fáil, agus ina gcomhtháthaítear riachtanais agus ceanglais na slándála;

(b) "Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí" (EGNOS), córas réigiúnach loingseoireachta sibhialta satailíte faoi rialú sibhialta ina bhfuil lárionaid agus stáisiúin ar talamh agus roinnt trasfhreagróirí arna suiteáil ar shatailítí geoisioncronacha agus lena méadaítear agus lena gceartaítear na comharthaí oscailte a chuireann Galileo agus GNSSanna eile amach, *inter alia* le haghaidh bainistiú aerthráchta, le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus le haghaidh córais iompair eile;

(c) "Copernicus", córas sibhialta um fhaire na Cruinne atá oibríochtúil, uathrialaitheach, faoi cheannas an úsáideora, agus faoi rialú sibhialta, lena bhfothaítear na hacmhainneachtaí náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, lena gcuirtear sonraí agus seirbhísí geofhaisnéise ar fáil, ina bhfuil satailítí, bonneagar ar talamh, saoráidí próiseála sonraí agus faisnéise, agus bonneagar dáileacháin, bunaithe ar bheartas sonraí atá saor in aisce, iomlán, agus oscailte agus, i gcás inarb iomchuí, lena gcomhtháthaítear riachtanais agus ceanglais na slándála ;

(d) "Feasacht Staide an Spáis" nó "SSA", ina n-áirítear na fo-chomhpháirteanna seo a leanas:

(i) "fo-chomhpháirt SST", córas faireachais agus rianaithe spáis a bhfuil sé mar aidhm aige sonraí, faisnéis agus seirbhísí a bhaineann le faireachas agus rianú réad spáis atá ar fithis timpeall na Cruinne a fheabhsú, a oibriú agus a sholáthar;

(ii) "fo-chomhpháirt SWE", paraiméadair faire a bhaineann le faireachán ar theagmhais aimsire spáis;

(iii) "fo-chomhpháirt NEO", faireachán ar rioscaí a bhaineann le réada i ngar don Chruinne atá ag teacht i dtreo na Cruinne;

(e) "GOVSATCOM", seirbhís cumarsáide satailíte faoi rialú sibhialta agus rialtais lena gcumasaítear soláthar acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte d'údaráis an Aontais agus na mBallstát a bhainistíonn misin agus bonneagair atá criticiúil ó thaobh na slándála de.

2. Áireofar sa Chlár bearta breise chun rochtain éifeachtúil agus uathrialaitheach a áirithiú ar an spás don Chlár agus chun earnáil spáis Eorpach iomaíoch agus nuálach a chothú, ar bhonn réamhtheachtach agus iartheachtach, chun éiceachóras spáis an Aontais a neartú agus chun stádas an Aontais mar ghníomhaí domhanda a threisiú.

*Airteagal 4*

**Cuspóirí**

1. Is iad na cuspóirí ginearálta atá ag an gClár:

(a) sonraí, faisnéis agus seirbhísí a bhaineann leis an spás agus atá ar ardcháilíocht, cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, slán, a sholáthar, nó rannchuidiú lena soláthar, gan bhriseadh agus ar an leibhéal domhanda nuair is féidir, lena gcomhlíonfar na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus a bheidh in ann tacú le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais agus le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe neamhspleách a bhaineann leis na tosaíochtaí sin, *inter alia* maidir leis an athrú aeráide, iompar agus slándáil;

(b) na tairbhí socheacnamaíocha a uasmhéadú, go háirithe trí fhorbairt earnálacha Eorpacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha nuálacha agus iomaíocha a chothú, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, lena gcumasófaí, ar an gcaoi sin, fás agus cruthú post san Aontas agus lena gcuirfí chun cinn an glacadh agus an úsáid is leithne is féidir i ndáil leis na sonraí, an fhaisnéis agus na seirbhísí arna soláthar ag comhpháirteanna an Chláir laistigh agus lasmuigh den Aontas; agus sineirgíochtaí agus comhlántacht á n-áirithiú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíochta an Aontais arna ndéanamh faoi Rialachán (AE) 2021/695;

(c) sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a Bhallstát a fheabhsú agus uathriail an Aontais a threisiú, go háirithe ó thaobh na teicneolaíochta de;

(d) ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda in earnáil an spáis a chur chun cinn, comhar idirnáisiúnta a spreagadh, an taidhleoireacht spáis Eorpach a threisiú lena n-áirítear trí phrionsabail na cómhalartachta agus na hiomaíochta córa a chothú, agus a ról a neartú maidir le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, tacú le tionscnaimh dhomhanda lena n-áirítear maidir le forbairt inbhuanaithe agus feasacht a mhúscailt faoin spás mar oidhreacht choiteann an chine dhaonna;

(e) feabhas a chur ar shábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí cianspáis uile a bhaineann le hiomadú réad spáis agus iomadú smionagair spáis, agus leis an timpeallacht spáis, trí bhearta iomchuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí i gcomhair diúscairt spásárthach a bhfuil a ré fheidhmiúil caite acu agus i gcomhair diúscairt smionagair spáis.

2. Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an gClár:

(a) i gcás Galileo agus EGNOS: seirbhísí suite, loingseoireachta agus uainiúcháin fadtéarmacha, úrscothacha agus slána a sholáthar, agus leanúnachas agus stóinseacht na seirbhísí a n-áirithiú ag an am céanna;

(b) i gcás Copernicus: sonraí, faisnéis agus seirbhísí ó fhaire na Cruinne atá beacht agus iontaofa agus lena gcomhtháthaítear foinsí sonraí eile a sheachadadh, arna soláthar ar bhonn inbhuanaithe, chun tacú le ceapadh, cur chun feidhme agus faireachán bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais agus a Bhallstát ar bhonn riachtanais an úsáideora;

(c) i gcás SSA: feabhas a chur ar acmhainneachtaí chun faireachán a dhéanamh ar réada spáis agus ar smionagar spáis agus iad a rianú agus a shainaithint agus é mar aidhm aige sin feidhmiú agus uathriail cumas faoi fho-chomhpháirt SST ar leibhéal an Aontais a mhéadú tuilleadh, seirbhísí SWE a sholáthar agus acmhainneachtaí na mBallstát a mhapáil agus a líonrú faoi fho-chomhpháirt NEO;

(d) i gcás GOVSATCOM: infhaighteacht fhadtéarmach seirbhísí cumarsáide satailíte atá iontaofa, slán agus cost-éifeachtach a áirithiú d'úsáideoirí GOVSATCOM;

(e) tacú le hinniúlacht uathrialaitheach, shlán agus chostéifeachtúil chun rochtain a fháil ar an spás, agus leasanna bunriachtanacha slándála an Aontais á gcur san áireamh;

(f) forbairt geilleagair spáis láidir de chuid an Aontais a chothú, lena n-áirítear trí thacú leis an éiceachóras spáis agus trí iomaíochas, nuálaíocht, fiontraíocht, scileanna agus fothú acmhainneachta a threisiú i ngach Ballstát agus i ngach réigiún den Aontas, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta nó daoine nádúrtha agus dlítheanacha ón Aontas atá gníomhach nó ar mian leo a bheith gníomhach san earnáil sin.

*Airteagal 5*

**Rochtain ar an spás**

1. Leis an gClár, tacófar le soláthar agus comhiomlánú seirbhísí lainseála le haghaidh riachtanais an Chláir agus, arna iarraidh sin dóibh, comhiomlánú do na Ballstáit agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.

2. I sineirgíochtaí le cláir agus scéimeanna cistiúcháin eile de chuid an Aontais, agus gan dochar do ghníomhaíochtaí GES i réimse na rochtana ar an spás, leis an gClár, féadfar tacú leis an méid seo a leanas:

(a) oiriúnuithe, lena n-áirítear forbairt teicneolaíochta, ar na córais láinseála spáis a bhfuil gá leo chun satailítí a lainseáil, lena n-áirítear teicneolaíochtaí malartacha agus córais nuálacha chun rochtain a fháil ar an spás, chun comhpháirteanna an Chláir a chur chun feidhme;

(b) oiriúnuithe ar an mbonneagar spáis ar talamh, lena n-áirítear forbairtí nua, a bhfuil gá leo chun an Clár a chur chun feidhme.

*Airteagal 6*

**Gníomhaíochtaí chun tacú le hearnáil spáis nuálach iomaíoch don Aontas**

1. Leis an gClár, cuirfear fothú acmhainneachta chun cinn ar fud an Aontais, trí thacú leis an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí nuálaíochta chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí, bonneagar nó seirbhísí spáis agus bearta chun glacadh réiteach nuálach ar toradh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta iad a éascú agus chun tacú leis an earnáil iartheachtach a fhorbairt, go háirithe trí shineirgíochtaí le cláir eile agus ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais, lena n-áirítear Clár InvestEU;

(b) gníomhaíochtaí arb aidhm leo éileamh an phobail agus nuálaíocht na hearnála poiblí a chothú, chun barr cumais na seirbhísí poiblí a bhaint amach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí;

(c) fiontraíocht, lena n-áirítear ó chéim luath go huas-scálú, i gcomhréir le hAirteagal 21, trína bheith ag brath ar fhorálacha eile maidir le rochtain ar mhaoiniú dá dtagraítear in Airteagal 18 agus i gCaibidil I de Theideal III, agus trí úsáid a bhaint as cur chuige an chéad chonartha;

(d) teacht chun cinn éiceachórais spáis atá fabhrach do lucht gnó trí chomhar i measc gnóthas i bhfoirm líonra mol spáis ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) tugtar le chéile leo, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, gníomhaithe ó earnáil an spáis, ón earnáil dhigiteach agus ó earnálacha eile, mar aon le húsáideoirí; agus

(ii) tá sé d'aidhm acu tacaíocht, saoráidí agus seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh agus do chuideachtaí chun fiontraíocht agus scileanna a chothú, chun sineirgíochtaí san earnáil iartheachtach a fheabhsú agus chun comhar a chothú leis na moil nuálaíochta digití a bunaíodh faoin gClár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]);

(e) gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar, go háirithe do ghairmithe, fiontraithe, céimithe agus mic léinn, go háirithe trí shineirgíochtaí le tionscnaimh ag leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha, ar mhaithe le hardscileanna a fhorbairt;

(f) rochtain ar shaoráidí próiseála agus tástála do ghairmithe ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí, mic léinn agus fiontraithe;

(g) gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus caighdeánaithe;

(h) slabhraí soláthair Eorpacha a threisiú ar fud an Aontais trí rannpháirtíocht fhorleathan na bhfiontar, go háirithe na FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, i gcomhpháirteanna uile an Chláir, go háirithe trí Airteagal 14, agus bearta le taca a chur faoina n-iomaíochas ar an leibhéal domhanda.

2. Agus gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 á gcur chun feidhme, tacófar leis an ngá le hacmhainneacht a fhorbairt sna Ballstáit a bhfuil tionscal spáis ag teacht chun cinn iontu, chun deis chomhionann a sholáthar do gach Ballstát a bheith rannpháirteach sa Chlár.

*Airteagal 7*

**Rannpháirtíocht tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Chlár**

1. Féadfaidh comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith rannpháirteach in Galileo, EGNOS agus Copernicus, chomh maith le fo-chomhpháirteanna SWE agus NEO, ach gan fo-chomhpháirt SST a áireamh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

I gcás Copernicus agus fho-chomhpháirteanna SWE agus NEO, ach gan comhpháirt SST a áireamh, féadfaidh na tíortha seo a leanas a bheith rannpháirteach:

(a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

([38]) Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

(b) tíortha de Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

2. I gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonrach a thugtar i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE lena gcumhdaítear rannpháirtíocht tríú tír nó rannpháirtíocht eagraíochta idirnáisiúnta in aon chlár de chuid an Aontais:

(a) féadfaidh na tríú tíortha dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír de mhír 1 a bheith rannpháirteach in Galileo agus EGNOS;

(b) féadfaidh comhaltaí de CSTE ar comhaltaí iad de LEE, mar aon le tríú tíortha dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír de mhír 1, a bheith rannpháirteach in GOVSATCOM; agus

(c) féadfaidh thríú tíortha, seachas na tríú tíortha sin a chumhdaítear le mír 1, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach in Galileo, EGNOS, Copernicus, GOVSATCOM, chomh maith le fo-chomhpháirteanna SWE agus NEO, ach gan fo-chomhpháirt SST a áireamh.

Leis an gcomhaontú sonrach dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfar an méid seo a leanas:

(a) cothromaíocht chóir a áirithiú a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus tairbhí an tríú tír nó na heagraíochta idirnáisiúnta atá rannpháirteach i gcláir an Aontais;

(b) coinníollacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár.

(c) gan aon chumhacht cinnteoireachta a thabhairt i ndáil le clár an Aontais don tríú tír ná don eagraíocht idirnáisiúnta;

(d) cearta an Aontais a ráthú chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

Ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír den mhír seo.

3. Ní fhéadfaidh na tríú tíortha ná na heagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach i gcomhpháirteanna nó fo-chomhpháirteanna an Chláir, gan fo-chomhpháirt SST a áireamh, faoin Airteagal seo ach amháin ar choinníoll go gcaomhnaítear leasanna riachtanacha slándála an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a chosaint faoi Airteagal 43.

*Airteagal 8*

**Rochtain ag tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar sheirbhísí SST, ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar Sheirbhís Phoiblí Rialáilte Galileo**

1. Ní fhéadfaidh tríú tíortha ná eagraíochtaí idirnáisiúnta rochtain a bheith acu ar sheirbhísí GOVSATCOM ach amháin ar choinníoll:

(a) go ndéanfaidh siad comhaontú a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, lena leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí GOVSATCOM; agus

(b) go gcomhlíonann siad Airteagal 43 den Rialachán seo.

2. Ní fhéadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil a gceanncheathrú san Aontas rochtain a bheith acu ar sheirbhísí SST dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 55(1) ach amháin ar choinníoll:

(a) go ndéanfaidh siad comhaontú a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, lena leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí SST den sórt sin; agus

(b) go gcomhlíonann siad Airteagal 43 den Rialachán seo.

3. Ní bheidh gá le haon chomhaontú arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE rochtain a fháil ar sheirbhísí SST atá ar fáil go poiblí, dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 55(1). Beidh rochtain ar na seirbhísí sin faoi réir iarraidh ó na húsáideoirí ionchasacha i gcomhréir le hAirteagal 56.

4. Is le hAirteagal 3(5) de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([39]) a rialófar an rochtain ag tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar an tSeirbhís Phoiblí Rialáilte (PRS) arna soláthar ag Galileo.

*Airteagal 9*

**Úinéireacht agus úsáid sócmhainní**

1. Ach amháin mar a fhoráiltear faoi mhír 2, is é an tAontas a bheidh ina úinéir ar na sócmhainn inláimhsithe agus doláimhsithe go léir arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi chomhpháirteanna an Chláir. Chuige sin, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh forálacha lena n-áirithítear úinéireacht an Aontais ar na sócmhainní sin sna conarthaí, comhaontuithe agus socruithe ábhartha eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a bhféadfaí sócmhainní den sórt sin a chruthú nó a fhorbairt dá mbarr.

2. Níl feidhm ag mír 1 maidir leis na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi chomhpháirteanna an Chláir más rud é, maidir leis na gníomhaíochtaí sin a bhféadfaí sócmhainní den sórt sin a chruthú nó a fhorbairt dá mbarr:

(a) go ndéantar iad de bhun deontas nó duaiseanna arna maoiniú ina n-iomláine ag an Aontas;

(b) nach maoiníonn an tAontas ina n-iomláine iad; nó

(c) go mbaineann siad le forbairt, monarú nó úsáid glacadóirí PRS a ionchorpraíonn FRAE, nó chomhpháirteanna na nglacadóirí sin.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh forálacha ina leagtar amach an córas úinéireachta iomchuí i dtaca leis na sócmhainní sin sna conarthaí, comhaontuithe agus socruithe eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus, maidir le pointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo, go n-áireofar leo gur féidir leis an Aontas na glacadóirí PRS a úsáid i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE.

4. Féachfaidh an Coimisiún le conarthaí, comhaontuithe nó socruithe eile a thabhairt i gcrích le tríú páirtithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cearta úinéireachta atá ann cheana maidir le sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi chomhpháirteanna an Chláir;

(b) cearta úinéireachta nó ceadúnais a fháil i dtaca leis na sócmhainní eile inláimhsithe agus doláimhsithe is gá chun an Clár a chur chun feidhme.

5. Áiritheoidh an Coimisiún, trí bhíthin creat iomchuí, go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar leis an Aontas iad.

6. Nuair is cearta maoine intleachtúla iad na sócmhainní dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, bainisteoidh an Coimisiún na cearta sin ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, agus aird á tabhairt ar an méid seo a leanas:

(a) an gá leis na sócmhainní sin a chosaint agus le luach a thabhairt dóibh;

(b) leasanna dlisteanacha na ngeallsealbhóirí uile lena mbaineann;

(c) an gá le margaí agus nuatheicneolaíochtaí a fhorbairt go comhchuí; agus

(d) an gá le leanúnachas na seirbhísí arna soláthar ag comhpháirteanna an Chláir.

Áiritheoidh an Coimisiún, go háirithe, go n-áireofar sna conarthaí, comhaontuithe agus socruithe ábhartha eile go bhféadfar na cearta maoine intleachtúla sin a aistriú chuig tríú páirtithe nó ceadúnais tríú páirtithe a thabhairt lena n-aghaidh, lena n-áirítear do chruthaitheoir na maoine intleachtúla, agus gur féidir leis an nGníomhaireacht tairbhiú de na cearta sin gan srian i gcás inar gá chun a cúraimí faoin Rialachán seo a dhéanamh.

Sa FFPA dá bhforáiltear in Airteagal 28(4) nó sna comhaontuithe ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 32(1), beidh forálacha ábhartha chun úsáid na gceart maoine intleachtúla sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a cheadú do GES agus do na heintitis ar cuireadh cúram orthu i gcás inar gá chun a gcúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo, agus beidh coinníollacha maidir leis an úsáid sin.

([39]) Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis na rialacha le haghaidh rochtana ar an tseirbhís phoiblí rialáilte arna soláthar ag an gcóras loingseoireachta satailíte domhanda a bunaíodh faoi chlár Galileo (IO L 287, 4.11.2011, lch. 1).

*Airteagal 10*

**Baránta**

1. Gan dochar do na hoibleagáidí arna bhforchur ag forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí de, na seirbhísí, na sonraí agus an fhaisnéis arna soláthar ag comhpháirteanna an Chláir, déanfar iad a sholáthar gan aon bharánta sonrach nó intuigthe maidir lena gcáilíocht, beachtas, infhaighteacht, iontaofacht, luas ná oiriúnacht chun críche ar leith.

2. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear úsáideoirí na seirbhísí, na sonraí agus na faisnéise sin ar an eolas faoi mhír 1 go cuí.

TEIDEAL II

**RANNÍOCAÍOCHT BHUISÉADACH AGUS SÁSRAÍ BUISÉADACHA**

*Airteagal 11*

**Buiséad**

1. Is é EUR 14,880 billiún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus chun na rioscaí gaolmhara a chumhdach.

Déanfar dáileadh an mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhiondealú sna catagóirí caiteachais seo a leanas:

(a) i gcás Galileo agus EGNOS: EUR 9,017 billiún;

(b) i gcás Copernicus: EUR 5,421 billiún;

(c) i gcás SSA agus GOVSATCOM: EUR 0,442 billiún.

2. Féadfaidh an Coimisiún cistí a ath-leithdháileadh idir na catagóirí caiteachais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, suas le huasteorainn 7,5 % den chatagóir caiteachais a fhaigheann na cistí nó an chatagóir a sholáthraíonn na cistí. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cistí a ath-leithdháileadh idir na catagóirí caiteachais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nuair a sháraíonn an t-ath-leithdháileadh sin méid carnach atá níos mó ná 7,5 % den mhéid a leithdháiltear ar an gcatagóir caiteachais a fhaigheann na cistí nó ar an gcatagóir a sholáthraíonn na cistí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3),

3. Bearta breise dá bhforáiltear in Airteagal 3(2), eadhon gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 6, déanfar iad a mhaoiniú faoi chomhpháirteanna an Chláir.

4. Leithreasuithe buiséadacha an Aontais arna sannadh don Chlár, cumhdófar leo na gníomhaíochtaí uile a theastaíonn chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chomhlíonadh. Le caiteachas den sórt sin, féadfar an méid seo a leanas a chumhdach:

(a) staidéir agus cruinnithe saineolaithe, go háirithe comhlíonadh a srianta costais agus ama;

(b) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí beartais an Aontais i gcás ina mbeidh baint dhíreach acu le cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe d'fhonn sineirgíochtaí a chruthú le beartais eile de chuid an Aontais;

(c) na líonraí teicneolaíochta faisnéise arb é is feidhm leo faisnéis a phróiseáil nó a mhalartú, agus na bearta bainistíochta riaracháin, lena n-áirítear i réimse na slándála, a chuireann an Coimisiún chun feidhme;

(d) cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

5. Gníomhaíochtaí a fhaigheann cistiú carnach ó chláir éagsúla de chuid an Aontais, ní dhéanfar iad a iniúchadh ach aon uair amháin, agus cumhdófar na cláir bhainteacha ar fad agus na rialacha ábhartha is infheidhme a ghabhann leo.

6. Féadfar na gealltanais bhuiséadacha a bhaineann leis an gClár agus a chumhdaíonn gníomhaíochtaí a mhairfidh breis agus bliain airgeadais amháin a mhiondealú thar roinnt blianta i dtráthchodanna bliantúla.

7. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht roinnte a aistriú, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chuig an gClár, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 26 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.

*Airteagal 12*

**Ioncam sannta**

1. An t-ioncam arna ghineadh ó chomhpháirteanna an Chláir, íocfar isteach i mbuiséad an Aontais é agus úsáidfear é chun an chomhpháirt a ghin an t-ioncam a mhaoiniú.

2. Féadfaidh na Ballstáit ranníocaíocht airgeadais bhreise a thabhairt do chomhpháirt den Chlár chun eilimintí breise a chumhdach, ar choinníoll nach gcruthófar le heilimintí breise den sórt sin aon ualach airgeadais nó teicniúil ná aon mhoill don chomhpháirt lena mbaineann. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, ar comhlíonadh na coinníollacha sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

3. Caithfear leis an ranníocaíocht airgeadais bhreise dá dtagraítear san Airteagal seo mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 13*

**Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó faoi bhainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

2. Leis an gClár, féadfar cistiú a sholáthar in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. Féadfar maoiniú a sholáthar freisin leis i bhfoirm ionstraimí airgeadais mar chuid d'oibríochtaí measctha.

3. I gcás ina gcuirfear buiséad Copernicus chun feidhme faoi bhainistiú indíreach, féadfaidh feidhm a bheith ag rialacha soláthair na n-eintiteas a gcuirtear cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid orthu a mhéid is incheadaithe faoi Airteagail 62 agus 154 den Rialachán Airgeadais. Na coigeartuithe sonracha is gá ar na rialacha soláthair sin, déanfar iad a shainiú sna comhaontuithe ranníocaíochta ábhartha.

TEIDEAL III

**FORÁLACHA AIRGEADAIS**

*CAIBIDIL I*

***Soláthar***

*Airteagal 14*

**Prionsabail an tsoláthair**

1. I nósanna imeachta soláthair chun críoch an Chláir, gníomhóidh an t-údarás conarthach i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) an rannpháirtíocht is mó agus is oscailte is féidir i measc oibreoirí eacnamaíocha a chur chun cinn i ngach Ballstát ar fud an Aontais agus tríd an slabhra soláthair, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, iontrálaithe nua agus FBManna, lena n-áirítear i gcás ina ndéanann tairgeoirí fochonraitheoireacht;

(b) iomaíocht éifeachtach a áirithiú agus, i gcás inar féidir, róbhrath ar aon soláthraí amháin a sheachaint, go háirithe i dtaca le trealamh criticiúil agus seirbhísí criticiúla, agus cuspóirí an neamhspleáchais theicneolaíoch agus leanúnachas na seirbhísí á gcur san áireamh;

(c) de mhaolú ar Airteagal 167 den Rialachán Airgeadais, ilfhoinsí soláthair a úsáid, i ngach cás inarb iomchuí, chun rialú foriomlán níos fearr a áirithiú ar chomhpháirteanna uile an Chláir, ar a gcostas agus ar a sceideal;

(d) prionsabail na rochtana oscailte agus na hiomaíochta córa a leanúint tríd an slabhra soláthair tionsclaíoch ar fad, trí thairiscintí ar bhonn faisnéis thrédhearcach thráthúil a sholáthar, na rialacha agus na nósanna imeachta soláthair phoiblí is infheidhme, na critéir roghnúcháin agus dhámhachtana agus aon fhaisnéis ábhartha eile lena dtugtar cothrom na Féinne do gach tairgeoir féideartha, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, a chur in iúl go soiléir;

(e) uathriail an Aontais a threisiú, go háirithe ó thaobh na teicneolaíochta de;

(f) ceanglais slándála chomhpháirteanna an Chláir a chomhlíonadh agus rannchuidiú le cosaint leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais agus a Bhallstát;

(g) leanúnachas agus iontaofacht seirbhíse a chur chun cinn;

(h) critéir shóisialta agus chomhshaoil iomchuí a shásamh.

2. Déanfaidh an bord soláthair, laistigh den Choimisiún, grinnscrúdú ar an bpróiseas soláthair a bhaineann le comhpháirteanna uile an Chláir agus déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme conarthach bhuiséad an Aontais arna tharmligean chuig na heintitis ar cuireadh cúram orthu. Tabharfar cuireadh d'ionadaí ó gach ceann de na heintitis ar cuireadh cúram orthu i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 15*

**Conarthaí a bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist leo**

1. Maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le bonneagar, féadfaidh an t-údarás conarthach conradh a dhámhachtain i bhfoirm conradh a bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist leis i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Sna doiciméid soláthair le haghaidh conradh a bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist leis, déanfar tagairt do ghnéithe sonracha na gconarthaí a bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist leo. Go háirithe, sonrófar iontu ábhar an chonartha, an praghas nó na socruithe chun an praghas a chinneadh agus na socruithe chun oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a sholáthar ag gach céim.

3. Áireofar an méid seo a leanas i gconradh a bhfuil céimeanna coinníollacha íocaíochtaí i gceist leis:

(a) céim sheasta arb é a bheidh mar thoradh uirthi gealltanas daingean i dtaca leis na hoibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a conraíodh don chéim sin a chur ar fáil, agus

(b) céim amháin nó níos mó atá coinníollach ó thaobh buiséid agus forghníomhaithe araon.

4. Beidh na hoibleagáidí faoin gcéim sheasta agus na hoibleagáidí faoi gach céim choinníollach ina gcuid d'iomlán comhsheasmhach, agus oibleagáidí na gcéimeanna ar fad roimhe sin nó ina dhiaidh sin á gcur san áireamh.

5. Beidh cur i gcrích gach céime coinníollaí faoi réir cinneadh de chuid an údaráis chonarthaigh, cinneadh a dtabharfar fógra ina leith don chonraitheoir i gcomhréir leis an gconradh.

*Airteagal 16*

**Conarthaí um aisíocaíocht costas**

1. Féadfaidh an t-údarás conarthach conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó conradh um aisíocaíocht pháirteach costas a roghnú, faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 3.

2. Is é a bheidh sa phraghas a bheidh le híoc faoi chonradh um aisíocaíocht costas aisíocaíocht na nithe seo a leanas:

(a) na costais dhíreach iarbhír ar fad a thabhaíonn an conraitheoir le linn dó an conradh a chomhlíonadh, amhail caiteachas ar shaothar, ábhair, tomhaltáin agus úsáid an trealaimh agus na mbonneagar is gá chun an conradh a chomhlíonadh;

(b) costais indíreacha;

(c) brabús seasta; agus

(d) táille dreasachta iomchuí bunaithe ar na cuspóirí a bhaint amach i ndáil le feidhmíocht agus sceidil seachadta.

3. Féadfaidh an t-údarás conarthach conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó conradh um aisíocaíocht pháirteach costas a roghnú i gcás nach féidir nó nach iomchuí praghas seasta cruinn a shocrú de bharr éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth le comhlíonadh an chonartha ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) tá gnéithe an-chasta nó gnéithe a éilíonn úsáid teicneolaíochta nua sa chonradh agus, dá bhrí sin, tá líon suntasach rioscaí teicniúla ag baint leis; nó

(b) ní mór, ar chúiseanna oibríochtúla, tús a chur láithreach leis na gníomhaíochtaí atá faoi réir an chonartha, cé nach féidir praghas iomlán seasta cruinn a shocrú go fóill i ngeall ar rioscaí suntasacha a bheith ann nó toisc go bhfuil comhlíonadh an chonartha ag brath i bpáirt ar chomhlíonadh conarthaí eile.

4. Sonrófar uas-bhuaicphraghas i gconarthaí um aisíocaíocht costas. Is é a bheidh san uas-bhuaicphraghas maidir le conradh um aisíocaíocht iomlán costas nó conradh um aisíocaíocht pháirteach costas an t-uasphraghas atá iníoctha. Féadfar an praghas a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 172 den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 17*

**Fochonraitheoireacht**

1. Chun iontrálaithe nua, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta agus rannpháirtíocht trasteorann uathu a spreagadh, agus chun an cumhdach geografach is leithne is féidir a chur ar fáil, agus uathriail an Aontais á cosaint ag an am céanna, iarrfaidh an t-údarás conarthach ar an tairgeoir cuid den chonradh a ligean ar fochonradh, trí thairiscintí iomaíocha ar na leibhéil iomchuí fochonraitheoireachta, do chuideachtaí seachas na cuideachtaí atá i ngrúpa an tairgeora féin.

2. Tabharfaidh an tairgeoir údar le haon mhaolú ar iarraidh a dhéantar i gcomhréir le mír 1.

3. Le haghaidh conarthaí ar luach níos airde ná EUR 10 milliún, beidh sé mar aidhm ag an údarás conarthach a áirithiú go mbeidh ar a laghad 30 % de luach an chonartha ar fochonradh trína chur amach ar thairiscintí iomaíocha ar leibhéil éagsúla fochonraitheoireachta chuig comhlachtaí lasmuigh de ghrúpa an phríomhthairgeora, go háirithe chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a éascú. Déanfaidh an Coimisiún coiste an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 107(1) a chur ar an eolas faoi chomhlíonadh na cuspóra sin le haghaidh conarthaí arna síniú tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*CAIBIDIL II*

***Deontais, duaiseanna agus oibríochtaí measctha***

*Airteagal 18*

**Deontais agus duaiseanna**

1. Féadfaidh an tAontas suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.

2. De mhaolú ar Airteagal 181(6) den Rialachán Airgeadais, agus rátaí comhréidhe á gcur i bhfeidhm, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cistiú chostais indíreacha an tairbhí a údarú nó a fhorchur suas go dtí uasmhéid 25 % de chostais dhíreacha incháilithe iomlána le haghaidh na gníomhaíochta.

3. D'ainneoin mhír 2 den Airteagal seo, féadfar costais indíreacha a dhearbhú i bhfoirm cnapshuime nó i bhfoirm costais aonaid nuair a fhoráiltear amhlaidh sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 100.

4. De mhaolú ar Airteagal 204 den Rialachán Airgeadais, ní bheidh uasmhéid na tacaíochta airgeadais is féidir a íoc le tríú páirtí os cionn EUR 200 000.

*Airteagal 19*

**Glaonna comhpháirteacha ar dheontais**

1. Féadfaidh an Coimisiún nó eintiteas ar cuireadh cúram air i gcomhthéacs an Chláir glao comhpháirteach a eisiúint in éineacht le heintitis, comhlachtaí nó daoine dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

2. I gcás glao comhpháirteach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

(a) beidh feidhm ag na rialacha dá dtagraítear i dTeideal VIII den Rialachán Airgeadais;

(b) mar chuid de na nósanna imeachta meastóireachta, beidh grúpa cothrom saineolaithe arna gceapadh ag gach páirtí; agus

(c) comhlíonfaidh na coistí meastóireachta Airteagal 150 den Rialachán Airgeadais.

3. Saineofar sa chomhaontú deontais an socrú is infheidhme maidir le cearta maoine intleachtúla.

*Airteagal 20*

**Deontais le haghaidh soláthar réamhthráchtála agus soláthar réiteach nuálach**

1. Féadfaidh soláthar réamhthráchtála nó soláthar poiblí réiteach nuálach a bheith i gceist le gníomhaíochtaí nó a bheith mar phríomhchuspóir acu, ar soláthar é a dhéanfaidh tairbhithe ar údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha iad mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/24/AE ([40]), 2014/25/AE ([41]) agus 2009/81/CE ([42]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Leis na nósanna imeachta soláthair i ndáil le réitigh nuálacha:

(a) comhlíonfar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe, na córa comhionainn, na bainistíochta fónta airgeadais, na comhréireachta mar aon le rialacha iomaíochta;

(b) i gcás soláthar réamhthráchtála, féadfar foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha sonracha amhail áit feidhmíochta na ngníomhaíochtaí arna soláthar a bheith teoranta do chríoch na mBallstát agus na dtríú tíortha atá rannpháirteach sa Chlár ;

(c) féadfar dámhachtain níos mó ná conradh amháin a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú); agus

(d) déanfar foráil maidir le dámhachtain conarthaí don tairiscint nó do na tairiscintí is mó a thairgeann luach ar airgead ach áiritheoidh siad ag an am céanna nach ann do choinbhleachtaí leasa.

3. Aon chonraitheoir a ghinfidh na torthaí agus é i mbun soláthar réamhthráchtála, beidh ar a laghad na cearta maoine intleachtúla gaolmhara a ghabhann leis na torthaí faoina úinéireacht. Beidh ar a laghad cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar na torthaí le haghaidh a n-úsáide féin ag na húdaráis chonarthacha, agus beidh an ceart acu ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe, nó an ceart ceangal a chur ar an gconraitheoir rannpháirteach iad a dheonú do thríú páirtithe, chun na torthaí a shaothrú ar mhaithe leis an údarás conarthach faoi choinníollacha córa réasúnacha gan aon cheart a bheith ag na tríú páirtithe sin focheadúnas a dheonú. Má mhainníonn conraitheoir na torthaí a shaothrú ar bhonn tráchtála laistigh de thréimhse ar leith tar éis an tsoláthair réamhthráchtála mar a shainaithnítear é sa chonradh, féadfaidh na húdaráis chonarthacha a cheangal air úinéireacht ar na torthaí a aistriú chuig na húdaráis chonarthacha.

---

([40]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([41]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

([42]) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

*Airteagal 21*

**Oibríochtaí measctha**

Cuirfear oibríochtaí measctha arna gcinneadh faoin gClár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/523 agus le Teideal X den Rialachán Airgeadais.

*CAIBIDIL III*

***Forálacha airgeadais eile***

*Airteagal 22*

**Cistiú carnach agus cistiú malartach**

1. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di faoin gClár, féadfar ranníocaíocht a thabhairt di freisin ó chlár eile de chuid an Aontais, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Ní rachaidh an maoiniú carnach thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

2. Gníomhaíochta ar dámhadh lipéad Séala Barr Feabhais dóibh faoin gClár, féadfaidh siad tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa nó ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, i gcomhréir le hAirteagal 73(4) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, má chomhlíonann siad na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) rinneadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin gClár;

(b) comhlíonann siad na ceanglais íosta cháilíochta a bhaineann leis an nglao sin ar thograí;

(c) ní féidir iad a mhaoiniú faoin nglao sin ar thograí de dheasca srianta buiséadacha.

*Airteagal 23*

**Soláthar comhpháirteach**

1. I dteannta fhorálacha Airteagal 165 den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh a thabhairt i gcrích le GES nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile a bhfuil baint acu le comhpháirteanna an Chláir a chur chun feidhme.

2. Beidh feidhm ag na rialacha soláthair is infheidhme faoi Airteagal 165 den Rialachán Airgeadais de réir analaí ar choinníoll go mbeidh na forálacha nós imeachta is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais á gcur i bhfeidhm freisin.

*Airteagal 24*

**Coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla an Aontais a chaomhnú**

1. Déanfaidh an Coimisiún na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta a leagtar amach i mír 2 a chur i bhfeidhm maidir leis an soláthar, na deontais nó na duaiseanna faoin Teideal seo má mheasann sé gur gá agus gur iomchuí é chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla an Aontais a chaomhnú, agus aird á tabhairt ar an gcuspóir chun uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn, go háirithe ó thaobh na teicneolaíochta de, thar príomhtheicneolaíochtaí agus slabhraí luacha, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna.

Sula gcuirfear na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, cuirfidh an Coimisiún coiste an Chláir dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 107(1) ar an eolas agus tabharfaidh sé lánaird ar thuairimí na mBallstát maidir le raon feidhme na gcoinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta sin agus maidir leis an mbonn cirt atá leo.

2. Is mar seo a leanas a bheidh na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta:

(a) tá an t-eintiteas dhlítheanach incháilithe bunaithe i mBallstát agus tá a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe sa Bhallstát sin;

(b) geallann an t-eintiteas dhlítheanach incháilithe na gníomhaíochtaí ábhartha uile a dhéanamh i mBallstát amháin nó níos mó; agus

(c) níl an t-eintiteas dhlítheanach incháilithe le bheith faoi réir a rialaithe ag tríú tír ná ag eintiteas de chuid tríú tír.

Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn "rialú" an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlítheanach go díreach, nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó.

Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn "struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin" comhlacht eintitis dhlítheanaigh a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, atá faoi fhreagracht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin nó aon duine eile ag a bhfuil an chumhacht inchomparáide cinntí a dhéanamh, agus a bhfuil an chumhacht aige straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlítheanaigh a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta.

3. Féadfaidh an Coimisiún na coinníollacha faoi phointe (a) nó (b) den chéad fhomhír de mhír 2 a tharscaoileadh maidir le heintiteas dlítheanach ar leith nuair a dhéanfar meastóireacht bunaithe ar na critéir charnacha seo a leanas:

(a) i gcás teicneolaíochtaí, earraí nó seirbhísí sonracha atá riachtanach do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, níl aon ionadach ar fáil go héasca sna Ballstáit,

(b) tá an t-eintiteas dlítheanach bunaithe i dtír ar comhalta de LEE nó CSTE í agus a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích aici leis an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 7, tá a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe sa tír sin agus déantar na gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis an soláthar, leis an deontas nó leis an duais sa tríú tír sin nó i dtír amháin nó níos mó den sórt sin; agus

(c) cuirtear bearta leordhóthanacha chun feidhme chun cosaint FRAE a áirithiú faoi Airteagal 43 agus chun sláine, slándáil agus athléimneacht chomhpháirteanna an Chláir, a n-oibríochtaí agus a seirbhísí a áirithiú.

De mhaolú ar phointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh an Coimisiún na coinníollacha faoi phointe (a) nó (b) den chéad fhomhír de mhír 2 a tharscaoileadh maidir le heintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír nach comhalta í de LEE nó CSTE mura bhfuil aon ionadach ar fáil go héasca i dtíortha ar comhaltaí iad de LEE nó CSTE agus má chomhlíontar na critéir a leagtar amach i bpointí (a) agus (c) den chéad fhomhír.

4. Féadfaidh an Coimisiún an coinníoll faoi phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 2 a tharscaoileadh má thugann an t-eintiteas dlítheanach atá bunaithe i mBallstát na ráthaíochtaí seo a leanas:

(a) ní fheidhmítear rialú ar an eintiteas dlítheanach ar bhealach a chuireann srian nó teorainn lena chumas an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) an soláthar, an deontas nó an duais a chur i gcrích; agus

(ii) torthaí a thabhairt, go háirithe trí oibleagáidí tuairiscithe;

(b) geallann an tríú tír rialaithe nó an t-eintiteas tríú tír go staonfaidh sí nó sé ó aon chearta rialaithe a fheidhmiú ar an eintiteas dlítheanach, nó ó aon oibleagáidí tuairiscithe a fhorchur air, i ndáil leis an soláthar, an deontas nó an duais; agus

(c) comhlíonann an t-eintiteas dlítheanach Airteagal 34(7).

5. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas dlítheanach bunaithe a mheas an gcomhlíonann an t-eintiteas dlítheanach na critéir a leagtar amach i bpointe (c) de mhír 3 agus na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 4. Comhlíonfaidh an Coimisiún an measúnú sin.

6. Soláthróidh an Coimisiún na nithe seo a leanas do choiste an Chláir dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 107(1):

(a) raon feidhme na gcoinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(b) na mionsonraí agus an bonn cirt maidir leis na tarscaoiltí a deonaíodh i gcomhréir leis an Airteagal seo; agus

(c) an mheastóireacht a bhí mar bhunús de tharscaoileadh, faoi réir mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, gan faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh.

7. Na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, na critéir a leagtar amach i mír 3 agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i mír 4, áireofar iad sna doiciméid a bhaineann leis an soláthar, deontas nó duais, de réir mar is infheidhme, agus, i gcás soláthair, beidh feidhm acu maidir le saolré iomlán an chonartha a eascraíonn as sin.

8. Ní dochar an tAirteagal seo do Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE agus do Chinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún an 15.9.2015 ([43]), Rialachán (AE) 2019/452, Cinneadh 2013/488/AE agus Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 agus don ghrinnfhiosrúchán slándála arna dhéanamh ag na Ballstáit maidir le heintitis dhlítheanacha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a éilíonn rochtain ar FRAE faoi réir na ndlíthe agus na rialachán náisiúnta is infheidhme.

Má dhéantar conarthaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Airteagail seo a rúnaicmiú, ní dochar na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4 d'inniúlacht na n-údarás slándála náisiúnta.

Ní chuirfidh an tAirteagal seo isteach ar aon phróiseas Imréitigh Slándála Saoráide agus Imréitigh Slándála Pearsanra atá ann cheana laistigh de Bhallstát, ná ní dhéanfaidh sé iad a leasú ná a bhréagnú.

*Airteagal 25*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chlár trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

TEIDEAL IV

**RIALACHAS AN CHLÁIR**

*Airteagal 26*

**Prionsabail an rialachais**

Beidh rialachas an Chláir bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) dáileadh soiléir cúraimí agus freagrachtaí idir na heintitis atá bainteach le cur chun feidhme gach comhpháirte agus birt den Chlár, go háirithe idir na Ballstáit, an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, GES agus EUMETSAT, ag tógáil ar a n-inniúlachtaí faoi seach agus ag seachaint aon fhorluí ó thaobh cúraimí agus freagrachtaí de;

(b) ábharthacht an struchtúir rialachais do riachtanais shonracha gach comhpháirte agus birt den Chlár, de réir mar is iomchuí;

(c) rialú láidir ar an gClár, lena n-áirítear go gcloíonn gach eintiteas go docht le costas, sceideal agus feidhmíocht, ina róil agus cúraimí faoi seach i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(d) bainistiú trédhearcach agus costéifeachtúil;

(e) leanúnachas seirbhíse agus leanúnachas an bhonneagair is gá, lena n-áirítear cosaint ar bhagairtí ábhartha;

([43]) Cinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún an 15.9.2015 lena bhforlíontar Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoschaighdeáin choiteanna atá le comhlíonadh ag údaráis inniúla PRS C(2015) 6123.

(f) riachtanais úsáideoirí na sonraí, na faisnéise agus na seirbhísí arna soláthar ag comhpháirteanna an Chláir a chur san áireamh ar bhonn córasach, struchtúrtha, mar aon le héabhlóid ghaolmhar eolaíochta agus teicneolaíochta;

(g) iarrachtaí leanúnacha maidir le rioscaí a rialú agus a laghdú.

*Airteagal 27*

**Ról na mBallstát**

1. Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach sa Chlár. Na Ballstáit a bheidh rannpháirteach sa Chlár, rannchuideoidh siad trí mheán a gcuid inniúlachta, a gcuid eolais agus a gcúnaimh teicniúla, go háirithe i réimse na sábháilteachta agus na slándála, nó, i gcás inarb iomchuí agus inar féidir, trí na sonraí, an fhaisnéis, na seirbhísí agus an bonneagar atá ina seilbh acu nó atá lonnaithe ar a gcríoch a chur ar fáil don Aontas, lena n-áirítear trí rochtain éifeachtúil saor ó bhacainní ar shonraí *in situ* Copernicus agus úsáid na sonraí sin a áirithiú agus trí oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun infhaighteacht shonraí *in situ* Copernicus atá de dhíth ar an gClár a fheabhsú, agus ceadúnais agus oibleagáidí is infheidhme á gcur san áireamh.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí chomhaontuithe ranníocaíochta, cúraimí sonracha a chur ar eagraíochtaí ó na Ballstáit, i gcás inar ainmnigh na Ballstáit lena mbaineann eagraíochtaí den sórt sin. Glacfaidh an Coimisiún na cinntí ranníocaíochta i dtaca leis na comhaontuithe ranníocaíochta trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2).

3. I gcúinsí áirithe a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Ghníomhaireacht, i gcás na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 29, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta, cúraimí sonracha a chur ar eagraíochtaí ó na Ballstáit, i gcás inar ainmnigh an Ballstát lena mbaineann iad.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun feidhmiú rianúil an Chláir a áirithiú, lena n-áirítear trí chuidiú, ar an leibhéal iomchuí, leis na minicíochtaí is gá don Chlár a chosaint.

5. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún oibriú i gcomhar le chéile chun glacadh na sonraí, na faisnéise agus na seirbhísí arna soláthar ag comhpháirteanna an Chláir a dhéanamh níos leithne.

6. I ngach cás inar féidir, beidh rannchuidiú na mBallstát le Fóram na nÚsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 107(6) bunaithe ar chomhairliúchán córasach comhordaithe le pobail na n-úsáideoirí deiridh ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe i dtaca le Galileo, EGNOS agus Copernicus.

7. Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhar le chéile chun comhpháirt shonraí *in situ* Copernicus agus na seirbhísí calabrúcháin ar talamh a fhorbairt is gá le haghaidh ghlacadh na gcóras spáis agus chun úsáid phoitéinseal iomlán shonraí *in situ* Copernicus agus na dtacar sonraí tagartha a éascú, ag tógáil ar na hacmhainneachtaí atá ann cheana.

8. I réimse na slándála, déanfaidh na Ballstáit na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 34(6).

*Airteagal 28*

**Ról an Choimisiúin**

1. Beidh an Coimisiún freagracht go foriomlán as an gClár a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta. Cinnfidh Coimisiún, i gcomhréir leis an Rialachán seo, tosaíochtaí agus éabhlóid fhadtéarmach an Chláir, i gcomhréir leis na riachtanais úsáideoirí, agus déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme an Chláir, gan dochar do bheartais eile de chuid an Aontais.

2. Bainisteoidh an Coimisiún aon chomhpháirteanna nó aon fho-chomhpháirteanna den Chlár nach gcuirfear de chúram ar eintiteas eile, go háirithe GOVSATCOM, fo-chomhpháirt NEO, fo-chomhpháirt SWE agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 55(1).

3. Áiritheoidh an Coimisiún leithroinnt shoiléir na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí idir na heintitis éagsúla a bhfuil baint acu leis an gClár agus déanfaidh sé comhordú ar ghníomhaíochtaí na n-eintiteas sin. Áiritheoidh an Coimisiún freisin, maidir leis na heintitis ar fad ar cuireadh cúram orthu agus a bhfuil baint acu leis an gClár, go gcosnóidh siad leas an Aontais, go ráthóidh siad bainistiú fónta chistí an Aontais agus go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán Airgeadais agus an Rialachán seo.

4. Déanfaidh an Coimisiún FFPA, dá bhforáiltear in Airteagal 130 den Rialachán Airgeadais, a thabhairt i gcrích leis an nGníomhaireacht agus freisin, agus Comhaontú Réime 2004 á chur san áireamh, le GES.

5. I gcás inar gá ar mhaithe le feidhmiú rianúil an Chláir agus soláthar rianúil na seirbhísí arna soláthar ag comhpháirteanna an Chláir, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a chinneadh is gá le haghaidh chur chun feidhme agus éabhlóid na gcomhpháirteanna sin agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí, lena n-áirítear trí Fhóram na nÚsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 107(6), agus le geallsealbhóirí eile. Agus na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla sin á gcinneadh aige, ní dhéanfaidh an Coimisiún an leibhéal slándála ginearálta a laghdú agus tá sé riachtanach go gcomhlíonfaidh sé ceanglais comhoiriúnachta siarghabhálaí.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

6. Gan dochar do chúraimí na Gníomhaireachta ná do chúraimí na n-eintiteas eile ar cuireadh cúram orthu, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar glacadh agus úsáid na gcóras agus na seirbhísí arna soláthar ag comhpháirteanna an Chláir a chur chun cinn agus a uasmhéadú sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear trí thacú le forbairt iomchuí na seirbhísí sin agus le forbairt comhéadan atá áisiúil don úsáideoir, agus trí thimpeallacht chobhsaí fhadtéarmach a chothú. Forbróidh sé sineirgíochtaí iomchuí idir feidhmeanna na gcomhpháirteanna éagsúla den Chlár. Áiritheoidh sé comhlántacht, comhsheasmhacht, sineirgíochtaí agus naisc idir an Clár agus gníomhaíochtaí agus cláir eile de chuid an Aontais.

7. I gcás inarb iomchuí, áiritheoidh an Coimisiún comhchuibheas na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an Chláir le gníomhaíochtaí a dhéantar i réimse an spáis ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Spreagfaidh sé comhar idir na Ballstáit agus, nuair is ábhartha don Chlár, éascóidh sé cóineasú a n-acmhainneachtaí agus a bhforbairtí teicneolaíochta i réimse an spáis. Chuige sin, rachaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí agus ina réimse inniúlachta faoi seach, i gcomhar leis an nGníomhaireacht agus le GES.

8. Cuirfidh an Coimisiún coiste an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 107 ar an eolas maidir le torthaí eatramhacha agus torthaí deiridh na meastóireachta ar aon nósanna imeachta soláthair agus ar aon chonarthaí, lena n-áirítear fochonarthaí, le heintitis phoiblí agus phríobháideacha.

*Airteagal 29*

**Ról na Gníomhaireachta**

1. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an nGníomhaireacht:

(a) creidiúnú slándála na gcomhpháirteanna uile den Chlár a áirithiú, tríd an mBord um Chreidiúnú Slándála, i gcomhréir le Caibidil II de Theideal V;

(b) cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 34(3) agus (5) a dhéanamh;

(c) gníomhaíochtaí cumarsáide, forbartha margaidh agus cur chun cinn a dhéanamh i dtaca leis na seirbhísí arna soláthar ag Galileo agus ag EGNOS, go háirithe gníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh sa mhargadh agus le comhordú riachtanais na n-úsáideoirí;

(d) gníomhaíochtaí cumarsáide, forbartha margaidh agus cur chun cinn a dhéanamh i dtaca le sonraí, faisnéis agus seirbhísí arna soláthar ag Copernicus, gan dochar do na gníomhaíochtaí a dhéanann eintitis eile ar cuireadh cúram orthu agus an Coimisiún;

(e) saineolas a sholáthar don Choimisiún, lena n-áirítear maidir leis na tosaíochtaí iartheachtacha taighde a bhaineann leis an spás a ullmhú.

2. Cuirfidh an Coimisiún na cúraimí seo a leanas ar an nGníomhaireacht:

(a) saothrú EGNOS agus Galileo a bhainistiú, dá bhforáiltear in Airteagal 44;

(b) comhordú uileghabhálach ar ghnéithe GOVSATCOM a bhaineann leis an úsáideoir i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, le SEGS agus le heintitis eile chun críche misean agus oibríochtaí bainistithe géarchéime;

(c) gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a bhaineann le forbairt feidhmeanna iartheachtacha bunaithe ar chomhpháirteanna an Chláir agus eilimintí bunúsacha agus feidhmeanna comhtháite bunaithe ar na sonraí agus na seirbhísí arna soláthar ag Galileo, EGNOS agus Copernicus, lena n-áirítear i gcás inar cuireadh cistiú ar fáil do ghníomhaíochtaí den sórt sin i gcomhthéacs Fís Eorpach nó i gcás inar gá chun na cuspóirí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) a chomhlíonadh;

(d) gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le glacadh sonraí, faisnéise agus seirbhísí ag úsáideoirí, ar gníomhaíochtaí iad arna soláthar le comhpháirteanna an Chláir seachas Galileo agus EGNOS, gan difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí Copernicus agus Seirbhísí Copernicus a chuirtear de chúram ar eintitis eile;

(e) gníomhaíochtaí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6.

3. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na measúnuithe dá dtagraítear in Airteagal 102(5), cúraimí eile a chur ar an nGníomhaireacht, ar choinníoll nach ndéantar dúbláil leo ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eintitis eile ar cuireadh cúram orthu i gcomhthéacs an Chláir agus ar choinníoll gurb é is aidhm leo feabhas a chur ar a éifeachtúla atá cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Chláir.

4. Aon uair a chuirtear gníomhaíochtaí de chúram ar an nGníomhaireacht, áiritheofar acmhainní iomchuí airgeadais, daonna agus riaracháin chun iad a chur chun feidhme.

5. De mhaolú ar Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais agus faoi réir an mheasúnaithe ón gCoimisiún ar chosaint leasanna an Aontais, féadfaidh an Ghníomhaireacht, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta, gníomhaíochtaí sonracha a chur de chúram ar eintitis eile, i réimsí a n-inniúlachtaí faoi seach, faoi choinníollacha na bainistíochta indírí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCoimisiún.

*Airteagal 30*

**Ról GES**

1. Ar choinníoll go gcosnaítear leas an Aontais, cuirfear na cúraimí seo a leanas ar GES:

(a) maidir le Copernicus:

   (i) comhordú a dhéanamh ar chomhpháirt an spáis agus ar chur chun feidhme chomhpháirt an spáis agus a héabhlóid;

   (ii) dearadh, forbairt agus tógáil bhonneagar spáis Copernicus, lena n-áirítear oibríochtaí an bhonneagair sin agus soláthar gaolmhar, ach amháin nuair is eintitis eile a dhéanann na hoibríochtaí sin; agus

   (iii) i gcás inarb iomchuí, rochtain a thabhairt ar shonraí tríú páirtí;

(b) maidir le Galileo agus EGNOS: éabhlóid córas agus dearadh agus forbairt codanna den chuid ar talamh, agus satailítí, lena n-áirítear tástáil agus bailíochtú;

(c) maidir le comhpháirteanna uile an Chláir: gníomhaíochtaí réamhtheachtacha taighde agus forbartha i réimsí saineolais GES.

2. Ar bhonn measúnú ón gCoimisiún, féadfar cúraimí eile a chur ar GES bunaithe ar riachtanais an Chláir, ar choinníoll nach ndéanfar dúbláil leis na cúraimí sin ar ghníomhaíochtaí a dhéanann eintiteas eile ar cuireadh cúram air i gcomhthéacs an Chláir agus ar choinníoll gurb é is aidhm leo feabhas a chur ar a éifeachtúla atá cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Chláir.

3. Gan dochar don FFPA dá bhforáiltear in Airteagal 31, féadfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht iarraidh ar GES saineolas teicniúil a chur ar fáil mar aon leis an bhfaisnéis is gá chun na cúraimí a shanntar dóibh leis an Rialachán seo a dhéanamh faoi choinníollacha atá le comhaontú go frithpháirteach.

*Airteagal 31*

**An comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais**

1. Leis an FFPA dá dtagraítear in Airteagal 28(4), déanfar an méid seo a leanas:

(a) saineofar go soiléir róil, freagrachtaí agus oibleagáidí an Choimisiúin, na Gníomhaireachta agus GES maidir le gach comhpháirt den Chlár agus na sásraí comhordúcháin agus na sásraí rialaithe is gá;

(b) ceanglófar ar GES rialacha slándála an Aontais a shainítear sna comhaontuithe slándála arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas, agus a chuid institiúidí agus gníomhaireachtaí, le GES, a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le próiseáil faisnéise rúnaicmithe;

(c) sonrófar na coinníollacha maidir le bainistiú cistí a chuirtear de chúram ar GES, go háirithe maidir leis an soláthar poiblí, lena n-áirítear rialacha soláthair an Aontais a chur i bhfeidhm nuair a dhéantar soláthar in ainm agus thar ceann an Aontais nó rialacha an eintitis ar cuireadh cúram air a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 154 den Rialachán Airgeadais, nósanna imeachta bainistíochta, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo arna dtomhas le táscairí feidhmíochta, na bearta is infheidhme i gcás chur chun feidhme lochtach nó calaoiseach na gconarthaí ó thaobh costas, sceidil agus torthaí de, mar aon leis an straitéis chumarsáide agus na rialacha maidir le húinéireacht na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe uile; beidh na coinníollacha sin i gcomhréir le Teidil III agus V den Rialachán seo agus leis an Rialachán Airgeadais;

(d) ceanglófar gurb amhlaidh, aon uair a bhunóidh an Ghníomhaireacht nó GSE Bord um Thairiscintí a Mheas maidir le soláthar a dhéantar faoin FFPA, go mbeidh saineolaithe ón gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, ón eintiteas eile ar cuireadh cúram air rannpháirteach mar chomhaltaí i gcruinnithe an Bhoird um Thairiscintí a Mheas. Ní dhéanfaidh an rannpháirtíocht sin difear do neamhspleáchas teicniúil an Bhoird um Thairiscintí a Mheas;

(e) bunófar na bearta faireacháin agus rialaithe, lena n-áireofar, go háirithe,

(i) córas réamhaisnéise ar chostais;

(ii) soláthar córasach faisnéise don Choimisiún nó, i gcás inarb iomchuí, don Ghníomhaireacht i dtaobh costas agus sceidil; agus

(iii) i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir na buiséid bheartaithe, an fheidhmíocht agus an sceideal, gníomhaíocht cheartaitheach lena n-áiritheofaí go ndéanfaí na cúraimí laistigh de na buiséid leithdháilte;

(f) bunófar prionsabail luacha saothair GES le haghaidh gach comhpháirte den Chlár, a bheidh comhchuimseach leis na coinníollacha faoina gcuirfear na gníomhaíochtaí chun feidhme, agus aird chuí á tabhairt ar chásanna géarchéime agus leochaileachta agus a bheidh, i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar fheidhmíocht; ní chumhdófar leis an luach saothair ach forchostais ghinearálta atá bainteach leis na gníomhaíochtaí a chuir an tAontas de chúram ar GES;

(g) forálfar go ndéanfaidh GES na bearta iomchuí chun a áirithiú go gcosnófar leasanna an Aontais agus chun cloí leis na cinntí a dhéanann an Coimisiún maidir le gach comhpháirt den Chlár agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh maidir leis an FFPA. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3). Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go hiomlán faoin FFPA i bhfad sula dtabharfar é i gcrích agus faoina chur chun feidhme.

3. Faoin FFPA dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfar na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 29(2) agus (3) a chur ar an nGníomhaireacht agus déanfar na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 30(1) a chur ar GES, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an cinneadh ranníocaíochta maidir leis na comhaontuithe ranníocaíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2). Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go hiomlán faoi na comhaontuithe ranníocaíochta i bhfad sula dtabharfar iad i gcrích agus faoina gcur chun feidhme.

*Airteagal 32*

**Ról EUMETSAT agus eintiteas eile**

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta, cur chun feidhme na gcúraimí a leanas a chur, ina n-iomláine nó i bpáirt, ar eintitis seachas na heintitis sin dá dtagraítear in Airteagail 29 agus 30:

(a) bonneagar spáis Copernicus nó codanna de a uasghrádú agus a oibriú agus a chuid oibríochtaí a ullmhú agus, i gcás inarb iomchuí, bainistiú na rochtana ar shonraí an mhisin rannchuidithigh, a fhéadfar a chur de chúram ar EUMETSAT;

(b) cur chun feidhme Sheirbhísí Copernicus nó codanna díobh a chur de chúram ar ghníomhaireachtaí, comhlachtaí nó eagraíochtaí ábhartha, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Frontex, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, SATCEN agus an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin; na cúraimí a chuirfear ar na gníomhaireachtaí, ar na comhlachtaí nó ar na heagraíochtaí sin, déanfar iad i láithreáin atá suite san Aontas; féadfaidh gníomhaireacht, comhlacht nó eagraíocht, atá i mbun a cúraimí a cuireadh orthu a athlonnú go dtí an tAontas, leanúint de na cúraimí sin a dhéanamh in áit lasmuigh den Aontas ar feadh tréimhse theoranta, a chríochnóidh an 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí.

2. Leis na critéir chun eintitis den sórt sin ar cuireadh cúram orthu a roghnú, léireofar, go háirithe, a gcumas maidir le leanúnachas na n-oibríochtaí agus, i gcás inarb iomchuí, slándáil na n-oibríochtaí a áirithiú gan suaitheadh ar ghníomhaíochtaí an Chláir.

3. Nuair is féidir, beidh coinníollacha na gcomhaontuithe ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo comhleanúnach le coinníollacha an FFPA dá dtagraítear in Airteagal 31(1).

4. I gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2), rachfar i gcomhairle le coiste an Chláir maidir leis an gcinneadh ranníocaíochta i ndáil leis an gcomhaontú ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Cuirfear coiste an Chláir ar an eolas roimh ré faoi na comhaontuithe ranníocaíochta a bheidh le tabhairt i gcrích ag an Aontas, arna ionadú ag an gCoimisiún agus na heintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

TEIDEAL V

**SLÁNDÁIL AN CHLÁIR**

*CAIBIDIL I*

***Slándáil an Chláir***

*Airteagal 33*

**Prionsabail na slándála**

Beidh slándáil an Chláir bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) taithí na mBallstát i réimse na slándála a chur san áireamh agus spreagadh a fháil ó dhea-chleachtais na mBallstát;

(b) rialacha slándála na Comhairle agus an Choimisiúin a úsáid, lenar bhforáiltear, *inter alia*, do dheighilt idir feidhmeanna oibríochtúla agus na feidhmeanna sin a bhaineann le creidiúnú.

*Airteagal 34*

**Rialachas slándála**

1. Áiritheoidh an Coimisiún, ina réimse inniúlachta agus le tacaíocht ón nGníomhaireacht, leibhéal ard slándála maidir leis an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) bonneagar, idir bhonneagar ar talamh agus bhonneagar sa spás, a chosaint, agus seirbhísí a sholáthar, go háirithe i gcoinne ionsaithe fisiciúla nó cibirionsaithe, lena n-áirítear cur as do shreafaí sonraí;

(b) aistrithe teicneolaíochta a rialú agus a bhainistiú;

(c) na hinniúlachtaí agus an fios gnó a fuarthas a fhorbairt agus a chaomhnú laistigh den Aontas;

(d) faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe a chosaint.

2. Chun críoch mhír 1 den Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar anailís ar rioscaí agus bagairtí i gcás gach ceann de chomhpháirteanna an Chláir. Ar bhonn na hanailíse sin, cinnfidh sé, faoi dheireadh na bliana 2023, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais ghinearálta slándála le haghaidh gach comhpháirte den Chlár. Agus sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tionchar na gceanglas sin ar fheidhmiú rianúil na comhpháirte sin, go háirithe ó thaobh costais, bainistiú riosca agus sceidil, agus áiritheoidh sé nach laghdófar leibhéal ginearálta na slándála ná nach mbainfear an bonn d'fheidhmiú an trealaimh atá ann cheana bunaithe ar an gcomhpháirt sin agus cuirfidh sé rioscaí cibearshlándála san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

Tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, eiseoidh an Coimisiún liosta táscach de na gníomhartha cur chun feidhme a bheidh le cur faoi bhráid choiste an Chláir agus a bheidh le plé aige sa chumraíocht slándála. Beidh tráthchlár táscach le haghaidh thíolacadh na ngníomhartha cur chun feidhme sin ag gabháil leis an liosta sin.

3. Is é an t-eintiteas atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar chomhpháirt den Chlár a bheidh freagrach as slándáil oibríochtúil na comhpháirte sin agus, chuige sin, déanfaidh sé anailís ar rioscaí agus bagairtí agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí uile is gá chun slándáil na comhpháirte sin a áirithiú agus chun faireachán a dhéanamh uirthi, go háirithe na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta oibríochtúla a leagan síos, agus déanfaidh sé faireachán ar chomhlíonadh na comhpháirte sin leis na ceanglais ghinearálta slándála dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. De bhun Airteagal 29, is í an Ghníomhaireacht an t-eintiteas i gcás Galileo agus EGNOS.

4. Bunaithe ar an anailís ar rioscaí agus bagairtí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, struchtúr a shainiú chun faireachán a dhéanamh ar an tslándáil agus chun na treoracha a fhorbraítear faoi raon feidhme Chinneadh (CBES) 2021/698 a leanúint. Oibreoidh an struchtúr i gcomhréir leis na ceanglais slándála dá dtagraítear i mír 2. I gcás Galileo, is é Lárionad Faireacháin Slándála Galileo an struchtúr sin.

5. Maidir leis an nGníomhaireacht, déanfaidh sí an méid seo a leanas:

(a) creidiúnú slándála chomhpháirteanna uile an Chláir a áirithiú i gcomhréir le Caibidil II den Teideal seo agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát;

(b) oibriú Lárionad Faireacháin Slándála Galileo a áirithiú i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus na treoracha arna bhforbairt faoi raon feidhme Chinneadh (CBES) 2021/698;

(c) na cúraimí a shanntar dó faoi Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE a dhéanamh;

(d) a saineolas teicniúil a sholáthar don Choimisiún agus aon fhaisnéis a sholáthar is gá chun a cúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo.

6. Maidir leis na Ballstáit, chun cosaint an bhonneagair ar talamh a áirithiú, ar bonneagar lárnach den Chlár é agus atá lonnaithe ar a gcríoch, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh atá coibhéiseach, ar a laghad, leis na cinn atá riachtanach don mhéid seo a leanas:

    (i) bonneagair chriticiúla Eorpacha a chosaint de réir bhrí Threoir 2008/114/CE ón gComhairle ([44]); agus

    (ii) a mbonneagair chriticiúla náisiúnta féin a chosaint;

(b) na cúraimí maidir le creidiúnú slándála dá dtagraítear in Airteagal 42 den Rialachán seo a dhéanamh.

7. Déanfaidh na heintitis sin a bhfuil baint acu leis an gClár na bearta uile is gá, lena n-áirítear na bearta sin is gá i bhfianaise na saincheisteanna a shainaithnítear san anailís ar rioscaí, chun slándáil an Chláir a áirithiú.

([44]) Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

*Airteagal 35*

**Slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar**

Aon uair a d'fhéadfaí difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais nó a Bhallstát mar gheall ar oibriú na gcóras, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/698.

*CAIBIDIL II*

***Creidiúnú slándála***

*Airteagal 36*

**An tÚdarás um Chreidiúnú Slándála**

Is é an Bord um Chreidiúnú Slándála arna bhunú laistigh den Ghníomhaireacht an t-údarás um chreidiúnú slándála do chomhpháirteanna uile an Chláir.

*Airteagal 37*

**Prionsabail ghinearálta an chreidiúnaithe slándála**

Déanfar gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála le haghaidh chomhpháirteanna uile an Chláir i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) déanfar gníomhaíochtaí agus cinntí creidiúnaithe slándála i gcomhthéacs na freagrachta comhchoitinne as slándáil an Aontais agus slándáil na mBallstát;

(b) déanfar gach iarracht teacht ar chinntí trí chomhthoil laistigh den Bhord um Chreidiúnú Slándála;

(c) déanfar gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála trí leas a bhaint as cur chuige an mheasúnaithe riosca agus an bhainistithe riosca, agus breathnófar ar na rioscaí a bheidh ann do shlándáil na comhpháirte lena mbaineann mar aon leis an tionchar a bheidh aige sin ar chostas nó ar sceideal aon bhirt a dhéanfaí chun na rioscaí sin a mhaolú, agus an cuspóir gan leibhéal ginearálta slándála na comhpháirte sin a laghdú á chur san áireamh;

(d) is gairmithe atá cáilithe go cuí i réimse chreidiúnú na gcóras casta, a bhfuil leibhéal iomchuí imréitigh slándála acu agus a ghníomhaíonn ar bhealach oibiachtúil a dhéanfaidh agus a ullmhóidh cinntí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála;

(e) déanfar gach iarracht dul i mbun comhairle leis na páirtithe ábhartha uile a mbeidh leas acu i saincheisteanna slándála don chomhpháirt lena mbaineann;

(f) is iad geallsealbhóirí ábhartha uile na comhpháirte lena mbaineann a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála i gcomhréir le straitéis creidiúnaithe slándála, gan dochar do ról an Choimisiúin;

(g) is ar chinntí áitiúla maidir le creidiúnú slándála arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta creidiúnaithe slándála ábhartha na mBallstát a bheidh cinntí creidiúnaithe slándála an Bhoird um Chreidiúnú Slándála bunaithe, i gcomhréir leis an bpróiseas a shainítear sa straitéis ábhartha creidiúnaithe slándála arna sainiú ag an mBord sin;

(h) áiritheofar le próiseas faireacháin a bheidh buan, trédhearcach agus go hiomlán intuigthe go mbeifear ar an eolas faoi na rioscaí slándála don chomhpháirt lena mbaineann, go saineofar bearta slándála le go laghdófar na rioscaí sin go dtí leibhéal inghlactha, i bhfianaise riachtanais slándála an Aontais agus a mBallstát, agus le go bhfeidhmeoidh an chomhpháirt go rianúil agus go gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm i gcomhréir le coincheap na cosanta ar doimhneacht. Déanfar meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá na bearta sin. Déanfaidh geallsealbhóirí na comhpháirte lena mbaineann an próiseas a bhaineann le measúnú riosca slándála agus le bainistiú riosca slándála i gcomhpháirt mar phróiseas atriallach;

(i) glacfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála cinntí maidir le creidiúnú slándála le neamhspleáchas iomlán, lena n-áirítear neamhspleáchas ar an gCoimisiún agus ar na comhlachtaí eile atá freagrach as cur chun feidhme na comhpháirte lena mbaineann agus as seirbhísí gaolmhara a sholáthar, agus neamhspleáchas ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ar Bhord Riaracháin na Gníomhaireachta;

(j) déanfar na gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála ag féachaint go cuí don ghá le comhordú leordhóthanach idir an Coimisiún agus na húdaráis sin atá freagrach as rialacha slándála a chur chun feidhme;

(k) an creidiúnú slándála i ndáil le EGNOS arna dhéanamh ag an mBord um Chreidiúnú Slándála, ní dochar é do na gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála arna ndéanamh, i gcás na heitlíochta, ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta.

*Airteagal 38*

**Cúraimí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

1. Déanfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála a chúraimí gan dochar do fhreagrachtaí an Choimisiúin ná do na freagrachtaí a chuirtear de chúram ar chomhlachtaí eile de chuid na Gníomhaireachta, go háirithe in ábhair a bhaineann le slándáil, agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le creidiúnú slándála.

2. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an mBord um Chreidiúnú Slándála:

(a) straitéis creidiúnaithe slándála a shainiú agus a fhormheas, lena leagfar amach an méid seo a leanas:

(i) raon feidhme na ngníomhaíochtaí is gá chun creidiúnú chomhpháirteanna an Chláir nó codanna de na comhpháirteanna sin a dhéanamh agus a chothabháil, mar aon le haon idirnasc idir iad agus aon chórais nó aon chomhpháirteanna eile;

(ii) próiseas creidiúnaithe slándála do chomhpháirteanna an Chláir, nó do codanna de na comhpháirteanna sin, agus é mionsonraithe i gcomhréir leis an leibhéal iontaofachta is gá agus na coinníollacha maidir le creidiúnú luaite go soiléir;

(iii) ról na ngeallsealbhóirí ábhartha a bheidh páirteach i bpróiseas an chreidiúnúcháin;

(iv) sceideal creidiúnaithe a bheidh ag teacht le céimeanna chomhpháirteanna an Chláir, go háirithe i dtaca leis an mbonneagar a imscaradh, soláthar seirbhísí agus éabhlóid;

(v) prionsabail an chreidiúnaithe slándála i gcás líonraí atá nasctha le córais arna gcur ar bun faoi chomhpháirteanna an Chláir nó le haghaidh codanna de na comhpháirteanna sin, agus le haghaidh trealamh atá nasctha le córais arna mbunú leis na comhpháirteanna sin, a dhéanfaidh eintitis náisiúnta na mBallstát atá inniúil in ábhair shlándála;

(b) cinntí maidir le creidiúnú slándála a dhéanamh, go háirithe i ndáil le lainseálacha satailítí a fhormheas, údarú a thabhairt na córais arna gcur ar bun faoi chomhpháirteanna an Chláir, nó eilimintí de na comhpháirteanna sin, a oibriú ina gcumraíochtaí éagsúla agus do na seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn siad, chomh fada leis an gcomhartha sa spás agus an comhartha sin san áireamh, agus i ndáil le húdarú a thabhairt na stáisiúin ar talamh a oibriú.

(c) cinntí a dhéanamh maidir leis na líonraí agus leis an trealamh atá nasctha le seirbhís PRS dá dtagraítear in Airteagal 45, nó atá nasctha le haon seirbhís shlán eile a eascraíonn as comhpháirteanna an Chláir, ach amháin maidir le comhlachtaí a údarú chun teicneolaíochtaí íogaire PRS, glacadóirí PRS nó modúil slándála PRS a fhorbairt agus a mhonarú, nó aon teicneolaíocht nó trealamh eile is gá a sheiceáil faoi na ceanglais ghinearálta slándála dá dtagraítear in Airteagal 34(2), ag cur san áireamh na comhairle a chuirfidh na heintitis náisiúnta atá inniúil in ábhair shlándála agus na rioscaí foriomlána slándála ar fáil;

(d) an doiciméadacht uile a bhaineann le creidiúnú slándála a scrúdú agus, cé is moite de na doiciméid a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 34(2) den Rialachán seo agus Airteagal 8 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE, a fhormheas;

(e) laistigh dá réimse inniúlachta, comhairle a thabhairt don Choimisiún chun dréacht-téacsanna a tháirgeadh le haghaidh na ngníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán seo agus in Airteagal 8 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE, lena n-áirítear chun nósanna imeachta oibríochtaí slándála a bhunú, agus ráiteas a thabhairt lena sheasamh deiridh;

(f) an measúnú riosca slándála arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bpróiseas faireacháin dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 37 den Rialachán seo a scrúdú agus a fhormheas, agus comhlíonadh na ndoiciméad dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo agus na ndoiciméad arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 34(2) den Rialachán seo agus le hAirteagal 8 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE á gcur san áireamh; agus oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun bearta maolúcháin riosca a shainiú;

(g) cur chun feidhme na mbeart slándála a sheiceáil i ndáil le creidiúnú slándála chomhpháirteanna an Chláir trí mheasúnuithe slándála, cigireachtaí, iniúchtaí nó athbhreithnithe a dhéanamh nó a urrú, i gcomhréir le hAirteagal 42(2) den Rialachán seo;

(h) formhuiniú a dhéanamh ar roghnú na dtáirgí agus na mbeart formheasta a thugann cosaint ar chúléisteacht leictreonach (TEMPEST) agus ar roghnú na dtáirgí formheasta cripteagrafaíochta a úsáidtear chun slándáil a chur ar fáil do chomhpháirteanna an Chláir;

(i) an t-idirnasc idir na córais arna mbunú faoi chomhpháirteanna an Chláir nó faoi chodanna de na comhpháirteanna sin agus córais eile a fhormheas nó, i gcás inarb ábhartha, páirt a ghlacadh i bhformheas comhpháirteach an idirnaisc sin, i gcomhar leis na heintitis ábhartha atá inniúil in ábhair shlándála;

(j) an teimpléad le haghaidh rialú rochtana dá dtagraítear in Airteagal 42(4) a chomhaontú leis an mBallstát ábhartha;

(k) tuarascálacha riosca a ullmhú agus an Coimisiún, an Bord Riaracháin agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur ar an eolas faoin measúnú riosca agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le roghanna chun déileáil le riosca iarmharach a bhaineann le cinneadh ar leith maidir le creidiúnú slándála;

(l) cúnamh a thabhairt don Chomhairle agus don Ardionadaí, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, Cinneadh (CBES) 2021/698 a chur chun feidhme arna iarraidh sin go sonrach don Chomhairle nó don Ardionadaí;

(m) na comhairliúcháin is gá a dhéanamh chun na cúraimí atá air a chomhlíonadh;

(n) a rialacha nós imeachta a ghlacadh agus a fhoilsiú.

3. Gan dochar do chumhachtaí ná de fhreagrachtaí na mBallstát, bunófar, faoi mhaoirseacht an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, fochomhlacht speisialta a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann na mBallstát chun na cúraimí seo a leanas, go háirithe, a dhéanamh:

(a) bainistiú eochracha eitilte na gClár;

(b) bunú agus forfheidhmiú nósanna imeachta le haghaidh chuntasaíocht, láimhseáil shlán, stóráil agus dháileadh eochracha PRS Galileo a fhíorú, mar aon le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

*Airteagal 39*

**Comhdhéanamh an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

1. Ar an mBord um Chreidiúnú Slándála, beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát, ionadaí amháin ón gCoimisiún agus ionadaí amháin de chuid an Ardionadaí. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, agus beidh an téarma sin in-athnuaite.

2. Is ar bhonn riachtanais eolais a bheidh rannpháirtíocht i gcruinnithe an Bhoird um Chreidiúnú Slándála. I gcás inarb iomchuí, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó GES agus d'ionadaithe ón nGníomhaireacht nach bhfuil bainteach le creidiúnú slándála freastal ar chruinnithe an Bhoird um Chreidiúnú Slándála mar bhreathnóirí. Ar bhonn eisceachtúil, féadfar cuireadh a thabhairt freisin d'ionadaithe ó Ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta freastal ar chruinnithe an Bhoird um Chreidiúnú Slándála mar bhreathnóirí i gcás ábhair a bhaineann go díreach leis na tríú tíortha nó na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin, go háirithe ábhair a bhaineann leis an mbonneagar ar leo é nó atá bunaithe ar a gcríoch. Déanfar socruithe maidir le rannpháirtíocht na n-ionadaithe sin ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus an coinníoll maidir le rannpháirtíocht den sórt sin a leagan síos sna comhaontuithe ábhartha agus comhlíonfaidh siad rialacha nós imeachta an Bhoird um Chreidiúnú Slándála.

*Airteagal 40*

**Rialacha vótála an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

Más rud é nach féidir teacht ar chomhthoil de réir na bprionsabal ginearálta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 37 den Rialachán seo, déanfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála cinntí ar bhonn vótáil trí thromlach cáilithe, i gcomhréir le hAirteagal 16 CAE. Ní chaithfidh ionadaí an Choimisiúin ná ionadaí an Ardionadaí vóta. Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála na cinntí a ghlacfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála a shíniú thar ceann an Bhoird um Chreidiúnú Slándála.

*Airteagal 41*

**Cinntí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála a chur in iúl agus tionchar na gcinntí sin**

1. Is chuig an gCoimisiún a dhíreofar cinntí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála.

2. Coinneoidh an Coimisiún an Bord um Chreidiúnú Slándála ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le tionchar aon chinnidh arna bheartú ag an mBord um Chreidiúnú Slándála ar sheoladh cuí chomhpháirteanna an Chláir agus maidir le cur chun feidhme na bpleananna chun déileáil le riosca iarmharach. Tabharfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála aon fhaisnéis den sórt sin a fhaightear ón gCoimisiún dá aire.

3. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas, gan mhoill, maidir le tionchar ghlacadh na gcinntí maidir le creidiúnú slándála ar sheoladh cuí chomhpháirteanna an Chláir. Má mheasann an Coimisiún go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag cinneadh arna dhéanamh ag an mBord um Chreidiúnú Slándála ar sheoladh cuí na gcomhpháirteanna sin, mar shampla ó thaobh costas, sceidil nó feidhmíochta de, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. Coinneofar an Bord Riaracháin ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar obair an Bhoird um Chreidiúnú Slándála.

5. Ní chuirfidh an t-amchlár le haghaidh obair an Bhoird um Chreidiúnú Slándála isteach ar amchlár na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 100.

*Airteagal 42*

**Ról na mBallstát i gcreidiúnú slándála**

1. Maidir leis na Ballstáit, déanfaidh siad an fhaisnéis go léir a mheasann siad a bheith ábhartha chun críoch creidiúnaithe slándála a tharchur chuig an mBord um Chreidiúnú Slándála.

2. I gcomhaontú leis na heintitis náisiúnta atá inniúil in ábhair shlándála agus faoina maoirseacht, ceadóidh na Ballstáit do dhaoine cuí-údaraithe arna gceapadh ag an mBord um Chreidiúnú Slándála rochtain a bheith acu ar aon fhaisnéis agus ar aon limistéar agus ar aon láithreán a bhaineann le slándáil na gcóras a thagann faoina ndlínse, i gcomhréir lena ndlíthe agus lena rialacháin náisiúnta, lena n-áirítear rochtain chun críoch cigireachtaí, iniúchtaí agus tástálacha slándála arna gcinneadh ag an mBord um Chreidiúnú Slándála agus chun críocha an phróisis faireacháin i ndáil le rioscaí slándála dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 37. Beidh an rochtain sin ann gan aon idirdhealú á dhéanamh ar fhorais náisiúntachta in aghaidh náisiúnaigh na mBallstát,

3. Déanfar iniúchtaí agus tástálacha dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) leagfar béim ar an tslándáil agus ar bhainistiú éifeachtach riosca laistigh de na heintitis a ndéanfar cigireacht orthu;

(b) molfar frithbhearta chun an tionchar sonrach a bheadh ag cailliúint rúndachta, sláine nó infhaighteachta faisnéise rúnaicmithe a mhaolú.

4. Beidh gach Ballstát freagrach as teimpléad a cheapadh le haghaidh rialú rochtana, ar teimpléad é ina leagtar amach go hachomair, nó ina liostaítear, na limistéir nó na láithreáin atá le creidiúnú. Comhaontófar an teimpléad le haghaidh rialú rochtana roimh ré idir na Ballstáit agus an Bord um Chreidiúnú Slándála agus áiritheofar, ar an gcaoi sin, go mbeidh an leibhéal céanna rialaithe rochtana á sholáthar ag na Ballstáit uile;

5. Beidh Ballstáit freagrach, ar leibhéal áitiúil, as creidiúnú slándála láithreán atá suite laistigh dá gcríoch agus ar cuid iad den limistéar um chreidiúnú slándála do chomhpháirteanna an Chláir, agus tuairisceoidh siad, chun na críche sin, don Bhord um Chreidiúnú Slándála.

*CAIBIDIL III*

***Faisnéis rúnaicmithe a chosaint***

*Airteagal 43*

**Faisnéis rúnaicmithe a chosaint**

1. Maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe a bhaineann leis an gClár, beidh an malartú sin faoi réir comhaontú idirnáisiúnta a bheith ann idir an tAontas agus tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe nó, i gcás inarb infheidhme, socrú arna dhéanamh idir institiúid nó comhlacht inniúil an Aontais agus údaráis ábhartha tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe, agus beidh sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú nó sa socrú sin;

2. Ní fhéadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i dtríú tíortha ná daoine dlítheanacha atá bunaithe i dtríú tíortha déileáil le FRAE a bhaineann leis an gClár ach amháin i gcás ina mbeidh siad faoi réir rialacháin slándála, sna tríú tíortha sin, lena n-áiritheofar leibhéal cosanta atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal cosanta a thugtar faoi rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 agus faoi rialacha slándála na Comhairle a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE. Saineofar coibhéis na rialachán slándála a chuirtear i bhfeidhm i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhaontú um shlándáil faisnéise, lena n-áirítear, más ábhartha, ábhair slándála tionsclaíche, a thabharfar i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 218 CFAE agus Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE á chur san áireamh.

3. Gan dochar d'Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE agus do na rialacha lena rialaítear réimse na slándála tionsclaíche mar a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444, féadfar rochtain a thabhairt do dhuine nádúrtha nó do dhuine dlítheanach, do thríú tír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta ar FRAE i gcás ina measfar gur gá sin agus de réir gach cáis ar leith, de réir cineál agus inneachar faisnéise den sórt sin, an ghá don fhaighteoir a bheith ar an eolas agus mhéid an bhuntáiste don Aontas.

TEIDEAL VI

**Galileo agus EGNOS**

*Airteagal 44*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

Le saothrú Galileo agus EGNOS, cumhdófar na gníomhaíochtaí incháilithe seo a leanas:

(a) bainistiú, oibriú, cothabháil, feabhsú leanúnach, éabhlóid agus cosaint an bhonneagair spásbhunaithe, lena n-áirítear uasghráduithe agus bainistíocht dífheidhmeachta;

(b) bainistiú, oibriú, cothabháil, feabhsú leanúnach, éabhlóid agus cosaint an bhonneagair talamhbhunaithe, go háirithe lárionaid agus stáisiúin talamhbhunaithe dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/413 nó i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1406 ón gCoimisiún ([45]), líonraí, lena n-áirítear uasghráduithe agus bainistíocht dífheidhmeachta;

(c) forbairt ghlún na gcóras amach anseo agus éabhlóid na seirbhísí a sholáthraíonn Galileo agus EGNOS, lena n-áirítear trí riachtanais na ngeallsealbhóirí ábhartha a chur san áireamh; ní dhéanfaidh sin difear do chinntí a dhéanfar amach anseo maidir le peirspictíochtaí airgeadais an Aontais;

(d) tacú le feidhmeanna iartheachtacha Galileo agus EGNOS a fhorbairt agus le forbairt agus éabhlóid eilimintí bunúsacha teicneolaíocha, amhail slis-seiteanna agus glacadóirí atá cumasaithe do Galileo;

(e) tacaíocht do ghníomhaíochtaí creidiúnaithe agus caighdeánaithe a bhaineann le Galileo agus le EGNOS, go háirithe in earnáil an iompair;

([45]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1406 an 31 Iúil 2017 ón gCoimisiún lena gcinntear suíomh an bhonneagair talamhbhunaithe de chóras EGNOS (IO L 200, 1.8.2017, lch. 4).

(f) soláthar leanúnach na seirbhísí a sholáthraíonn Galileo agus EGNOS agus, i gcomhlántacht le Ballstáit agus le tionscnaimh de chuid na hearnála príobháidí, forbairt margaidh na seirbhísí sin, go háirithe chun na tairbhí socheacnamaíocha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) a uasmhéadú;

(g) comhar le córais réigiúnacha nó dhomhanda eile loingseoireachta satailíte, lena n-áirítear chun comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht a éascú;

(h) eilimintí chun faireachán a dhéanamh ar iontaofacht na gcóras agus saothrú na gcóras sin, agus feidhmiú na seirbhísí;

(i) gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí agus le comhordú leathnú a gcumhdaigh.

*Airteagal 45*

**Seirbhísí arna soláthar ag Galileo**

1. Is é a bheidh sna seirbhísí arna soláthar ag Galileo:

(a) seirbhís oscailte Galileo (GOS), a bheidh saor in aisce don úsáideoir agus a sholáthróidh faisnéis suite agus sioncronaithe atá beartaithe go príomha le haghaidh feidhmeanna loingseoireachta satailíte ardéilimh le húsáid ag tomhaltóirí;

(b) seirbhís ardbheachtais (HAS), a bheidh saor in aisce don úsáideoir agus a sholáthróidh, trí shonraí breise arna scaipeadh ar bhanda minicíochta forlíontach, faisnéis suite agus sioncronaithe ardbheachtais atá beartaithe go príomha le haghaidh feidhmeanna loingseoireachta satailíte le haghaidh úsáid ghairmiúil nó tráchtála;

(c) seirbhís fíordheimhniúcháin comharthaí (SAS), bunaithe ar na cóid chriptithe atá sna comharthaí atá beartaithe go príomha le haghaidh feidhmeanna loingseoireachta satailíte le haghaidh úsáid ghairmiúil nó tráchtála;

(d) seirbhís phoiblí rialáilte (PRS), a bheidh teoranta d'úsáideoirí atá údaraithe ag an rialtas le haghaidh feidhmeanna íogaire a éilíonn ardleibhéal leanúnachais seirbhíse, lena n-áirítear i réimse na slándála agus na cosanta, trí chomharthaí láidre criptithe a úsáid; beidh sí saor in aisce do na Ballstáit, don Chomhairle, don Choimisiún, do SEGS agus, i gcás inarb iomchuí, do ghníomhaireachtaí cuí-údaraithe de chuid an Aontais; déanfar an cheist i dtaobh muirear a ghearradh ar rannpháirtithe eile PRS dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE a mheasúnú de réir gach cáis ar leith agus déanfar forálacha iomchuí a shonrú sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 3(5) den Chinneadh sin; rialófar rochtain ar PRS i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE;

(e) seirbhís éigeandála (ES), a bheidh saor in aisce do na húsáideoirí agus a chraolfaidh, trí chomharthaí a chur amach, rabhaidh maidir le tubaistí nádúrtha nó éigeandálaí eile i limistéir ar leith; soláthrófar í, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le húdaráis náisiúnta cosanta sibhialta na mBallstát;

(f) seirbhís uainiúcháin (TS), a bheidh saor in aisce d'úsáideoirí agus a sholáthróidh am tagartha cruinn stóinsithe, agus a ríomhfaidh an t-am uilíoch comhordaithe, rud a éascóidh forbairt feidhmeanna uainiúcháin ar bhonn Galileo agus an úsáid i bhfeidhmeanna criticiúla.

2. Le Galileo, rannchuideofar freisin leis an méid seo a leanas:

(a) seirbhís tacaíochta cuardaigh agus tarrthála (SAR) chóras COSPAS-SARSAT trí chomharthaí guaise arna dtarchur ó rabhcháin a bhrath agus trí theachtaireachtaí a chur ar ais chucu trí nasc aisfhillte;

(b) seirbhísí faireacháin sláine arna gcaighdeánú ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta lena n-úsáid ag na seirbhísí sábháilteachta beatha, ar bhonn chomharthaí sheirbhís oscailte Galileo agus in éineacht le EGNOS agus le córais loingseoireachta satailíte eile;

(c) faisnéis aimsire spáis trí Lárionad Seirbhíse GNSS dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/413 agus seirbhísí luathrabhaidh arna gcur ar fáil trí bhonneagar Galileo talamhbhunaithe, atá beartaithe go príomha leis na rioscaí féideartha d'úsáideoirí na seirbhísí arna soláthar ag Galileo agus ag GNSSanna eile a bhaineann leis an spás a laghdú.

*Airteagal 46*

**Seirbhísí arna soláthar ag EGNOS**

1. Is é a bheidh sna seirbhísí arna soláthar ag EGNOS:

(a) seirbhís oscailte EGNOS (EOS), a bheidh saor ó mhuirir dhíreacha don úsáideoir agus a sholáthróidh faisnéis suite agus sioncronaithe atá beartaithe go príomha le haghaidh feidhmeanna loingseoireachta satailíte ardéilimh le húsáid ag tomhaltóirí;

(b) seirbhís rochtana sonraí EGNOS (EDAS), a bheidh saor ó mhuirir dhíreacha don úsáideoir agus a sholáthróidh faisnéis suite agus sioncronaithe atá beartaithe go príomha le haghaidh feidhmeanna loingseoireachta satailíte le haghaidh úsáid ghairmiúil nó tráchtála, trína gcuirfear feidhmíocht agus sonraí feabhsaithe ar fáil ar mó a mbreisluach ná mar a fhaightear trí EOS;

(c) seirbhís sábháilteachta beatha (SoL) a bheidh saor ó mhuirir dhíreacha don úsáideoir agus a sholáthróidh faisnéis suite agus sioncronaithe ama a mbainfidh ardleibhéal leanúnachais, infhaighteachta agus cruinnis léi, lena n-áirítear teachtaireacht sláine a thugann foláireamh d'úsáideoirí maidir le comharthaí a dteipeann orthu nó comharthaí atá lasmuigh den teorainn lamháltais, arna gcur amach ag Galileo agus GNSSanna eile lena dtreisíonn EGNOS sa limistéar cumhdaigh, atá beartaithe go háirithe le haghaidh úsáideoirí a bhfuil an tsábháilteacht riachtanach dóibh, go háirithe in earnáil na heitlíochta sibhialta chun críoch seirbhísí aerloingseoireachta, i gcomhréir le caighdeáin ICAO, nó in earnálacha eile iompair.

2. Déanfar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar mar thosaíocht ar chríoch na mBallstát uile atá lonnaithe go geografach san Eoraip, lena n-áirítear chun na críche sin an Chipir, na hAsóir, na hOileáin Chanáracha agus Maidéara, faoi dheireadh na bliana 2026.

3. Féadfar cumhdach geografach EGNOS a shíneadh chuig réigiúin eile den domhan, go háirithe chuig críocha tíortha is iarrthóirí, chuig críocha tríú tíortha atá comhlachaithe leis an Aerspás Eorpach Aonair agus chuig críocha tríú tíortha i mBeartas Comharsanachta na hEorpa, faoi réir indéantacht theicniúil agus i gcomhréir leis na ceanglais slándála dá dtagraítear in Airteagal 34(2) agus, i gcás sheirbhís SoL, ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta.

4. An costas a bhaineann le síneadh a chur le cumhdach geografach EGNOS faoi mhír 3 den Airteagal seo, lena n-áirítear na costais ghaolmhara oibríochtúla a bhaineann go sonrach leis na réigiúin sin, ní chumhdófar é leis an mbuiséad dá dtagraítear in Airteagal 11. Féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú le cláir nó ionstraimí eile. Le síneadh den sórt sin, ní chuirfear moill ar thairiscint na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fud chríocha na mBallstát atá lonnaithe go geografach san Eoraip.

*Airteagal 47*

**Bearta cur chun feidhme le haghaidh Galileo agus EGNOS**

Ar mhaithe le feidhmiú rianúil Galileo agus EGNOS agus le go nglacfaidh an margadh leo, leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i gcás inar gá, na bearta is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na rioscaí ar gné dhílis iad d'oibriú Galileo agus EGNOS a bhainistiú agus a laghdú, go háirithe chun leanúnachas gnó a áirithiú;

(b) na príomhchéimeanna cinnteoireachta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Galileo agus EGNOS a shonrú;

(c) suíomh na lárionad a bhaineann le bonneagar talamhbhunaithe Galileo agus EGNOS a chinneadh i gcomhréir leis na ceanglais slándála, tar éis próiseas trédhearcach oscailte, agus feidhmiú na lárionad sin a áirithiú;

(d) na sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a bhaineann leis na seirbhísí dá dtagraítear i bpointí (c), (e) agus (f) d'Airteagal 45(1) agus pointe (c) d'Airteagal 45(2) a chinneadh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

*Airteagal 48*

**Comhoiriúnacht, idir-inoibritheacht agus caighdeánú**

1. Beidh Galileo agus EGNOS agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad comhoiriúnach agus idir-inoibritheach ón taobh teicniúil de, lena n-áirítear ar leibhéal na n-úsáideoirí.

2. Beidh Galileo agus EGNOS agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad comhoiriúnach agus idir-inoibritheach le córais loingseoireachta satailíte eile agus le gnáthmhodhanna loingseoireachta raidió, i gcás ina bhfuil na ceanglais is gá agus na coinníollacha maidir le comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht leagtha síos i gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

TEIDEAL VII

**COPERNICUS**

*CAIBIDIL I*

***Forálacha ginearálta***

*Airteagal 49*

**Raon feidhme Copernicus**

1. Cuirfear Copernicus chun feidhme trí chur le hinfheistíochtaí a rinneadh roimhe seo, lena n-áirítear infheistíochtaí a rinne geallsealbhóirí amhail GES agus EUMETSAT agus, i gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil sé cost-éifeachtach, ag tarraingt ar acmhainneachtaí náisiúnta nó réigiúnacha na mBallstát agus acmhainneachtaí soláthróirí tráchtála sonraí agus faisnéise inchomparáide á gcur san áireamh, mar aon leis an ngá iomaíochas agus forbairt an mhargaidh a chothú, agus deiseanna d'úsáideoirí na hEorpa á n-uasmhéadú ag an am céanna.

2. Le Copernicus, cuirfear sonraí agus faisnéis ar fáil, ag tógáil ar riachtanais úsáideoirí Copernicus agus bunaithe ar bheartas sonraí atá saor in aisce, iomlán, agus oscailte.

3. Le Copernicus, tacófar le beartais an Aontais agus beartais a Bhallstát a fhoirmliú agus a chur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe i réimsí an chomhshaoil, an athraithe aeráide, na mara, na gcúrsaí muirí, an atmaisféir, na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe, chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha, na cosanta sibhialta, an fhaireacháin ar bhonneagar, na sábháilteachta agus na slándála, mar aon leis an ngeilleagar digiteach, agus é mar aidhm leis an tacaíocht sin an t-ualach riaracháin a laghdú tuilleadh.

4. Áireofar na heilimintí seo a leanas in Copernicus:

(a) fáil sonraí, lena n-áireofar:

 (i) Fairtheoirí Copernicus a fhorbairt agus a oibriú;

 (ii) rochtain ar shonraí tríú páirtí maidir le faire spásbhunaithe na Cruinne;

 (iii) rochtain ar shonraí *in situ* agus ar shonraí coimhdeacha eile;

(b) próiseáil sonraí agus faisnéise trí Sheirbhísí Copernicus, lena n-áireofar gníomhaíochtaí chun faisnéis bhreisluacha a ghiniúint chun tacú le seirbhísí faireacháin comhshaoil, tuairiscithe agus dearbhaithe comhlíonta, cosanta sibhialta agus na slándála;

(c) rochtain agus dáileadh sonraí, lena n-áireofar bonneagar agus seirbhísí chun a áirithiú go ndéanfar sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus a fhionnachtain, a bhreathnú, a rochtain, a dháileadh, a shaothrú agus a chaomhnú go fadtéarmach, ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir;

(d) glacadh na n-úsáideoirí, forbairt margaidh agus fothú acmhainneachta i gcomhréir le hAirteagal 28(6), lena n-áireofar na gníomhaíochtaí, acmhainní agus seirbhísí ábhartha chun Copernicus, sonraí Copernicus agus seirbhísí Copernicus a chur chun cinn, mar aon le feidhmeanna iartheachtacha gaolmhara agus a bhforbairt ar gach leibhéal chun na tairbhí socheacnamaíocha, dá dtagraítear in Airteagal 4(1), a uasmhéadú, mar aon le riachtanais na n-úsáideoirí Copernicus a bhailiú agus a anailísiú.

5. Le Copernicus, cuirfear comhordú idirnáisiúnta córas breathnóireachta agus malartuithe gaolmhara sonraí chun cinn chun a ghné dhomhanda agus a chomhlántacht a neartú, agus na comhaontuithe idirnáisiúnta agus na próisis chomhordúcháin á gcur san áireamh.

*CAIBIDIL II*

***Gníomhaíochtaí incháilithe***

*Airteagal 50*

**Gníomhaíochtaí incháilithe chun sonraí a fháil**

Le gníomhaíochtaí incháilithe faoi Copernicus, cumhdófar an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí chun leanúnachas feabhsaithe a chur ar fáil i dtaca le misin Fhairtheoirí Copernicus atá ann cheana agus chun tuilleadh Fhairtheoirí Copernicus a fhorbairt, a lainseáil, a chothabháil agus a oibriú chun an scóip bhreathnóireachta a leathnú, agus tosaíocht á tabhairt go háirithe d'acmhainneachtaí breathnóireachta chun faireachán a dhéanamh ar $CO_2$ antrapaigineach agus ar astaíochtaí eile gás ceaptha teasa, lenar féidir faireachán a dhéanamh ar réigiúin pholacha agus lena gcumasaítear feidhmeanna nuálacha comhshaoil i mbainistiú talmhaíochta, foraoise, uisce agus acmhainní mara, agus san oidhreacht chultúrtha;

(b) gníomhaíochtaí chun rochtain a chur ar fáil ar shonraí agus fáisnéis tríú páirtí Copernicus, ar sonraí iad is gá chun Seirbhísí Copernicus a ghiniúint nó lena n-úsáid ag institiúidí, gníomhaireachtaí agus seirbhísí díláraithe an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil sé cost-éifeachtach, comhlachtaí poiblí náisiúnta nó réigiúnacha;

(c) gníomhaíochtaí chun rochtain ar shonraí Copernicus *in situ* agus ar shonraí coimhdeacha eile a chur ar fáil agus a chomhordú, ar sonraí iad a bhfuil gá leo chun sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus a ghiniúint, a chalabrú agus a bhailíochtú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil sé cost-éifeachtach, acmhainneachtaí náisiúnta a úsáid agus dúbláil a sheachaint.

*Airteagal 51*

**Gníomhaíochtaí incháilithe le haghaidh sheirbhísí Copernicus**

1. I ngníomhaíochtaí incháilithe faoi Sheirbhísí Copernicus, áireofar an méid seo a leanas:

(a) seirbhísí faireacháin comhshaol, tuairiscithe agus dearbhaithe comhlíonta i ndáil leis an gcomhshaol, lena gcumhdaítear:

   (i) faireachán ar an atmaisféar ar an leibhéal domhanda chun faisnéis maidir le cáilíocht an aeir, agus béim ar leith á leagan ar leibhéal na hEorpa, agus maidir le comhdhéanamh an atmaisféir a sholáthar;

   (ii) faireachán ar an muirthimpeallacht chun faisnéis a sholáthar faoi staid agus dinimicí éiceachóras aigéin, farraige agus cósta, agus faoina n-acmhainní agus a n-úsáid;

   (iii) faireachán ar thalamh agus ar thalmhaíocht chun faisnéis a sholáthar faoi chumhdach talún, úsáid talún agus athrú ar úsáid talún, láithreáin oidhreachta cultúrtha, gluaisne talún, limistéir uirbeacha, cainníocht agus cáilíocht uisce intíre, foraoisí, talmhaíocht agus acmhainní nádúrtha eile, bithéagsúlacht agus an crióisféar;

   (iv) faireachán ar an athrú aeráide chun faisnéis a sholáthar faoi CO2 antrapaigineach agus astaíochtaí agus ionsúcháin eile gás ceaptha teasa, athróga riachtanacha aeráide, athanailísí aeráide, réamhaisnéisí séasúracha, réamh-mheastacháin agus sannadh an athraithe aeráide, faisnéis faoi athruithe sna réigiúin pholacha agus san Artach, mar aon le táscairí ar scálaí ábhartha ama agus spásúla;

(b) seirbhís bainistithe éigeandála chun faisnéis a sholáthar mar thacú agus i gcomhordú leis na húdaráis phoiblí a bhfuil baint acu leis an gcosaint shibhialta, a thacaíonn le hoibríochtaí cosanta sibhialta agus le hoibríochtaí freagartha éigeandála (gníomhaíochtaí luathrabhaidh agus acmhainneachtaí freagartha ar ghéarchéimeanna a fheabhsú), agus le gníomhaíochtaí um chosc agus um ullmhacht (anailísí ar riosca agus ar théarnamh) maidir le cineálacha éagsúla tubaistí;

(c) seirbhís slándála chun tacú le faireachas laistigh den Aontas agus ag a theorainneacha seachtracha, le faireachas muirí, le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais lena dtugtar freagra ar na dúshláin slándála atá os comhair an Aontais agus le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála.

2. Déanfaidh an Coimisiún, agus tacaíocht á fáil aige i gcás inarb ábhartha ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha, ábharthacht Sheirbhísí Copernicus a áirithiú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) indéantacht theicniúil na gceanglas a chuireann na pobail úsáideoirí in iúl, agus a oiriúnaí atá siad don fheidhm, a bhailíochtú;

(b) measúnú a dhéanamh ar na modhanna agus na réitigh a mholtar nó a fhorghníomhaítear chun ceanglais na bpobal úsáideoirí a chomhlíonadh agus chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach.

*Airteagal 52*

**Gníomhaíochtaí incháilithe chun sonraí agus faisnéis a rochtain agus a dháileadh**

1. Áireofar in Copernicus gníomhaíochtaí chun rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil ar shonraí uile Copernicus agus ar fhaisnéis uile Copernicus agus, i gcás inarb iomchuí, soláthrófar bonneagar agus seirbhísí breise chun dáileadh agus úsáid na sonraí agus na faisnéise sin, agus chun rochtain orthu, a chothú.

2. I gcás ina measfar go bhfuil sonraí Copernicus nó faisnéis Copernicus íogair ó thaobh na slándála de réir bhrí Airteagail 12 go 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1159/2013, féadfaidh an Coimisiún soláthar agus dáileadh na sonraí agus na faisnéise sin, maoirseacht ar iad a fháil, agus rochtain orthu a chur de chúram ar eintiteas muiníneach amháin nó níos mó. Déanfaidh na heintitis sin clár d'úsáideoirí creidiúnaithe a bhunú agus a chothabháil agus tabharfaidh siad rochtain ar na sonraí srianta trí shreabhadh oibre deighilte.

*CAIBIDIL III*

***Beartas maidir le sonraí Copernicus***

*Airteagal 53*

**Beartas maidir le sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus**

1. Soláthrófar sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus d'úsáideoirí Copernicus faoin mbeartas sonraí seo a leanas, ar beartas sonraí é a bheidh saor in aisce, iomlán agus oscailte:

(a) féadfaidh úsáideoirí Copernicus, ar bhonn saor in aisce agus domhanda, sonraí uile Copernicus agus faisnéis uile Copernicus a atáirgeadh, a dháileadh, a chur in iúl don phobal, a oiriúnú agus a mhodhnú agus iad a chur le chéile le sonraí agus faisnéis eile;

(b) beidh na teorainneacha seo a leanas ag baint leis an mbeartas sonraí atá saor in aisce, iomlán agus oscailte:

(i) déanfar formáidí, tráthúlacht agus gnéithe scaipthe shonraí Copernicus agus fhaisnéis Copernicus a réamh-shainiú;

(ii) cloífear le coinníollacha ceadúnúcháin sonraí tríú páirtí agus faisnéise tríú páirtí arna n-úsáid chun sonraí agus faisnéis tríú páirtí Copernicus a tháirgeadh i gcás inarb infheidhme;

(iii) na teorainneacha slándála ar toradh iad ar na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2);

(iv) áiritheofar cosaint in aghaidh riosca i dtaca le suaitheadh ar an gcóras lena dtáirgtear sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus nó lena gcuirtear ar fáil iad agus i dtaca le suaitheadh ar na sonraí féin;

(v) áiritheofar cosaint na rochtana iontaofa ar shonraí Copernicus agus ar fhaisnéis Copernicus le haghaidh úsáideoirí Eorpacha.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 105 chun na forálacha sonracha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a fhorlíonadh a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rochtain a fháil ar shonraí Copernicus agus ar fhaisnéis Copernicus agus maidir lena n-úsáid.

3. Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 106 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

4. Eiseoidh an Coimisiún ceadúnais agus fógraí le haghaidh rochtain agus úsáid shonraí Copernicus agus fhaisnéis Copernicus, lena n-áirítear clásail maidir le bunús, i gcomhréir leis an mbeartas maidir le sonraí Copernicus a leagtar amach sa Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe is infheidhme.

TEIDEAL VIII

**COMHPHÁIRTEANNA EILE AN CHLÁIR**

*CAIBIDIL I*

***SSA***

Roinn 1

**Fo-chomhpháirt SST**

*Airteagal 54*

**Raon feidhme fho-chomhpháirt SST**

1. Le fo-chomhpháirt SST, tacófar leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) bunú, forbairt agus oibriú líonra braiteoirí SST talamhbhunaithe agus spásbhunaithe de chuid na mBallstát, lena n-áirítear braiteoirí arna bhforbairt trí GES nó trí earnáil phríobháideach an Aontais, agus braiteoirí de chuid an Aontais arna n-oibriú go náisiúnta, chun suirbhéireacht agus rianú a dhéanamh ar réada spáis agus chun catalóg Eorpach de réada spáis a tháirgeadh;

(b) próiseáil agus anailísiú shonraí SST ar an leibhéal náisiúnta chun faisnéis SST agus seirbhísí SST dá dtagraítear in Airteagal 55(1) a tháirgeadh;

(c) soláthar sheirbhísí SST dá dtagraítear in Airteagal 55(1) d'úsáideoirí SST dá dtagraítear in Airteagal 56;

(d) faireachán ar thionscnaimh agus sineirgíochtaí a lorg leo, ar tionscnaimh iad lena ndéantar forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí chun spásárthaigh a dhiúscairt ag deireadh na saolré oibríochtúla a chur chun cinn, agus forbairt agus imscaradh córas teicneolaíoch a chur chun cinn chun smionagar spáis a chosc agus a dhíothú, mar aon le faireachán ar thionscnaimh idirnáisiúnta i réimse an bhainistithe spástráchta.

2. Le fo-chomhpháirt SST, tabharfar tacaíocht theicniúil agus riaracháin freisin chun an t-aistriú idir Clár Spáis agus creat tacaíochta SST a bhunaítear le Cinneadh Uimh. 541/2014/AE a áirithiú.

*Airteagal 55*

**Seirbhísí SST**

1. Is é a bheidh in seirbhísí SST:

(a) measúnú ar riosca an imbhuailte idir spásárthaigh nó idir spásárthaigh agus smionagar spáis agus foláirimh a d'fhéadfaí a thabhairt maidir le seachaint imbhuailte le linn chéimeanna na lainseála, na luathfhithise, an ardaithe fithise, oibríochtaí infhithise agus céimeanna diúscairte de mhisin spásárthach;

(b) ilroinnt, scaradh nó imbhualadh infhithise a bhrath agus a thréithriú;

(c) measúnú ar riosca athiontrála neamhrialaithe réad spáis agus smionagair spáis isteach in atmaisféar na Cruinne agus faisnéis ghaolmhar a ghiniúint, lena n-áirítear meastachán ar an amchlár agus suíomh féideartha an imbhuailte a d'fhéadfadh tarlú;

(d) gníomhaíochtaí a fhorbairt mar ullmhúchán don mhéid seo a leanas:

(i) maolú ar smionagar spáis chun gur lú de a ghinfear; agus

(ii) feabhsúchán smionagair spáis tríd an smionagar spáis atá ann cheana a bhainistiú.

2. Beidh seirbhísí SST saor in aisce, beidh fáil orthu am ar bith gan aon bhriseadh agus beidh siad in oiriúint do riachtanais úsáideoirí SST dá dtagraítear in Airteagal 56.

3. Ní bheidh na Ballstáit atá rannpháirteach i bhfo-chomhpháirt SST, an Coimisiún ná, i gcás inarb ábhartha, Deasc thosaigh SST dá dtagraítear in Airteagal 59(1) faoi dhliteanas maidir leis an méid seo a leanas:

(a) damáiste atá mar thoradh ar easpa sholáthar sheirbhísí SST nó ar bhriseadh isteach ar an soláthar sin;

(b) moill ar sholáthar sheirbhísí SST;

(c) míchruinneas na faisnéise a sholáthraítear trí sheirbhísí SST;

(d) gníomhaíocht a dhéantar mar fhreagairt ar sholáthar sheirbhísí SST.

*Airteagal 56*

**Úsáideoirí SST**

1. Is é a bheidh in úsáideoirí STT an Aontais:

(a) croí-úsáideoirí SST: na Ballstáit, SEGS, an Coimisiún, an Chomhairle, an Ghníomhaireacht agus úinéirí agus oibreoirí spásárthach, idir phoiblí agus phríobháideach, atá bunaithe san Aontas;

(b) úsáideoirí SST nach croí-úsáideoirí iad: eintitis phoiblí agus phríobháideacha eile atá bunaithe san Aontas.

Beidh rochtain ag croí-úsáideoirí SST ar sheirbhísí uile SST dá dtagraítear in Airteagal 55(1).

Féadfaidh úsáideoirí SST nach croí-úsáideoirí iad rochtain a bheith acu ar sheirbhísí SST dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 55(1).

2. Ar úsáideoirí idirnáisiúnta SST, beidh tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil a gceanncheathrú san Aontas agus eintitis phríobháideacha nach bhfuil bunaithe san Aontas. Beidh rochtain acu ar sheirbhísí SST dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 55(1) faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil a gceanncheathrú san Aontas rochtain a bheith acu ar sheirbhísí SST de bhun Airteagal 8(2);

(b) féadfaidh eintitis phríobháideacha nach bhfuil bunaithe san Aontas rochtain a bheith acu ar sheirbhísí SST faoi réir comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) leis an tríú tír ina bhfuil siad bunaithe agus lena ndeonaítear an rochtain sin dóibh.

Ní bheidh gá le haon chomhaontú idirnáisiúnta chun rochtain a fháil ar sheirbhísí SST atá ar fáil go poiblí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 55(1).

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an rochtain ar sheirbhísí SST agus leis na nósanna imeachta ábhartha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

*Airteagal 57*

**Rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST**

1. Na Ballstáit sin ar mian leo a bheith rannpháirteach i soláthar sheirbhísí SST dá dtagraítear in Airteagal 55(1) lena gcumhdaítear gach fithis, cuirfidh siad togra comhpháirteach aonair faoi bhráid an Choimisiúin ina léireofar comhlíonadh na gcritéar seo a leanas:

(a) úinéireacht nó rochtain ar bhraiteoirí leordhóthanacha SST atá ar fáil d'fho-chomhpháirt SST agus acmhainní daonna lena n-oibriú, sin nó úinéireacht nó rochtain ar chumais leordhóthanacha anailísithe oibríochtúla agus próiseála sonraí arna ndearadh go speisialta do SST agus atá ar fáil d'fho-chomhpháirt SST;

(b) measúnú riosca slándála tosaigh ar gach sócmhainn SST arna dhéanamh agus arna bhailíochtú ag an mBallstát ábhartha;

(c) plean gníomhaíochta lena gcuirtear san áireamh an plean comhordúcháin arna ghlacadh faoi Airteagal 6 de Chinneadh 541/2014/AE, chun na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 54 den Rialachán seo a chur chun feidhme;

(d) dáileadh na ngníomhaíochtaí éagsúla i measc na bhFoirne Saineolaithe arna n-ainmniú de bhun Airteagal 58 den Rialachán seo;

(e) na rialacha maidir le comhroinnt sonraí is gá chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo a bhaint amach.

Maidir leis na critéir sin a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír, léireoidh gach Ballstát ar mian leis a bheith rannpháirteach i soláthar sheirbhísí SST go gcomhlíonann sé gach ceann de na critéir sin.

Maidir leis na critéir a leagtar amach i bpointí (c), (d) agus (e) den chéad fhomhír, léireoidh na Ballstáit ar fad ar mian leo a bheith rannpháirteach i soláthar sheirbhísí SST go gcomhlíonann siad na critéir sin ar bhonn comhchoiteann.

2. Measfar go bhfuil na critéir dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo comhlíonta ag na Ballstáit atá rannpháirteach i bhfo-chomhpháirt SST ar comhaltaí iad a n-eintitis náisiúnta ainmnithe den Chuibhreannas arna bhunú faoi Airteagal 7(3) de Chinneadh Uimh. 541/2014/AE amhail ón 12 Bealtaine 2021.

3. I gcás nach dtíolacfar aon togra comhpháirteach i gcomhréir le mír 1, nó i gcás ina measfaidh an Coimisiún nach gcomhlíonann togra comhpháirteach a tíolacadh ar an gcaoi sin na critéir dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh cúig Bhallstát, ar a laghad, togra comhpháirteach nua ina léireofar go gcomhlíontar na critéir dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na forálacha mionsonraithe a bhaineann leis na nósanna imeachta agus na heilimintí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 den Airteagal seo a ghlacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

*Airteagal 58*

**Creat eagraíochtúil rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST**

1. Gach Ballstát a thíolaic togra comhpháirteach a mheas an Coimisiún é a bheith comhlíontach i gcomhréir le hAirteagal 57(1) nó ar roghnaigh an Coimisiún é de bhun an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 57(3), ainmneoidh sé Eintiteas Náisiúnta Bunaithe arna bhunú ar a chríoch chun ionadaíocht a dhéanamh air. Údarás poiblí de chuid an Bhallstáit nó comhlacht poiblí dá chuid a mbeidh sé de chúram air údarás poiblí den sórt sin a fheidhmiú a bheidh san Eintiteas Náisiúnta Bunaithe ainmnithe.

2. Na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe arna n-ainmniú de bhun mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh siad comhaontú i gcrích lena gcruthófar comhpháirtíocht SST ("comhaontú comhpháirtíochta SST") agus lena leagfar síos na rialacha agus na sásraí maidir lena gcomhar i dtaca leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 54 a chur chun feidhme. Go háirithe, áireofar i gcomhaontú comhpháirtíochta SST na heilimintí a luaitear i bpointí (c), (d) agus (e) d'Airteagal 57(1) agus bunú struchtúir bainistithe riosca chun cur chun feidhme na bhforálacha maidir le húsáid agus malartú slán shonraí SST agus fhaisnéis SST a áirithiú.

3. Forbróidh na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe seirbhísí SST de chuid an Aontais a bheidh ar ardcháilíocht i gcomhréir le plean ilbhliantúil, príomhtháscairí feidhmíochta ábhartha agus ceanglais na n-úsáideoirí, ar bhonn ghníomhaíochtaí na bhFoirne Saineolaithe dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo. Féadfaidh an Coimisiún an plean ilbhliantúil agus na príomhtháscairí feidhmíocht a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

4. Déanfaidh na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe braiteoirí atá ann cheana agus braiteoirí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a líonrú chun iad a oibriú ar bhealach comhordaithe agus barrfheabhsaithe d'fhonn catalóg Eorpach comhchoiteann atá cothrom le dáta a bhunú agus a chothabháil, gan dochar a dhéanamh do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta.

5. Déanfaidh na Ballstáit atá rannpháirteacha i bhfo-chomhpháirt SST creidiúnú slándála ar bhonn na gceanglas slándála ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

6. Ainmneoidh na Ballstáit atá rannpháirteach i bhfo-chomhpháirt SST Foirne Saineolaithe a bheidh i bhfeighil saincheisteanna sonracha a bhaineann le gníomhaíochtaí éagsúla SST. Beidh na Foirne Saineolaithe buan agus is iad Eintitis Náisiúnta Bhunaithe na mBallstát a d'aimnigh iad a bhainisteoidh iad agus a dhéanfaidh foireann a sholáthar dóibh agus féadfar saineolaithe ó gach Eintiteas Náisiúnta Bunaithe a áireamh iontu.

7. Áiritheoidh na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe agus na Foirne Saineolaithe go ndéanfar sonraí SST, faisnéis SST agus seirbhísí SST a chosaint.

8. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú chreat eagraíochtúil rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST. Déanfar foráil freisin sna rialacha sin maidir le Ballstát a áireamh i gcomhpháirtíocht SST tráth is faide anonn trí bheith ina pháirtí le comhaontú comhpháirtíochta SST dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

*Airteagal 59*

**Deasc thosaigh SST**

1. Déanfaidh an Coimisiún, agus moladh na nEintiteas Náisiúnta Bunaithe á chur san áireamh aige, Deasc thosaigh SST a roghnú ar bhonn an tsaineolais is fearr dá mbaineann le saincheisteanna slándála agus soláthar seirbhíse. Déanfaidh Deasc thosaigh SST an méid seo a leanas:

(a) na comhéadain shlána is gá a sholáthar chun faisnéis SST a sholáthar d'úsáideoirí SST dá dtagraítear in Airteagal 56, agus a áirithiú go láimhseálfar ar bhealach leormhaith í agus go mbeidh sí inrianaithe;

(b) tuairisciú maidir le feidhmíocht sheirbhísí SST a chur faoi bhráid chomhpháirtíocht SST dá dtagraítear in Airteagal 58(2) agus an Choimisiúin;

(c) an t-aiseolas is gá do chomhpháirtíocht SST dá dtagraítear in Airteagal 58(2) a bhailiú chun a áirithiú go n-ailíneofar seirbhísí le hionchais úsáideoirí SST mar is gá;

(d) tacú le húsáid sheirbhísí SST agus an úsáid sin a chur chun cinn agus a spreagadh.

2. Tabharfaidh na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe na socruithe cur chun feidhme is gá i gcrích le Deasc thosaigh SST.

Roinn 2

**Fo-chomhpháirteanna SWE agus NEO**

*Airteagal 60*

**Gníomhaíochtaí SWE**

1. Le fo-chomhpháirt SWE, féadfar tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) measúnú ar riachtanais na n-úsáideoirí sna hearnálacha a sainaithníodh i bpointe (b) de mhír 2, agus sainaithint na riachtanas sin, agus é mar aidhm aige sin seirbhísí SWE atá le soláthar a leagan amach;

(b) seirbhísí SWE a sholáthar d'úsáideoirí sheirbhísí SWE, de réir riachtanais sainaitheanta na n-úsáideoirí agus ceanglais theicniúla.

2. Beidh seirbhísí SWE ar fáil tráth ar bith gan aon bhriseadh. Déanfaidh an Coimisiún na seirbhísí sin a roghnú, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

(a) cuirfidh an Coimisiún seirbhísí SWE atá le soláthar ar leibhéal an Aontais in ord tosaíochta de réir riachtanais úsáideoirí SWE, ullmhacht theicneolaíoch na seirbhísí agus an toraidh ar mheasúnú riosca;

(b) le seirbhísí SWE, féadfar rannchuidiú le gníomhaíochtaí cosanta sibhialta agus le cosaint do raon leathan earnálacha, amhail spás, iompar, GNSSanna, eangacha cumhachta leictrí agus cumarsáid.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2).

3. Is le glao ar thairiscintí a roghnófar na heintitis phoiblí nó phríobháideacha a sholáthróidh seirbhísí SWE.

*Airteagal 61*

**Gníomhaíochtaí NEO**

1. Le fo-chomhpháirt NEO, féadfar tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) mapáil na n-acmhainneachtaí atá ag na Ballstáit chun réada i ngar don Chruinne a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu;

(b) an líonrú idir saoráidí agus ionaid taighde na mBallstát a chur chun cinn;

(c) an tseirbhís dá dtagraítear i mír 2 a fhorbairt.

(d) gnáthsheirbhís mhearfhreagartha a fhorbairt atá in ann réada i ngar don Chruinne atá nua-aimsithe a thréithriú.

(e) catalóg Eorpach de réada i ngar don Chruinne a chruthú.

2. Féadfaidh an Coimisiún, ina réimse inniúlachta, nósanna imeachta a chur ar bun chun comhordú a dhéanamh, agus comhlachtaí iomchuí na Náisiún Aontaithe rannpháirteach sa chomhordú sin, ar ghníomhaíochtaí an Aontais agus na n-údarás poiblí náisiúnta a bhaineann le cosaint shibhialta i gcás ina n-aimseofar go bhfuil réad i ngar don Chruinne ag teacht i ngiorracht don Chruinne.

*CAIBIDIL II*

***GOVSATCOM***

*Airteagal 62*

**Raon feidhme GOVSATCOM**

Faoi chomhpháirt GOVSATCOM, cumascfar acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailítí i gcomhthiomsú coiteann acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte de chuid an Aontais, lena mbeidh ceanglais iomchuí slándála ag gabháil. Sa chomhpháirt sin beidh:

(a) forbairt, tógáil agus oibríochtaí an bhonneagair den chuid ar talamh dá dtagraítear in Airteagal 67 agus bonneagar spáis féideartha dá dtagraítear in Airteagal 102(2);

(b) soláthar na n-acmhainneachtaí, na seirbhísí agus an trealaimh úsáideoirí, idir rialtais agus thráchtála, i réimse na cumarsáide satailíte, atá riachtanach chun seirbhísí GOVSATCOM a sholáthar;

(c) na bearta is gá chun cur le hidir-inoibritheacht agus caighdeánú threalamh úsáideoirí GOVSATCOM.

*Airteagal 63*

**Acmhainneachtaí agus seirbhísí GOVSATCOM**

1. Áiritheofar go soláthrófar acmhainneachtaí agus seirbhísí GOVSATCOM mar a leagtar síos sa phunann seirbhísí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus i gcomhréir leis na ceanglais oibríochtúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, na ceanglais slándála a bhaineann go sonrach le GOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 34(2) agus laistigh de theorainneacha na rialacha maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 66.

Beidh rochtain ar acmhainneachtaí agus seirbhísí GOVSATCOM saor in aisce d'úsáideoirí institiúideacha agus rialtais GOVSATCOM mura sainíonn an Coimisiún beartas praghsála i gcomhréir le hAirteagal 66(2).

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais oibríochtúla maidir le seirbhísí GOVSATCOM, agus beidh na ceanglais sin i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla maidir le cásanna úsáide GOVSATCOM a bhaineann, go háirithe, le bainistiú géarchéime, faireachán agus bainistiú príomhbhonneagair, lena n-áirítear líonraí cumarsáide taidhleoireachta. Beidh na ceanglais oibríochtúla sin bunaithe ar an anailís mhionsonraithe ar riachtanais úsáideoirí GOVSATCOM agus cuirfear san áireamh iontu na riachtanais a eascraíonn as an trealamh úsáideoirí agus na líonraí úsáideoirí atá ann cheana. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an phunann seirbhísí le haghaidh sheirbhísí GOVSATCOM i bhfoirm liosta catagóirí acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte agus a dtréithe, lena n-áirítear cumhdach geografach, minicíocht, bandaleithead, trealamh úsáideoirí agus gnéithe slándála. Leis an bpunann seirbhísí, déanfar seirbhísí atá ann cheana agus atá ar fáil ar bhonn tráchtála a chur san áireamh chun nach ndéanfaí saobhadh ar an iomaíochas sa mhargadh inmheánach. Déanfar na bearta sin a nuashonrú go tráthrialta agus beidh siad bunaithe ar na ceanglais oibríochtúla agus slándála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus déanfar na seirbhísí a sholáthraítear d'úsáideoirí a chur in ord tosaíochta sna bearta sin de réir a n-ábharthachta agus a gcriticiúlachta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

4. Beidh rochtain ag úsáideoirí GOVSATCOM ar acmhainneachtaí agus seirbhísí GOVSATCOM a liostaítear sa phunann seirbhísí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. Is trí Mhoil GOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 67(1) a thabharfar an rochtain sin.

*Airteagal 64*

**Soláthraithe acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte**

Féadfar na heintitis seo a leanas acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte faoi GOVSATCOM a sholáthar:

(a) rannpháirtithe GOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 68; agus

(b) daoine dlítheanacha atá cuíchreidiúnaithe chun acmhainneachtaí nó seirbhísí cumarsáide satailíte a sholáthar i gcomhréir leis an nós imeachta creidiúnaithe slándála dá dtagraítear in Airteagal 37, a dhéanfar i gcomhréir leis na ceanglais slándála do chomhpháirt GOVSATCOM, dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 65*

**Úsáideoirí GOVSATCOM**

1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas GOVSATCOM a úsáid ar choinníoll gur cuireadh cúraimí orthu a bhaineann le maoirseacht agus bainistiú misean, oibríochtaí agus bonneagar éigeandála agus atá criticiúil ó thaobh na slándála de:

(a) údarás poiblí de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit nó comhlacht a bhfuil sé de chúram air an t-údarás poiblí sin a fheidhmiú;

(b) duine nádúrtha nó dlítheanach ag gníomhú thar ceann nó faoi rialú eintiteas dá dtagraítear faoi phointe (a) den mhír seo.

2. Beidh úsáideoirí GOVSATCOM dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo cuí-údaraithe ag rannpháirtí GOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 68 chun acmhainneachtaí agus seirbhísí GOVSATCOM a úsáid agus comhlíonfaidh siad na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2), mar a shainítear do GOVSATCOM.

*Airteagal 66*

**Comhroinnt agus cur in ord tosaíochta**

1. Déanfar acmhainneachtaí, seirbhísí agus trealamh úsáideoirí cumarsáide satailíte comhthiomsaithe a chomhroinnt agus a chur in ord tosaíochta idir rannpháirtithe GOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 68 ar bhonn anailís ar rioscaí sábháilteachta agus slándála na n-úsáideoirí. Cuirfear san áireamh san anailís sin bonneagar cumarsáide atá ann cheana agus inrochtaineacht na gcumas atá ann cheana chomh maith lena gcumhdach geografach, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Leis an gcomhroinnt agus cur in ord tosaíochta sin, tabharfar tosaíocht d'úsáideoirí GOVSATCOM de réir a n-ábharthachta agus a gcriticiúlachta.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, seirbhísí, agus trealaimh úsáideoirí, agus an t-éileamh a mbeifí ag siúl leis le haghaidh chásanna úsáide éagsúla GOVSATCOM, anailís ar rioscaí slándála le haghaidh na gcásanna úsáide sin agus, i gcás inarb iomchuí, costéifeachtúlacht á gcur san áireamh aige.

Trí bheartas praghsála a shainiú sna rialacha sin, déanfaidh an Coimisiún a áirithiú nach ndéanfaidh soláthar acmhainneachtaí agus sheirbhísí GOVSATCOM an margadh a shaobhadh agus nach mbeidh ganntanas acmhainneachtaí GOVSATCOM ann.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

3. I gcás comhroinnt agus cur in ord tosaíochta acmhainneachtaí agus seirbhísí a dhéanfar idir úsáideoirí GOVSATCOM atá údaraithe ag an aon rannpháirtí GOVSATCOM amháin, is é an rannpháirtí GOVSATCOM sin a shocróidh agus a chuirfidh chun feidhme iad.

*Airteagal 67*

**Bonneagar den chuid ar talamh agus an chuid ar talamh a oibriú**

1. Sa chuid ar talamh, beidh an bonneagar is gá chun gur féidir seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí GOVSATCOM i gcomhréir le hAirteagal 66, go háirithe na Moil GOVSATCOM a sholáthraítear faoin gcomhpháirt sin chun úsáideoirí GOVSATCOM a nascadh le soláthraithe acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte. Leis an gcuid ar talamh agus a hoibriú, comhlíonfar na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2), mar a shainítear do GOVSATCOM.

2. Socróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, suíomh bhonneagar na coda ar talamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3), agus ní dochar iad do cheart Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan aon bhonneagar den sórt sin a óstáil.

*Airteagal 68*

**Rannpháirtithe GOVSATCOM agus údaráis inniúla**

1. Beidh na Ballstáit, an Chomhairle, an Coimisiún agus SEGS ina rannpháirtithe in GOVSATCOM sa mhéid go n-údaróidh siad úsáideoirí GOVSATCOM, nó go soláthróidh siad acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, suíomhanna den chuid ar talamh nó cuid de shaoráidí na coda ar talamh.

I gcás ina n-údaraíonn an Chomhairle, an Coimisiún nó SEGS úsáideoirí GOVSATCOM, nó ina soláthraíonn siad acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, suíomhanna den chuid ar talamh nó cuid de shaoráidí na coda ar talamh, ar chríoch Ballstáit, leis an údarú nó an soláthar sin, ní sárófar neodracht ná forálacha neamhailínithe a shonraítear i ndlí bunreachtúil an Bhallstáit sin.

2. Ní fhéadfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bheith ina rannpháirtithe GOVSATCOM ach amháin sa mhéid gur gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos i socrú riaracháin arna thabhairt i gcrích idir an ghníomhaireacht lena mbaineann agus an institiúid de chuid an Aontais a dhéanann faireachán uirthi.

3. Féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith ina rannpháirtithe in GOVSATCOM i gcomhréir le hAirteagal 7.

4. Ainmneoidh gach rannpháirtí GOVSATCOM aon údarás inniúil GOVSATCOM amháin.

5. Áiritheoidh údarás inniúil GOVSATCOM:

(a) go mbeidh úsáid na seirbhísí ag comhlíonadh na gceanglas slándála is infheidhme;

(b) go socrófar agus go mbainisteofar cearta rochtana úsáideoirí GOVSATCOM;

(c) go n-úsáidfear agus go mbainisteofar trealamh úsáideoirí agus na naisc cumarsáide leictreonaí agus an fhaisnéis a ghabhann leis i gcomhréir leis na ceanglais slándála is infheidhme;

(d) go mbunófar pointe teagmhála lárnach chun cúnamh a thabhairt de réir mar is gá i leith tuairisciú rioscaí agus bagairtí slándála, go háirithe trasnaíocht leictreamaighnéadach dhíobhálach a bhrath a mbeadh éifeacht aici ar na seirbhísí faoin gcomhpháirt seo.

*Airteagal 69*

**Faireachán ar sholáthar GOVSATCOM agus ar an éileamh air**

Chun an chothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh i gcás sheirbhísí GOVSATCOM a bharrfheabhsú, déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar éabhlóid an tsoláthair, lena n-áirítear acmhainneachtaí GOVSATCOM atá ann cheana ar fithis le haghaidh comhthiomsaithe agus comhroinnte, agus ar éabhlóid an éilimh ar acmhainneachtaí agus seirbhísí GOVSATCOM, agus rioscaí agus bagairtí nua á gcur san áireamh, chomh maith le forbairtí nua sa teicneolaíocht.

TEIDEAL IX

**GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN gCLÁR SPÁIS**

*CAIBIDIL I*

***Forálacha ginearálta maidir leis an nGníomhaireacht***

*Airteagal 70*

**Stádas dlí na Gníomhaireachta**

1. Beidh an Ghníomhaireacht ina comhlacht de chuid an Aontais. Beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

2. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe ag an nGníomhaireacht. Féadfaidh sí, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sí a bheith ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht thar ceann na Gníomhaireachta.

*Airteagal 71*

**Suíomh agus oifigí áitiúla na Gníomhaireachta**

1. Tá suíomh na Gníomhaireachta i bPrág, an tSeicia.

2. Féadfaidh foireann na Gníomhaireachta a bheith lonnaithe i gceann de lárionaid talamhbhunaithe Galileo nó EGNOS dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/413 nó (AE) 2017/1406, chun gníomhaíochtaí an Chláir dá bhforáiltear sa chomhaontú ábhartha a chur i gcrích.

3. Ag brath ar riachtanais an Chláir, féadfar oifigí áitiúla a bhunú sna Ballstáit i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 79(2).

*CAIBIDIL II*

***Eagrú na Gníomhaireachta***

*Airteagal 72*

**Struchtúr riaracháin agus bainistíochta**

1. Is é a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta na Gníomhaireachta:

(a) an Bord Riaracháin;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) an Bord um Chreidiúnú Slándála.

2. Oibreoidh an Bord Riaracháin, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Bord um Chreidiúnú Slándála i gcomhar le chéile chun oibriú na Gníomhaireachta agus comhordú a áirithiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna socrú le rialacha inmheánacha na Gníomhaireachta, amhail rialacha nós imeachta an Bhoird Riaracháin, rialacha nós imeachta an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht, na rialacha cur chun feidhme i dtaca le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("Rialacháin Foirne") agus na rialacha lena rialaítear rochtain ar dhoiciméid.

*Airteagal 73*

**An Bord Riaracháin**

1. Ar an mBord Riaracháin beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus triúr ionadaithe ón gCoimisiún, agus beidh cearta vótála acu go léir. Beidh comhalta amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa ar an mBord Riaracháin chomh maith ach ní bheidh aon cheart vótála aige nó aici.

2. Tabharfar cuireadh do Chathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, ionadaí ón gComhairle, ionadaí ón Ardionadaí agus ionadaí ó GES freastal ar chruinnithe an Bhoird Riaracháin mar bhreathnóirí le haghaidh ábhair a bhaineann leo go díreach, faoi na coinníollacha a leagtar síos i rialacha nós imeachta an Bhoird Riaracháin.

3. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Riaracháin. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht ar an gcomhalta nuair a bheidh sé nó sí as láthair.

4. Ainmneoidh gach Ballstát comhalta agus comhalta malartach ar an mBord Riaracháin agus a gcuid eolais i réimse chúraimí na Gníomhaireachta agus scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh. Chun leanúnachas ghníomhaíochtaí an Bhoird Riaracháin a áirithiú, féachfaidh Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus na Ballstáit le hathrú a n-ionadaithe ar an mBord Riaracháin a theorannú. Cuirfidh na páirtithe uile rompu ionadaíocht chothrom idir fir agus mná a bhaint amach ar an mBord Riaracháin.

5. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Riaracháin agus a gcomhaltaí malartacha agus beidh an téarma sin inathnuaite.

6. I gcás inarb iomchuí, déanfar rannpháirtíocht ionadaithe ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht den sórt sin a leagan síos sna comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 98 agus comhlíonfaidh siad rialacha nós imeachta an Bhoird Riaracháin. Ní bheidh cearta vótála ag na hionadaithe sin.

*Airteagal 74*

**Cathaoirleach an Bhoird Riaracháin**

1. Toghfaidh an Bord Riaracháin Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as a chuid comhaltaí a bhfuil cearta vótála acu. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh go huathoibríoch i gcás ina gcuirfear bac ar an gCathaoirleach a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh.

2. 2 bhliain a mhairfidh téarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, agus beidh an téarma sin in-athnuaite aon uair amháin. Rachaidh téarma oifige duine in éag má scoireann an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord Riaracháin.

3. Beidh sé de chumhacht ag an mBord Riaracháin an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach nó an bheirt acu a chur as oifig.

*Airteagal 75*

**Cruinnithe an Bhoird Riaracháin**

1. Is é Cathaoirleach an Bhoird Riaracháin a ghairfidh cruinnithe an Bhoird Riaracháin.

2. Mura gcinnfidh an Cathaoirleach a mhalairt, glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i bplé an Bhoird Riaracháin. Ní bheidh ceart vótála ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

3. Beidh gnáthchruinniú ag an mBord Riaracháin ar bhonn rialta, dhá uair sa bhliain ar a laghad. Chomh maith leis sin, tiocfaidh sé le chéile ar thionscnamh an Chathaoirligh nó ar iarraidh ó aon trian ar a laghad dá chomhaltaí.

4. Féadfaidh an Bord Riaracháin cuireadh a thabhairt d'aon duine ar díol spéise a thuairim nó a tuairim freastal ar a chuid cruinnithe i gcáil breathnóra. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin cúnamh a fháil, faoi réir a rialacha nós imeachta, ó chomhairleoirí nó ó shaineolaithe.

5. I gcás ina mbainfidh an plé le húsáid bonneagair náisiúnta íogair, féadfaidh ionadaithe ó na Ballstáit agus ionadaithe ón gCoimisiún freastal ar chruinnithe agus plé an Bhoird Riaracháin, ar bhonn riachtanais eolais. Mar sin féin, ní ghlacfaidh ach ionadaithe ó na Ballstáit sin a bhfuil an bonneagar sin acu agus na hionadaithe ón gCoimisiún páirt sa vótáil. I gcás nach mbeidh Cathaoirleach an Bhord Riaracháin ina ionadaí nó ina hionadaí ó Bhallstáit a bhfuil an bonneagar sin aige, cuirfear ionadaithe ó na Ballstáit a bhfuil an bonneagar sin aige ina ionad nó ina hionad. I rialacha nós imeachta an Bhoird Riaracháin, leagfar amach na cásanna ina bhféadfaidh feidhm a bheith ag an nós imeachta sin.

6. Is í an Ghníomhaireacht a chuirfidh rúnaíocht an Bhoird Riaracháin ar fáil.

*Airteagal 76*

**Rialacha vótála an Bhoird Riaracháin**

1. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo, glacfaidh an Bord Riaracháin a chuid cinntí trí thromlach de chomhaltaí an Bhoird a bhfuil ceart vótála acu.

Is gá tromlach dhá thrian de na comhaltaí uile ag a mbeidh ceart vótála chun Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Riaracháin a thoghadh agus a chur as oifig agus chun an buiséad agus na cláir oibre a ghlacadh, chun na socruithe dá dtagraítear in Airteagal 98(2) agus rialacha slándála na Gníomhaireachta a fhormheas, chun na rialacha nós imeacht a ghlacadh, chun na hoifigí áitiúla a chur ar bun agus chun na socruithe óstála dá dtagraítear in Airteagal 92 a fhormheas.

2. Beidh vóta amháin ag gach ionadaí ó na Ballstáit agus ag gach ionadaí ón gCoimisiún. I gcás nach mbeidh comhalta áirithe a bhfuil ceart vótála aige nó aici i láthair, beidh a chomhalta malartach nó a comhalta malartach i dteideal a cheart nó a ceart vótála a fheidhmiú. Ní ghlacfar cinntí ar bhonn phointe (a) d'Airteagal 77(2), ach amháin i gcás na n-ábhar sin faoi Chaibidil II de Theideal V, ná ar bhonn Airteagal 77(5) gan vóta fabhrach ó na hionadaithe ón gCoimisiúin.

3. Le rialacha nós imeachta an Bhoird Riaracháin, bunófar socruithe vótála níos mionsonraithe, go háirithe na coinníollacha faoina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile chomh maith le haon cheanglais chóraim, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 77*

**Cúraimí an Bhoird Riaracháin**

1. Áiritheoidh an Bord Riaracháin go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht an obair a cuireadh de chúram uirthi, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, agus déanfaidh sé aon chinneadh is gá chun na críche sin. Ní dhéanfaidh sé seo difear do na hinniúlachtaí a cuireadh de chúram ar an mBord um Chreidiúnú Slándála maidir leis na gníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V.

2. Ina theannta sin, maidir leis an mBord Riaracháin:

(a) glacfaidh sé clár oibre na Gníomhaireachta don chéad bhliain eile faoin 15 Samhain gach bliain, tar éis dó an chuid den chlár a dhréachtaigh an Bord um Chreidiúnú Slándála i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 80 a chur isteach ann, gan aon athrú, agus tar éis dó tuairim a fháil ón gCoimisiún;

(b) glacfaidh sé clár oibre ilbhliantúil na Gníomhaireachta don tréimhse atá faoi chumhdach an chreata airgeadais ilbhliantúil, faoin 30 Meitheamh de bhliain tosaigh an chreata airgeadais ilbhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 312 CFAE, tar éis dó an chuid sin den chlár a dhréachtaigh an Bord um Chreidiúnú Slándála i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 80 den Rialachán seo a chur isteach ann, gan aon athrú, agus tar éis dó tuairim a fháil ón gCoimisiún. Rachfar i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gclár oibre ilbhliantúil, ar choinníoll gurb é cuspóir an chomhairliúcháin go mbeadh malartú tuairimí ann agus nach mbeidh toradh an chomhairliúcháin ina cheangal ar an nGníomhaireacht.

(c) feidhmeoidh sé na feidhmeanna buiséadacha dá bhforáiltear in Airteagal 84(5), (6), (10) agus (11);

(d) déanfaidh sé maoirseacht ar fheidhmiú Lárionad Faireacháin Slándála Galileo dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 34(5);

(e) glacfaidh sé socruithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([46]) a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 94 den Rialachán seo;

(f) formheasfaidh sé na socruithe dá dtagraítear in Airteagal 98, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord um Chreidiúnú Slándála maidir le forálacha na socruithe a bhaineann le creidiúnú slándála;

(g) glacfaidh sé na nósanna imeachta teicniúla is gá chun na cúraimí atá air a dhéanamh;

(h) glacfaidh sé an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí agus ionchais na Gníomhaireachta tar éis dó an chuid sin a dhréachtaigh an Bord um Chreidiúnú Slándála i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 80 a chur isteach inti, gan aon athrú, agus cuirfidh sé ar aghaidh í chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 1 Iúil gach bliain;

(i) áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach leordhóthanach maidir leis na torthaí agus na moltaí a eascróidh as na meastóireachtaí agus na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 102 agus maidir leis na torthaí agus na moltaí a eascróidh as imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF agus gach tuarascáil iniúchta inmheánaí nó seachtraí, agus cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha uile maidir le toradh na nósanna imeachta meastóireachta ar aghaidh chuig an údarás buiséadach;

(j) rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gcomhairle leis maidir leis an FFPA dá dtagraítear in Airteagal 31 agus maidir leis na comhaontuithe ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 27(3) agus Airteagal 29(5) sula síneofar iad;

(k) glacfaidh sé rialacha slándála na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 96;

(l) formheasfaidh sé straitéis frithchalaoise, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(m) formheasfaidh sé na struchtúir eagrúcháin dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 79(1), i gcás inar gá agus ar bhonn tograí ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(n) ceapfaidh sé Oifigeach Cuntasaíochta, a bhféadfadh sé gurbh é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiún a bheadh ann, a bheidh:

   (i) faoi réir na Rialachán Foirne agus Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais ("na Coinníollacha Fostaíochta"), a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([47]) ; agus

   (ii) iomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas;

(o) glacfaidh agus foilseoidh sé a rialacha nós imeachta.

3. Maidir le foireann na Gníomhaireachta, feidhmeoidh an Bord Riaracháin na cumhachtaí a tugadh leis na Rialacháin Foirne don údarás ceapacháin agus na cumhachtaí a tugadh leis na Coinníollacha Fostaíochta don údarás a mbeidh sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a dhéanamh ("cumhachtaí an údaráis ceapacháin").

Glacfaidh an Bord Riaracháin, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta lena dtarmligfear cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena saineofar na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin don Bhord Riaracháin maidir le feidhmiú na gcumhachtaí tarmligthe sin. Údarófar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

([46]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

([47]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

I gcur i bhfeidhm an dara fomhír den mhír seo, i gcás inar gá sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Riaracháin, trí chinneadh, tarmligean chumhachtaí na n-údarás ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na cumhachtaí sin arna bhfo-tharmligean ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur ar fionraí go sealadach, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó chuig ball foirne seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

De mhaolú ar an dara fomhír den mhír seo, ceanglófar ar an mBord Riaracháin na cumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharmligean chuig Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála i dtaca le hearcaíocht, measúnú agus athaicmiú na mball foirne atá i mbun na ngníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V agus i dtaca leis na bearta araíonachta a bheidh le glacadh i leith na mball foirne sin.

Glacfaidh an Bord Riaracháin bearta cur chun feidhme na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne. Maidir le hearcaíocht, measúnú agus athaicmiú na mball foirne atá i mbun na ngníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V den Rialachán seo agus na bearta ábhartha araíonachta a bheidh le glacadh, rachaidh an Bord Riaracháin i gcomhairle leis an mBord um Chreidiúnú Slándála roimh an méid sin a dhéanamh agus cuirfidh sé barúlacha an Bhoird sin san áireamh go cuí.

Glacfaidh an Bord Riaracháin cinneadh freisin lena leagfar síos rialacha maidir le hiasacht saineolaithe náisiúnta chuig an nGníomhaireacht. Sula nglacfaidh sé an cinneadh sin, rachaidh an Bord Riaracháin i gcomhairle leis an mBord um Chreidiúnú Slándála maidir le hiasacht saineolaithe náisiúnta a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála faoi Chaibidil II de Theideal V agus cuirfidh sé a bharúlacha san áireamh go cuí.

4. Déanfaidh an Bord Riaracháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a ainmniú agus féadfaidh sé síneadh nó deireadh a chur lena théarma oifige nó lena téarma oifige de bhun Airteagal 89.

5. Ach amháin maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le Caibidil II de Theideal V, beidh údarás araíonachta ag an mBord Riaracháin ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir lena fheidhmíocht nó maidir lena feidhmíocht, go háirithe i leith ábhair shlándála a thagann faoi inniúlacht na Gníomhaireachta.

*Airteagal 78*

**An Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

1. Is é Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta a bhainisteoidh í. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach don Bhord Riaracháin.

Ní dhéanfaidh an mhír seo difear d'uathriail ná neamhspleáchas an Bhoird um Chreidiúnú Slándála ná d'uathriail ná neamhspleáchas fhoireann na Gníomhaireachta faoina mhaoirseacht i gcomhréir le hAirteagal 82 ná do na cumhachtaí a bhronntar ar an mBord um Chreidiúnú Slándála agus ar Chathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála i gcomhréir le hAirteagail 38 agus 81 faoi seach.

2. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus an Bhoird Riaracháin, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid dualgas nó a cuid dualgas agus ní iarrfaidh sé nó sí ná ní ghlacfaidh sé nó sí treoracha ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile.

*Airteagal 79*

**Cúraimí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin**

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cúraimí seo a leanas:

(a) ionadaíocht a dhéanamh ar an nGníomhaireacht agus na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagail 27(3), Airteagal 29(5) agus Airteagal 31 a shíniú;

(b) obair an Bhoird Riaracháin a ullmhú agus páirt a ghlacadh in obair an Bhoird Riaracháin gan aon cheart vótála a bheith aige nó aici, faoi réir an dara fomhír d'Airteagal 75(2);

(c) cinntí an Bhoird Riaracháin a chur chun feidhme;

(d) cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla na Gníomhaireachta a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Riaracháin lena bhformheas, cé is moite de na codanna a ullmhóidh agus a ghlacfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála i gcomhréir le pointí (a) agus (b) d'Airteagal 80;

(e) cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla a chur chun feidhme, cé is moite de na codanna a chuirfidh Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála chun feidhme;

(f) maidir le gach cruinniú den Bhord Riaracháin, tuarascáil a ullmhú ar dhul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an chláir oibre bhliantúil agus, i gcás inarb ábhartha, an chláir oibre ilbhliantúil, ina gcuirfear isteach, gan aon athrú, an chuid a ullmhóidh Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála;

(g) an tuarascáil bhliantúil a ullmhú maidir le gníomhaíochtaí agus ionchais na Gníomhaireachta, cé is moite den chuid a ullmhóidh agus a fhormheasfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 80 maidir leis na gníomhaíochtaí faoi Theideal V, agus an tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Bhoird Riaracháin lena formheas;

(h) riarachán laethúil na Gníomhaireachta a láimhseáil agus gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú;

(i) dréachtráiteas ar mheastacháin ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 84 agus an buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 85;

(j) a áirithiú go mbeidh an Ghníomhaireacht, mar oibreoir Lárionad Faireacháin Slándála Galileo, in ann freagairt ar threoracha a chuirfear ar fáil faoi Chinneadh (CBES) 2021/698 agus a ról dá dtagraítear in Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE a chomhlíonadh;

(k) a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis ábhartha go léir i gcúrsaíocht laistigh de struchtúr na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 72(1), go háirithe maidir leis an tslándáil;

(l) agus é ag obair i ndlúthchomhar le Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála le haghaidh ábhair a bhaineann le gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála atá cumhdaithe faoi Chaibidil II de Theideal V den Rialachán seo, struchtúir eagrúcháin na Gníomhaireachta a chinneadh agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Riaracháin lena bhformheas; leis na struchtúir sin, léireofar tréithe sonracha chomhpháirteanna éagsúla an Chláir;

(m) maidir le foireann na Gníomhaireachta, cumhachtaí an údaráis ceapacháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 77(3) a fheidhmiú, a mhéid a bheidh na cumhachtaí sin tarmligthe dó nó di i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 77(3);

(n) a áirithiú go ndéanfar na seirbhísí rúnaíochta agus na hacmhainní go léir is gá i ndáil lena bhfeidhmiú cuí a chur ar fáil don Bhord um Chreidiúnú Slándála, do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 38(3) agus Airteagal 82(3) agus do Chathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála;

(o) cé is moite den chuid sin den phlean gníomhaíochta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá cumhdaithe faoi Chaibidil II de Theideal V, plean gníomhaíochta a ullmhú chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar thorthaí agus moltaí na meastóireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 102, agus tuarascáil ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid an Choimisiúin dhá uair in aghaidh na bliana, tar éis an chuid a dhréachtaigh an Bord um Chreidiúnú Slándála a chur isteach inti, gan aon athrú, agus an tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Bhoird Riaracháin freisin mar eolas;

(p) na bearta seo a leanas a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint:

(i) bearta coisctheacha in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí eile neamhdhleathacha agus feidhm á baint as bearta éifeachtúla maoirseachta;

(ii) i gcás ina mbraithfear neamhrialtachtaí, suimeanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm;

(q) straitéis frithchalaoise don Ghníomhaireacht a tharraingt suas a bheidh comhréireach i dtaca leis na rioscaí calaoise agus aird á tabhairt ar anailís costais is tairbhe na mbeart a bheidh le cur chun feidhme agus torthaí agus moltaí a eascróidh as imscrúduithe OLAF á gcur san áireamh, agus an straitéis sin a chur faoi bhráid an Bhoird Riaracháin lena formheas;

(r) tuarascálacha a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa ar chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas nuair a iarrfar sin; féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisciú faoi chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas.

2. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an gá ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó chun cúraimí na Gníomhaireachta a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil éifeachtach. Sula gcinnfidh sé nó sí oifig áitiúil a chur ar bun, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin formheas ón gCoimisiún, ón mBord Riaracháin agus ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann. Sonrófar sa chinneadh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh san oifig áitiúil ar bhealach lena n-áiritheofar nach mbeidh costais neamhriachtanacha ann agus nach ndúblófar feidhmeanna riaracháin na Gníomhaireachta. I gcás inar féidir, déanfar an tionchar i dtaca le leithdháileadh foirne agus buiséid a ionchorprú sa dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 84(6).

*Airteagal 80*

**Cúraimí bainistíochta an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

Seachas na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 38, déanfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála, mar chuid de bhainistiú na Gníomhaireachta, an méid seo a leanas:

(a) an chuid sin den chlár oibre ilbhliantúil a ullmhú agus a fhormheas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla faoi Chaibidil II de Theideal V agus leis na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá chun na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích, agus í a chur go luath faoi bhráid an Bhoird Riaracháin ionas go gcuirfear isteach sa chlár oibre ilbhliantúil í;

(b) an chuid sin den chlár oibre bliantúil a ullmhú agus a fhormheas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla faoi Chaibidil II de Theideal V agus leis na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá chun na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích, agus í a chur go luath faoi bhráid an Bhoird Riaracháin í ionas go gcuirfear isteach sa chlár oibre bliantúil í;

(c) an chuid sin den tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhormheas a bhaineann le gníomhaíochtaí agus ionchais na Gníomhaireachta faoi Chaibidil II de Theideal V agus leis na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá chun na gníomhaíochtaí agus na hionchais sin a chur i gcrích, agus í a chur go luath faoi bhráid an Bhoird Riaracháin í ionas go gcuirfear isteach sa tuarascáil bhliantúil í.

*Airteagal 81*

**Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

1. Toghfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as a chuid comhaltaí trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu. I gcás nach mbaintear amach tromlach dhá thrian tar éis dhá cheann de chruinnithe an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, beidh gá le tromlach simplí.

2. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh go huathoibríoch mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a chuid dualgas nó a cuid dualgas a chomhlíonadh.

3. Beidh sé de chumhacht ag an mBord um Chreidiúnú Slándála an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach nó an bheirt acu a chur as oifig. Glacfaidh sé an cinneadh maidir le duine a chur as oifig trí thromlach dhá thrian.

4. 2 bhliain a mhairfidh téarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, agus beidh an téarma sin in-athnuaite aon uair amháin. Rachaidh téarma oifige duine in éag má scoireann an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord um Chreidiúnú Slándála.

*Airteagal 82*

**Gnéithe eagraíochtúla den Bhord um Chreidiúnú Slándála**

1. Beidh rochtain ag an mBord um Chreidiúnú Slándála ar na hacmhainní daonna agus ábhartha uile is gá chun a chúraimí a dhéanamh go neamhspleách. Beidh rochtain aige freisin ar an bhfaisnéis uile atá úsáideach, agus atá i seilbh comhlachtaí eile, chun a chúraimí a dhéanamh, gan dochar do phrionsabail na huathrialach agus an neamhspleáchais dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 37.

2. Déanfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála agus na baill foirne de chuid na Gníomhaireachta atá faoina mhaoirseacht a gcuid oibre sa chaoi go n-áiritheofar uathriail agus neamhspleáchas i ndáil le gníomhaíochtaí eile na Gníomhaireachta, go háirithe gníomhaíochtaí oibríochtúla a bhaineann le saothrú na gcóras, i gcomhréir le cuspóirí chomhpháirteanna éagsúla an Chláir. Maidir le haon bhall d'fhoireann na Gníomhaireachta atá faoi mhaoirseacht an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, ní dhéanfar cúraimí eile laistigh den Ghníomhaireacht a shannadh go comhuaineach don bhall sin.

Chuige sin, socrófar deighilt éifeachtach eagraíochtúil sa Ghníomhaireacht idir na baill foirne a mbeidh baint acu le gníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V agus an fhoireann eile sa Ghníomhaireacht. Cuirfidh an Bord um Chreidiúnú Slándála an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Bord Riaracháin agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon chúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar a uathriail agus ar a neamhspleáchas. I gcás nach bhfaightear aon leigheas laistigh den Ghníomhaireacht, breathnóidh an Coimisiún ar an gcás, i gcomhar leis na páirtithe ábhartha. Ar bhonn thorthaí an scrúdaithe sin, glacfaidh an Coimisiún na bearta maolaithe uile is iomchuí a bheidh le cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi.

3. Cuirfidh an Bord um Chreidiúnú Slándála fochomhlachtaí speisialta ar bun chun déileáil le saincheisteanna sonracha agus gníomhóidh na fochomhlachtaí sin de réir threoracha an Bhoird. Go háirithe, agus leanúnachas riachtanach na hoibre á áirithiú aige, cuirfidh an Bord painéal ar bun chun athbhreithnithe agus tástálacha a dhéanamh i ndáil le hanailísí slándála agus chun na tuarascálacha riosca ábhartha a dhéanamh chun cúnamh a thabhairt dó agus é ag ullmhú a chinntí. Féadfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála sainghrúpaí a chur ar bun agus a scor chun cur le hobair an phainéil sin.

*Airteagal 83*

**Cúraimí Chathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

1. Áiritheoidh Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála go ndéanfaidh an Bord a ghníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála ar bhealach neamhspleách agus déanfaidh sé na cúraimí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála a bhainistiú faoi mhaoirseacht an Bhoird um Chreidiúnú Slándála;

(b) an chuid sin de chláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla na Gníomhaireachta atá faoi Chaibidil II de Theideal V a chur chun feidhme faoi mhaoirseacht an Bhoird um Chreidiúnú Slándála;

(c) oibriú i gcomhar leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin chun cuidiú leis an dréachtphlean bunaíochta dá dtagraítear in Airteagal 84(4) mar aon le struchtúir eagrúcháin na Gníomhaireachta a tharraingt suas;

(d) an roinn sin den tuarascáil ar dhul chun cinn a ullmhú a bhaineann leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla faoi Chaibidil II de Theideal V, agus í a chur faoi bhráid an Bhoird um Chreidiúnú Slándála agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin go luath ionas gur féidir í a chur isteach sa tuarascáil ar dhul chun cinn;

(e) an roinn sin den tuarascáil bhliantúil agus den phlean gníomhaíochta a ullmhú a bhaineann leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla faoi Chaibidil II de Theideal V, agus í a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin go luath;

(f) ionadaíocht a dhéanamh ar an nGníomhaireacht i gcás na ngníomhaíochtaí agus na gcinntí atá cumhdaithe faoi Chaibidil II de Theideal V;

(g) maidir le fhoireann na Gníomhaireachta atá i mbun na ngníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V, na cumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 77(3), arna dtarmligean chuige nó chuici i gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 77(3), a fheidhmiú.

2. Maidir le gníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle malartú tuairimí os comhair na n-institiúidí sin a iarraidh ar Chathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála maidir le hobair agus ionchais na Gníomhaireachta, lena n-áirítear na cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla.

*CAIBIDIL IV*

***Forálacha airgeadais maidir leis an nGníomhaireacht***

*Airteagal 84*

**Buiséad na Gníomhaireachta**

1. Gan dochar d'acmhainní agus dleachtanna eile, beidh ranníocaíocht ón Aontas a cuireadh i mbuiséad an Aontais ina cuid d'ioncam na Gníomhaireachta chun a áirithiú go mbeidh cothromaíocht ann idir ioncam agus caiteachas. Féadfaidh an Ghníomhaireacht deontais *ad hoc* a fháil ó bhuiséad an Aontais.

2. Le caiteachas na Gníomhaireachta, cumhdófar caiteachas ar fhoireann, ar riarachán agus ar bhonneagar, costais oibriúcháin agus caiteachas a bhaineann le feidhmiú an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, lena n-áirítear na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 38(3) agus Airteagal 82(3), agus na conarthaí agus na comhaontuithe a dhéanann an Ghníomhaireacht chun na cúraimí a cuireadh uirthi a chur i gcrích.

3. Beidh ioncam agus caiteachas ar comhardú.

4. Tarraingeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin suas, i ndlúthchomhar le Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála maidir leis na gníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V, dréachtráiteas ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas don Ghníomhaireacht don bhliain airgeadais dár gcionn, agus cuirfear in iúl go soiléir an t-idirdhealú idir na heilimintí sin den dréachtráiteas ar mheastacháin a bhaineann le gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála agus na heilimintí sin a bhaineann le gníomhaíochtaí eile na Gníomhaireachta. Féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála ráiteas a scríobh i ndáil leis an dréacht sin agus cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an dréachtráiteas ar mheastacháin agus an ráiteas ar aghaidh chuig an mBord Riaracháin agus chuig an mBord um Chreidiúnú Slándála in éineacht le dréachtphlean bunaíochta.

5. Gach bliain, bunaithe ar an dréachtráiteas ar mheastacháin ar ioncam agus caiteachas agus i ndlúthchomhar leis an mBord um Chreidiúnú Slándála maidir le gníomhaíochtaí faoi Chaibidil II de Theideal V, tarraingeoidh an Bord Riaracháin suas an ráiteas ar mheastacháin ar ioncam agus caiteachas don Ghníomhaireacht don bhliain airgeadais dár gcionn.

6. Faoin 31 Eanáir gach bliain, déanfaidh an Bord Riaracháin dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair ina mbeidh, *inter alia*, ráiteas ar mheastacháin, dréachtphlean bunaíochta agus clár oibre bliantúil sealadach a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig na tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil socruithe tugtha i gcrích ag an nGníomhaireacht leo i gcomhréir le hAirteagal 98.

7. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin ar ioncam agus caiteachas ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ("an t-údarás buiséadach") mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontas Eorpaigh.

8. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, déanfaidh an Coimisiún na meastacháin sin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta, mar aon le méid an fhóirdheontais a bheidh le muirearú ar an mbuiséad ginearálta, a iontráil i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Tá an Coimisiún leis an dréachtbhuiséad ginearálta a chur faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 314 CFAE.

9. Déanfaidh an t-údarás buiséadach na leithreasuithe don ranníocaíocht leis an nGníomhaireacht a údarú agus glacfaidh sé an plean bunaíochta don Ghníomhaireacht.

10. Glacfaidh an Bord Riaracháin an buiséad. Beidh an buiséad sin críochnaitheach tar éis ghlacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. I gcás inar gá, coigeartófar an buiséad dá réir.

11. Déanfaidh an Bord Riaracháin, a luaithe is féidir, fógra a thabhairt don údarás buiséadach faoi aon tionscadal a mbeadh sé de rún aige é a chur chun feidhme agus a mbeadh impleachtaí suntasacha airgeadais aige i dtaca le maoiniú an bhuiséid, go háirithe aon tionscadal a bhaineann le maoin, amhail foirgnimh a fháil ar cíos nó a cheannach. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

12. I gcás ina mbeidh fógra tugtha ag brainse den údarás buiséadach go bhfuil sé de rún aige tuairim a thabhairt, cuirfidh an brainse sin a thuairim ar aghaidh chuig an mBord Riaracháin faoi cheann 6 seachtaine ón dáta a fuarthas fógra faoin tionscadal.

*Airteagal 85*

**Buiséad na Gníomhaireachta a chur chun feidhme**

1. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme.

2. Gach bliain, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an fhaisnéis uile is gá chuig an údarás buiséadach chun a ndualgais mheastóireachta a chomhlíonadh.

*Airteagal 86*

**Cur i láthair chuntais na Gníomhaireachta agus urscaoileadh**

Déanfar cur i láthair chuntais shealadacha agus chríochnaitheacha na Gníomhaireachta agus an t-urscaoileadh de réir rialacha agus amchlár an Rialacháin Airgeadais agus an rialacháin réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 87*

**Forálacha airgeadais maidir leis an nGníomhaireacht**

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, glacfaidh an Bord Riaracháin na rialacha airgeadais a mbeidh feidhm acu maidir leis an nGníomhaireacht. Ní imeoidh na rialacha sin ón rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 den Rialachán Airgeadais ach amháin más gá imeacht den sórt sin ó thaobh oibriú na Gníomhaireachta agus má thug an Coimisiún a thoiliú ina leith sin roimh ré.

*CAIBIDIL V*

***Acmhainní daonna na Gníomhaireachta***

*Airteagal 88*

**Foireann na Gníomhaireachta**

1. Na Rialacháin Foirne, na Coinníollacha Fostaíochta agus na rialacha arna nglacadh go comhpháirteach ag institiúidí an Aontais chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta sin a chur i bhfeidhm, beidh feidhm acu maidir leis an bhfoireann arna fostú ag an nGníomhaireacht.

2. Is é a bheidh i bhfoireann na Gníomhaireachta seirbhísigh arna n-earcú ag an nGníomhaireacht de réir mar is gá chun a cúraimí a dhéanamh. Beidh imréiteach slándála acu is iomchuí d'aicmiú na faisnéise atá á láimhseáil acu.

3. Le rialacha inmheánacha na Gníomhaireachta, amhail rialacha nós imeachta an Bhoird Riaracháin, rialacha nós imeachta an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht, na rialacha lena gcuirtear chun feidhme na Rialacháin Foirne agus na rialacha maidir le rochtain ar dhoiciméid, áiritheofar go mbeidh uathriail agus neamhspleáchas ag na baill foirne a bhfuil gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála á ndéanamh acu i leith na mball foirne a bhfuil gníomhaíochtaí eile na Gníomhaireachta á ndéanamh acu, de bhun phointe (i) d'Airteagal 37.

*Airteagal 89*

**Ainmniú agus téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin**

1. Earcófar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar ghníomhaire sealadach d'fhoireann na Gníomhaireachta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 2 de na Coinníollacha Fostaíochta.

Déanfaidh an Bord Riaracháin an Stiúrthóir Riaracháin a cheapadh ar bhonn fiúntais agus scileanna a taifeadadh i réimse an riaracháin agus na bainistíochta agus, chomh maith leis sin, ar bhonn inniúlachtaí agus taithí ábhartha, as liosta de thriúr iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún, tar éis comórtas oscailte trédhearcach, tar éis glao ar léiriú spéise a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó i bhfoilseacháin eile.

Féadfar a iarraidh, a luaithe is féidir, ar an iarrthóir arna roghnú ag an mBord Riaracháin le haghaidh phost an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ráiteas a dhéanamh os comhair Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna óna feisirí a fhreagairt.

Chun conradh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Riaracháin ionadaíocht ar an nGníomhaireacht.

Is trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí a dhéanfaidh an Bord Riaracháin a chinneadh i dtaobh cheapadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

2. 5 bliana a mairfidh téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Ag deireadh an téarma oifige sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ina gcuirfear san áireamh na cúraimí a bheidh le déanamh ag an nGníomhaireacht amach anseo agus na dúshláin a bheidh roimpi.

Ar bhonn togra ón gCoimisiún, agus an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chur san áireamh, féadfaidh an Bord Riaracháin síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin aon uair amháin ar feadh tréimhse suas le 5 bliana.

Is trí thromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird Riaracháin a ghlacfar aon chinneadh lena gcuirtear síneadh le tréimhse oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

Stiúrthóir Feidhmiúcháin a ndearnadh síneadh ar a théarma oifige nó a téarma oifige, ní bheidh sé nó sí páirteach dá éis sin i nós imeachta roghnúcháin don phost céanna.

Cuirfidh an Bord Riaracháin Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin rún atá aige síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Roimh an síneadh, féadfar a iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ráiteas a dhéanamh os comhair choistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna a gcomhaltaí a fhreagairt.

3. Féadfaidh an Bord Riaracháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig, ar bhonn togra ón gCoimisiún nó ó aon trian dá chomhaltaí, trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh ag dhá thrian dá chomhaltaí.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle malartú tuairimí os comhair na n-institiúidí sin a iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le hobair agus ionchais na Gníomhaireachta, lena n-áirítear na cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla. Ní dhéanfar ábhair a bhaineann leis na gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála faoi Chaibidil II de Theideal V a phlé sa malartú tuairimí sin.

*Airteagal 90*

**Saineolaithe náisiúnta ar iasacht chuig an nGníomhaireacht**

Féadfaidh an Ghníomhaireacht saineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit a fhostú agus, chomh maith leis sin, de bhun Airteagal 98(2), féadfaidh sí saineolaithe náisiúnta a fhostú ó thríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá rannpháirteach in obair na Gníomhaireachta. Beidh an t-imréiteach slándála ag na saineolaithe sin is iomchuí d'aicmiú na faisnéise atá á láimhseáil acu, de bhun Airteagal 43(2). Ní bheidh feidhm ag na Rialacháin Foirne ná ag na Coinníollacha Fostaíochta maidir leis an bhfoireann sin.

*CAIBIDIL V*

***Forálacha eile***

*Airteagal 91*

**Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh atá i gceangal le CAE agus le CFAE maidir leis an nGníomhaireacht agus lena foireann.

*Airteagal 92*

**Comhaontú ceanncheathrún agus comhaontuithe óstála oifigí áitiúla**

1. Na socruithe is gá maidir leis an gcóiríocht atá le soláthar don Ghníomhaireacht sa Bhallstát óstach ina bhfuil suíomh na Gníomhaireachta lonnaithe agus na saoráidí atá le cur ar fáil ag an mBallstát sin mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát óstach maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird Riaracháin, foireann na Gníomhaireachta agus a dteaghlaigh, leagfar síos iad i gcomhaontú ceanncheathrún. Déanfar an comhaontú ceanncheathrún a thabhairt i gcrích idir an Ghníomhaireacht agus an Ballstát lena mbaineann ina bhfuil suíomh na Gníomhaireachta lonnaithe, tar éis formheas a fháil ón mBord Riaracháin.

2. I gcás inar gá le haghaidh oibriú oifige áitiúla de chuid na Gníomhaireachta, arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 79(2) , déanfar comhaontú óstála a thabhairt i gcrích idir an Ghníomhaireacht agus an Ballstát lena mbaineann ina bhfuil an oifig áitiúil lonnaithe tar éis formheas a fháil ón mBord Riaracháin.

3. Déanfaidh Ballstáit óstacha na Gníomhaireachta na dálaí is fearr is féidir a chur ar fáil chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht go rianúil agus go héifeachtúil, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach atá dírithe ar an ngné Eorpach agus naisc iomchuí iompair.

*Airteagal 93*

**Socruithe teanga don Ghníomhaireacht**

1. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle ([48]) maidir leis an nGníomhaireacht.

2. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a bheidh ag teastáil i gcomhair fheidhmiú na Gníomhaireachta.

*Airteagal 94*

**An beartas maidir le rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh na Gníomhaireachta**

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh na Gníomhaireachta.

2. Glacfaidh an Bord Riaracháin socruithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur chun feidhme.

3. Féadfaidh cinntí a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar i gcomhair gearán chuig an Ombudsman nó i gcomhair caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi Airteagail 228 agus 263 CFAE faoi seach.

([48]) Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

*Airteagal 95*

**Calaois a chosc sa Ghníomhaireacht**

1. Chun gur fusa calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, faoi cheann 6 mhí ón gcéad lá a bheidh an Ghníomhaireacht oibríochtúil, aontóidh sí do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF) ([49]) agus glacfaidh sí na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile na Gníomhaireachta trí úsáid a bhaint as an gcinneadh múnla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, i gcás gach tairbhí deontais, gach conraitheora agus gach fochonraitheora a fuair cistí de chuid an Aontais ón nGníomhaireacht.

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna chistiú ag an nGníomhaireacht, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

4. I gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, conarthaí, comhaontuithe deontais agus cinntí deontais na Gníomhaireachta, áireofar forálacha lena dtugtar cumhacht go sainráite do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, de réir a gcuid inniúlachtaí féin. Ní dhéanfaidh sin difear do mhíreanna 1, 2 agus 3.

*Airteagal 96*

**FRAE nó faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe arna cosaint ag an nGníomhaireacht**

Déanfaidh an Ghníomhaireacht, faoi réir comhairliúchán leis an gCoimisiún roimh ré, a rialacha slándála féin a ghlacadh a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin maidir le FRAE agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, lena n-áirítear rialacha maidir le faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil, i gcomhréir le Cinntí (AE, Euratom) 2015/443 agus (AE, Euratom) 2015/444.

*Airteagal 97*

**Dliteanas na Gníomhaireachta**

1. Beidh dliteanas conarthach na Gníomhaireachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i dtrácht.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht.

3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta atá i gcoiteann ag dlíthe na mBallstát, aon damáiste a chúiteamh arb iad a ranna nó a seirbhísigh féin ba chúis leis agus iad i mbun a ndualgas.

4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh i leith an damáiste dá dtagraítear i mír 3.

5. Beidh dliteanas pearsanta a seirbhíseach féin i leith na Gníomhaireachta faoi rialú ag na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir leo.

*Airteagal 98*

**Comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. Féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta chuige sin tugtha i gcrích acu leis an Aontas a bheith rannpháirteach sa Ghníomhaireacht.

([49]) IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

2. Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 43, forbrófar socruithe lena sonrófar, go háirithe, cineál, méid agus modh rannpháirtíocht na dtríú tíortha agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta lena mbaineann in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le rannpháirtíocht sna tionscnaimh arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht, le ranníocaíochtaí airgeadais agus le cúrsaí foirne. I dtaca le cúrsaí foirne, comhlíonfar, leis na socruithe sin, na Rialacháin Foirne in aon chás. Nuair is ábhartha, áireofar iontu freisin forálacha maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus maidir le cosaint na faisnéise sin. Beidh na forálacha sin faoi réir formheas a fháil ón gCoimisiún roimh ré.

3. Glacfaidh an Bord Riaracháin straitéis i gcomhair caidreamh le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, faoi chuimsiú na gcomhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1, maidir le cúrsaí a bhfuil an Ghníomhaireacht inniúil ina leith.

4. Áiritheoidh an Coimisiún go ngníomhóidh an Ghníomhaireacht, ina caidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, laistigh dá sainordú agus den chreat reatha institiúideach atá ann cheana trí shocrú oibre iomchuí a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

*Airteagal 99*

**Coinbhleachtaí leasa**

1. Déanfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin agus an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, saineolaithe náisiúnta a bheidh ar iasacht agus breathnóirí dearbhú gealltanas agus dearbhú leasanna ina léireofar an bhfuil nó nach bhfuil aon leas díreach nó neamhdhíreach ann a d'fhéadfaí a mheas go ndéanann sé dochar dá neamhspleáchas. Maidir leis na dearbhuithe sin:

(a) beidh siad cruinn agus iomlán;

(b) déanfar iad i scríbhinn ar theacht isteach sa tseirbhís do na daoine lena mbaineann;

(c) déanfar iad a athnuachan gach bliain; agus

(d) déanfar iad a nuashonrú nuair is gá, go háirithe i gcás athruithe ábhartha i gcúinsí pearsanta na ndaoine lena mbaineann.

2. Comhaltaí an Bhoird Riaracháin agus comhaltaí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, saineolaithe náisiúnta atá ar iasacht, breathnóirí agus saineolaithe seachtracha a mbeidh páirt á glacadh acu i meithleacha *ad hoc*, dearbhóidh siad go cruinn agus go hiomlán, roimh aon chruinniú a bhfuil siad le bheith rannpháirteach ann, an bhfuil nó nach bhfuil aon leas díreach nó neamhdhíreach ann a d'fhéadfaí a mheas go ndéanann sé dochar dá neamhspleáchas i ndáil le haon mhíreanna a bheidh ar an gclár agus, más ann de leas den sórt sin, ní ghlacfaidh siad páirt sa phlé ná sa vótáil ar na pointí sin.

3. Leagfaidh an Bord Riaracháin agus an Bord um Chreidiúnú Slándála síos ina rialacha nós imeachta na socruithe praiticiúla maidir leis na rialacha i ndáil leis an dearbhú leasa dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus i ndáil le coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú.

TEIDEAL X

**CLÁRSCEIDEALÚ, FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS RIALÚ**

*Airteagal 100*

**Clár oibre**

Cuirfear an Clár chun feidhme trí na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais, ar cláir oibre iad a bheidh sonrach maidir le gach comhpháirt den Chlár. Leagfar amach sna cláir oibre na gníomhaíochtaí agus an buiséad gaolmhar is gá chun cuspóirí an Chláir a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha.

Glacfaidh an Coimisiún na cláir oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

*Airteagal 101*

**Faireachán agus tuairisciú**

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn na táscairí chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar síos in Airteagal 4.

2. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach a chuspóirí, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 105, chun an Iarscríbhinn a leasú maidir leis na táscairí i gcás ina measfar gur gá sin, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

3. Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 106 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

4. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí an Chláir ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, ar Bhallstáit.

5. Chun críocha mhír 1, soláthróidh faighteoirí cistí de chuid an Aontais faisnéis iomchuí. Baileofar na sonraí is gá chun an fheidhmíocht a fhíorú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

*Airteagal 102*

**Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí ar an gClár go tráthúil sa chaoi go bhféadfar iad a úsáid sa phróiseas cinnteoireachta.

2. Faoin 30 Meitheamh 2024, agus 4 ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Chláir. Leis an meastóireacht, cumhdófar comhpháirteanna agus gníomhaíochtaí uile an Chláir. Déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas léi:

(a) feidhmíocht na seirbhísí a sholáthraítear faoin gClár;

(b) éabhlóid riachtanais úsáideoirí an Chláir; agus

(c) nuair a bheidh cur chun feidhme SSA agus GOVSATCOM á mheasúnú, éabhlóid na n-acmhainneachtaí atá ar fáil le haghaidh comhroinnte agus comhthiomsaithe, nó, nuair a bheidh cur chun feidhme Galileo, Copernicus agus EGNOS á mheasúnú, éabhlóid na sonraí agus na seirbhísí a thairgeann iomaitheoirí.

Le haghaidh gach comhpháirte den Chlár, leis an meastóireacht, déanfar measúnú freisin, ar bhonn anailís costais is tairbhe, ar thionchar na n-éabhlóidí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír, lena n-áirítear an gá atá leis an mbeartas praghsála a athrú nó an gá atá le bonneagar spáis breise nó bonneagar breise ar talamh.

Más gá, beidh togra iomchuí ag gabháil leis an meastóireacht.

3. Cuirfidh an Coimisiún conclúidí na meastóireachtaí, chomh maith lena bharúlacha féin, in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

4. Déanfaidh na heintitis atá páirteach i gcur chun feidhme an Rialacháin seo na sonraí agus an fhaisnéis is gá a thabhairt don Choimisiún chun gur féidir an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh.

5. Faoin 30 Meitheamh 2024, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta, i leith a cuspóirí, a sainordú, agus a cúraimí, i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin. Beidh an measúnú bunaithe ar anailís costais is tairbhe. Sa mheastóireacht, tabharfar aghaidh, go háirithe, ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú agus ar na himpleachtaí airgeadais a bhainfeadh le haon mhodhnú den sórt sin.

Tabharfar aghaidh léi freisin ar bheartas na Gníomhaireachta maidir le coinbhleachtaí leasa agus le neamhspleáchas agus uathriail an Bhoird um Chreidiúnú Slándála. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Coimisiún meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta chun féachaint an bhféadfaí cúraimí breise a chur uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 29(3) . Más gá, beidh togra iomchuí ag gabháil leis an meastóireacht.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil forais ann níos mó le go leanfadh an Ghníomhaireacht ar aghaidh lena gníomhaíochtaí, i bhfianaise a cuspóirí, a sainordaithe agus a cúraimí, féadfaidh sé an Rialachán seo a leasú dá réir.

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoin meastóireacht ar an nGníomhaireacht agus a chonclúidí féin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Bhord Riaracháin agus Bhord um Chreidiúnú Slándála na Gníomhaireachta. Cuirfear torthaí na meastóireachta sin ar fáil don phobal.

*Airteagal 103*

**Iniúchtaí**

Iniúchtaí ar úsáid ranníocaíocht an Aontais arna ndéanamh ag daoine nó ag eintitis, lena n-áirítear iniúchtaí arna ndéanamh ag daoine nó ag eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí nó comhlachtaí an Aontais sainordú dóibh, beidh siad mar bhonn don chinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 104*

**Sonraí pearsanta agus príobháideacht a chosaint**

1. Déanfar na sonraí pearsanta uile a láimhseáiltear i gcomhthéacs na gcúraimí agus na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena n-áirítear sonraí arna láimhseáil ag an nGníomhaireacht, a phróiseáil i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialacháin (AE) 2016/679 ([50]) agus (AE) 2018/1725 ([51]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Bunóidh an Bord Riaracháin bearta don Ghníomhaireacht chun Rialachán (AE) 2018/1725 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a bhaineann le hOifigeach um Chosaint Sonraí de chuid na Gníomhaireachta a cheapadh. Déanfar na bearta sin a bhunú tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

TEIDEAL XI

**TARMLIGEAN AGUS BEARTA CUR CHUN FEIDHME**

*Airteagal 105*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 53 agus 101 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028.

([50]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([51]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 53 agus 101 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 53 agus 101 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 106*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 105(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

*Airteagal 107*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste an Chláir cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Tiocfaidh coiste an Chláir le chéile i gcumraíochtaí sonracha mar a leanas:

(a) Galileo agus EGNOS;

(b) Copernicus;

(c) SSA;

(d) GOVSATCOM;

(e) Cumraíocht slándála: gnéithe slándála uile an Chláir, gan dochar do ról an Bhoird um Chreidiúnú Slándála; féadfar iarraidh ar ionadaithe GES agus ionadaithe na Gníomhaireachta a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí; tabharfar cuireadh freisin do SEGS cúnamh a thabhairt;

(f) Cumraíocht chothrománach: forléargas straitéiseach ar chur chun feidhme an Chláir, comhchuibheas trí chomhpháirteanna éagsúla an Chláir, bearta cothrománacha agus ath-leithdháileadh buiséid amhail dá dtagraítear in Airteagal 11.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás nach dtugann coiste an Chláir aon tuairim maidir leis an dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán seo, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta freastal ar chruinnithe choiste an Chláir mar bhreathnóirí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus slándáil an Aontais á cur san áireamh.

6. Déanfaidh coiste an Chláir, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, "Fóram na nÚsáideoirí" a chur ar bun mar mheitheal chun comhairle a chur ar choiste an Chláir maidir le gnéithe de riachtanais úsáideoirí, éabhlóid na seirbhísí agus glacadh na n-úsáideoirí. Beidh sé d'aidhm ag Fóram na nÚsáideoirí rannpháirtíocht leanúnach agus éifeachtach na n-úsáideoirí a ráthú agus tiocfaidh sé le chéile i gcumraíochtaí sonracha le haghaidh gach comhpháirte den Chlár.

## TEIDEAL XII

## FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

### *Airteagal 108*

### Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe de chuid an Aontais aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe de chuid an Aontais, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a thabhairt do lucht spéise éagsúil, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Chláir agus leis na torthaí a baineadh amach.

Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gClár ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach a dhéanamh i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4.

3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide ar a thionscnamh féin laistigh dá réimse inniúlachta féin. Ní dhéanfaidh leithdháileadh acmhainní ar ghníomhaíochtaí cumarsáide dochar d'fheidhmiú éifeachtach na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 29. Tabharfar faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide den sórt sin i gcomhréir leis na pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Riaracháin.

### *Airteagal 109*

### Aisghairmeacha

1. Aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

2. Déanfar tagairtí do na gníomhartha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

### *Airteagal 110*

### Forálacha idirthréimhseacha agus leanúnachas seirbhísí tar éis 2027

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de na gníomhaíochtaí sin, ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí sin, arna dtionscnamh de bhun Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, ar rialacháin iad agus ar Cinneadh é a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu maidir leis na gníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu. Go háirithe, leanfaidh an Cuibhreannas, arna bhunú faoi Airteagal 7(3) de Chinneadh Uimh. 541/2014/AE, de bheith ag soláthar sheirbhísí SST go ceann 3 mhí tar éis d'Eintitis Náisiúnta Bhunaithe an comhaontú comhpháirtíochta SST a shíniú dá bhforáiltear in Airteagal 58 den Rialachán seo.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir na costais theicniúla agus cúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta arna nglacadh de bhun Rialacháin (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Chinneadh Uimh. 541/2014/AE a áirithiú.

3. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun na costais is gá do chomhlíonadh na gcuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 4 a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí oibríochtúla criticiúla agus soláthar seirbhísí, lena n-áirítear tríd an FFPA agus trí chomhaontuithe ranníocaíochta.

*Airteagal 111*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, 28 Aibreán 2021.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

*IARSCRÍBHINN*

**PRÍOMHTHÁSCAIRÍ**

Leis na príomhtháscairí, déanfar faireachán ar fheidhmíocht an Chláir a struchtúrú i dtreo a chuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4, d'fhonn ualaí agus costais riaracháin a íoslaghdú.

1. Chuige sin, le haghaidh tuairisciú bliantúil, baileofar sonraí maidir leis an tacar de phríomhtháscairí seo a leanas, dá ndéanfar mionsonraí maidir le cur chun feidhme a shainiú sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích leis na heintitis ar cuireadh cúram orthu, amhail méadrachtaí, figiúirí agus luachanna ainmniúla gaolmhara agus tairseacha, lena n-áirítear sonraí cainníochtúla agus cás-staidéir cháilíochtúla, de réir na riachtanas misin is infheidhme agus na feidhmíochta lena bhfuiltear ag súil:

1.1. Cuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 4(2)

Táscaire 1: Beachtas na seirbhísí loingseoireachta agus uainiúcháin arna soláthar ag Galileo agus EGNOS ar leithligh

Táscaire 2: Infhaighteacht agus leanúnachas na seirbhísí arna soláthar ag Galileo agus EGNOS ar leithligh

Táscaire 3: Cumhdach geografach sheirbhísí EGNOS agus líon nósanna imeachta EGNOS arna fhoilsiú (APV-I agus LPV-200 araon)

Táscaire 4: Sástacht úsáideoirí an Aontais maidir le seirbhísí Galileo agus seirbhísí EGNOS

Táscaire 5: Sciar na nglacadóirí atá cumasaithe do Galileo agus EGNOS i margadh glacadóirí na gCóras Domhanda um Loingseoireacht Satailíte agus na gCóras Méadúcháin Bunaithe ar Shatailítí (GNSS/SBAS) ar fud an domhain agus san Aontas Eorpach.

1.2. Cuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(2)

Táscaire 1: Líon úsáideoirí an Aontais a úsáideann seirbhísí Copernicus, sonraí Copernicus, agus Seirbhísí um Rochtain ar Shonraí agus ar Fhaisnéis (DIAS) lena soláthraítear, i gcás inar féidir, faisnéis amhail an cineál úsáideora, dáileadh geografach agus an earnáil gníomhaíochta

Táscaire 2: I gcás inarb infheidhme, líon gníomhaíochtaithe sheirbhísí Copernicus arna iarraidh nó arna dheonú

Táscaire 3: Sástacht úsáideoirí an Aontais maidir le Seirbhísí Copernicus agus DIAS

Táscaire 4: Iontaofacht, infhaighteacht agus leanúnachas Sheirbhísí Copernicus agus shruth sonraí Copernicus

Táscaire 5: Líon na dtáirgí nua faisnéise arna seachadadh i bpunann gach sheirbhís Copernicus

Táscaire 6: Líon sonraí arna nginiúint ag Fairtheoirí Copernicus

1.3. Cuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4(2)

Táscaire 1: Líon úsáideoirí chomhpháirteanna SSA lena soláthraítear, i gcás inar féidir, faisnéis amhail an cineál úsáideora, dáileadh geografach agus an earnáil gníomhaíochta

Táscaire 2: Infhaighteacht Seirbhísí

1.4. Cuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 4(2)

Táscaire 1: Líon úsáideoirí GOVSATCOM lena soláthraítear, i gcás inar féidir, faisnéis amhail an cineál úsáideora, dáileadh geografach agus an earnáil gníomhaíochta

Táscaire 2: Infhaighteacht Seirbhísí

1.5. Cuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 4(2)

Táscaire 1: Líon na lainseálacha don Chlár (lena n-áirítear líonta de réir cineál lainseálaithe)

1.6. Cuspóir sonrach dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 4(2)

Táscaire 1: Líon agus suíomh na mol spáis san Aontas

Táscaire 2: Sciar FBManna bunaithe san Aontas i gcoibhneas le luach iomlán na gconarthaí a bhaineann leis an gClár

2. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 102 eilimintí breise amhail an méid seo a leanas:

2.1. Feidhmíocht iomaitheoirí i réimse na loingseoireachta agus i réimse fhaire na Cruinne

2.2. Glacadh na n-úsáideoirí le seirbhísí Galileo agus EGNOS

2.3. Sláine sheirbhísí EGNOS

2.4. Glacadh chroí-úsáideoirí Copernicus le Seirbhísí Copernicus

2.5. Líon bheartais an Aontais nó Ballstáit lena saothraítear Copernicus nó lena mbaintear tairbhe as

2.6. Anailís ar uathriail fho-chomhpháirt SST agus ar leibhéal neamhspleáchas an Aontais sa réimse seo

2.7. Staid reatha líonraithe le haghaidh ghníomhaíochtaí fho-chomhpháirt NEO

2.8. Measúnú ar acmhainneachtaí GOVSATCOM a mhéid a bhaineann le riachtanais úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagail 69 agus 102

2.9. Sástacht úsáideoirí sheirbhísí SSA agus GOVSATCOM

2.10. Sciar lainseálacha Ariane agus Vega sa mhargadh iomlán bunaithe ar shonraí atá ar fáil go poiblí

2.11. Forbairt na hearnála iartheachtaí arna tomhas, nuair is infhaighte, le líon na gcuideachtaí nua a bhaineann úsáid as sonraí, faisnéis agus seirbhísí spáis an Aontais, líon na bpost arna gcruthú agus an láimhdeachas, de réir Ballstáit, agus úsáid á baint as suirbhéanna de chuid an Choimisiún (Eurostat) nuair is ann dóibh

2.12. Forbairt earnáil réamhtheachtaí spáis an Aontais arna tomhas, nuair is infhaighte, le líon na bpost arna gcruthú agus an láimhdeachas de réir Ballstáit agus de réir sciar margaidh domhanda thionscal spáis na hEorpa, agus úsáid á baint as suirbhéanna de chuid an Choimisiún (Eurostat) nuair is ann dóibh

# RIALACHÁN (AE) 2021/697 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 29 Aibreán 2021

## lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3), Airteagal 182(4), Airteagal 183, agus an dara mír d'Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá athrú as cuimse tagtha ar chomhthéacs geopholaitiúil an Aontais le deich mbliana anuas. Tá an staid i réigiúin chomharsanachta na hEorpa éagobhsaí agus tá ar an Aontas dul i ngleic le timpeallacht chasta agus dhúshlánach ina bhfuil bagairtí nua ag teacht chun cinn, amhail ionsaithe hibrideacha agus cibirionsaithe, agus dúshláin thraidisiúnta ag teacht ar ais arís. Ós amhlaidh atá, is é an dearcadh atá ag saoránaigh na hEorpa agus ag a gceannairí polaitiúla gur gá níos mó a dhéanamh ar bhonn comhchoiteann i réimse na cosanta.

(2) Is de shaintréithe earnáil na cosanta méadú a bheith ag teacht ar chostas trealaimh cosanta agus ardchostas a bheith ar thaighde agus forbartha (T&F), rudaí a chuireann teorainn le seoladh clár nua cosanta agus a bhfuil tionchar díreach acu ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB). I bhfianaise an fhormhéadaithe sin ar chostais, ba cheart tacú ar leibhéal an Aontais le glúin nua mórchóras cosanta agus le teicneolaíochtaí nua cosanta chun comhar idir na Ballstáit a mhéadú maidir le hinfheistíochtaí i dtrealamh cosanta.

(3) Sa teachtaireacht uaidh an 30 Samhain 2016 "Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint", gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé comhlánú, giaráil agus comhdhlúthú ar iarrachtaí comhoibríocha na mBallstát acmhainní cosanta teicneolaíocha agus tionsclaíocha a fhorbairt chun freagairt do dhúshláin slándála, agus go ndéanfadh sé chomh maith leis sin tionscal cosanta Eorpach atá iomaíoch, nuálach agus éifeachtúil a chothú ar fud an Aontais agus lasmuigh de. Thairis sin, gheall an Coimisiún go dtacódh sé le margadh cosanta níos comhtháite a chruthú san Aontas agus go ndéanfadh sé glacadh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta Eorpacha sa mhargadh inmheánach a chothú, agus, sa chaoi sin, go ndéanfadh sé neamhspleáchas ar fhoinsí neamh-Aontais a mhéadú. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, go háirithe, Ciste Eorpach Cosanta a sheoladh chun tacú le hinfheistíochtaí i dtaighde comhpháirteach agus i bhforbairt chomhpháirteach táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena gcothaítear, ar an gcaoi sin, sineirgí agus cost-éifeachtúlacht, agus chun ceannach agus cothabháil chomhpháirteach trealaimh cosanta a chur chun cinn i measc na mBallstát. Ba cheart cistiú náisiúnta a úsáideadh cheana féin chun na críche sin a chomhlánú leis an gCiste Eorpach Cosanta, spreagadh a thabhairt do na Ballstáit dul i gcomhar le chéile tuilleadh maidir le cosaint agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa chosaint agus tacú leis an gcomhar le linn saolré iomlán táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta.

([1]) IO C 110, 22.3.2019, lch. 75.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh an 16 Márta 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

(4) Leis an gCiste Eorpach Cosanta, ba cheart rannchuidiú le EDTIB láidir, iomaíoch agus nuálach agus le tionscnaimh an Aontais i dtreo margadh cosanta níos comhtháite san Eoraip a chomhlánú agus, go háirithe, Treoracha 2009/43/CE ([3]) agus 2009/81/CE ([4]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haistrithe agus soláthar de chuid an Aontais in earnáil na cosanta, a glacadh in 2009.

(5) D'fhonn rannchuidiú le feabhas a chur ar iomaíochas agus acmhainn nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais, ba cheart Ciste Eorpach Cosanta (an "Ciste") a bhunú ar feadh tréimhse seacht mbliana chun a ré a ailíniú le ré an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 (CAI 2021-2027) a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ([5]) ón gComhairle ar bhonn cur chuige comhtháite. Tá sé mar aidhm leis an gCiste iomaíochas, nuálaíocht, éifeachtúlacht agus uathriail theicneolaíoch thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú, ar an gcaoi sin cuirtear le huathriail straitéiseach an Aontais trí thacú leis an gcomhar trasteorann idir na Ballstáit mar aon leis an gcomhar idir fiontair, ionaid taighde, údaráis riaracháin náisiúnta, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ollscoileanna ar fud an Aontais, sna céimeanna taighde agus forbartha araon a bhaineann le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta. Chun réitigh níos nuálaí a bhaint amach agus margadh inmheánach oscailte a chothú, ba cheart, leis an gCiste, tacú le leathnú comhair trasteorann agus é a éascú idir fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus cuideachtaí meánchaipitlithe (CMCanna) in earnáil na cosanta. Laistigh den Aontas, tá easnaimh choiteanna i dtaca le cumas cosanta sainaitheanta laistigh de chreat an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, go háirithe tríd an bPlean Forbraíochta um Chumas (CDP), agus ag an am céanna sa Chlár Straitéiseach Taighde Uileghabhálach (OSRA), sainaithnítear comhchuspóirí taighde cosanta freisin.

Tá sé mar chuspóir ag próisis eile de chuid an Aontais, amhail an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD) agus an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO), tacú le cur chun feidhme na dtosaíochtaí ábhartha trí dheiseanna do chomhar feabhsaithe a shainaithint agus a thapú d'fhonn leibhéal uaillmhéine an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta a chomhlíonadh. I gcás inarb iomchuí, féadfar tosaíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin i gcomhthéacs Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), a chur san áireamh freisin ar choinníoll go mbeidh siad i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus nach gcuirfidh siad bac ar aon Bhallstát nó aon tír chomhlachaithe a bheith rannpháirteach, agus ag an am céanna ag féachaint le dúbailt neamhriachtanach a sheachaint.

(6) Tá an chéim thaighde i dtaca le cumas cosanta a fhorbairt ríthábhachtach, mar cuirtear taca léi faoi acmhainneacht agus neamhspleáchas earnáil tionsclaíochta na hEorpa chun táirgí cosanta a fhorbairt, agus neamhspleáchas na mBallstát mar úsáideoirí deiridh na dtáirgí sin. D'fhéadfadh rioscaí suntasacha a bheith ag baint leis an gcéim thaighde, go háirithe i bhfianaise leibhéal íseal aibíochta na dteicneolaíochtaí agus a nádúr suaiteach. Sa chéim forbartha, a thagann de ghnáth tar éis na céime taighde, bíonn rioscaí agus costais shuntasacha i gceist freisin lena gcuirtear bac ar shaothrú breise na dtorthaí taighde agus a mbíonn tionchar díobhálach acu ar iomaíochas agus ar nuálaíocht thionscal cosanta an Aontais. Leis an gCiste, dá bhrí sin, ba cheart an nasc idir an chéim thaighde agus an chéim forbartha a chothú.

(7) Ní thacaítear le taighde ar mhaithe leis féin leis an gCiste, ar cheart tacú leis trí chláir chistiúcháin eile, ach féadfar taighde bunúsach atá dírithe ar chosaint, ar dócha é a bheith mar bhonn an réitigh ar fhadhbanna aitheanta nó ionchasacha nó ar dócha gur gcruthóidh sé féidearthachtaí nua, a áireamh ar a thacaíocht.

(8) D'fhéadfaí, leis an gCiste, tacú le gníomhaíochtaí maidir le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua agus táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta atá ann cheana, lena n-áirítear a n-idir-inoibritheacht, a uasghrádú. Níor cheart gníomhaíochtaí maidir le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta atá ann cheana féin a bheith incháilithe don uasghrádú ach amháin i gcás nach mbíonn an fhaisnéis atá ann cheana a bhfuil gá léi chun an ghníomhaíocht a dhéanamh faoi réir aon srian ó thríú tír neamhchomhlachaithe nó ó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar shlí a d'fhágfadh nárbh fhéidir an ghníomhaíocht a chur i gcrích. Nuair a chuireann eintitis dhlíthiúla isteach ar chistiú ón Aontas, ba cheart ceangal a chur orthu an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil chun an easpa srianta a shuí. In éagmais na fianaise sin, níor cheart cistiú a thabhairt ón Aontas.

([3]) Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1).

([4]) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis nó chonarthacha nó eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

(9) Ba cheart don Chiste tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí atá fabhrach d'fhorbairt teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint. Ós rud é gur féidir teicneolaíochtaí suaiteacha a bheith bunaithe ar choincheapa nó ar smaointe a thagann ó ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a bheith ag baint leis an gCiste i dtaca le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh.

(10) Chun a áirithiú, agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, go n-urramófar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát, níor cheart tacaíocht a thabhairt faoin gCiste do ghníomhaíochtaí a bhaineann le táirgí nó le teicneolaíochtaí a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmiscthe faoin dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, ba cheart incháilitheacht na ngníomhaíochtaí a bhaineann le táirgí nó le teicneolaíochtaí cosanta nua a bheith faoi réir forbairtí sa dlí idirnáisiúnta freisin. Thairis sin, maidir le gníomhaíochtaí chun airm uathrialacha mharfacha a fhorbairt gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine, níor cheart iad a bheith incháilithe do thacaíocht ón gCiste, gan dochar don fhéidearthacht cistiú a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí chun córais luathrabhaidh agus frithbhearta a fhorbairt chun críocha cosanta.

(11) Toisc gur deacair comhaontú a fháil maidir le ceanglais chomhchuibhithe acmhainní cosanta agus sonraíochtaí nó caighdeáin theicniúla choiteanna, cuirtear isteach ar chomhoibriú trasteorann idir na Ballstáit agus idir eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i mBallstáit éagsúla. Mar thoradh ar éagmais na gceanglas, na sonraíochtaí agus na gcaighdeán sin, tá ilroinnt mhéadaithe in earnáil na cosanta, agus tá castacht theicniúil, moilleanna, costais bhoilscithe, dúbailt neamhriachtanach chomh maith le hidir-inoibritheacht laghdaithe ann. Ba cheart an comhaontú maidir le sonraíochtaí teicniúla coiteanna a bheith ina réamhchoinníoll le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil leibhéal níos airde um ullmhacht teicneolaíochta ag baint leo. Maidir le gníomhaíochtaí as a n-eascraíonn ceanglais chomhchuibhithe i dtaca le cumas cosanta, chomh maith le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh tacú le sainmhíniú comhchoiteann ar shonraíochtaí nó caighdeáin theicniúla a bhunú, ba cheart go mbeidís incháilithe chomh maith do thacaíocht ón gCiste, go háirithe i gcás ina gcothaíonn siad idir-inoibritheacht.

(12) Ós rud é gurb é cuspóir an Chiste tacú le hiomaíochas, éifeachtúlacht agus nuálaíocht thionscal cosanta an Aontais trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha sa taighde agus sa teicneolaíocht cosanta a ghiaráil agus a chomhlánú agus tríd an riosca a bhaint de chéim forbartha tionscadal comhoibritheach, ba cheart gníomhaíochtaí a bhaineann leis na céimeanna taighde agus forbartha maidir le táirge nó teicneolaíocht cosanta a bheith incháilithe do thacaíocht ón gCiste.

(13) Ós rud é gurb é is aidhm don Chiste, go háirithe, comhar idir eintitis dhlíthiúla agus na Ballstáit ar fud an Aontais a fheabhsú, níor cheart gníomhaíocht a bheith incháilithe do chistiú ach amháin má tá sé le cur i gcrích trí eintitis dhlíthiúla atá ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas ina bhfuil, ar a laghad, trí eintiteas dhlíthiúla incháilithe atá bunaithe i dtrí Bhallstát nó i dtrí thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad. Ba cheart trí cinn ar a laghad de na heintitis dhlíthiúla incháilithe sin a bheith bunaithe in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad nó in dhá thír chomhlachaithe ar a laghad, níor cheart dóibh, le linn na tréimhse iomláine ina ndéantar an ghníomhaíocht, a bheith á rialú, go díreach nó go hindíreach, ag an eintiteas céanna agus níor cheart dóibh rialú a dhéanamh ar a chéile. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go dtuigfí gurb ionann rialú agus an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlíthiúil go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó. Agus sainiúlachtaí na dteicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint á gcur san áireamh, mar aon le staidéir, d'fhéadfadh eintiteas dlíthiúil aonair aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh. Chun borradh a chur faoin gcomhar idir na Ballstáit, ba cheart freisin go bhféadfaí leis an gCiste tacú le soláthar réamhthráchtála comhpháirteach.

(14) De bhun Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle [6], tá eintitis atá bunaithe i dtíortha nó críocha thar lear incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chiste agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch thar lear ábhartha.

(15) Ós rud é gurb é is aidhm don Chiste iomaíochas agus éifeachtúlacht thionscal cosanta an Aontais a threisiú, i bprionsabal, níor cheart ach eintitis dhlíthiúla atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe agus nach bhfuil faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a bheith incháilithe do thacaíocht. Ós amhlaidh atá, ba cheart go dtuigfí gurb ionann rialú agus an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlíthiúil go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó. Ina theannta sin, chun cosaint leasanna slándála agus cosanta riachtanacha an Aontais agus na mBallstát a áirithiú, ba cheart bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na bhfaighteoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste a bheith lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tíre comhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta, agus ba cheart do na faighteoirí agus do na fochonraitheoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin a

[6] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

bheith acu san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe. Dá réir sin, eintiteas dlíthiúil atá bunaithe i dtír neamhchomhlachaithe nó eintiteas dlíthiúil atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe ach a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír neamhchomhlachaithe, níor cheart dó a bheith incháilithe mar fhaighteoir ná mar fhochonraitheoir a bhfuil baint aige le gníomhaíocht. Chun leasanna slándála agus cosanta bunriachtanacha an Aontais agus a Bhallstát a choimirciú, ba cheart feidhm a bheith ag na critéir incháilitheachta sin freisin maidir le cistiú a sholáthraítear trí sholáthar, de mhaolú ar Airteagal 176 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) (an "Rialachán Airgeadais").

(16) I gcúinsí áirithe, ba cheart go mbeadh sé indéanta maolú ón bprionsabal nach bhfuil faighteoirí agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht ón gCiste faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná eintitis tríú tír neamhchomhlachaithe. Sa chomhthéacs sin, ba cheart eintitis dhlíthiúla bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe a bheith incháilithe le bheith ina bhfaighteoirí nó ina bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha dochta a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát. Níor cheart cuspóirí an Chiste a shárú le rannpháirtíocht na n-eintiteas dlíthiúil sin. Ba cheart d'iarratasóirí an fhaisnéis uile is ábhartha faoin mbonneagar, na saoráidí, na sócmhainní agus na hacmhainní atá le húsáid sa ghníomhaíocht a sholáthar. Ba cheart freisin a áireamh ina leith sin ábhair imní na mBallstát maidir le slándáil an tsoláthair.

(17) Faoi chuimsiú bhearta sriantacha an Aontais, arna nglacadh ar bhonn Airteagal 29 den Chonradh an Aontais Eorpaigh (CAE) agus 215(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ní fhéadfar aon chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí dlíthiúla ainmnithe nó chun a dtairbhe siúd. Dá bhrí sin, ní féidir tacaíocht ón gCiste a thabhairt do na heintitis ainmnithe sin ná d'eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu.

(18) Is tar éis glaonna iomaíocha ar thograí a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais a dhéanfar cistiú ón Aontas a dheonú. Mar sin féin, i gcásanna a bhfuil bunús cuí leo agus in imthosca eisceachtúla, ba cheart freisin go bhféadfaí cistiú ón Aontas a dheonú gan glao ar thograí i gcomhréir le pointe (e) den chéad mhír d'Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais. Ós rud é gurb ionann cistiú a dhámhachtain i gcomhréir le pointe (e) den chéad mhír d'Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais agus maolú ar an riail ghinearálta go bhfuil cistiú le deonú tar éis glaonna iomaíocha ar thograí a leanúint, ba cheart na cúinsí eisceachtúla sin a léirmhíniú go docht. Sa chomhthéacs sin, le go bhféadfar deontais a dhámhachtain gan glao ar thograí, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh agus cúnamh á fháil aige ó choiste na mBallstát (an "coiste"), ar a mhéid a bhaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe le cuspóirí an Chiste maidir le comhar tionsclaíoch trasteorann agus iomaíocht feadh an tslabhra soláthair.

(19) Más rud é gur mian le cuibhreannas a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht incháilithe agus go bhfuil cúnamh airgeadais ón Aontas le tabhairt i bhfoirm deontais, ba cheart don chuibhreannas duine dá chomhaltaí a cheapadh mar chomhordaitheoir. Ba cheart don chomhordaitheoir bheith ina phríomhtheagmhálaí nó ina príomhtheagmhálaí chun críocha an chaidrimh leis an gCoimisiún.

(20) I gcás ina ndéanfaidh bainisteoir tionscadail arna cheapadh ag na Ballstáit nó ag tíortha comhlachaithe bainistíocht ar ghníomhaíocht forbartha a dtugann an Ciste tacaíocht di, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mbainisteoir tionscadail i dtaca leis an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an ngníomhaíocht sula ndéanfaidh sé an íocaíocht leis na faighteoirí ionas go bhféadfaidh an bainisteoir tionscadail a áirithiú go bhfuil na tréimhsí ama urramaithe ag na faighteoirí. Ba cheart don bhainisteoir tionscadail barúlacha ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an ngníomhaíocht a sholáthar don Choimisiún ionas go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le comhlíonadh na coinníollacha chun leanúint leis an íocaíocht.

([7]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(21) Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht an tseachadta a uasmhéadú agus chun comhsheasmhacht iomlán le tionscnaimh eile an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith freagrach as na nósanna imeachta roghnúcháin agus dámhachtana, lena n-áirítear i dtaca le scagadh agus measúnú eitice. I gcásanna a bhfuil bunús leo, áfach, ba cheart don Choimisiún bheith ábalta cúraimí cur chun feidhme buiséid áirithe maidir le gníomhaíochtaí sonracha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste a chur ar iontaoibh na gcomhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, mar shampla i gcás ina mbíonn bainisteoir tionscadail ceaptha ag Ballstáit a bhfuil gníomhaíocht á cómhaoiniú acu, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais an Rialacháin Airgeadais. Le cur ar iontaoibh den sórt sin maidir le cúraimí chur chun feidhme an bhuiséid, cuideofaí le bainistiú gníomhaíochtaí cómhaoinithe agus le comhordú rianúil a áirithiú idir an comhaontú maoiniúcháin agus an conradh a shínigh an cuibhreannas agus an bainisteoir tionscadail arna cheapadh ag Ballstáit a bhfuil an ghníomhaíocht á cómhaoiniú acu.

(22) Chun a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí forbartha arna gcistiú inmharthana ó thaobh airgeadais de, is gá do na hiarratasóirí a léiriú go gcumhdófar le modhanna maoinithe eile costais na gníomhaíochta nach bhfuil cumhdaithe ag cistiú ón Aontas.

(23) Ba cheart cineálacha éagsúla socruithe airgeadais a bheith ar fáil do na Ballstáit chun acmhainní cosanta a fhorbairt agus a aimsiú ar bhonn comhpháirteach. D'fhéadfadh an Coimisiún cineálacha éagsúla socruithe a sholáthar a bhféadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint astu ar bhonn deonach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le forbairt chomhoibríoch agus soláthar comhoibríoch ó thaobh maoinithe de. Le húsáid na socruithe airgeadais sin, d'fhéadfaí seoladh tionscadal cosanta comhpháirteach agus trasteorann a chothú agus éifeachtúlacht an chaiteachais cosanta a mhéadú, lena n-áirítear caiteachas le haghaidh tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón gCiste.

(24) Mar gheall ar shainiúlachtaí an tionscail cosanta, ina n-eascraíonn an t-éileamh ar fad, beagnach, as na Ballstáit agus as tíortha comhlachaithe, a rialaíonn freisin aimsiú iomlán na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, lena n-áirítear onnmhairí, ní leantar na gnáthrialacha ná na gnáthmhúnlaí gnó lena rialaítear margaí níos traidisiúnta i bhfeidhmiú na hearnála cosanta. Dá bhrí sin, ní féidir leis an earnáil tionsclaíochta tabhairt faoi thionscadail T&F cosanta atá suntasach agus féinmhaoinithe, agus is minic gurb iad na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe a chistíonn costais iomlána T&F. Chun cuspóirí an Chiste a ghnóthú, go háirithe chun comhar idir eintitis dhlíthiúla ó Bhallstáit agus ó thíortha comhlachaithe éagsúla a chothú, agus sonraíochtaí na hearnála cosanta á gcur san áireamh, ba cheart suas le hiomlán na gcostas incháilithe a chumhdach i gcás gníomhaíochtaí a tharlaíonn roimh chéim na bhfréamhshamhlacha.

(25) Is céim bharrthábhachtach í céim na bhfréamhshamhlacha ina gcinneann na Ballstáit nó na tíortha comhlachaithe de ghnáth a n-infheistíocht chomhdhlúite agus ina dtosaíonn siad an próiseas aimsithe i dtaca leis na táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a bheidh acu amach anseo. Is ar an gcúis sin, agus ag an gcéim shonrach sin, a chinneann na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe na gealltanais riachtanacha, lena n-áirítear comhroinnt costas agus úinéireacht an tionscadail. Chun inchreidteacht a ngealltanais a áirithiú, níor cheart, i ngnáthchásanna, tacaíocht ón gCiste dul thar 20 % de na costais incháilithe.

(26) Maidir le gníomhaíochtaí tar éis chéim na bhfréamhshamhlacha, ba cheart foráil a dhéanamh do chistiú suas le 80 %. Féadfaidh sé go mbeidh costais shuntasacha fós i gceist le gníomhaíochtaí den sórt sin atá níos gaire do chríochnú an táirge agus na teicneolaíochta.

(27) Tá costais indíreacha shonracha, amhail i ndáil leis an tslándáil, le híoc ag geallsealbhóirí in earnáil na cosanta. Thairis sin, na geallsealbhóirí atá ag obair i margadh ar leith agus – d'uireasa aon éilimh ó cheannaitheoirí – ní féidir leo na costais T&F a aisghabháil sa tslí chéanna is a dhéantar san earnáil shibhialtach. Dá bhrí sin, is iomchuí ráta comhréidh 25 % de chostais incháilithe dhíreacha iomlána na gníomhaíochta a cheadú, chomh maith leis an bhféidearthacht costais incháilithe indíreacha arna gcinneadh i gcomhréir le gnáthchleachtais chuntasaíochta costála na bhfaighteoirí a ghearradh, más rud é go nglacfaidh a n-údaráis náisiúnta leis na cleachtais sin le haghaidh gníomhaíochtaí inchomparáide i réimse na cosanta agus más rud é gur chuir an faighteoir an méid sin in iúl don Choimisiún.

(28) Le gníomhaíochtaí arb é atá iontu rannpháirtíocht FBManna trasteorann agus cuideachtaí meánchaipitlithe, tacaítear le hoscailt slabhraí soláthair agus rannchuidítear le cuspóirí an Chiste. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh na gníomhaíochtaí sin incháilithe do ráta cistiúcháin méadaithe, ráta a bheidh chun tairbhe do gach eintiteas dlíthiúil atá rannpháirteach.

(29) Chun a áirithiú go gcuirfidh na gníomhaíochtaí a chisteofar le hiomaíochas agus éifeachtúlacht thionscal cosanta na hEorpa, tá sé tábhachtach go bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit an táirge deiridh a sholáthar go comhpháirteach nó an teicneolaíocht a úsáid go comhpháirteach, go háirithe trí sholáthar trasteorann comhpháirteach, ina n-eagraíonn na Ballstáit a nósanna imeachta soláthair ar bhonn comhpháirteach, go háirithe trí bhíthin comhlachta lárnaigh ceannaigh.

(30) Chun a áirithiú go rannchuideoidh gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste le hiomaíochas agus éifeachtúlacht thionscal cosanta na hEorpa, ba cheart iad a bheith dírithe ar an margadh, bunaithe ar éileamh agus inmharthana ó thaobh na tráchtála de ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh sna critéir incháilitheachta do ghníomhaíochtaí forbartha go bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit, lena n-áirítear trí mheabhrán tuisceana nó litir intinne, an táirge deiridh a sholáthar nó an teicneolaíocht a úsáid ar bhealach comhordaithe. Ba cheart a chur san áireamh de bhreis air sin sna critéir dhámhachtana do ghníomhaíochtaí forbartha go ndearna na Ballstáit gealltanais pholaitiúla nó dhlíthiúla chun an táirge deiridh nó an teicneolaíocht cosanta deiridh a úsáid go comhpháirteach, a n-úinéireacht a bheith acu nó iad a chothabháil ar bhealach comhordaithe.

(31) Ba cheart an nuálaíocht agus an fhorbairt theicneolaíoch a chur chun cinn i dtionscal cosanta an Aontais ar dhóigh atá i gcomhréir le leasanna slándála agus cosanta an Aontais. Dá réir sin, maidir le rannchuidithe na ngníomhaíochtaí leis na leasanna sin agus leis na tosaíochtaí maidir le taighde agus cumas cosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit, ba cheart an rannchuidiú sin a bheith ina chritéar dámhachtana.

(32) Le gníomhaíochtaí incháilithe arna bhforbairt i gcomhthéacs thionscadail PESCO i gcreat institiúideach an Aontais, ba cheart comhar feabhsaithe a áirithiú idir eintitis dhlíthiúla sna Ballstáit éagsúla ar bhonn leanúnach agus, ar an dóigh sin, ba cheart rannchuidiú go díreach le cuspóirí an Chiste. Dá bhrí sin, ba cheart gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith incháilithe chun ráta cistithe méadaithe a fháil, dá roghnófaí iad.

(33) Cuirfidh an Coimisiún san áireamh gníomhaíochtaí eile arna maoiniú faoi Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht arna bunú ag Rialacháin (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) – chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint agus chun cros-toirchiú agus sineirgí idir an taighde sibhialta agus an taighde cosanta a áirithiú.

(34) Is dúshláin iad an chibearshlándáil agus an chibearchosaint a bhfuil a dtábhacht ag méadú i rith an ama agus d'aithin an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go raibh gá ann sineirgí a bhunú idir gníomhaíochtaí cibearchosanta laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo agus tionscnaimh de chuid an Aontais i réimse na cibearshlándála, amhail iad sin a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 "Resilience, Deterrence and Defence: Building strong cybersecurity for the EU" [Athléimneacht, Díspreagadh agus Cosaint: Cibearslándáil láidir a thógáil don AE]. D'fhonn an chibear-athléimneacht a mhéadú, ba cheart, go háirithe, do gheallsealbhóirí sineirgí a lorg idir gnéithe sibhialtacha agus gnéithe cosanta na cibearshlándála.

(35) Ba cheart cur chuige comhtháite a áirithiú trí ghníomhaíochtaí a chumhdaítear faoin Réamhghníomhaíocht maidir le Taighde Cosanta (PADR), arna seoladh ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 58(2) den Rialachán Airgeadais agus an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), agus chomh maith leis sin trí choinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta a chomhchuibhiú. Le cur chuige comhtháite den sórt sin, ba cheart sraith níos comhleanúnaí ionstraimí a chruthú agus tionchar nuálach, comhoibríoch agus eacnamaíoch an Chiste a mhéadú, agus dúbailt agus ilroinnt neamhriachtanach á seachaint. D'áiritheofaí leis freisin go gcabhrófaí, leis an gCiste, le torthaí an taighde cosanta a shaothrú níos fearr, rud lena ndúnfaí an bhearna idir na céimeanna taighde agus forbartha, agus sainiúlachtaí na hearnála cosanta á gcur san áireamh, agus chuirfí gach cineál nuálaíochta chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint. Thairis sin, is féidir a bheith ag súil freisin le héifeachtaí iarmharta dearfacha ar an earnáil shibhialtach, i gcás inarb infheidhme.

---

([8]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

([9]) Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30).

(36) I gcás inarb iomchuí, i bhfianaise shonraíochtaí na gníomhaíochta, is le hionstraimí airgeadais agus le ráthaíochtaí buiséadacha faoi Chiste InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) ba cheart freisin aghaidh a thabhairt ar chuspóirí an Chiste.

(37) Ba cheart tacaíocht ón gCiste a úsáid ar bhealach comhréireach, chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart, de thoradh na ngníomhaíochtaí, maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Ba cheart breisluach Eorpach soiléir don Aontas a bheith ag na gníomhaíochtaí.

(38) Ba cheart foirmeacha chistiúcháin an Aontais agus modhanna chur chun feidhme an Chiste a roghnú ar bhonn an chumais atá acu cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a ghnóthú agus torthaí a bhaint amach, agus á gcur san áireamh, go háirithe, na costais rialuithe, an t-ualach riaracháin, agus an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheidh ann. Mar chuid den rogha sin, ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, maoiniú ar ráta comhréidh agus costais aonaid, agus maoiniú nach mbaineann le costais, dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais a bheith san áireamh.

(39) Ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cláir oibre bhliantúla a ghlacadh i gcomhréir le cuspóirí an Chiste, agus na ceachtanna tosaigh a foghlaimíodh ó EDIDP agus ó PADR á gcur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún cúnamh a fháil ón gcoiste maidir le cláir oibre a bhunú. Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh a mbeidh an tacaíocht is forleithne is féidir acu laistigh den choiste. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don choiste bheith in ann teacht le chéile i bhformáid saineolaithe um chosaint agus slándáil náisiúnta chun cúnamh sonrach a chur ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear comhairle maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí. Is faoi na Ballstáit féin atá sé a gcuid ionadaithe a ainmniú don choiste sin. Ba cheart deiseanna luatha éifeachtacha a thabhairt do chomhaltaí an Choiste chun na dréachtgh-níomhartha cur chun feidhme a scrúdú agus chun a dtuairimí a chur in iúl.

(40) Ba cheart ceanglais feidhmíochta a bheith sna catagóirí a leagtar amach sna cláir oibre i gcás inarb iomchuí chun gur féidir soiléiriú a thabhairt don tionscal ar na feidhmiúlachtaí agus na cúraimí atá le cur i gcrích ag na hacmhainní atá le forbairt. Ba cheart léiriú soiléir a thabhairt sna ceanglais sin ar an bhfeidhmíocht lena bhfuiltear ag súil, níor cheart go mbeidís dírithe ar réitigh shonracha ná ar eintitis dhlíthiúla shonracha agus níor cheart cosc a chur ar an iomaíocht ar leibhéal glaonna ar thograí.

(41) Agus na cláir oibre á bhforbairt, ba cheart don Choimisiún a áirithiú freisin, trí chomhairliúcháin iomchuí leis an gcoiste, go ndéantar dúbailt neamhriachtanach a sheachaint sna gníomhaíochtaí taighde nó sna gníomhaíochtaí forbartha atá beartaithe. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh roimh ré ar chásanna dúbláila a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca le cumais atá ann cheana nó tionscadail taighde nó forbartha atá maoinithe cheana laistigh den Aontas.

(42) Ba cheart don Choimisiún comhleanúnachas na gclár oibre a áirithiú i rith shaolré tionsclaíoch na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta.

(43) Ba cheart go n-áiritheofaí leis na cláir oibre freisin go rachaidh sciar réasúnta den bhuiséad foriomlán chun tairbhe gníomhaíochtaí lena gcumasófar rannpháirtíocht trasteorann FBManna.

(44) Chun tairbhe a bhaint as an saineolas atá aici san earnáil cosanta, ba cheart stádas breathnóra laistigh den choiste a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint. I bhfianaise na sainiúlachtaí i réimse na cosanta, ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnamh a thabhairt don choiste freisin.

(45) D'fhonn éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú a mhéid a bhaineann leis na táscairí i gcás ina measfar gur gá sin, mar aon le chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([11]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

([10]) Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint n hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

([11]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(46) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le cláir oibre a ghlacadh agus le cistiú a dhámhachtain ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha roghnaithe. Go sonrach, agus gníomhaíochtaí taighde agus forbartha á ndéanamh, ba cheart sainiúlachtaí na hearnála cosanta, go háirithe freagracht na mBallstát, na dtíortha comhlachaithe nó iad araon maidir leis an bpróiseas pleanála agus aimsithe, a chur san áireamh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]).

(47) Ba cheart don Choimisiún liosta de shaineolaithe neamhspleácha a bhunú. Ba cheart do na Ballstáit ábhartha dintiúir shlándála na saineolaithe neamhspleácha a bhailíochtú. Níor cheart an liosta sin a chur ar fáil don phobal. Ba cheart na saineolaithe neamhspleácha sin a roghnú ar bhonn a scileanna, a dtaithí agus a gcuid eolais, agus na cúraimí a bheidh le sannadh dóibh á gcur san áireamh. A mhéid is féidir, agus na saineolaithe neamhspleácha á gceapadh aige, ba cheart don Choimisiún bearta iomchuí a ghlacadh chun ballraíocht chothrom sna grúpaí saineolaithe neamhspleácha agus sna painéil meastóireachta a lorg i dtéarmaí scileanna éagsúla, taithí éagsúil agus eolas éagsúil, éagsúlachta geografaí agus inscne, agus aird á tabhairt ar an staid atá i réim i réimse na gníomhaíochta. Ba cheart uainíocht iomchuí na saineolaithe neamhspleácha agus cothromaíocht iomchuí a lorg freisin idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí.

(48) Níor cheart do na saineolaithe neamhspleácha meastóireacht a dhéanamh ná níor cheart dóibh comhairle ná cabhair a thabhairt i ndáil le hábhair ina bhfuil aon choinbhleachtaí leasa acu, go háirithe i dtaca leis an seasamh atá acu tráth na meastóireachta. Níor cheart, go háirithe, go bhféadfaidís úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a fuair siad chun aimhleas an chuibhreannais a mheas siad.

(49) Tar éis dó na tograí a mheas le cabhair ó shaineolaithe neamhspleácha, ba cheart don Choimisiún na gníomhaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht ón gCiste a roghnú. Ba cheart na Ballstáit a chur ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta lena ngabhfaidh liosta rangaithe de ghníomhaíochtaí roghnaithe agus faoin dul chun cinn maidir le gníomhaíochtaí arna gcistiú.

(50) Agus táirgí nó teicneolaíochtaí cosanta nua á moladh nó uasghrádú ar tháirgí nó teicneolaíochtaí cosanta nua atá ann cheana á mholadh, ba cheart d’iarratasóirí gealltanas a dhéanamh go gcomhlíonfaidh siad prionsabail eiticiúla, amhail iad sin a bhaineann le leas an duine agus le cosaint ghéanóm an duine, rud a léirítear freisin sa dlí ábhartha de chuid an Aontais agus sa dlí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus, i gcás inarb ábhartha, na prótacail a ghabhann leo. Ba cheart don Choimisiún na tograí a scagthástáil go córasach d’fhonn na cinn lena n-ardaítear saincheisteanna eiticiúla tromchúiseacha a shainaithint. I gcás inarb iomchuí, ba cheart tograí den sórt sin a bheith faoi réir measúnú eitice.

(51) D’fhonn tacú le margadh inmheánach oscailte, ba cheart rannpháirtíocht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe trasteorann, mar chomhaltaí cuibhreannas, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair a spreagadh.

(52) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh idirphlé a bheith aige i gcónaí leis na Ballstáit agus leis an tionscal chun a áirithiú go n-éireoidh leis an gCiste. Mar chomhreachtóir agus mar phríomh-gheallshealbhóir, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa bheith rannpháirteach san idirphlé sin freisin.

(53) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don Chiste arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([13]) (Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020), do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcoimeádfar nósanna imeachta riaracháin chomh simplí is féidir agus go dtabhófar an méid is lú is féidir de speansais bhreise.

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([13]) IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

(54) Tá feidhm ag an Rialachán Airgeadais maidir leis an gCiste, mura sonraítear a mhalairt. Leis an Rialachán Airgeadais, leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais.

(55) Tá feidhm maidir leis an Rialachán seo ag rialacha airgeadais cothrománacha a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo, go háirithe, an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme le deontais, duaiseanna, soláthar, cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin ar na rialacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

(56) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ([15]), (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ([16]) agus (AE) 2017/1939 ([17]) ón gComhairle, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú, agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistiú ón Aontas chun comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, chun na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe, de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE, agus tá sé chun a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

(57) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith páirteach i gcláir de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([19]), ina ndéantar foráil do chur chun feidhme na gclár ar bhonn cinneadh arna ghlacadh faoin gComhaontú sin. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar na tríú tíortha sin na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach.

(58) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gCiste ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chiste ar an talamh. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thús thréimhse chur chun feidhme an Chiste, lena n-áirítear d'fhonn tograí a thíolacadh i leith aon leasuithe iomchuí ar an Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht deiridh a dhéanamh freisin ag deireadh thréimhse cur chun feidhme an Chiste, ina scrúdaítear na gníomhaíochtaí airgeadais i dtaca le torthaí cur chun feidhme airgeadais agus, a mhéid is féidir ag an bpointe ama sin, le torthaí chur chun feidhme agus tionchar an Chiste. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go gcuideodh an tuarascáil mheastóireachta deiridh chun na cásanna a shainaithint ina bhfuil an tAontas spleách ar thríú tíortha agus táirgí agus

([14]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

([15]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

([16]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

([17]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

([18]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

([19]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

teicneolaíochtaí cosanta á bhforbairt. Ba cheart anailís a dhéanamh sa tuarascáil chríochnaitheach freisin ar rannpháirtíocht trasteorann FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe i dtionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste, chomh maith le rannpháirtíocht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe sa slabhra luacha domhanda, agus ar rannchuidiú an Chiste i dtaca le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa CDP, agus ba cheart faisnéis a bheith sa mheastóireacht freisin maidir le tíortha tionscnaimh na bhfaighteoirí, líon na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí aonair agus le dáileadh na gceart maoine intleachtúla (IPRanna) a ghintear. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún leasuithe ar an Rialachán seo a mholadh de réir forbairtí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn chur chun feidhme an Chiste.

(59) Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste ar bhonn rialta agus ba cheart dó tuarascáil bhliantúil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar, lena n-áirítear an bealach a bhfuil ceachtanna a sainaithníodh agus ceachtanna a foghlaimíodh ó EDIDP agus ó PADR á gcur san áireamh i gcur chun feidhme an Chiste. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún na socruithe faireacháin is gá a chur i bhfeidhm. Níor cheart faisnéis íogair a bheith sa tuarascáil.

(60) De léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([20]) agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuidítear, leis an gCiste, le gníomhaíocht aeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le gnóthú na sprice arb é atá inti 30 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chiste, agus déanfar athmheasúnú orthu mar chuid de mheastóireacht eatramhach an Chiste.

(61) De léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le cailliúint thubaisteach na bithéagsúlachta, leis an Rialachán seo, rannchuidítear le gníomhaíocht bhithéagsúlachta a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus leis an uaillmhian fhoriomlán a bhaint amach maidir le 7,5 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI 2021-2027 a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2024 agus 10 % de in 2026 agus 2027, agus an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a chur san áireamh i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020.

(62) Ós rud é nár cheart leis an gCiste tacú ach le céimeanna taighde agus forbartha na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta, níor cheart, i bprionsabal, úinéireacht ná IPRanna a bheith ag an Aontas ar na táirgí cosanta nó teicneolaíochtaí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí arna gcistiú, ach amháin má thugtar tacaíocht an Aontais trí sholáthar poiblí. Mar sin féin, i gcás gníomhaíochtaí taighde, ba cheart do Bhallstáit agus na tíortha comhlachaithe bheith ábalta torthaí na ngníomhaíochtaí arna gcistiú a úsáid chun a bheith rannpháirteach san fhorbairt chomhoibritheach leantach.

(63) Le tacaíocht an Aontais, níor cheart difear a dhéanamh d'aistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas, i gcomhréir le Treoir 2009/43/CE, ná d'onnmhairiú táirgí, trealaimh nó teicneolaíochtaí. Is le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([21]) a rialaítear onnmhairiú trealaimh agus teicneolaíochtaí míleata ag na Ballstáit.

(64) D'fhéadfadh sé go rachadh úsáid faisnéise cúlra íogaire, lena n-áirítear sonraí, fios gnó nó faisnéis, arna nginiúint roimh nó lasmuigh d'oibríocht an Chiste, nó rochtain a dhéanfadh daoine neamhúdaraithe ar thorthaí arna nginiúint i leith gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, chun aimhleas an Aontais nó chun aimhleas Ballstáit amháin nó níos mó. Dá bhrí sin, ba cheart láimhseáil sonraí íogaire a rialú le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha.

(65) Chun slándáil faisnéise rúnaicmithe ar an leibhéal riachtanach a áirithiú, ba cheart, agus comhaontuithe rúnaicmithe cistiúcháin agus maoiniúcháin á síniú, na híoschaighdeáin maidir le slándáil thionsclaíoch a chomhlíonadh. Chuige sin, agus i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ([22]) ón gCoimisiún, ba cheart don Choimisiún na saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit a chur ar an eolas faoi Threoracha Slándála an Chláir, lena n-áirítear an Treoir Rúnaicmithe maidir le Slándáil, i gcomhair comhairle do na saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

([20]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

([21]) Comhsheasamh na Comhairle 2008/944/CBES an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear rialacha comhchoiteanna chun onnmhairí de theicneolaíocht agus de threalamh míleata a rialú (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

([22]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

(66) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(67) Ba cheart don Choimisiún an Ciste a bhainistiú agus ag an am céanna ba cheart dó féachaint go cuí do na ceanglais rúndachta agus slándála, go háirithe dóibh siúd a bhaineann le faisnéis íogair, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe.

(68) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus chun cur chun feidhme a cheadú ó thús CAI 2021-2027, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, le héifeacht chúlghabhálach, ón 1 Eanáir 2021.

(69) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/1092 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

## FORÁLACHA COMHCHOITEANNA IS INFHEIDHME MAIDIR LE TAIGHDE AGUS FORBAIRT

*Airteagal 1*

### Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear an Ciste Eorpach Cosanta (an "Ciste"), mar a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2021/695, don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027. Tá ré an Chiste ailínithe le ré CAI 2021-2027.

Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí an Chiste, a bhuiséad don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027, na foirmeacha cistithe ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "eintiteas dlíthiúil" duine dlítheanach a bunaíodh mar eintiteas dlíthiúil agus a aithnítear mar eintiteas dlíthiúil faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a bhfuil an cumas aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó aon eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 197(2) den Rialachán Airgeadais;

(2) ciallaíonn "iarratasóir" eintiteas dlíthiúil a chuireann iarratas isteach ar thacaíocht ón gCiste tar éis glao ar thograí nó i gcomhréir le pointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais;

(3) ciallaíonn "faighteoir" eintiteas dlíthiúil lenar síníodh comhaontú cistiúcháin nó maoiniúcháin nó dár tugadh fógra i leith comhaontú cistiúcháin nó maoiniúcháin;

(4) ciallaíonn "cuibhreannas" grúpáil chomhoibríoch d'iarratasóirí nó d'fhaighteoirí atá faoi réir comhaontaithe agus a chruthaítear chun críche gníomhaíocht a dhéanamh faoi choimirce an Chiste;

(5) ciallaíonn "comhordaitheoir" eintiteas dlíthiúil ar comhalta é de chuibhreannas agus a cheap comhaltaí uile an chuibhreannais sin ina phríomhphointe teagmhála chun críche caidreamh an chuibhreannais leis an gCoimisiún;

(6) ciallaíonn "rialú" an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlíthiúil go díreach, nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó;

(7) ciallaíonn "struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin" comhlacht eintitis dhlíthiúil, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuarascáil don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, a chumhachtaítear chun straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis an eintitis dhlíthiúil sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;

(8) ciallaíonn "fréamhshamhail de chóras" múnla de tháirge nó de theicneolaíocht lenar féidir feidhmíocht a léiriú i dtimpeallacht oibríochtúil;

(9) ciallaíonn "cáiliú" an próiseas iomlán lena léirítear go gcomhlíonann dearadh táirge cosanta, comhpháirte inláimhsithe nó doláimhsithe cosanta, nó teicneolaíocht cosanta na ceanglais a shonraítear, agus fianaise oibiachtúil á soláthar trína léirítear gur comhlíonadh na ceanglais áirithe i dtaca leis an dearadh;

(10) ciallaíonn "deimhniú" an próiseas trína ndeimhníonn údarás náisiúnta go bhfuil na rialacháin is infheidhme á gcomhlíonadh ag an táirge, ag an gcomhpháirt inláimhsithe chosanta nó dholáimhsithe nó ag an teicneolaíocht cosanta;

(11) ciallaíonn "gníomhaíocht taighde" gníomhaíocht arb é an taighde is príomhchuid di, go háirithe taighde feidhmeach agus, i gcás inar gá, taighde bunúsach, darb aidhm eolas nua a fháil agus lena leagtar béim eisiach ar fheidhmeanna cosanta;

(12) ciallaíonn "gníomhaíocht forbartha" gníomhaíocht arb é atá ann gníomhaíocht atá dírithe ar chosaint, go príomha sa chéim forbartha, lena gcumhdaítear táirgí nó teicneolaíochtaí cosanta nua nó lena n-uasghrádaítear táirgí nó teicneolaíochtaí atá ann cheana, cé is moite d'armáin a tháirgeadh nó a úsáid;

(13) ciallaíonn "teicneolaíocht shuaiteach um chosaint" teicneolaíocht fheabhsaithe nó teicneolaíocht iomlán nua lena spreagtar bunathrú, lena n-áirítear athrú ó bhonn i gcoincheap agus i stiúradh cúrsaí cosanta, amhail trí theacht in ionad na dteicneolaíochtaí cosanta atá ann faoi láthair nó trí na teicneolaíochtaí sin a chur i léig;

(14) ciallaíonn "fiontar beag agus meánmhéide" nó "FBM" fiontar beag nó fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([23]);

(15) ciallaíonn "cuideachta mheánchaipitlithe" fiontar nach FBM é agus a fhostaíonn uaslíon 3 000 daoine nuair a ríomhtar líon na foirne i gcomhréir le hAirteagail 3 go 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;

(16) ciallaíonn "oibríocht mheasctha" gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráid mheasctha nó ardán measctha mar a shainítear i bpointe (6) d'Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-inaisíoctha tacaíochta nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais d'fhoirmeacha inaisíoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;

(17) ciallaíónn "soláthar réamhthráchtála" soláthar sheirbhísí taighde agus forbartha a mbaineann roinnt an riosca-sochair faoi dhálaí margaidh leo, agus forbairt iomaíoch i gcéimeanna, ina bhfuil scaradh soiléir idir na seirbhísí taighde agus forbartha a sholáthraítear ó úsáid cainníochtaí tráchtála de na táirgí deiridh;

(18) ciallaíonn "bainisteoir tionscadail" údarás conarthach bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar, arna cheapadh ag Ballstát nó ag tír ghaolmhar nó ag grúpa Bhallstáit nó ag grúpa thíortha gaolmhara chun tionscadail armáil ilnáisiúnta a bhainistiú ar bhonn leanúnach nó ar bhonn ad hoc

(19) ciallaíonn "torthaí" aon éifeacht inláimhsithe nó doláimhsithe de chuid na gníomhaíochta, amhail sonraí, fios gnó nó faisnéis, is cuma cad é a foirm nó a cineál agus cibé acu is féidir í a chosaint nó nach féidir, mar aon le cearta ar bith atá ag gabháil léi, lena n-áirítear IPRanna;

(20) ciallaíonn "faisnéis tulra" sonraí, fios gnó nó faisnéis a ghintear trí oibríocht an Chiste, cibé foirm nó nádúr a bhíonn aige;

([23]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(21) ciallaíonn "faisnéis rúnaicmithe" faisnéis nó ábhar, i bhfoirm ar bith, a bhféadfadh nochtadh neamhúdaraithe ina leith a bheith ina chúis le leibhéil éagsúla de dhochar do leasanna an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, agus ar a bhfuil marc rúnaicmithe de chuid an Aontais nó marc rúnaicmithe comhfhreagrach, de réir mar a bhunaítear é sa Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh ([24]);

(22) ciallaíonn "faisnéis íogair" faisnéis agus sonraí, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, atá le cosaint ó rochtain nó nochtadh neamhúdaraithe mar gheall ar oibleagáidí arna leagan síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta nó atá le cosaint ar mhaithe le príobháideacht nó slándáil duine nádúrtha nó duine dlítheanach a choimirciú;

(23) ciallaíonn "tuarascáil speisialta" tuarascáil insoláthartha shonrach ar ghníomhaíocht taighde ina ndéantar achoimre ar na torthaí agus ina dtugtar faisnéis fhairsing ar na bunphrionsabail, na haidhmeanna, na torthaí, na hairíonna bunúsacha, na tástálacha a rinneadh, na tairbhí ionchasacha, na feidhmeanna cosanta ionchasacha agus an chonair shaothraithe a mheastar a bheith i gceist leis an taighde i dtreo na forbartha, lena n-áirítear faisnéis maidir le húinéireacht cearta maoine intleachtúla ach nach gá faisnéis faoi chearta maoine intleachtúla a bheith inti;

(24) ciallaíonn "eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe" eintiteas dlíthiúil arna bhunú i dtríú tír neamhchomhlachaithe nó, i gcás inar bunaíodh san Aontas nó i dtír comhlachaithe é, a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír neamhchomhlachaithe.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí**

1. Is é cuspóir ginearálta an Chiste iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) a chothú ar fud an Aontais, rud a chuireann le neamhspleáchas straitéiseach agus saoirse gníomhaíochta an Aontais, trí thacú le gníomhaíochtaí comhoibríocha agus comhar trasteorann idir eintitis dhlíthiúla ar fud an Aontais, go háirithe idir FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, agus trí ghastacht slabhraí soláthair agus slabhraí luacha na cosanta a neartú agus a fheabhsú, comhar trasteorann idir eintitis dhlíthiúla a leathnú agus saothrú níos fearr a chothú maidir le hacmhainneacht thionsclaíoch na nuálaíochta, an taighde agus na forbartha teicneolaíche, ag gach céim de shaolré tionsclaíoch na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gCiste:

(a) tacú le taighde comhoibríoch a d'fhéadfadh borradh suntasach a chur faoi fheidhmíocht acmhainní a bheidh ann amach anseo ar fud an Aontais, ar taighde é arb é is aidhm dó an nuálaíocht a uasmhéadú agus táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint, agus arb é is aidhm dó an úsáid is éifeachtúla a bheith á baint as caiteachas ar thaighde i gcúrsaí cosanta san Aontas;

(b) tacú leis an bhforbairt chomhoibríoch ar tháirgí agus teicneolaíochtaí cosanta agus, dá bhrí sin, rannchuidiú le héifeachtúlacht níos fearr i dtaca le caiteachas cosanta laistigh den Aontas, sa chaoi go mbainfear amach tuilleadh barainneachtaí scála, go laghdófar an riosca ó dhúbailt neamhriachtanach agus, dá bharr sin, go gcothófar glacadh sa mhargadh le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta Eorpacha agus go laghdófar ilroinnt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta ar fud an Aontais, lena mbeidh mar thoradh air go dtiocfaidh méadú ar chaighdeánú córas cosanta agus beidh idir-inoibritheacht níos fearr ann idir acmhainneachtaí na mBallstát.

Beidh comhoibriú den sórt sin i gcomhréir leis na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) agus go háirithe i gcomhthéacs CDP.

I dtaca leis sin, féadfar tosaíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chur san áireamh nuair a bheidh siad ag freastal ar leasanna slándála agus cosanta an Aontais, mar a chinntear faoi CBES iad, agus é á chur san áireamh gur gá dúbailt neamhriachtanach a sheachaint, agus i gcás inarb iomchuí, sa chás nach gcuirfidh siad cosc ar aon Bhallstát nó ar aon tír chomhlachaithe a bheith rannpháirteach.

([24]) Comhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh (IO C 202, 8.7.2011, lch. 13).

*Airteagal 4*

**Buiséad**

1. I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2021/695, is é EUR 7 953 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chiste don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.

2. Is é a bheidh i ndáileadh na suime dá dtagraítear i mír 1 ná:

(a) is do ghníomhaíochtaí taighde EUR 2 651 000 000 de;

(b) is do ghníomhaíochtaí forbartha EUR 5 302 000 000 de.

Chun freagairt ar imthosca gan choinne nó ar fhorbairtí agus riachtanais nua, féadfaidh an Coimisiún ath-leithdháileadh a dhéanamh ar an tsuim a leithdháileadh i gcomhair gníomhaíochtaí taighde nó forbartha, suas le huasmhéid de 20 %.

3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Ciste a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha a dhearadh, a chur ar bun, a oibriú agus a chothabháil.

4. Déanfar 4 % ar a laghad agus suas le 8 % den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh ar ghlaonna ar thograí nó ar dhámhachtana cistiúcháin lena dtacaítear le teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint.

*Airteagal 5*

**Tíortha comhlachaithe**

Beidh an Ciste oscailte do rannpháirtíocht comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad de LEE, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (tíortha comhlachaithe).

*Airteagal 6*

**Tacaíocht do theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint**

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cistiú a dhámhachtain tar éis comhairliúcháin oscailte phoiblí ar theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint sna réimsí idirghabhála a shainmhínítear sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 24. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin da dtagraítear in Airteagal 34(2).

2. Leagfar síos leis na cláir oibre na cineálacha cistithe is iomchuí do theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint.

*Airteagal 7*

**Eitic**

1. Comhlíonfaidh gníomhaíochtaí arna gcur i gcrích faoin gCiste dlí ábhartha an Aontais, an dlí náisiúnta ábhartha agus an dlí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí sin prionsabail eiticiúla a léirítear freisin i ndlí ábhartha an Aontais, sa dlí náisiúnta ábhartha agus sa dlí idirnáisiúnta ábhartha.

2. Sula síneofar comhaontú cistiúcháin, déanfaidh an Coimisiún scagadh ar thograí, ar bhonn an fhéinmheasúnaithe eitice arna ullmhú ag an gcuibhreannas, d'fhonn na cinn sin as a n-eascraíonn saincheisteanna tromchúiseacha eiticiúla, lena n-áirítear maidir le coinníollacha faoina bhfuil na gníomhaíochtaí le déanamh a shainaithint. I gcás inarb iomchuí, beidh tograí den sórt sin faoi réir measúnú eitice.

Cuirfidh an Coimisiún scagadh agus measúnú eitice i gcrích le tacaíocht ó shaineolaithe neamhspleácha arna gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 26. Beidh cúlraí éagsúla ag na saineolaithe neamhspleácha sin, go háirithe saineolas aitheanta i réimse eitic na cosanta, agus is saoránaigh de chuid an Aontais, ón raon is leithne Ballstát, a bheidh sna saineolaithe neamhspleácha.

Sonrófar sa chomhaontú cistiúcháin na coinníollacha faoina mbeidh gníomhaíochtaí lena mbaineann saincheisteanna atá íogair ó thaobh na heitice de le déanamh.

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na nósanna imeachta eitice chomh trédhearcach agus is féidir agus déanfaidh sé iad a áireamh sa tuarascáil mheastóireachta eatramhach uaidh i gcomhréir le hAirteagal 29.

3. Gheobhaidh na heintitis dhlíthiúla atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht gach formheas, nó gach doiciméad eile a éilíonn na coistí eitice náisiúnta nó áitiúla agus comhlachtaí eile amhail údaráis cosanta sonraí, sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí ábhartha. Coinneofar na formheasanna agus na doiciméid eile sin agus cuirfear ar fáil don Choimisiún iad arna iarraidh sin.

4. Déanfar tograí nach meastar a bheith inghlactha ó thaobh eitice de a dhiúltú.

*Airteagal 8*

**Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas**

1. Is faoi bhainistíocht dhíreach a chuirfear an Ciste chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh comhlachtaí mar a thagraítear dóibh i bpointe (c) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh, i gcásanna a bhfuil bunús cuí leo, faoi bhainistíocht indíreach. Ní chuirfear an nós imeachta roghnúcháin agus dámhachtana dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán seo san áireamh leis sin.

3. Féadfar cistiú a sholáthar leis an gCiste i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, trí dheontais, duaiseanna agus soláthar, agus, i gcás inarb iomchuí i bhfianaise sainiúlachtaí na gníomhaíochta, trí ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha.

4. Is i gcomhréir le Teideal X den Rialachán Airgeadais agus de Rialachán(AE) 2021/523 a chuirfear na hoibríochtaí measctha i gcrích.

5. Beidh ionstraimí airgeadais dírithe go docht ar na faighteoirí amháin.

*Airteagal 9*

**Eintitis dhlíthiúla incháilithe**

1. Beidh faighteoirí agus fochonraitheoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe.

2. Maidir leis an mbonneagar, na saoráidí, na sócmhainní nó na hacmhainní de chuid na bhfaighteoirí agus a bhfochonraitheoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht agus a úsáidtear chun críocha na gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tíre comhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta, agus beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe laistigh den Aontas nó i dtír chomhlachaithe.

3. Chun críocha gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, ní bheidh na faighteoirí agus na fochonraitheoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.

4. De mhaolú ar mhír 3, ní bheidh eintiteas dlíthiúil arna bhunú san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus arna rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe incháilithe le bheith mar fhaighteoir nó fochonraitheoir atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ach amháin má chuirtear ráthaíochtaí arna bhformheas ag an mBallstát nó ag an tír chomhlachaithe ina bhfuil sé bunaithe, i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta, ar fáil don Choimisiún. Féadfaidh na ráthaíochtaí sin a bheith ina dtagairt do struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin an eintitis dhlíthiúil atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe. Más mheasann an Ballstát nó an tír chomhlachaithe ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe go bhfuil siad iomchuí, d'fhéadfadh na ráthaíochtaí sin a bheith ina dtagairt freisin do chearta sonracha rialtasacha i rialú an eintitis an eintitis dhlíthiúil.

Tabharfaidh na ráthaíochtaí sin dearbhuithe nach sáróidh rannpháirtíocht in aon ghníomhaíocht ag eintiteas dlíthiúil den sórt sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstáit mar a bhunaítear i gcreat CBES de bhun Theideal V de CAE, ná na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo. Comhlíonfaidh na ráthaíochtaí Airteagail 20 agus 23 den Rialachán seo freisin. Tabharfaidh na ráthaíochtaí go háirithe bunús go bhfuil bearta i bhfeidhm, chun críocha na gníomhaíochta, lena áirithiú:

(a) nach bhfeidhmeofar rialú an eintitis dhlíthiúil ar bhealach lena gcuirfí srian nó teorainn lena chumas an ghníomhaíocht a dhéanamh agus torthaí a bhaint amach, lena gcuirfí teorainn lena bhonneagar, saoráidí, sócmhainní, acmhainní, maoin intleachtúil nó saineolas is gá chun críocha na gníomhaíochta, nó lena mbainfí dá chumais agus de na caighdeáin is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh;

(b) go bhfuil cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis íogair a bhaineann leis an ngníomhaíocht agus go bhfuil imréiteach náisiúnta slándála, arna eisiúint ag Ballstát nó ag tír chomhlachaithe, ag na fostaithe nó ag daoine eile a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht, i gcás inarb iomchuí;

(c) go bhfanann úinéireacht na maoine intleachtúla a thiocfaidh ón ngníomhaíocht, agus torthaí na gníomhaíochta, leis an bhfaighteoir le linn na gníomhaíochta agus tar éis don ghníomhaíocht a bheith curtha i gcrích agus ní bheidh siad faoi réir rialú nó srianadh tríú tír neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, agus ní dhéanfar iad a onnmhairiú lasmuigh den Aontas nó de thíortha comhlachaithe ná ní bheidh siad inrochtana ó thaobh amuigh den Aontas nó den tír comhlachaithe gan cead a fháil ón mBallstát nó ón tír comhlachaithe ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe agus i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

Má mheasann an Ballstát nó an tír chomhlachaithe ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe go bhfuil siad iomchuí, féadfar tuilleadh ráthaíochtaí a sholáthar.

Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 34 ar an eolas faoi aon eintiteas dlíthiúil eile a mheasfar a bheith incháilithe i gcomhréir leis an mír seo.

5. I gcás nach bhfuil aon ionadaithe iomaíocha ar fáil go héasca san Aontas nó i dtír chomhlachaithe, féadfaidh faighteoirí agus fochonraitheoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht úsáid a bhaint as a sócmhainní, a mbonneagar, a saoráidí agus a n-acmhainní atá lonnaithe nó atá á sealbhú lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, go bhfuil sí comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 agus go gcomhlíonann sí Airteagail 20 agus 23.

Ní bheidh na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin incháilithe do thacaíocht ón gCiste.

6. Agus gníomhaíocht incháilithe á déanamh acu, féadfaidh faighteoirí agus fochonraitheoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht oibriú i gcomhar freisin le heintitis dhlíthiúla atá bunaithe lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe, nó atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as sócmhainní, bonneagar, saoráidí agus acmhainní na n-eintiteas dlíthiúil sin, ar choinníoll nach sárófar leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát leis sin. Beidh comhar den sórt sin comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus comhlíonfaidh sé Airteagail 20 agus 23.

Ní bheidh aon rochtain neamhúdaraithe ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó eintiteas eile de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis rúnaicmithe a bhaineann le cur i ngníomh na gníomhaíochta agus seachnófar éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le slándáil sholáthar na n-ionchur atá riachtanach don ghníomhaíocht.

Ní bheidh costais na ngníomhaíochtaí sin incháilithe chun tacaíocht a fháil ón gCiste.

7. Cuirfidh na hiarratasóirí an fhaisnéis ábhartha riachtanach uile ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta. I gcás ina dtarlódh athrú le linn do ghníomhaíocht a bheith á déanamh lena bhféadfaí amhras a chaitheamh ar na critéir incháilitheachta a bheith á gcomhlíonadh, cuirfidh an t-eintiteas dlíthiúil ábhartha an Coimisiún ar an eolas agus measúnóidh an Coimisiún an leantar de na critéir incháilitheachta sin a chomhlíonadh agus féachfaidh sé an bhféadfadh an t-athrú sin aon tionchar a imirt ar chistiú na gníomhaíochta.

8. Chun críocha an Airteagail seo, tagraíonn "fochonraitheoirí atá bainteach le gníomhaíocht" d'fhochonraitheoirí a bhfuil gaol conarthach díreach acu le faighteoir, fochonraitheoirí eile ar a bhfuil ar a laghad 10 % de chostais iomlána incháilithe ná gníomhaíochta á leithdháileadh, agus fochonraitheoirí a bhféadfaidh sé go dteastóidh rochtain uathu ar fhaisnéis rúnaicmithe chun an ghníomhaíocht a dhéanamh. Ní comhaltaí den chuibhreannas iad fochonraitheoirí atá bainteach le gníomhaíocht.

*Airteagal 10*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

1. Ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 chun feidhme incháilithe chun cistiú a fháil.

2. Leis an gCiste, cuirfear tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua agus uasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, ar choinníoll nach bhfuil úsáid na faisnéise a bhí ann roimhe agus is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh don uasghrádú faoi réir srianadh ó thríú tír neamhchomhlachaithe nó ó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó ná ceann amháin, ar shlí a d'fhágfadh nach féidir an ghníomhaíocht a chur i gcrích.

3. Beidh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas i gceist le gníomhaíocht incháilithe:

(a) gníomhaíochtaí arb é is aidhm leo eolas, táirgí agus teicneolaíochtaí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint, lenar féidir éifeachtaí suntasacha a bhaint amach i réimse na cosanta, a chruthú, a neartú agus a fheabhsú;

(b) gníomhaíochtaí arb é is aidhm leo idir-inoibritheacht agus athléimneacht a mhéadú, lena n-áirítear táirgeadh agus malartú slán sonraí, chun ardchumas a bhaint amach i ndáil le teicneolaíochtaí cosanta barrthábhachtacha, chun slándáil an tsoláthair a neartú nó chun éascaíocht a dhéanamh ar shaothrú éifeachtach torthaí le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta;

(c) staidéir, amhail staidéir féidearthachta chun an indéantacht a bhaineann le teicneolaíochtaí, táirgí, próisis, seirbhísí agus réitigh – idir nua is uasghrádaithe– a scrúdú;

(d) dearadh táirge chosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta, mar aon leis an sainmhíniú ar na sonraíochtaí teicniúla ar a ndearnadh dearadh den chineál sin a fhorbairt, lena n-áirítear tástálacha páirteacha chun riosca a laghdú i dtimpeallacht thionsclaíoch nó ionadaíoch;

(e) córas fréamhshamhaltaithe táirge cosanta, comhpháirte nó teicneolaíochta inláimhsithe nó doláimhsithe;

(f) tástálacha táirge chosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta;

(g) cáiliú táirge chosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta;

(h) deimhniú táirge chosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta;

(i) forbairt na dteicneolaíochtaí nó na sócmhainní lena méadaítear éifeachtúlacht thar shaolré na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta;

4. Déanfaidh eintitis dhlíthiúla an ghníomhaíocht a bheidh ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas le trí eintiteas incháilithe ar a laghad atá bunaithe i dtrí Bhallstát éagsúla nó i dtrí thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad. Le linn na tréimhse iomláine ina ndéantar an ghníomhaíocht, ní dhéanfaidh an t-eintiteas céanna rialú díreach nó indíreach ar thrí cinn, ar a laghad, de na heintitis dhlíthiúla incháilithe sin atá bunaithe in dhá Bhallstát éagsúla nó in dhá thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad, agus ní dhéanfaidh siad rialú ar a chéile.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint nó i dtaca le gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 3.

6. Maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmiscthe faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme, ní bheidh na gníomhaíochtaí sin incháilithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste.

Thairis sin, maidir le gníomhaíochtaí chun airm uathrialacha mharfacha a fhorbairt gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine, ní bheidh siad incháilithe do thacaíocht ón gCiste, gan dochar don fhéidearthacht cistiú a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí chun córais luathrabhaidh agus frithbhearta a fhorbairt chun críocha cosanta.

*Airteagal 11*

**Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana**

1. Tabharfar cistiú ón Aontas tar éis glaonna iomaíocha le haghaidh tograí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

I gcásanna a bhfuil bunús cuí leo agus in imthosca eisceachtúla, féadfar cistiú ón Aontas a dheonú freisin gan glao ar thograí i gcomhréir le pointe (e) den chéad mhír d'Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais.

2. Dámhfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an cistiú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 12*

**Critéir dhámhachtana**

Is ar bhonn na gcritéar seo a leanas a dhéanfar measúnú ar gach togra:

(a) rannchuidiú an togra le barr feabhais nó acmhainneacht suaite i réimse na cosanta, go háirithe trína léiriú go n-eascróidh buntáistí suntasacha as na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ón ngníomhaíocht bheartaithe, ar buntáistí iad nach bhfuil ag táirgí ná teicneolaíochtaí um chosaint atá ann cheana féin;

(b) rannchuidiú an togra le nuáil agus forbairt theicneolaíoch thionscal cosanta na hEorpa, go háirithe trína léiriú go n-áirítear sa ghníomhaíocht bheartaithe cur chuige agus coincheapa ceannródaíocha nuálacha, feabhsuithe teicneolaíocha nua a bhfuil gealladh fúthu don todhchaí nó cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nó coincheap nár cuireadh i bhfeidhm cheana in earnáil na cosanta, agus dúbláil neamhriachtanach á seachaint;

(c) rannchuidiú an togra le hiomaíocht thionscal cosanta na hEorpa, trína léiriú go bhfuil a chóimhéid den chostéifeachtúlacht agus éifeachtacht le fáil go dearfach agus go follasach sa ghníomhaíocht atá beartaithe agus, dá bhrí sin, go gcruthaítear deiseanna nua margaidh léi ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin agus go gcuirtear dlús léi le fás cuideachtaí ar fud an Aontais;

(d) rannchuidiú an togra le féinriar EDTIB, lena n-áirítear trína neamhspleáchas ar fhoinsí neamhAontais a mhéadú, agus trí shlándáil an tsoláthair a neartú; rannchuidiú le leasanna slándála agus cosanta an Aontais i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 3;

(e) rannchuidiú an togra le comhar nua trasteorann a chruthú idir eintitis dhlíthiúla atá bunaithe sna Ballstáit nó i dtíortha comhlachaithe, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe a bhfuil rannpháirt nach beag acu sa ghníomhaíocht, mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair, agus atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe seachas iad sin ina bhfuil eintitis dhlíthiúla atá ag comhoibriú i gcuibhreannas, nach FBManna ná cuideachtaí meánchaipitlithe iad, bunaithe;

(f) an cháilíocht agus an éifeachtúlacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht a dhéanamh.

*Airteagal 13*

**Rátaí cómhaoiniúcháin**

1. Déanfaidh an Ciste suas le 100 % de chostais incháilithe gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán seo a mhaoiniú gan dochar d'Airteagal 190 den Rialachán Airgeadais.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo:

(a) maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 10(3), ní bheidh an tacaíocht ón gCiste níos airde ná 20 % de na costais incháilithe;

(b) maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (f), (g) agus (h) d'Airteagal 10(3), ní bheidh an tacaíocht ón gCiste níos airde ná 80 % de na costais incháilithe.

3. Maidir le gníomhaíochtaí forbartha, méadófar na rátaí cistiúcháin sna cásanna seo a leanas:

(a) gníomhaíocht arna forbairt i gcomhthéacs thionscadal PESCO, arna bunú le Cinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle ([25]), d'fhéadfadh sé go mbainfeadh sí tairbhe as méadú 10 bpointe céatadáin breise ar an ráta cistiúcháin;

(b) féadfaidh gníomhaíocht tairbhe a bhaint as ráta cistiúcháin méadaithe, mar a thagraítear dó sa phointe seo, i gcás ina ndéanfar 10 % ar a laghad de chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta a leithdháileadh ar FBManna atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe agus atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair.

Féadfar an ráta cistiúcháin a mhéadú de phointí céatadáin atá coibhéiseach le céatadán chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta atá leithdháilte ar FBManna atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe ina bhfuil faighteoirí nach FBManna iad bunaithe agus a bhfuil rannpháirt acu sa ghníomhaíocht mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair, suas le 5 pointí céatadáin breise.

Féadfar an ráta cistiúcháin a mhéadú de phointí céatadáin atá coibhéiseach le dhá oiread an chéatadáin de chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta atá leithdháilte ar FBManna atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe, seachas na cinn sin ina bhfuil faighteoirí nach FBManna iad bunaithe agus a bhfuil rannpháirt acu sa ghníomhaíocht mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair;

(c) féadfaidh gníomhaíocht tairbhe a bhaint as ráta cistiúcháin méadaithe dar luach 10 bpointe céatadáin, i gcás ina mbíonn ar a laghad 15 % de chostais iomlána incháilithe na gníomhaíochta á leithdháileadh ar chuideachtaí meánchaipitlithe atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe.

Ní bheidh an méadú foriomlán ar ráta cistiúcháin gníomhaíochta tar éis pointí (a), (b) agus (c) a chur i bhfeidhm níos airde ná 35 phointe céatadáin.

Ní chumhdófar níos mó ná 100 % de chostais incháilithe na gníomhaíochta le tacaíocht ón gCiste, lena n-áirítear rátaí cistiúcháin méadaithe.

*Airteagal 14*

**Acmhainn airgeadais**

1. In ainneoin Airteagal 198(5) den Rialachán Airgeadais, ní fhíorófar ach acmhainn airgeadais comhordaitheora agus ní dhéanfar sin ach amháin i gcás gurb ionann an cistiú arna iarraidh ón Aontas agus EUR 500 000 ar a laghad.

Mar sin féin, sa chás go bhfuil bunús le hamhras a chur in acmhainn airgeadais iarratasóra nó comhordaitheora, fíoróidh an Coimisiún freisin acmhainn airgeadais iarratasóirí nó comhordaitheoirí i gcás go mbeidh an cistiú arna iarraidh ón Aontas faoi bhun EUR 500 000.

2. Ní fhíorófar acmhainn airgeadais i gcás eintitis dhlíthiúla a bhfuil a n-inmharthanacht ráthaithe ag údaráis ábhartha na mBallstát.

3. Má tá acmhainn airgeadais ráthaithe ó thaobh struchtúir de ag eintiteas dlíthiúil eile, fíorófar acmhainn airgeadais an eintitis dlíthiúil eile sin freisin.

*Airteagal 15*

**Costais indíreacha**

1. De mhaolú ar Airteagal 181(6) den Rialachán Airgeadais, cinnfear costais incháilithe indíreacha trí ráta comhréidh 25 % de chostais incháilithe dhíreacha iomlána na gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, cé is moite de na costais incháilithe dhíreacha a bhaineann le fochonraitheoireacht agus tacaíocht do thríú páirtithe agus aon chostas aonaid nó aon chnapshuim a bhfuil costais indíreacha san áireamh leo.

2. De mhalairt air sin, féadfar costais incháilithe indíreacha a chinneadh i gcomhréir le gnáthchleachtais cuntasaíochta costála an fhaighteora ar bhonn costais indíreacha iarbhír ar choinníoll go nglacann údaráis náisiúnta leis na cleachtais cuntasaíochta costála sin i gcás gníomhaíochtaí inchomparáide i réimse na cosanta, i gcomhréir le hAirteagal 185 den Rialachán Airgeadais, agus go gcuireann an faighteoir na gnáthchleachtais sin in iúl don Choimisiún.

([25]) Cinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (IO L 331, 14.12.2017, lch. 57).

*Airteagal 16*

**Úsáid a bhaint as ranníocaíocht nach mbaineann le costais ná le cnapshuim aonair**

I gcás ina ndéanann deontas de chuid an Aontais cómhaoiniú is ísle ná 50 % de chostais iomlána na gníomhaíochta, is ceadmhach don Choimisiún úsáid a bhaint as ceann de na nithe seo a leanas:

(a) ranníocaíocht nach bhfuil nasctha le costais dá dtagraítear in Airteagal 180(3) den Rialachán Airgeadais agus atá bunaithe ar ghnóthú torthaí arna dtomhas trí thagairt a dhéanamh do gharspriocanna a socraíodh roimh ré nó trí bhíthin táscairí feidhmíochta; nó

(b) cnapshuim aonair dá dtagraítear in Airteagal 182 den Rialachán Airgeadais agus atá bunaithe ar bhuiséad sealadach na gníomhaíochta arna formhuiniú cheana féin ag údaráis náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe cómhaoinithe.

Áireofar costais indíreacha sa chnapshuim dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad mhír.

*Airteagal 17*

**Soláthar réamhthráchtála**

1. Féadfaidh an tAontas tacú le soláthar réamhthráchtála trí dheontas a dhámhachtain d'údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/24/AE ([26]) agus 2014/25/AE ([27]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bhfuil taighde cosanta agus seirbhísí forbartha á soláthar go comhpháirteach acu nó atá ag comhordú a nósanna imeachta soláthair go comhpháirteach.

2. Na nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear i mír 1:

(a) comhlíonfaidh siad an Rialachán seo;

(b) féadfaidh siad dámhachtain conarthaí iolracha a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú);

(c) déanfaidh siad foráil maidir le dámhachtain na gconarthaí ar an táirgeoir/na táirgeoirí lena dtugtar an luach airgid is fearr agus a áirithiú nach bhfuil aon choinbhleachtaí leasa ann san am céanna.

*Airteagal 18*

**Ciste Ráthaíochta**

Le ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh, féadfar an riosca a bhaineann le gnóthú na suimeanna atá dlite ag faighteoirí a chumhdach agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach é faoin Rialachán Airgeadais. Beidh feidhm ag Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2021/695.

*Airteagal 19*

**Critéir incháilitheachta le haghaidh soláthair agus duaiseanna**

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 9 agus 10 maidir le duaiseanna.

2. De mhaolú ar Airteagal 176 den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 9 den Rialachán seo, mar aon le hAirteagal 10 den Rialachán seo, maidir le soláthar staidéar dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 10(3) den Rialachán seo.

([26]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.03.2014, lch. 65).

([27]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.03.2014, lch. 243).

TEIDEAL II

**FORÁLACHA SONRACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE**

*Airteagal 20*

**Úinéireacht thorthaí na ngníomhaíochtaí taighde**

1. Beidh torthaí gníomhaíochtaí taighde a fhaigheann tacaíocht ón gCiste faoi úinéireacht na bhfaighteoirí a ghineann iad. I gcás ina nginfidh eintitis dhlíthiúla torthaí go comhpháirteach, agus i gcás nach bhféadfar a rannchuidiú faoi seach a dhearbhú, nó i gcás nach bhféadfar na torthaí comhpháirteacha sin a scaradh, beidh na torthaí faoi úinéireacht chomhpháirteach na n-eintiteas dlíthiúil. Déanfaidh úinéirí comhpháirteacha comhaontú maidir le leithdháileadh a scaireanna agus téarmaí fheidhmiú a n-úinéireachta comhpháirtí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin gcomhaontú deontais.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina dtugtar tacaíocht ón Aontas mar sholáthar poiblí, beidh úinéireacht ag an Aontas ar thorthaí gníomhaíochtaí taighde a fhaigheann tacaíocht ón gCiste. Beidh cearta rochtana ag na Ballstáit agus ag tíortha comhlachaithe ar na torthaí, saor in aisce, ar iarraidh i scríbhinn.

3. Ní bheidh torthaí na ngníomhaíochtaí taighde a fhaigheann tacaíocht ón gCiste faoi réir aon rialaithe nó sriain ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear ó thaobh aistriú teicneolaíochta de.

4. A mhéid a bhaineann le torthaí arna nginiúint ag faighteoirí trí ghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste agus gan dochar do mhír 9 den Airteagal seo, tabharfar fógra don Choimisiún sula ndéanfar aon aistriú úinéireachta nó aon cheadúnais eisiach a dheonú do thríú tír neamhchomhlachaithe nó d'eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe. Sa chás go sáraíonn aistriú úinéireachta nó deonú ceadúnais eisiach mar sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát nó na cuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 3 iad, aisíocfar an tacaíocht a cuireadh ar fáil faoin gCiste.

5. Beidh cearta rochtana ag údaráis náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe ar na tuarascálacha speisialta. Tabharfar na cearta rochtana sin saor ó ríchíosanna agus aistreoidh an Coimisiún iad chuig na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe tar éis don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na hoibleagáidí rúndachta iomchuí i bhfeidhm.

6. Ní úsáidfidh údaráis náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe an tuarascáil speisialta ach amháin chun críocha a bhaineann le húsáid i ndáil lena bhfórsaí armtha nó fórsaí slándála nó faisnéise, lena n-áirítear faoi chuimsiú a gclár comhoibritheach. Áireofar san úsáid sin staidéar, meastóireacht, measúnú, taighde, dearadh, glacadh agus deimhniúchán táirgí, oibriú, oiliúint agus diúscairt táirgí, chomh maith le ceanglais theicniúla maidir le soláthar a mheasúnú agus a dhréachtú.

7. Tabharfaidh na faighteoirí cearta rochtana ar thorthaí na ngníomhaíochtaí taighde a fhaigheann tacaíocht ón gCiste saor ó ríchíosanna d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais chun na críche a bhfuil bunús cuí léi beartais agus cláir an Aontais atá ann cheana i réimsí a inniúlachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Beidh na cearta rochtana sin teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch.

8. Déanfar forálacha sonracha maidir le húinéireacht, cearta rochtana agus ceadúnú a leagan síos sna comhaontuithe cistiúcháin agus sna conarthaí maidir le soláthar réamhthráchtála chun a áirithiú go nglacfar leis na torthaí a mhéid is féidir agus chun buntáistí míchuí a sheachaint. Beidh ar a laghad cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar na torthaí le haghaidh a n-úsáide féin ag na húdaráis chonarthacha, agus beidh an ceart acu ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe nó an ceart acu ceangal a chur ar fhaighteoirí iad a dheonú, chun na torthaí a shaothrú faoi choinníollacha córa réasúnacha, gan aon cheart a bheith ag na tríú páirtithe sin focheadúnas a dheonú. Beidh rochtain saor ó ríchíosanna ag gach Ballstát agus gach tír chomhlachaithe ar an tuarascáil speisialta. I gcás nach ndéanfaidh conraitheoir saothrú tráchtála ar na torthaí laistigh de thréimhse shocraithe tar éis an tsoláthair réamhthráchtála mar a shainaithnítear sa chonradh, aistreoidh sé úinéireacht na dtorthaí chuig na húdaráis chonarthacha.

9. Leis na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ní dhéanfar difear d'onnmhairiú táirgí, trealaimh nó teicneolaíochtaí a dhéanann comhtháthú ar thorthaí gníomhaíochtaí taighde a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, agus ní dhéanfar difear do lánrogha na mBallstát i ndáil lena mbeartais maidir le honnmhairiú táirgí atá bainteach le cosaint.

10. I gcás dhá Bhallstát nó dhá thír chomhlachaithe nó níos mó, go hiltaobhach nó faoi chuimsiú an Aontais, a chuir conradh amháin nó roinnt conarthaí i gcrích le faighteoir amháin nó níos mó chun na gníomhaíochtaí taighde a fhaigheann tacaíocht ón gCiste a fhorbairt tuilleadh, beidh cearta rochtana acu ar na torthaí sin a mhéid atá siad faoi úinéireacht na bhfaighteoirí sin agus riachtanach chun an conradh nó na conarthaí a chomhlíonadh. Tabharfar na cearta rochtana sin saor ó ríchíosanna agus faoi choinníollacha sonracha a mbeidh sé mar aidhm leo a áirithiú nach n-úsáidtear na cearta sin ach amháin chun críche an chonartha nó na gconarthaí agus go gcuirtear na hoibleagáidí rúndachta iomchuí i bhfeidhm.

TEIDEAL III

## FORÁLACHA SONRACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORBARTHA

*Airteagal 21*

### Critéir incháilitheachta bhreise le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha

1. Léireoidh an cuibhreannas go bhfuil na costais a bhaineann le gníomhaíocht nach bhfuil cumhdaithe ag tacaíocht ón Aontas le cumhdú trí bhíthin bealaí maoiniúcháin eile, amhail ranníocaíochtaí **ó** na Ballstáit nó ó na tíortha comhlachaithe nó cómhaoiniú ó eintitis dhlíthiúla.

2. Beidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 10(3) bunaithe ar cheanglais cumais cosanta chomhchuibhithe arna gcomhaontú go comhpháirteach ag dhá Bhallstát nó ag dhá thír chomhlachaithe ar a laghad.

3. Maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (e) go (h) d'Airteagal 10(3), léireoidh an cuibhreannas, trí bhíthin doiciméid arna n-eisiúint ag údaráis náisiúnta, an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil sé beartaithe ag, ar a laghad, dhá Bhallstát nó dhá thír chomhlachaithe an táirge deiridh a sholáthar nó an teicneolaíocht a úsáid ar bhealach comhordaithe, lena n-áirítear trí sholáthar comhpháirteach, i gcás inarb infheidhme;

(b) go bhfuil an ghníomhaíocht bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla coiteanna arna gcomhaontú go comhpháirteach ag na Ballstáit nó tíortha comhlachaithe a dhéanfaidh an ghníomhaíocht a chómhaoiniú nó a bhfuil sé beartaithe acu an táirge deiridh a sholáthar go comhpháirteach nó an teicneolaíocht a úsáid go comhpháirteach.

*Airteagal 22*

### Critéir dhámhachtana bhreise le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha

Chomh maith leis na critéir dhámhachtana dá dtagraítear in Airteagal 12, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh leis an gclár oibre:

(a) an rannchuidiú le héifeachtúlacht a mhéadú thar shaolré táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena n-áirítear cost-éifeachtúlacht agus an acmhainneacht le haghaidh sineirgí sna próisis soláthair, chothabhála agus diúscartha;

(b) an rannchuidiú le comhtháthú breise thionscal cosanta na hEorpa ar fud an Aontais trína léiriú ar pháirt na bhfaighteoirí go bhfuil gealltanas tugtha ag na Ballstáit an táirge deiridh nó an teicneolaíocht deiridh a úsáid, a bheith faoina n-úinéireacht nó a chothabháil go comhpháirteach ar bhealach comhordaithe.

*Airteagal 23*

### Úinéireacht thorthaí na ngníomhaíochtaí taighde

1. Ní bheidh na táirgí nó na teicneolaíochtaí cosanta a thiocfaidh as gníomhaíochtaí forbartha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste i seilbh an Aontais, ná ní bheidh aon éileamh aige i dtaca le IPRanna a bhaineann leis na bearta sin.

2. Ní bheidh torthaí na ngníomhaíochtaí forbartha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste faoi réir aon rialaithe nó sriain ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear ó thaobh aistriú teicneolaíochta de.

3. Ní dhéanfar difear leis an Rialachán seo do lánrogha na mBallstát i ndáil lena mbeartais maidir le honnmhairiú táirgí atá bainteach le cosaint.

4. A mhéid a bhaineann le torthaí arna nginiúint ag faighteoirí trí ghníomhaíochtaí forbartha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste agus gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, tabharfar fógra don Choimisiún, sula ndéanfar aon aistriú úinéireachta do thríú tír neamhchomhlachaithe nó d'eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe. Sa chás go sáraíonn aistriú úinéireachta mar sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát nó na cuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 3 iad, aisíocfar an tacaícoht ón gCiste a cuireadh ar fáil.

5. I gcás go gcuirtear tacaícoht ón Aontas ar fáil mar sholáthar poiblí staidéir, beidh an ceart, in aisce, ag na Ballstáit uile nó ag tíortha comhlachaithe uile ar cheadúnas neamheisiach chun an staidéar a úsáid, ar iarraidh i scríbhinn.

TEIDEAL IV

## RIALACHAS, FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS RIALÚ

*Airteagal 24*

### Cláir oibre

1. Cuirfear an Ciste chun feidhme trí bhíthin cláir oibre bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 110(2) den Rialachán Airgeadais. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. Leagfar amach sna cláir oibre an buiséad foriomlán chun tairbhe rannpháirtíocht FBManna trasteorann.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cláir oibre dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

3. Leagfar amach go mionsonraithe sna cláir oibre na topaicí taighde agus catagóirí na ngníomhaíochtaí a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh ón gCiste. Beidh na catagóirí sin i gcomhréir leis na tosaíochtaí cosanta dá dtagraítear in Airteagal 3.

Cé is moite den chuid den chlár oibre atá tiomnaithe do theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint, cumhdófar táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta sna topaicí agus catagóirí gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír sna réimsí seo a leanas:

(a) ullmhú, cosaint, imlonnú agus inbhuanaitheacht;

(b) bainistiú agus barrfheabhas faisnéise agus ceannas, rialú, cumarsáid, ríomhairí, faisnéisíocht, faireachas agus taiscéalaíocht (C4ISR), cibearchosaint agus cibearshlándáil; agus

(c) rannpháirtíocht agus éifeachtóirí.

4. Beidh sna cláir oibre, i gcás inarb iomchuí, ceanglais fheidhmiúla agus sonrófar iontu cineál an chistithe ón Aontas faoi Airteagal 8, ach ní chuirfear cosc le hiomaíocht ar leibhéal na nglaonna ar thograí ag an am céanna.

Féadfar a chur san áireamh sna cláir oibre freisin aistriú thorthaí na ngníomhaíochtaí taighde ina léirítear breisluach agus a fhaigheann tacaíocht cheana ón gCiste chomh fada leis an gcéim forbartha.

*Airteagal 25*

### Comhairliúchán leis an mbainisteoir tionscadail

I gcás ina gceapfar bainisteoir tionscadail, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán leis an mbainisteoir tionscadail maidir le dul chun cinn i ndáil leis an ngníomhaíocht sula bhforghníomhófar an íocaíocht.

*Airteagal 26*

**Saineolaithe neamhspleácha**

1. Ceapfaidh an Coimisiún saineolaithe neamhspleácha chun cúnamh a thabhairt le scagadh agus measúnú eitice dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo agus leis an meastóireacht ar thograí de bhun Airteagal 237 den Rialachán Airgeadais.

2. Is náisiúnaigh ón raon Ballstát is leithne is féidir a bheidh sna saineolaithe neamhspleácha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus roghnófar iad ar bhonn glaonna ar léirithe spéise a sheolfar chuig aireachtaí cosanta agus gníomhaireachtaí fo-ordaithe, comhlachtaí ábhartha eile de chuid an rialtais, institiúidí taighde, ollscoileanna, comhlachais ghnó nó fiontair san earnáil cosanta d'fhonn liosta saineolaithe neamhspleácha a bhunú. De mhaolú ar Airteagal 237 den Rialachán Airgeadais, ní chuirfear an liosta saineolaithe ar fáil don phobal.

3. Déanfaidh an Ballstát ábhartha dintiúir shlándála na saineolaithe neamhspleácha a cheapfar a bhailíochtú.

4. An coiste dá dtagraítear in Airteagal 34, cuirfear ar an eolas é maidir leis an liosta saineolaithe neamhspleácha, ar mhaithe le trédhearcacht maidir lena sonraí aitheantais slándála, ar bhonn bliantúil. Áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfaidh saineolaithe neamhspleácha meastóireacht ná nach dtabharfaidh siad comhairle nó cabhair i ndáil le hábhair ina bhfuil aon choinbhleachtaí leasa acu.

5. Roghnófar na saineolaithe neamhspleácha ar bhonn na scileanna, na taithí agus an eolais is ábhartha maidir leis na cúraimí a bheidh le sannadh dóibh.

*Airteagal 27*

**Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe a chur i bhfeidhm**

1. Faoi raon feidhme an Rialacháin seo:

(a) áiritheoidh gach Ballstát go ndéanann sé leibhéal cosanta a thairiscint d'fhaisnéis rúnaicmithe de chuid AE atá coibhéiseach lena dtugtar faoi rialacha slándála na Comhairle a leagtar amach i gCinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([28]);

(b) tabharfaidh an Coimisiún cosaint d'fhaisnéis rúnaicmithe i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444;

(c) ní fhéadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír ná daoine dlítheanacha atá bunaithe i dtríú tír faisnéis rúnaicmithe an Aontais a bhaineann leis an gCiste a láimhseáil ach amháin i gcás ina mbeidh siad faoi réir rialacháin slándála, sna tíortha sin, lena n-áiritheofar leibhéal cosanta atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal cosanta a thugtar faoi rialacha slándála an Choimisiúin agus na Comhairle, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 agus i gCinneadh 2013/488/AE, faoi seach;

(d) leagfar síos coibhéis na rialachán slándála a chuirtear i bhfeidhm i dtríú tír nó a chuireann eagraíocht idirnáisiúnta i bhfeidhm i gcomhaontú um shlándáil faisnéise, lena n-airítear ábhair a bhaineann le slándáil thionsclaíoch más ábhartha, a thabharfar i gcrích nó a bheidh le tabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 218 CFAE agus Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE á chur san áireamh; agus

(e) gan dochar d'Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE agus do na rialacha lena rialaítear réimse na slándála tionsclaíche a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444, féadfar rochtain a thabhairt do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, do thríú tír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta ar fhaisnéis rúnaicmithe de chuid AE i gcás ina measfar gur gá sin agus ar bhonn cás ar chás, de réir chineál agus inneachar na faisnéise sin, an ghá don fhaighteoir a bheith ar an eolas, agus mhéid an bhuntáiste don Aontas.

2. Nuair a bhíonn faisnéis rúnaicmithe i gceist le gníomhaíochtaí, nuair a éilítear faisnéis rúnaicmithe iontu, nó nuair a bhíonn faisnéis rúnaicmithe iontu, sonróidh an comhlacht cistiúcháin ábhartha sna doiciméid a bhaineann leis an nglao ar thograí nó ar thairiscintí na bearta agus ceanglais is gá chun slándáil na faisnéise sin a áirithiú ar an leibhéal is gá.

([28]) Cinneadh 2013/488 ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

3. Cuirfidh an Coimisiún córas malartaithe slán ar bun chun malartú faisnéise íogaire, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, a éascú idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe agus, i gcás inarb iomchuí, leis na hiarratasóirí agus na faighteoirí. Cuirfear rialacha náisiúnta slándála na mBallstát san áireamh sa chóras sin.

4. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil na faighteoirí bunaithe ar a gcríoch tionscnóirtheacht faisnéise tulra rúnaicmithe arna giniúint agus gníomhaíocht taighde nó forbartha á cur i gcrích a chinneadh. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit sin cinneadh a dhéanamh maidir le creat slándála sonrach i gcomhair cosaint agus láimhseáil faisnéise rúnaicmithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas ina leith sin. Beidh an creat slándála sin gan dochar d'fhéidearthacht an Choimisiúin rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis is gá chun an ghníomhaíocht taighde nó forbartha a dhéanamh.

Mura gcuirfidh na Ballstáit sin creat slándála sonrach den chineál sin ar bun, cuirfidh an Coimisiún an creat slándála don ghníomhaíocht ar bun i gcomhréir le forálacha Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún.

Ní mór an creat slándála is infheidhme a bheith i bhfeidhm, i gcás ar bith, roimh shíniú an chomhaontaithe cistithe nó an chonartha.

*Airteagal 28*

**Faireachán agus tuairisciú**

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn na táscairí chun tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn an Chiste maidir le gnóthú na gcuspóirí sonracha a leagtar síos in Airteagal 3(2).

2. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chiste maidir le gnóthú a chuspóirí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 33, chun an Iarscríbhinn a leasú a mhéid a bhaineann leis na táscairí i gcás ina measfar gur gá sin, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Chiste ar bhonn rialta agus tabharfaidh sé tuairisc ar bhonn bliantúil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh, lena n-áirítear an bealach a bhfuil na ceachtanna a sainaithníodh agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó EDIDP agus ó PADR á gcur san áireamh agus an Ciste á chur chun feidhme, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún na socruithe faireacháin is gá i bhfeidhm.

4. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí an Chiste ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, ar Bhallstáit.

*Airteagal 29*

**Meastóireacht ar an gCiste**

1. Déanfar meastóireachtaí ar an gCiste go tráthúil ionas go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta.

2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gCiste a luaithe a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chiste, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thússhréimhse cur chun feidhme an Chiste.

Áireofar na nithe seo a leanas go háirithe sa tuarascáil ar an meastóireacht eatramhach lena gcumhdófar an tréimhse go dtí an 31 Iúil 2024:

(a) na forálacha a bhaineann le saineolaithe neamhspleácha lena n-áirítear na nithe seo a leanas i dtaca le:

(i) na forálacha a bhaineann le saineolaithe neamhspleácha;

(ii) cur chun feidhme na nósanna imeachta eitice a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán seo;

(b) na ceachtanna arna bhfoghlaim ó EDIDP agus ó PADR;

(c) na rátaí cur chun feidhme;

(d) na torthaí maidir le tionscadail a dhámhachtain lena n-áirítear leibhéal rannpháirtíochta FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe agus leibhéal a rannpháirtíochta trasteorann;

(e) rátaí aisíocaíochta na gcostas indíreach a leagtar amach in Airteagal 15 den Rialachán seo;

(f) na suimeanna arna leithdháileadh ar theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint i nglaonna ar thograí; agus

(g) cistiú arna dheonú i gcomhréir le hAirteagal 195 den Rialachán Airgeadais.

Beidh faisnéis sa mheastóireacht eatramhach freisin maidir le tíortha tionscnaimh na bhfaighteoirí, líon na dtíortha atá rannpháirteach sna tionscadail aonair agus, i gcás inar féidir, dáileadh IPRanna a gineadh. Féadfaidh an Coimisiún tograí a chur isteach maidir le haon leasú ábhartha ar an Rialachán seo.

3. Ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2031, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar chur chun feidhme an Chiste agus ullmhóidh sé tuarascáil ar chur chun feidhme an Chiste.

Leis an tuarascáil mheastóireachta deiridh, déanfar an méid seo a leanas:

(a) áireofar torthaí an chur chun feidhme agus, a mhéid is féidir, tionchar an Chiste inti;

(b) beidh sí mar fhorbairt ar chomhairliúcháin ábhartha leis na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe agus geallsealbhóirí barrthábhachtacha agus déanfar measúnú léi go háirithe ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le gnóthú na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3;

(c) beidh sí ina cabhair freisin chun na cásanna a shainaithint ina bhfuil an tAontas spleách ar thríú tíortha i dtaca le forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta;

(d) déanfar anailís inti freisin ar rannpháirtíocht trasteorann, lena n-áirítear rannpháirtíocht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, i ngníomhartha arna ndéanamh faoin gCiste chomh maith le comhtháthú FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe sa slabhra luacha domhanda agus rannchuidiú an Chiste agus aghaidh á tabhairt ar na heasnaimh arna n-aithint i CDP; agus

(e) beidh faisnéis inti freisin maidir le tíortha tionscnaimh na bhfaighteoirí agus, i gcás inar féidir, dáileadh IPRanna arna nginiúint.

4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

*Airteagal 30*

**Iniúchtaí**

Is é a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais na hiniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais sainordú dóibh. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais a bhaineann le hioncam agus caiteachas uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

*Airteagal 31*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chiste trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraime dlíthiúla eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

*Airteagal 32*

**Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. Beidh forálacha sa chomhaontú cistithe nó maoiniúcháin lena rialófar an deis páipéar acadúil a fhoilsiú bunaithe ar thorthaí gníomhaíochtaí taighde.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCiste, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Chiste agus leis na torthaí a baineadh amach.

Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gCiste ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorporáideach a dhéanamh i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

3. Trí acmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gCiste, féadfar rannchuidiú freisin le heagrú gníomhaíocht-aíscaipthe, imeachtaí meaitseála agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta, go háirithe iad sin a mbeadh sé mar aidhm leo slabhraí soláthair a oscailt chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a chothú.

TEIDEAL V

**GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE, GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME, FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 33*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 28 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 12 Bealtaine 2021.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 28 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 28 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 34*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Tabharfar cuireadh don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint a barúlacha agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir. Tabharfar cuireadh freisin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnamh a thabhairt don choiste.

Tiocfaidh an coiste le chéile freisin i bhfoirmíochtaí speisialta, lena n-áirítear chun plé a dhéanamh ar ghnéithe cosanta agus slándála a bhaineann le gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin gCiste.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 35*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

*Airteagal 36*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de na gníomhaíochtaí sin, ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí sin, arna dtionscnamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1092 nó PADR, ar Rialachán é nó ar Réamhghníomhaíocht í a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige nó aici maidir leis na gníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu agus maidir lena dtorthaí.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chiste na costais theicniúla agus chúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Ciste agus na bearta arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1092 agus PADR a áirithiú.

3. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 31 Nollaig 2027 chun na costais dá bhforáiltear in Airteagal 4(4) a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh ré an Chiste.

*Airteagal 37*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Aibreán 2021.

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| D. M. SASSOLI | A. P. ZACARIAS |

*IARSCRÍBHINN*

**TÁSCAIRÍ CHUN TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH AR DHUL CHUN CINN AN CHISTE MAIDIR LE GNÓTHÚ A CHUSPÓIRÍ SONRACHA**

Cuspóir sonrach arna leagan amach i bpointe (a) d'Airteagal 3(2):

Táscaire 1: rannpháirtithe

Arna thomhas trí na nithe seo a leanas: líon na n-eintiteas dlíthiúil atá páirteach (foroinnte de réir méide, cineáil agusna tíre bunaíochta)

Táscaire 2: taighde comhoibríoch

Arna thomhas trí na nithe seo a leanas:

2.1. líon agus luach na dtionscadal arna gcistiú

2.2. an comhar trasteorann: sciar na gconarthaí arna ndámhachtain do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, agus luach na gconarthaí comhair trasteorann

2.3. cion na bhfaighteoirí nach ndearna gníomhaíochtaí taighde le feidhmeanna cosanta roimh 12 Bealtaine 2021

Táscaire 3: táirgí nuálaíochta

Arna thomhas trí na nithe seo a leanas:

3.1. líon na bpaitinní nua arna ndíorthú ó thionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste

3.2. dáileadh comhiomlánaithe na bpaitinní i measc cuideachtaí meánchaipitlithe, FBManna agus eintitis dhlíthiúla nach cuideachtaí meánchaipitlithe ná FBManna iad

3.3. dáileadh comhiomlánaithe na bpaitinní in aghaidh an Bhallstáit

Cuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 3(2):

Táscaire 4: forbairt chomhoibríoch cumais

Arna thomhas: trí na nithe seo a leanas: líon agus luach na ngníomhaíochtaí cistithe a thugann aghaidh ar na heasnaimh acmhainneachta a sainaithníodh i CDP

Táscaire 5: tacaíocht leanúnach le linn an timthriall iomláin T&F

Arna thomhas: trí na nithe seo a leanas: láithreacht sa chúlra de CMInna nó de thorthaí a gineadh i ngníomhaíochtaí lenar tacaíodh roimhe sin

Táscaire 6: cruthú/tacaíocht fostaíochta

Arna thomhas: trí na nithe seo a leanas: líon na bhfostaithe cosanta T&F a fhaigheann tacaíocht in aghaidh an Bhallstáit

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/698 ÓN gCOMHAIRLE

**an 30 Aibreán 2021**

**maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas

(1) Is bonneagar íogair an Córas Eorpach um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda (GNSS) a bhféadfadh a imscaradh agus a úsáid difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát go háirithe i bhfianaise gné straitéiseach, cumhdach réigiúnach agus domhanda agus ilúsáid an chórais sin.

(2) I gcás ina n-éileoidh an staid idirnáisiúnta go ndéanfadh an tAontas gníomhaíocht oibríochtúil agus i gcás ina bhféadfadh oibriú an GNSS sin difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais nó a Bhallstát, nó i gcás ina mbeadh bagairt ar oibriú GNSS, ba cheart don Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta is gá a ghlacadh.

(3) Is ar an ábhar sin a ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/496/CBES ([1]).

(4) Le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) bunaítear Clár Spáis an Aontais ("an Clár") agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ("an Ghníomhaireacht"). Foráiltear in Airteagal 3 de go bhfuil cúig chomhpháirt sa Chlár: córas domhanda um loingseoireacht satailíte (Galileo); córas réigiúnach loingseoireachta satailíte (EGNOS); córas um fhaire na Cruinne (Copernicus); córas faireachais agus rianaithe spáis a chomhlánaítear le paraiméadair bhreathnóireachta a bhaineann le haimsir spáis agus réada i ngar don Chruinne ("feasacht staide an spáis"); agus seirbhís cumarsáide satailíte (GOVSATCOM).

(5) Ní fhéadfaí déanamh d'uireasa theicneolaíocht an spáis agus sonraí agus seirbhísí spáis i saol laethúil na nEorpach ná i gcaomhnú go leor de leasanna straitéiseacha an Aontais agus na mBallstát. Ina theannta sin, d'fhéadfadh córais agus seirbhísí a bhaineann leis an spás iad féin a bheith ina spriocanna ag bagairtí slándála.

(6) D'fhéadfadh réimse bagairtí féideartha ar shlándáil agus leasanna bunriachtanacha an Aontais agus a Bhallstát éirí as imscaradh, oibriú agus úsáid gach ceann de na comhpháirteanna den Chlár. Is iomchuí, dá bhrí sin, raon feidhme Chinneadh 2014/496/CBES a leathnú chuig na córais agus na seirbhísí a bhunaítear faoi na comhpháirteanna sin

([1]) Cinneadh 2014/496/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2014 maidir le gnéithe d'imscaradh, oibriú agus úsáid an Chórais Eorpaigh um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda a dhéanann difear do shlándáil an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/552/CBES (IO L 219, 25.7.2014, lch. 53).

([2]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (féach leathanach 69 den Iris Oifigiúil seo).

arb é cumraíocht slándála an choiste a bhunaítear faoi Airteagal 107(1)(e) de Rialachán (AE) 2021/696 a chinn go bhfuil siad íogair ó thaobh na slándála de, agus na difríochtaí idir na comhpháirteanna den Chlár á gcur san áireamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le húdarás agus rialú na mBallstát maidir le braiteoirí, córais nó acmhainneachtaí eile atá ábhartha don Chlár.

(7) Foghlaimíodh ceachtanna ón taithí a fuarthas agus Cinneadh 2014/496/CBES á chur chun feidhme le blianta beaga anuas. Ba cheart, dá bhrí sin, an nós imeachta oibríochtúil dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/496/CBES a oiriúnú dá réir.

(8) Ba cheart don Ghníomhaireacht nó don struchtúr ábhartha, i gcás inarb iomchuí, a ainmníodh chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil córais arna chur ar bun, nó ar shlándáil seirbhíse arna soláthar, faoi chomhpháirt den Chlár de bhun Airteagal 34(4) de Rialachán (AE) 2021/696 ("an struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh"), nó do na Ballstáit nó don Choimisiún faisnéis agus saineolas maidir le cibé acu is nó nach bagairt ar an Aontas, ar na Ballstáit nó ar chórais agus ar sheirbhísí a bhaineann leis an spás é imeacht a bhaineann le córas nó seirbhís a bhaineann leis an spás, ba cheart dóibh an fhaisnéis agus an saineolas sin a sholáthar don Chomhairle agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí"). Sa bhreis air sin, féadfaidh tríú Stáit faisnéis den sórt sin a sholáthar freisin.

(9) Ba cheart na róil a bheidh ag an gComhairle, ag an Ardionadaí, ag an nGníomhaireacht, ag aon struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh agus ag na Ballstáit faoi seach a shoiléiriú laistigh den slabhra freagrachtaí oibríochtúla atá le bunú chun freagairt ar bhagairt ar an Aontas, ar na Ballstáit nó ar aon cheann de na córais agus de na seirbhísí a bhunaítear faoin gClár.

(10) Bunaítear le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/696 go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gClár a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála. Ba cheart don Chinneadh seo freagrachtaí na Comhairle agus an Ardionadaí a shainiú chun bagairtí a éireoidh as imscaradh, oibriú agus úsáid córas agus seirbhísí a bhaineann leis spás a chur ó dhoras, nó i gcás ina mbeadh bagairt ann do na córais nó na seirbhísí sin.

(11) I ndáil leis an méid sin, áirítear na tagairtí bunúsacha do bhagairtí sna Ráitis Ceanglas Slándála Chóras-sonracha, ráitis ina bhfuil na príomhbhagairtí cineálacha nach mór do gach comhpháirt den Chlár aghaidh a thabhairt orthu, agus na Pleananna Slándála Córas, a n-áirítear iontu sin na cláir riosca slándála a bhunaítear sna próisis um chreidiúnú slándála do gach comhpháirt. Fónfaidh na tagairtí bunúsacha sin mar thagairtí chun na bagairtí lena ndéileálfaidh an Cinneadh seo a shainiú agus chun na nósanna imeachta oibríochtúla lena gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme a thabhairt chun críche.

(12) I gcásanna práinneacha, féadfaidh sé gur gá cinntí a dhéanamh laistigh de chúpla uair an chloig tar éis faisnéis a fháil maidir le bagairt. I gcás nach gceadóidh na himthosca don Chomhairle cinneadh a dhéanamh chun bagairt a chur ó dhoras nó chun dochar tromchúiseach do leasanna bunriachtanacha an Aontais nó do leasanna bunriachtanacha ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a mhaolú, nó i gcás ina bhfuil bagairt ar na córais a bhaineann leis an spás nó ar na seirbhísí, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Ardionadaí na treoracha sealadacha is gá a thabhairt. Sna himthosca sin, ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach agus na treoracha sealadacha a athbhreithniú a luaithe is féidir.

(13) I gcomhréir le hAirteagal 34(5)(b) de Rialachán (AE) 2021/696, ba cheart don Ghníomhaireacht, laistigh dá réimse freagrachta, oibriú Ionad Faireacháin Slándála Galileo (IFSG) a áirithiú i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin agus leis na treoracha arna fhorbairt faoi raon feidhme an Chinnidh seo. I gcomhréir le hAirteagal 79(1)(j) de Rialachán (AE) 2021/696, ba cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta a áirithiú go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht, mar oibreoir IFSG, freagairt ar threoracha a sholáthraítear faoin gCinneadh seo.

(14) Ba cheart do na struchtúir faireacháin slándála arna gceapadh oibriú i gcomhréir leis na ceanglais slándála dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/696 sin agus leis na treoracha a forbraíodh faoin gCinneadh seo.

(15) Ina theannta sin, le Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leagtar síos na rialacha faoina bhféadfaidh na Ballstáit, an Chomhairle, an Coimisiún, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, gníomhaireachtaí an Aontais, tríú Stáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta an tseirbhís phoiblí rialáilte a rochtain, seirbhís a sholáthraíonn an córas um loingseoireacht satailíte dhomhanda arna bhunú faoin gClár Galileo. Go háirithe, luaitear in Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE gurb é IFSG a sholáthraíonn an comhéadan oibríochtúil idir údaráis inniúla na seirbhíse poiblí rialáilte, an Chomhairle agus an tArdionadaí agus na lárionaid rialaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leagtar amach sa Chinneadh seo na freagrachtaí atá le cleachtadh ag an gComhairle agus ag an Ardionadaí:

(a) bagairt ar shlándáil an Aontais nó ar shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a chur ó dhoras nó díobháil thromchúiseach do leasanna bunriachtanacha an Aontais nó do leasanna bunriachtanacha ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a mhaolú, ar bagairt nó ar díobháil í sin a éireoidh as imscaradh, oibriú nó úsáid na gcóras arna gcur ar bun agus na seirbhísí arna soláthar faoi na comhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais ("an Clár"); nó

(b) i gcás bagairt ar oibriú aon cheann de na córais sin nó ar sholáthar na seirbhísí sin.

2. Agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme, tabharfar aird chuí ar na difríochtaí idir na comhpháirteanna den Chlár, go háirithe a mhéid a bhaineann le húdarás agus rialú na mBallstát maidir le braiteoirí, córais nó acmhainneachtaí atá ábhartha don Chlár.

*Airteagal 2*

1. I gcás bagairt den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit, an Coimisiún, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ("an Ghníomhaireacht") nó aon struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 34(4) de Rialachán (AE) 2021/696 ("struchtúir faireacháin slándála arna gceapadh") an tArdionadaí ar an eolas láithreach, de réir mar is iomchuí, faoi na heilimintí uile atá ar fáil dóibh a mheasfaidh siad a bheith ábhartha.

2. Cuirfidh an tArdionadaí an Chomhairle ar an eolas láithreach faoin mbagairt agus faoin tionchar féideartha ar shlándáil an Aontais nó ar shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus ar oibriú na gcóras nó ar sholáthar na seirbhísí lena mbaineann.

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón Ardionadaí, cinneadh maidir leis na treoracha is gá a thabhairt don Ghníomhaireacht nó d'aon struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh, de réir mar is iomchuí.

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht nó an struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh agus an Coimisiún comhairle don Ardionadaí maidir leis an tionchar níos leithne is dócha a bheidh ag aon treoracha a bheartóidh an tArdionadaí a mholadh don Chomhairle de bhun mhír 1 ar na córais arna gcur ar bun agus ar na seirbhísí arna soláthar faoi na comhpháirteanna den Chlár.

3. Áireofar sa togra ón Ardionadaí dá dtagraítear i mír 1 measúnú tionchair ar na treoracha a mholfar.

4. Tabharfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ("PSC") tuairim don Chomhairle maidir le haon treoracha a mholfar, mar is iomchuí.

([3]) Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis na rialacha i leith rochtain ar an tseirbhís phoiblí rialáilte a sholáthraíonn an córas um loingseoireacht satailíte dhomhanda arna bhunú faoin gclár Galileo (IO L 287, 4.11.2011, lch. 1).

*Airteagal 4*

1. I gcás inar gá gníomhú láithreach de bharr práinne sula mbeidh cinneadh déanta ag an gComhairle faoi Airteagal 3(1), údaraítear don Ardionadaí na treoracha sealadacha is gá a eisiúint chuig an nGníomhaireacht nó chuig an struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh. Féadfaidh an tArdionadaí treoir a thabhairt d'Ardrúnaí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí na treoracha sin a eisiúint chuig an nGníomhaireacht nó chuig an struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh thar ceann an Ardionadaí.

2. Cuirfidh an tArdionadaí an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon treoracha arna n-eisiúint de bhun mhír 1.

3. Daingneoidh, leasóidh nó cúlghairfidh an Chomhairle treoracha sealadacha an Ardionadaí chomh luath agus is féidir.

4. Coinneoidh an tArdionadaí na treoracha sealadacha sin faoi bhreithniú i gcónaí, leasóidh sé iad mar is iomchuí nó cúlghairfidh sé iad i gcás nach gá gníomhú láithreach a thuilleadh. In aon chás, rachaidh na treoracha sealadacha in éag ceithre seachtaine tar éis a n-eisiúna, nó tráth a dhéanfaidh an Chomhairle cinneadh de bhun mhír 3.

*Airteagal 5*

1. Laistigh de bhliain amháin tar éis d'fhoirmíocht an choiste arna bhunú faoi Airteagal 107(1)(e) de Rialachán (AE) 2021/696 a chinneadh, ar bhonn na hanailíse riosca agus bagartha arna déanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/696, faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 107(3) de, cé acu atá nó nach bhfuil córas arna chur ar bun nó seirbhís arna soláthar faoi chomhpháirt ar leith den Chlár, nó an córas agus an seirbhís araon, íogair ó thaobh na slándála de, ullmhóidh an tArdionadaí na nósanna imeachta oibríochtúla is gá chun na forálacha a leagtar amach sa Chinneadh seo a mhéid a bhaineann leis an gcóras nó leis an tseirbhís ábhartha, nó iad araon, a chur chun feidhme go praiticiúil agus cuirfidh sé faoi bhráid PSC iad lena bhformheas. Chun na críche sin, gheobhaidh an tArdionadaí tacaíocht ó shaineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ón struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh, de réir mar is iomchuí.

2. Féadfar a áireamh ar na nósanna imeachta oibríochtúla dá dtagraítear i mír 1 treoracha réamhshainithe a bheidh le cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht nó aon struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh, de réir mar is iomchuí.

3. Athbhreithneoidh an tArdionadaí na nósanna imeachta oibríochtúla gach dhá bhliain ar a laghad, go háirithe mar thoradh ar phróiseas athbhreithnithe ceachtanna foghlamtha tar éis cleachtadh bliantúil ar chur chun feidhme an Chinnidh seo, nó ar iarraidh ó Bhallstát, agus cuirfear faoi bhráid PSC iad lena bhformheas.

4. Cuirfidh an tArdionadaí PSC ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad faoi na gníomhaíochtaí leantacha atáthar a dhéanamh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go praiticiúil.

*Airteagal 6*

1. I gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thug an tAontas nó a thug an tAontas agus a Bhallstáit i gcrích, lena n-áirítear comhaontuithe a thugann rochtain ar an tseirbhís phoiblí rialáilte de bhun Airteagal 3(5) de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE, beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí socruithe riaracháin a thabhairt i gcrích le tríú Stáit a bhaineann le comhar darb aidhm an Cinneadh seo a chur chun feidhme. Beidh na socruithe sin faoi réir a bhformheasta ag an gComhairle ag gníomhú di d'aon toil.

2. I gcás ina n-éileoidh na socruithe sin rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais, formheasfar scaoileadh nó malartú faisnéise rúnaicmithe i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme.

*Airteagal 7*

Athbhreithneoidh an Chomhairle na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chinneadh seo, agus de réir mar is gá leasóidh sí iad, tráth nach déanaí ná trí bliana ó dháta a theacht i bhfeidhm nó ar iarraidh ó Bhallstát.

*Airteagal 8*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme an Chinnidh seo a áirithiú ina réimse freagrachta féin, i gcomhréir, *inter alia*, le hAirteagal 34(6)(a) de Rialachán (AE) 2021/696. Chun na críche sin, ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála amháin nó níos mó a chuideoidh leis bagairt a bhainistiú go hoibríochtúil. Féadfaidh sé gur daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad na pointí teagmhála sin.

*Airteagal 9*

Aisghairtear leis seo Cinneadh 2014/496/CBES.

Leanfaidh na nósanna imeachta oibríochtúla a forbraíodh faoi Chinneadh 2014/496/CBES a mhéid a bhaineann leis an gcóras Galileo de bheith infheidhme go dtí go nuashonrófar iad faoin gCinneadh seo.

*Airteagal 10*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA